Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040
Arna chomhchistiú ag an Roinn Forbatha Tuaithe agus Pobail
Co-funded by the Department of Rural and Community Development

Ár dTodhchaí Tuaithe
Our Rural Future

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

# Rialacha Oibriúcháin Chlár LEADER 2023 - 2027

## Plean Straitéiseach CBT na hÉireann

# Stair na Leaganacha

| Leagan | Ábhar Leasaithe | Dáta |
|---|---|---|
| 1 | Rialacha Oibriúcháin Chlár LEADER 2023 - 2027 | 30/01/2024 |
| 2 | Ciorclach 09 - 2024 | 07/11/2024 |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

# Clár an Ábhair


**STAIR NA LEAGANACHA** ..... **I**

**CLÁR AN ÁBHAIR** ..... **II**

**ACRAINMNEACHA AGUS TÉARMAÍ** ..... **XIII**

**1. RÉAMHRÁ** ..... **1**

**2. COMHTHÉACS AN BHEARTAIS** ..... **3**

**2.1 Creat an Bheartais** ..... 3

**2.2 Mórchomhthéacs an Bheartais** ..... 4

**2.2.1 Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann: An Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025** ..... 4

**2.2.2. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** ..... 4

**2.2.3. Bearta Maolúcháin maidir leis an Athrú Aeráide** ..... 5

**2.2.4. Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh** ..... 5

**2.2.5. Fís fhadtéarmach an AE do na Limistéir Thuaithe** ..... 5

**2.2.6. Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP)** ..... 5

**2.3 Cur chuige LEADER maidir le Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail (FÁSP)** ..... 6

**2.4 7 bPrionsabal LEADER** ..... 7

**2.5 An Straitéis Forbartha Áitiúil** ..... 7

**2.6 Creat Rialála an AE** ..... 8

**3 TÉAMAÍ LEADER AGUS NA RÉIMSÍ ATÁ INGHLACTHA MAIDIR LE CISTÍOCHT** ..... **11**

**3.1 Na Limistéir Tíreolaíochta lena mBaineann** ..... 11

**3.2 Téamaí agus Fothéamaí an Chláir** ..... 11

**3.3 Téama 1: Forbairt Eacnamaíochta agus Cruthú Fostaíochta** ..... 12

**3.3.1 Fothéama 1a. An Geilleagar Glas** ..... 12

**3.3.2 Fothéama 1b. Iléagsúlú na Talmhaíochta** ..... 13

**3.3.3 Fothéama 1c. Turasóireacht & Áineas faoin Tuath** ..... 13

**3.3.4 Fothéama 1d. Forbairt Fiontraíochta** ..... 13

**3.3.5 Fothéama 1e. Táirgeadh Bia faoin Tuath** ..... 14

**3.3.6 Fothéama 1f. Fiontair Shóisialta, Pobail & Comharchumainn** ..... 14

3.4 Téama 2: Bonneagar Tuaithe & Cuimsiú Sóisialta ........ 14
3.4.1 Fothéama 2a. Bonneagar Tuaithe ........ 15
3.4.2 Fothéama 2b. Seirbhísí atá Inrochtana ........ 15
3.4.3 Fothéama 2c. Barrfheabhas maidir le Cónascacht Dhigiteach ........ 15
3.4.4 Fothéama 2d. Óige na Tuaithe ........ 16
3.5 Téama 3: Forbairt Inbhuanaithe Thimpeallacht na Tuaithe & Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide ........ 16
3.5.1 Fothéama 3a. Forbairt Inbhuanaithe Thimpeallacht na Tuaithe: ........ 17
3.5.2 Fothéama 3b. Cothú Acmhainne maidir leis an Athrú Aeráide: ........ 17
3.5.3 Fothéama 3c. Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide: ........ 17
3.6 Cuspóirí Ilearnála ........ 17
3.7 Straitéisí maidir le Sráidbhailte Cliste ........ 18
4 CÓRAS FORFHEIDHMIÚCHÁIN LEADER ........ 20
4.1 An tÚdarás Bainistíochta ........ 20
4.2 An Ghníomhaireacht Íocaíochta ........ 20
4.3 An Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta ........ 20
4.4 Páirtnéir Airgeadais an GÁG ........ 21
4.5 Páirtnéir Forfheidhmiúcháin an GÁG ........ 21
4.6 Páirtnéir Spreagúlachta ........ 22
4.7 Coiste Measúnachta an GÁG ........ 22
4.8 Seoltóir / Tairbhí Tionscadail ........ 22
4.9 Pobal ........ 22
5 GRÚPAÍ ÁITIÚLA GNÍOMHAÍOCHTA (GÁG) ........ 23
5.1 Neamhspleáchas an GÁG ........ 23
5.2 Príomhbhearta Forfheidhmiúcháin an GÁG ........ 23
5.3 A bhfuil de Fhreagracht ar an GÁG ........ 24
5.4 Cúrsaí Rialachais maidir le GÁG ........ 25
5.4.1 Comhaltaí an GÁG ........ 25
5.4.2 Cruinnithe an GÁG ........ 26
5.4.3 Cinntí an GÁG ........ 26
5.4.4 Nós Imeachta i Scríbhinn ........ 27

5.4.5 Nósanna Imeachta an GÁG ....28
5.4.6 Coinbhleacht Leasa ....29
5.4.7 Coinbhleacht Leasa - Comhlachtaí Seiceála Riaracháin ....31

5.5 Coiste Meastóireachta an GÁG .... 31
5.5.1 Meastóireacht ar Thionscadail ....32

5.6 An Straitéis Forbartha Áitiúil (SFÁ) a Leasú .... 33

6 IARRATAS A CHUR ISTEACH AGUS NA SOCRUITHE MEASÚNACHTA .... 34

6.1 Léiriú Spéise (LS) agus Iarratas .... 34

6.2 Gairm Shonrach agus Gairm Leanúnach maidir le LS .... 35
6.2.1 Socruithe sainiúla maidir le Gairm Shonrach ....36

6.3 Roghanna maidir le Costais Shimplithe .... 37

6.4 Luach Breise LEADER .... 37

6.5 Inghlacthacht an Tairbhí .... 38

6.6 Iarratas maidir le Tionscadal a Mheas .... 39
6.6.1 Inghlacthacht an Tionscadail a mheas ....39
6.6.2 Earnálacha agus Bearta nach bhfuil Inghlactha ....40
6.6.3 Bearta Infheistíochta Caipitil ....43
6.6.4 Costais Lucht Gairme ....43
6.6.5 Marbhualach ....44
6.6.6 Díláithriúchán ....44
6.6.7 Plé le foinsí eile cistíochta ....44
6.6.8 Cúnamh ón Oifig Fiontair Áitiúil ....45
6.6.9 An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) ....45
6.6.10 Acmhainneacht Sheoltóir an Tionscadail ....46
6.6.11 Áiseanna Spóirt ....46
6.6.12 Bonneagar Leathanbhanda agus Pointí Nasctha Leathanbhanda ....46
6.6.13 Cúnamh maidir le hAnailís agus Forbairt ....48
6.6.14 Bearta coimhdeacha maidir le seirbhísí a chuirtear ar fáil do thionscal na gcapall ráis agus spóirt 48
6.6.15 Cúrsaí Oiliúna ....49
6.6.16 Costais Theagmhasacha ....50
6.6.17 Nósanna imeachta maidir le húsáid foirgnimh nó talún a athrú ....50

6.7 Ilroinnt ar Thionscadal / Cúinsí Saorga a Chruthú .... 51
6.7.1 Cúinsí Saorga ....51

6.8 An GÁG i gcáil Sheoltóir an Tionscadail nó Tionscadail 'Inmheánacha' ....................................... 51
6.8.1 Luach an Airgid agus tionscadail inmheánacha ....................................... 52
6.9 Iarratas maidir le Tionscadal a Aontú nó a Dhiúltú ....................................... 52
6.10 Aontú Sealadach ....................................... 53
6.10.1 Aontú Sealadach go dtí go dtugtar obair soláthair chun críche ....................................... 53
6.10.2 Aontú Sealadach go dtí go dtugtar cead pleanála iomlán ....................................... 54
7 TIONSCADAIL COMHAIR FAOI LEADER ....................................... 56
7.1 Comhar ....................................... 56
7.2 Tionscadail Comhair Idirchríocha agus Trasnáisiúnta a Roghnú ....................................... 56
8 COINNÍOLLACHA MAIDIR LE TIONSCADAIL OIDHREACHTA ....................................... 58
9 CISTÍOCHT LEADER A GHEALLADH ....................................... 61
9.1 Tairiscint deontais ....................................... 61
9.2 Tosach an tionscadail ....................................... 61
9.3 Críochnú an tionscadail ....................................... 62
9.4 Leithdháileadh Cistíochta a Leasú ....................................... 62
9.4.1 Athdháileadh cistíochta maidir le míreanna atá aontaithe cheana féin ag an GÁG ....................................... 63
9.4.2 Athdháileadh cistíochta maidir le míreanna 'nua' costais ....................................... 64
9.5 Dul i Léig Conarthaí ....................................... 65
9.6 Tairiscint Cistíochta a Aisghairm ....................................... 67
10 SUIMEANNA CISTÍOCHTA (DEONTAIS) ....................................... 68
10.1 Íosteorainn Cistíochta (Deontais) ....................................... 68
10.2 Cabhair Deontais do Thionscadal ....................................... 68
10.2.1 Rátaí Cabhrach - Ginearálta ....................................... 68
10.2.2 Rátaí Cabhrach - Iarratasóirí Pobail ....................................... 68
10.2.3 Leibhéal Cabhrach ....................................... 69
10.3 An Ráta Cabhrach agus a ríomh ....................................... 71
11 MAOINIÚ MEAITSEÁLA TIONSCADAIL ....................................... 72
11.1 Foinsí na gCistí Meaitseála ....................................... 72
11.2 Cistí Meaitseála Príobháideacha ....................................... 72

11.3 Cistí Meaitseála Poiblí *(ní bhaineann sé seo ach le hiarratais a chuireann Comhlachtaí Pobail isteach)* ..... 72
11.3.1 Maoiniú mar a bhaineann le Comhlachtaí Poiblí ..... 74
11.4 Fianaise maidir le Cistí Meaitseála agus Airgeadas Idirlinne ..... 74
11.5 Ranníocaíocht Chomhchineáil ..... 75
11.5.1 Bronnadh Talún nó Eastáit Réadaigh ..... 75
11.5.2 Saothar Deonach ..... 76
11.5.3 Ceanglais ghinearálta i gcás Obair Dheonach ..... 76
12 STÁTCHABHAIR AGUS RIACHTANAIS DE MINIMIS ..... 79
12.1 Státchabhair agus De Minimis ..... 79
12.2 Ríomh De Minimis ..... 80
12.3 De Minimis agus an próiseas iarratais ..... 81
12.3.1 De Minimis Talmhaíochta ..... 81
12.4 Deontas taobh amuigh De Minimis do Chomhlachtaí Pobail ..... 82
13 AN COMHAD TIONSCADAIL AGUS CLÁRÚ ÉILIMH ..... 85
13.1 Comhad Tionscadail ..... 85
13.1.1 Uimhir Aitheantais ar Leith ..... 85
13.1.2 Úsáid as foirmeacha, síniúcháin agus stampaí dáta leictreonacha ..... 85
13.1.3 Cothabháil na gcomhad ..... 85
13.1.4 Eolas ar Chóras TF LEADER ..... 88
13.2 Doiciméid agus Comhaid a Choinneáil ..... 88
13.2.1 An dáta ar a raibh sé faighte a chur isteach ar dhoiciméad in áit stampa dáta a úsáid ..... 88
13.2.2 Leasuithe ar fhoirmeacha iarratais tionscadail agus ar cháipéisí eile ..... 88
13.3 Éileamh ar Íocaíocht Deontais ..... 89
13.3.1 Má tá fáil ag tionscnóir an tionscadail ar Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) ..... 91
13.3.2 Nuair nach bhfuil tionscnóir an tionscadail cláraithe ar ROS ..... 91
13.3.3 Litir eile ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir le CBL ..... 91
13.3.4 Seiceálacha Riaracháin curtha i gCrích ..... 92
14 AIRGEAD A ÍOC ..... 93
14.1 Airgead a aistriú chuig an GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin ..... 93
14.2 Airgead a aistriú chuig tionscnóir tionscadail ..... 93

14.3 Íocaíochtaí in Airgead Tirim ..... 94

14.4 Ceanglais maidir le hÍoc go Pras ..... 94

14.5 Costais Airgeadais agus Costais Eile agus Costais Dlí ..... 95

14.6 Íocaíochtaí de réir a chéile ..... 95

15 RIACHTANAIS A BHAINEANN LE BAINISTIÚ AN CHLÁIR ..... 97

15.1 Lámhleabhair Nósanna Imeachta ..... 97

15.2 Maoirseacht Airgeadais GÁG ..... 97

15.3 Deontais ó Chistí Státchiste a Bhainistiú agus Cuntasacht ina leith ..... 97

15.3.1 Sócmhainneacht an GÁG, an Pháirtnéara Forfheidhmiúcháin agus an Pháirtnéara Spreagúlachta 98

15.3.2 An Cód Caiteachais Poiblí ..... 98

15.4 Comhlíontacht Cánach (CBL) ..... 98

15.4.1 Dleachtanna / taraifí iompórtála ..... 100

15.5 Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach ..... 100

15.5.1 Conraitheoirí Neamhchónaitheacha ar thionscadail tógála ..... 101

15.6 Trealamh agus Réadmhaoin ..... 102

15.6.1 Clár Sócmhainní ..... 102

15.6.2 Ceannach Talún ..... 102

15.6.3 Trealamh Athláimhe ..... 103

15.6.4 Fianaise ar Theideal, Léasacht nó Cead Réadmhaoin a úsáid ..... 104

15.7 Marthanacht na hInfheistíochta agus Maoiniú a íoc ar ais ..... 104

15.8 Taisteal agus Cothú i gcás tionscnóirí tionscadail ..... 105

15.9 An tAcht um Chosaint Sonraí ..... 105

15.9.1 Sonraí Pearsanta a aistriú chuig Tríú Tír ..... 106

15.10 An tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF) ..... 106

15.11 Sláinte agus Sábháilteacht / Árachas ..... 107

15.11.1 Árachas agus Slánaíocht ..... 108

15.12 Seirbhísí i mBéarla agus i nGaeilge ..... 110

16 SOLÁTHAR ..... 111

16.1 Riarachán agus Spreagúlacht ..... 111

16.2 Réasúntacht na gCostas Soláthar ........ 111

16.3 Catagóirí Tionscnóra ........ 112

16.3.1 Catagóir 1 ........ 112

16.3.2 Catagóir 2 ........ 112

16.4 Tairseacha an AE ........ 112

16.5 Treoirlínte Náisiúnta Soláthair – Catagóir 1 ........ 112

16.5.1 Na Príomh-Fhadhbanna - Catagóir 1 ........ 113

16.6 Riachtanais Soláthair LEADER - Catagóir 2 ........ 115

16.6.1 Príomh Fhadhbanna - Catagóir 2 ........ 116

16.7 Forthairgeoir/ duine a chuir meastachán isteach ag tharraingt siar ........ 117

16.8 Daoine a chuireann tairiscintí isteach a chur ar an eolas ........ 118

16.9 Creat-Chomhaontuithe ........ 118

16.10 Ceanglais iniúchóireachta agus smachtbhannaí ........ 119

16.11 Pionóis sa chás nach leantar na Treoirlínte Soláthair ........ 120

16.12 Eolas faoin Soláthar Poiblí agus Teagmhálacha ........ 121

17. COSTAIS RIARACHÁIN GÁG AGUS TUAIRISCEÁIN CAITEACHAIS ........ 122

17.1 Costais Riaracháin agus Spreagúlachta ........ 122

17.2 Fíorú neamhspleách maidir le réasúntacht chostais Riaracháin & Spreagúlachta GÁG ........ 122

17.2.1 Fíorú réasúntacht chostais riaracháin an tairbhí maidir le tuarastail ........ 123

17.2.2 Fíorú réasúntacht chostais riaracháin neamhthuarastail an tairbhí ........ 124

17.2.3 Idirdhealú idir spreagúlacht agus cúnamh sonrach maidir le tionscadail faoi leith ........ 125

17.3 Costais Foirne an GÁG ........ 126

17.3.1 Bileoga Ama agus a nAontú ........ 127

17.4 Costais Riaracháin Mhíosúla Pháirtnéir Airgeadais ........ 127

17.4.1 Bileoga Ama ........ 127

17.4.2 Bileoga Ama agus a n-aontú ........ 128

17.5 An cháipéisíocht don tSeiceáil Riaracháin ........ 128

17.5.1 Tuairisc Tuarastail ........ 128

17.5.2 Bileoga Ama ........ 129

17.5.3 Costas Tuarastail ........ 129

17.5.4 Fíorú Neamhspleách ar Réasúntacht Chostais Riaracháin agus Spreagúlachta an GÁG ........ 129

17.5.5 Cigireacht ar an Láthair ........ 129

17.6 Costais ........ 130

17.6.1 Costais Chomhaltaí Boird an Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin ........ 131

17.6.2 Carr Príobháideach a Úsáid ........ 131

17.7 Leithdháileadh agus Cionroinnt Costais ........ 132

17.8 Tuairisceáin Mhíosúla ar an gCaiteachas ........ 133

18 SEICEÁIL RIARACHÁIN ........ 134

18.1 Coinníollacha maidir le Seiceáil Riaracháin ........ 134

18.2 Seiceáil Riaracháin a Dhéanamh ........ 135

18.2.1 Cuairt ar an Láthair ........ 135

18.2.2 Na Cúiseanna lena shocrú nach ndéantar Cigireacht ar an Láthair ........ 136

18.3 Aontú na Roinne le héileamh ar íocaíocht maidir le tionscadal ........ 136

18.3.1 Infheistíocht a bhfuil cuairt ar an láthair dlite ina leith ........ 137

18.3.2 A bhfuil dlite ar Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin / GÁG i ndáil le cuairt ar an láthair ........ 137

18.3.3 Páirtéileamh nó éilimh nach ionann a luach agus 75% de dheontas i gcabhair faoi LEADER ........ 139

18.3.4 Na Cúiseanna ar a meastar nach gá Cigireacht ar an Láthair ........ 139

18.4 An Comhlacht Seiceála Riaracháin ........ 140

18.4.1 Cuairt ar an Láthair roimh thús an tionscadail ........ 140

18.4.2 Cuairt ar an Láthair maidir le hÉilimh ........ 140

18.4.3 Sreabhchlár maidir le Seiceáil Riaracháin ........ 141

19 MÍRIALTACHT, CAITEACHAS NACH BHFUIL INGHLACTHA AGUS ASBHAINT ........ 142

19.1 Íocaíochtaí agus Pionóis a Ríomh ........ 142

19.2 Íocaíochtaí Neamhdhlisteanacha a dhéanann GÁG ........ 143

19.2.1 Maoiniú Neamhdhlisteanach maidir le Riarachán agus Spreagúlacht ........ 144

19.2.2 Taifeadadh agus aisíoc i ndáil le caiteachas riaracháin neamhdhlisteanach ........ 144

19.3 Dearbhú Bréagach ........ 144

19.4 Íocaíochtaí a aisíoc nach raibh dlite ........ 144

19.5 Fógra faoi Mhírialtacht ........ 145

19.6 Mórleabhar na bhFéichiúnaithe ........ 145

19.7 Ús a chur i bhfeidhm maidir le Fiacha ........ 146

20 AN TAIFEAD MAIDIR LE HAINM SHEOLTÓIR AN TIONSCADAIL A LEASÚ ............................ 147

20.1 An Taifead maidir le hAinm Sheoltóir an Tionscadail a Cheartú ................................................ 147

20.1.1 Earráidí Cló.........................................................................................................................147

20.1.2 Athrú maidir le Stádas Dlí Sheoltóir an Tionscadail.......................................................................148

20.2 Athrú maidir le Stádas Dlí sula dtarlaíonn tionscadal a cheadú agus conradh a eisiúint.......... 149

20.3 Athrú maidir le Stádas Dlí tar éis conradh a eisiúint agus sula n-eisítear an íocaíocht dheireanach le seoltóir an tionscadail ........................................................................................ 149

20.4 Athrú maidir le Stádas Dlí tar éis an Íocaíocht Dheireanach a Dhéanamh ................................ 150

21 AN CREAT MONATÓIREACHTA AGUS MEASTÓIREACHTA MAIDIR LE CÚRSAÍ FEIDHMÍOCHTA (CMMF).................................................................................................... 151

21.1 Forléargas ar an gCreat Monatóireachta ........................................................................ 151

21.2 Monatóireacht ar Leibhéal an Tionscadail ...................................................................... 152

21.2.1 Leibhéal an Tionscadail ........................................................................................................153

21.2.2 Leibhéal an GÁG ..................................................................................................................153

21.3 Pleanáil agus Tuairiscíocht Bhliantúil ............................................................................. 153

22 AN CREAT INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIALÁLA ..................................................................... 155

22.1 Iniúchóireacht agus Rialáil.................................................................................................. 155

23 ACHOMHARC..................................................................................................................... 156

23.1 An Ceart Achomhairc.......................................................................................................... 156

23.2 Achomharc faoi Chinneadh arna dhéanamh ag GÁG ......................................................... 156

23.2.1 Céim 1 - Athbhreithniú ar Chinneadh an GÁG......................................................................156

23.2.2 Céim 2 - Achomharc maidir le hAthbhreithniú an GÁG ..........................................................157

23.2.3 Achomharc maidir le Gairm Shonrach ..................................................................................157

23.3 Achomharc maidir le Cinneadh ........................................................................................... 157

23.3.1 Seiceáil Riaracháin ...............................................................................................................158

23.3.2 Rialáil ar an Láthair & Iniúchadh ex-post agus Iniúchadh Riaracháin an GÁG ..........................158

23.3.3 Achomharc maidir le Cinneadh faoi Réasúntacht Costais ...........................................................158

23.4 Painéal Achomhairc na Roinne ........................................................................................... 158

23.5 Oifig an Ombudsman ............................................................................................................ 159

24 FAISNÉIS AGUS POIBLÍOCHT ........................................................................................... 160

24.1 Faisnéis maidir le ról an GÁG .... 160
24.1.1 Lógó Thionscadal Éireann 2040 .... 160
24.1.2 Lógó Ár dTodhchaí Tuaithe .... 161
24.1.3 Suaitheantas an Aontais Eorpaigh .... 161
24.1.4 Lógónna in éineacht .... 161
24.1.5 Poiblíocht LEADER .... 162
24.2 Coinníollacha maidir le cúrsaí faisnéise agus poiblíochta i ndáil le tionscadail arna maoiniú faoi LEADER .... 162
24.3 Foilseacháin .... 163
24.4 Faisnéis leictreonach .... 163
24.5 Tuarascáil a chuirtear ar fáil mar thoradh saothair an Tionscadail .... 164
24.6 Sonraí faoi Thairbhithe a Fhoilsiú .... 164
25 LÉIRMHÍNIÚ AGUS LEASÚ AR NA RIALACHA OIBRIÚCHÁIN .... 165
26 AGUISÍNÍ .... 166
26.1 Aguisín 1 - Foirm Léiriú Spéise .... 166
26.2 Aguisín 2 - Foirm Iarratais .... 171
26.3 Aguisín 3 - Seicliosta na Foirme Iarratais .... 192
26.4 Aguisín 4 - Tuarascáil Measúnaithe Tionscadail .... 194
26.5 Aguisín 5 - Teimpléad Miontuairiscí an Choiste Meastóireachta .... 200
26.6 Aguisín 6 - Taifead Scórála foriomlán an Choiste Meastóireachta .... 201
26.7 Aguisín 7 - Teimpléad Miontuairiscí Cinnteoireachta GÁG .... 203
26.8 Aguisín 8 - Teimpléad do Lucht Freastail ag Cruinnithe Cinnteoireachta GÁG .... 204
26.9 Aguisín 9 - Cruinniú Cinnteoireachta GÁG - Teimpléad Coinneála Coinbhleachtaí Leasa .... 205
26.10 Aguisín 10 - Cuairt ar Shuíomh sula sínítear Litir Thairisceana .... 206
26.12 Aguisín 12 - Sampla d'Fhoirm Éilimh .... 208
26.13 Aguisín 13 - Réasúntacht an Mheasúnaithe Costais a bhaineann le Riarachán agus Spreagúlacht .... 209
26.14 Aguisín 14 - Teimpléad le haghaidh Tuairisceán Míosúil Costas Fhoireann LEADER le haghaidh GÁGanna atá ina bPáirtnéirí Airgeadais .... 212

**26.15 Aguisín 15 - Teimpléad de Bhileog Ama Foirne le haghaidh GÁG atá ina bPáirtnéirí Airgeadais** ..... 214

**26.16 Aguisín 16 - Foirm Éilimh Taistil agus Chothaithe** ..... 215

**26.17 Aguisín 17 - Teimpléad Achomhairc** ..... 216

**26.18 Aguisín 18 - Dearbhú Sócmhainneachta le haghaidh Cuideachtaí Forbartha Áitiúla a fhaigheann réamh-mhaoiniú ón Roinn** ..... 219

**26.19 Aguisín 19 - Treoir maidir le Státchabhair do Chlár LEADER** ..... 220

**26.20 Aguisín 20 - Imréiteach Cánach Leictreonach (eTC)** ..... 224

**26.21 Aguisín 21 - Cén chaoi le maoiniú ó LEADER atá ceadaithe a ríomh i gcás ina bhfuil ranníocaíocht chomhchineáil á úsáid chun páirtmhaoiniú a dhéanamh ar** ..... 226

**26.22 Aguisín 22 - Athruithe ar Chóras TF LEADER** ..... 229

**26.22.1 Aguisín 22 A - Athrú ar Ainm/Sonraí an Tionscnóra Tionscadail ar Chóras TF LEADER** ..... 229

**26.22.2 Aguisín 22 B - Athrú ar Stádas Dhlí, móide athruithe eile ar thaifead Chóras TF LEADER** ..... 231

**26.22.3 Aguisín 22 C - Litir Tairisceana um Chúnamh Deontais – Aguisín & Aistriú Gnóthas** ..... 234

**26.22.4 Aguisín 22 D - Treoir maidir le Taifid Ainm Thionscnóir Tionscadail ar Chóras TF LEADER** ..... 236

**26.23 Aguisín 23 - Dearbhú Oibreacha LEADER (WDL)** ..... 238

**26.24 Aguisín 24 - Teimpléad le haghaidh Ceist faoi Rialacha Oibriúcháin LEADER** ..... 244

**26.25 Aguisín 25 - Dearbhú Bliantúil maidir le Coinbhleacht Leasa** ..... 245

**26.26 Aguisín 26 - Clár Leasanna** ..... 248

# Acrainmneacha agus Téarmaí

| | |
|---|---|
| Comhaontú | An conradh idir gach aon GÁG agus an Roinn |
| Oifigeach Údaraithe | Príomhoifigeach nó POF an GÁG nó oifigeach ar tarmligeadh an fhreagracht seo do LEADER |
| Tairbhí | Is éard is tairbhí ann duine nádúrtha / duine dlíthiúil nó grúpa príobháideach / pobalbhunaithe atá freagrach as tionscadal LEADER a thionscnamh agus a chur i bhfeidhm. Meastar gur tairbhí freisin iad GÁGanna, a bPáirtnéirí Forfheidhmiúcháin, Páirtnéirí Spreagúlachta a fhaigheann maoiniú ó chlár LEADER. |
| FÁSP | Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail |
| RTBM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| CBT | An Comhbheartas Talmhaíochta |
| OCC | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí |
| PAR | Pain Painéal Achomhairc na Roinne |
| AN Roinn/ RFTP | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |
| CETFT | An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe |
| AE | An tAontas Eorpach |
| eTC | Imréiteach Cánach Leictreonach |
| GÁGI | Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh |
| ACC&FG | An tAonad Cigireachta, Comhlíontachta agus Forbartha Gnó |
| TFC | Teicneolaiocht Faisnéise agus Chumarsáide |
| PF | Páirtnéir Forfheidhmiúcháin |
| GÁG | Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta |
| CFPÁ | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| SFÁ | Straitéis Forbartha Áitiúil |

| | |
|---|---|
| LEADER | *Liaisons Entre Actions de Development de l' Economie Rurale* i.e. Naisc idir Gníomhaíochtaí um Fhorbairt Gheilleagar na Tuaithe |
| PÁEP | Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| OFÁ | Oifig Fiontair Áitiúil |
| MEAT | An Tairiscint is Buntáistí go hEacnamaíoch (MEAT) |
| An tAire | An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail |
| IOAE | Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh |
| OTSC | Iniúchadh ar an Láthair |
| An Clár | Plean Straitéiseach CBT na hÉireann 2023 - 2027 |
| Comhad an tionscadail | Is é Córas TF LEADER an phríomhfhoinse faisnéise inar gá gach comhad a bhaineann le maoiniú LEADER a chomhdú |
| Seoltóir Tionscadail | An tairbhí faoi chlár LEADER chun oibríochtaí a chur chun feidhme, gan caiteachas ar riarachán agus ar bheochan a áireamh |
| Grúpa Sainleasa Amháin | Tagraíonn grúpaí sainleasa amháin do na hionadaithe ar an GÁG ó earnálacha éagsúla sa tsochaí, amhail an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: pobal & deonach, timpeallacht, eacnamaíoch, sóisialta, cultúr, talmhaíocht, óige, etc. |
| FBMnna | Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (*micreaghnóthais san áireamh)* |

# 1. Réamhrá

Tá clár LEADER ar bun in Éirinn agus ar fud Bhallstáit an AE ó cuireadh tús leis mar chlár tionscantach dírithe ar fhorbairt na tuaithe sa bhliain 1991. Tar éis cúig cinn de thréimhsí feidhmiúcháin as a chéile, tá LEADER tagtha chun cinn go bhfuil ar an bpríomhbheart idirghabhála a bhaineann le beartas an AE i ndáil leis forbairt na tuaithe. Is gné slánchóirithe clár LEADER de chreat cistíochta an AE, é á thabhairt i bhfeidhm trí chlár náisiúnta forbairt tuaithe i ngach ceann de na Ballstáit. Ó thráth a bhunaithe níos mó ná tríocha bliain ó shin, tugadh cúnamh faoin gclár maidir le réimse leathan de thionscadail nuálaíochta inbhuanaithe ar tháinig breis fostaíochta agus beochta dá mbarr ag pobal na tuaithe ar fud an AE.

Chomh fada agus a bhaineann le clár LEADER in Éirinn, tugtar de shainmhíniú ar cheantair thuaithe gach cuid d'Éirinn ach amháin réimsí atá laistigh de theorainneacha cathrach na gcathracha is mó mar seo a leanas, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Port Láirge agus Gaillimh.

Cur chuige faoi stiúir an phobail maidir leis an bhforbairt áitiúil atá i gceist le LEADER. Trí Plean Straitéiseach CBT na hÉireann 2023 – 2027 (an Clár) a chuirtear cistí ar fáil. Déantar an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a mhaoiniú agus tá sé ceangailte le Cuspóir Sonrach 8 i bPlean Straitéiseach CBT (PSC):

*Ceantair Bhríomhara Tuaithe - fostaíocht, forás, comhionannas inscne, lena n-áirítear rannpháirtíocht na mban san fheirmeoireacht, cuimsiú sóisialta agus forbairt áitiúil i gceantair tuaithe a chur chun cinn, an bithgheilleagar ciorclach agus foraoiseacht inbhuanaithe san áireamh*.

Tá Cuspóir 8 dírithe ar an bhforás agus ar an bhfostaíocht a chur chun cinn i gceantair tuaithe, ar chúrsaí eacnamaíochta faoin tuath agus ar ghnéithe den bhithgheilleagar a fhorbairt, gnéithe digiteacha de chórais eacnamaíochta na tuaithe a fhorbairt, agus cuimsiú sóisialta a chur chun tosaigh. Cé go dtagraítear d'fhoraoiseacht sa Chuspóir, is fiú a thabhairt chun aire go luaitear i bPlean Straitéiseach CBT na hÉireann mar atá aontaithe le Coimisiún an AE nach beartaíocht inghlactha maidir le cúnamh LEADER an fhoraoiseacht.

Cuidítear le tionscnaimh, arna dtabhairt chun suntais go háitiúil (ar an leibhéal áitiúil nó foréigiúnach), trína bhféachtar le déileáil le riachtanais agus deacrachtaí, arna dtabhairt chun suntais go háitiúil. Craobhchóras de Ghrúpaí Áitiúla Gníomhaíochta (GÁGanna), a roghnaíodh chun Straitéisí Forbartha Áitiúla (SFÁnna nó Straitéisí) a chur i bhfeidhm ina limistéar foréigiúnach féin, a chuireann an clár i bhfeidhm.

Cuirtear ar fáil leis na Rialacha Oibriúcháin seo creat rialachais maidir le clár LEADER 2023 – 2027 agus Straitéisí Forbartha Áitiúla na ngrúpaí GÁG a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le bearta príomhthábhachta an Chláir, leis na Rialacháin de chuid an AE a bhaineann le hábhar agus leis na

coinníollacha rialála agus rialachais náisiúnta. Cuireann siad le téarmaí agus coinníollacha an chonartha idir gach GÁG faoi leith agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (an Roinn).

Le Rialacháin de chuid an AE (Alt 2.6) a chuirtear an bunús dlí le fáil atá le Rialacha Oibriúcháin LEADER. I gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe, tá Rialacha Oibriúcháin LEADER ina gceangal ar gach GÁG agus ar gach tairbhí tionscadail. Tharlódh go leasófaí iad ó am go chéile de réir mar is mian leis an Roinn. An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an tÚdarás Conarthach ar a leagtar feidhmeanna tarmligthe na Gníomhaireachta Íocaíochta agus cúram an údaráis bainistíochta maidir le LEADER in Éirinn.

Is ceart an Comhaontú Cistíochta agus na rialacháin de chuid an AE agus na rialacháin náisiúnta a bhaineann le hábhar a léamh chomh maith leis na Rialacha Oibriúcháin LEADER seo. Tá teacht ar na Rialacháin de chuid an AE a bhaineann le hábhar ar láithreán gréasáin an Aontais Eorpaigh, chomh maith le cáipéisíocht treorach agus cáipéisíocht tacaíochta eile.

Ní mór don uile pháirtí a bhíonn páirteach i mbearta LEADER a chur i gcrích a bheith eolasach ar na Rialacha Oibriúcháin seo agus ar na coinníollacha rialúcháin a bhaineann le hábhar, chomh maith le haon leasú a dhéantar i rith ré feidhme an Chláir.

Maidir le cúrsaí ina leith a léiriú, níl dul thar bhreith na Roinne. Sa chás go dteastaíonn léiriú ar bhrí ghné ar bith de na Rialacha Oibriúcháin seo, is ceart fiosrú a chur faoi bhráid sa teimpléad cuí trína sheoladh chuig OR2327@drcd.gov.ie (Aguisín 24).

# 2. Comhthéacs an Bheartais

## 2.1 Creat an Bheartais

Tá clár LEADER le háireamh ar na príomhbhearta idirghabhála faoi *Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann*, Beartas forbartha tuaithe an Rialtais a seoladh sa bhliain 2021 a bhfuil d'aidhm leis réimse leathan de bhearta éagsúla a thabhairt i bhfeidhm do phobal na gcomharsanachtaí tuaithe i rith ré feidhme an bheartais.

Bíonn dhá chiste a eascraíonn ó bhuiséad chreat airgeadais ilbhliantúil an AE i leith na mblianta idir 2021 agus 2027 – an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) ina bhonn treise faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) in Éirinn.

I ndáil leis an ré feidhme 2023-2027, beidh Plean Straitéiseach CBT (PSC) bunaithe ar naoi gcinn de Chuspóirí Sonracha:

1. **Ioncam Cóir** - treisiú le hioncam feirme inmharthana agus le buanseasmhacht earnáil na talmhaíochta.
2. **Acmhainn Iomaíochta** - treisiú leis an díriú ar an margadh agus cur le hacmhainn iomaíochta na bhfeirmeacha.
3. **An Slabhra Bia** - feabhas a chur ar ionad na bhfeirmeoirí maidir le slabhra luacha an bhia.
4. **Gníomh maidir leis an Athrú Aeráide** - cion tairbhe a dhéanamh maidir le bearta maolúcháin agus cóiriúcháin mar gheall ar an athrú aeráide.
5. **Aire don Timpeallacht** - forbairt inbhuanaithe a chothú chomh maith le bainistíocht éifeachtach ar acmhainní nádúrtha, mar shampla uisce, an ithir agus an t-aer.
6. **An Taobh Tíre agus an Bhithéagsúlacht** - tairbhe a dhéanamh maidir le deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta agus athrú chun feabhais a chur ar bun, seirbhísí éiceachórais a threisiú agus gnáthóga agus réimsí tíre a chaomhnú.
7. **Athnuachan ó ghlúin go glúin** - feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua a mhealladh agus a chothú agus freastal do ghnó inbhuanaithe a fhorbairt i gceantair tuaithe.
8. **Ceantair Bhríomhara Tuaithe -** fostaíocht, forás, comhionannas inscne, lena n-áirítear rannpháirtíocht na mban san fheirmeoireacht, cuimsiú sóisialta agus forbairt áitiúil i gceantair tuaithe a chur chun cinn, an bithgheilleagar ciorclach agus foraoiseacht inbhuanaithe san áireamh.
9. **Bia agus Sláinte -** feabhas a chur ar bheartaíocht earnáil na talmhaíochta san AE i ndáil le héileamh na sochaí maidir le cúrsaí bia agus sláinte.

Tá LEADER cónasctha go sonrach le Cuspóir 8 'Ceantair Bhríomhara Thuaithe'.

Tá Cuspóir 8 dírithe ar an bhforás agus ar an bhfostaíocht a chur chun cinn i gceantair thuaithe, ar chúrsaí eacnamaíochta faoin tuath agus ar ghnéithe den bhithgheilleagar a fhorbairt, gnéithe

digiteacha de chórais eacnamaíochta na tuaithe a fhorbairt, agus cuimsiú sóisialta a chur chun tosaigh. Cé go dtagraítear d'fhoraoiseacht sa Chuspóir, is fiú a thabhairt chun aire go luaitear i bPlean Straitéiseach CBT na hÉireann mar atá aontaithe le Coimisiún an AE nach beartaíocht inghlactha maidir le cúnamh LEADER an fhoraoiseacht.

Ní mór a chinntiú go mbíonn straitéisí áitiúla ag teacht go maith agus go leanúnach leis na straitéisí náisiúnta, réigiúnacha agus foréigiúnacha reatha, straitéisí earnála san áireamh. Áirítear dá réir sin ar na príomhbheartais náisiúnta lena gcuirtear comhthéacs beartais uileghabhálach ar fáil i rith thréimse cláir seo LEADER *Plean Straitéiseach CBT 2023-2027*, *Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann: Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025* agus *Plean Gníomhaíochta na hÉireann maidir leis an Aeráid 2023*. Áirítear ar leibhéal an AE *Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI)*, an *Comhaontú Glas don Eoraip*, *Plean Gníomhaíochta Tuaithe an AE* agus Cairt Chearta Bunúsacha an AE.

## 2.2 Mórchomhthéacs an Bheartais

Chomh maith leis na téamaí agus na fothéamaí a leagtar amach i Roinn 3, is ann do chláir beartais agus do chláir oibre faoi leith ar mórchomhthéacs beartais iad, ar a n-áireamh le chéile, maidir le tréimhse na mblianta 2023-2027. Tagann i gceist leis an gcomhthéacs sin, bearta idirghabhála agus gealltanais réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le réimsí príomhthábhachta, mar shampla, beartaíocht i leith na haeráide, comhionannas agus cuimsiú sóisialta, modhanna inbhuanaithe den fhorbairt pobail, faoi mar a leagtar amach thíos.

### 2.2.1 Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann: An Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025

Leagtar amach beartas uile-rialtais maidir le ceantair tuaithe na hÉireann in *Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann*. Sonraítear aisling ardaidhme maidir le ceantair bhríomhara tuaithe bunaithe ar fhorbairt réigiúnach atá cothrom, ar dheiseanna fostaíochta agus ar phobal bríomhar soicheallach sna comharsanachtaí. Áirítear ar na príomhréimsí fócais maidir le *Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann*, infheistíocht i bhfostaíocht agus i bhfiontraíocht; forfheabhas maidir le comhcheangal digiteach; athbheochan ar bhailte agus ar shráidbhailte tuaithe; agus treisiú leis an athrú go dtí córas eacnamaíochta atá neodrach ó thaobh na haeráide.

### 2.2.2. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Luaitear seacht gcinn déag de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) mar phríomhábhar Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ina n-admhaítear go gcaithfidh deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus le heaspa de chineálacha eile a bheith ag dul leis na straitéisí maidir le feabhas ar chúrsaí sláinte agus oideachais, éagothroime a mhaolú agus treisiú le forás eacnamaíochta; an tráth céanna a dtéitear i ngleic leis an athrú aeráide.

### 2.2.3. Bearta Maolúcháin maidir leis an Athrú Aeráide

Féachtar leis an gComhaontú Glas don Eoraip leis an gcéad mhór-roinn ar an domhan atá neodrach ó thaobh na haeráide a chruthú san Eoraip faoin mbliain 2050. Tá Plean Gníomhaíochta 2023 na hÉireann maidir le Cúrsaí Aeráide ag teacht leis an gComhaontú Glas don Eoraip maidir le haisling, gealltanais agus spriocanna. Féachtar leis an bPlean sin le saol agus córas eacnamaíochta atá níos glaine, níos glaise agus níos inbhuanaithe a thabhairt chun cinn in Éirinn.

### 2.2.4. Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

Tá an tAontas Eorpach bunaithe ar chearta bunúsacha, ar an daonlathas agus ar smacht reachta. Foráiltear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach:

*"Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar urramú dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna de chuid na mBallstát iad na luachanna sin i sochaí inarb iad an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir atá chun tosaigh inti"*.

Bíonn beartaíocht an AE maidir leis an réimse seo bunaithe ar Chonarthaí an AE agus ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Cumhdaítear sa Chairt na cearta bunúsacha a mbíonn tairbhe astu ag daoine san AE. Is ionstraim chuimsitheach an Chairt lena ndéantar ceart agus saoire an duine a chaomhnú agus a chur chun cinn i bhfianaise a dtagann d'athrú ar an tsochaí, a dtarlaíonn de dhul chun cinn sóisialta agus cora nua eolaíochta agus teicneolaíochta.

### 2.2.5. Fís fhadtéarmach an AE do na Limistéir Thuaithe

Faoi Fhís fhadtéarmach an AE do na Limistéir Thuaithe, tá fís fhadtéarmach anonn go dtí an bhliain 2040 do na ceantair tuaithe leagtha amach ag an gCoimisiún Eorpach lena sonraítear réimsí beartaíochta ar mhaithe le pobal faoin tuath is tréine, is cónasctha, is seasmhaí agus is rachmasaí.

Gnéithe lárnacha den aisling fhadtéarmach sin an **Comhshocrú Tuaithe** agus **Plean Gníomhaíochta Tuaithe an AE**. Tá creatchóras á chur ar fáil leis an gComhshocrú Tuaithe don chomhoibriú maidir le cúrsaí na tuaithe idir údaráis phoiblí, an tsochaí shibhialta, gnólachtaí, an lucht léinn agus saoránaigh na hEorpa ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Le Plean Gníomhaíochta Tuaithe an AE, féachtar le treisiú agus le neartú le beartais eile an AE atá ar bun cheana féin i ndáil le forbairt tuaithe. Tá an plean leagtha amach thart ar thionscnaimh mhórshuntais áirithe i réimsí éagsúla, mar shampla, córas iompair inbhuanaithe, digitiú, iléagsúlacht eacnamaíochta agus maolú ar an athrú aeráide.

### 2.2.6. Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP)

Déantar foráil leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 do Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) a ullmhú i ngach limistéar údaráis áitiúil. Is é atá de chuspóir leis an PÁEP na haidhmeanna agus na bearta is gá chun forbair eacnamaíochta agus forbairt áitiúil agus pobail a chur

chun cinn agus a threisiú i limistéar an údaráis áitiúil a leagan amach go ceann tréimhse sé, aidhmeanna agus bearta an údaráis áitiúil go díreach agus an údaráis áitiúil i gcomhar le geallsealbhóirí eile maidir le cúrsaí eacnamaíochta agus le forbairt pobail.

### 2.3 Cur chuige LEADER maidir le Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail (FÁSP)

Bíonn páirtnéirí poiblí agus páirtnéirí príobháideacha ó earnálacha eacnamaíochta, sóisialta, cultúir agus timpeallachta i measc chomhaltaí an GÁG.

Cothaíonn LEADER cur chuige dírithe ar Fhorbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail (FÁSP) trína mbíonn an pobal áitiúil rannpháirteach i socrú ar na bearta a dhéanfar i ndáil le cora móra eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta.

I ndáil le cur chuige FÁSP, is modh oibre clár LEADER a gcuirtear pobal na tuaithe ina cheartlár. Leagtar ar dhreamanna daoine a dhéanann ionadaíocht thar ceann réimsí cinnte tíreolaíochta, arna dtabhairt le chéile i bhfoirm GÁG, na bacanna a bheadh roimh fhorbairt ina bpobal féin a shonrú agus bearta a thionscnamh d'fhonn tabhairt faoi na réimsí deacrachta sin. Leis an SFÁ, féachann an GÁG le freastal do rannpháirtíocht na bpáirtithe ar fad ar mian leo cion tairbhe a dhéanamh don phróiseas seo ionas go gcinntítear go mbíonn gach SFÁ chomh dírithe chomh mór agus a d'fhéadfaí ar riachtanais phobal an cheantair.

Tugtar sainmhíniú mar seo a leanas, i ndáil le Straitéis Forbartha Áitiúil, ar FÁSP in Airteagal 31 Rialachán Forálacha Coitianta 2021/1060[1]:

*Áiritheoidh an Ballstát maidir leis an bhforbairt áitiúil faoi stiúir an chomhphobail:*

- *a) dírithe ar limistéir fhoréigiúnacha;*
- *b) go bhfuil sí faoi stiúir grúpaí gníomhaíochta áitiúla atá comhdhéanta d'ionadaithe ar leasanna soch-eacnamaíocha áitiúla, idir phoiblí agus phríobháideach, agus nach bhfuil smacht ag aon ghrúpa sainleasa amháin ar an gcinnteoireacht;*
- *c) go ndéantar í trí straitéisí i gcomhréir le hAirteagal 32;*
- *d) go dtacaíonn sí le líonrú, le hinrochtaineacht, le gnéithe nuálacha den chomhthéacs áitiúil agus, i gcás inarb iomchuí, le comhar le gníomhaithe críochacha eile.*

Tá i ndán go háirithe go mbeadh tairbhe as cur chuige FÁSP a úsáid ag dreamanna mionlaigh agus ag dreamanna dochaidrimh nach móide iad rannpháirteach i bpróisis eile maidir le forbairt áitiúil. Tá an cur chuige bunaithe ar chomhpháirtíocht straitéiseach a chothú laistigh den limistéar foréigiúnach i bhfoirm GÁG. Is í an chomhpháirtíocht an spreagadh is bun leis an SFÁ a leagan amach agus a thabhairt i gcrích. Bíonn páirtnéirí poiblí agus páirtnéirí príobháideacha i measc chomhaltaí an GÁG. Ba cheart go bhfeicfí gur eagras bríomhar é a théann in oiriúint do mhionghnéithe sainiúla na háite le

[1] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021

hionadaithe ó earnálacha eacnamaíochta, sóisialta, cultúir agus timpeallachta gan aon ghrúpa sainleasa amháin i gceannas ar phróiseas na gcinntí.

Bíonn SFÁ bunaithe ar riachtanais agus acmhainní an cheantair a thabhairt chun suntais. Leagadh de chúram ar gach GÁG SFÁ a leagan amach trí chomhairliúchán a dhéanamh go gníomhach le dreamanna pobail ina limistéar. Rinneadh ansin sraith aidhmeanna áitiúla agus bearta straitéise ina leith a leagan amach d'fhonn dul i ngleic leis na nithe is tábhachtaí go háitiúil. Tá cur chuige FÁSP sochóirithe ionas gur féidir beartú de réir thréithe iléagsúla na gceantar tuaithe agus seifteanna a chóiriú de réir mar a bhíonn de dhíth go háitiúil. Tá cur chuige LEADER bunaithe ar mhodh oibre faoi leith lena dtugtar san áireamh na seacht bprionsabal seo a leanas a leagtar amach in Alt 2.4.

## 2.4 7 bPrionsabal LEADER

Tá treoir chuimsitheach maidir le Cur Chuige FÁST LEADER curtha le chéile ag Líonra Eorpach CBT (LEFT go dtí le gairid) ina leagtar amach na Prionsabail a bhaineann le Cur Chuige LEADER:

1) **Cur chuige ón mbonn aníos** – cuirtear an pobal áitiúil i gceartlár na bpróiseas maidir leis an bhforbairt áitiúil, agus sin go sonrach trí bhearta comhairliúcháin, rannpháirtíochta agus comhchinnteoireachta.
2) **Cur chuige Bunaithe ar an Limistéar** – dírítear ar limistéir fhoréigiúnacha stuama agus féachtar le díriú ar na réimsí príomhthábhachta agus ar na deiseanna a bhaineann leis an limistéar SFÁ ina iomláine.
3) **Comhpháirtíocht Áitiúil** – is gné lárnach an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta (GÁG) den chur chuige FÁSP agus ní mór páirtnéirí ó réimsí poiblí agus príobháideacha agus ón tsochaí shibhialta a bheith sa Ghrúpa.
4) **Straitéis shlánchóirithe ilearnála** – is ceart don GÁG féachaint le leas a bhaint as ceangal agus sinéirge idir earnálacha éagsúla sa limistéar (mar is ceart a bheith i gceist leis an SFÁ freisin).
5) **Comhchaidreamh** – is gné lárnach an comhchaidreamh de chur chuige LEADER agus féachtar le bonn treise a chur faoin gcomhchaidreamh agus faoin malartú eolais ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa.
6) **Nuálaíocht** – treisítear le seifteanna nuálaíochta i ndáil le cúrsaí áitiúla.
7) **An Comhar** – cothaítear an comhar agus an chomhobair idir grúpaí GÁG ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa agus treisítear leo.

## 2.5 An Straitéis Forbartha Áitiúil

Is tionscnamh clár LEADER trína gcothaítear Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail agus tá leagtha amach dá réir sin pobal na háite a spreagadh, acmhainní a chur ar fáil dóibh agus ar chur ar a gcumas bainistíocht a dhéanamh ar fhorbairt áitiúil a gceantar féin. Is gné lárnach den phróiseas sin an SFÁ a cheanglaítear ar an GÁG a chur i dtoll a chéile. Plean faoi stiúir an phobail is ea an SFÁ a leagtar amach i gcomhar le pobal na háite ionas go dtugtar aisling an phobail chun cinn, go dtreisítear leis an bhforbairt inbhuanaithe ar limistéar an SFÁ, go bpléitear le riachtanais arna sonrú go háitiúil agus go

mbaintear amach réimse sonrach de chuspóirí áitiúla. Bíonn na cuspóirí agus na bearta príomhthábhachta a luaitear sa SFÁ de bhonn faoi gach cinneadh a dhéanann an GÁG maidir le cúrsaí cistíochta.

### 2.6 Creat Rialála an AE

Tagann LEADER faoi rialáil ag creat-rialacháin de chuid an AE. Is aon leabhar rialacha amháin Rialachán Forálacha Coitianta (AE) 2021/1060 ina leagtar síos na forálacha airgeadais agus na forálacha coitianta atá i bhfeidhm maidir le hocht gcinn de chistí AE a rialáil. Déantar foráil le h Airteagail 31 – 34 i Rialachán Forálacha Coitianta (RFC) 2021/1060 don chreat rialála maidir le gnéithe riaracháin de chlár LEADER de réir mar a bhaineann le limistéir fhoréigiúnacha, grúpaí GÁG agus straitéisí SFÁ. Tá Rialachán 2021/2115 maidir le Plean Straitéiseach CBT (PSC)[2], Rialachán 2021/2116 maidir le Bainistíocht agus Monatóireacht Airgeadais ar CBT[3] agus Rialachán 2022/1475 maidir le breithmheas ar Phleananna Straitéiseacha CBT agus faisnéis don mhonatóireacht agus don bhreithmheas a chur ar fáil[4] le háireamh ar na príomhrialacháin rialála i leith an chláir ina leagtar amach na forálacha a bhaineann leis na bearta a gcuirfear maoiniú ar fáil ina leith, le comhordú agus cúrsaí rialachais chomh maith le coinníollacha monatóireachta, tuairiscíochta agus breithmheastóireachta.

Tagann Rialacháin eile sa bhreis orthu sin i gceist mar a leagtar amach sa tábla thíos.

[2] Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021

[3] Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021

[4] Rialachán (AE) 2022/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2022

| Na Príomhrialacháin de chuid an AE a bhaineann le LEADER | |
|---|---|
| **Uimhir an Rialacháin** | **Achoimre** |
| 2021/1060 | RIALACHÁN (AE) 2021/1060 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R1060&from=EN |
| 2021/2115 | Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R2115&from=EN |
| 2021/2116 | RIALACHÁN (AE) 2021/2116 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 2 Nollaig 2021 faoi mhaoiniú, faoi bhainistiú agus faoi fhaireachán an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (Rialachán cothrománach) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R2116&qid=1655738139921&from=EN |
| 2988/95 | Rialachán maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=celex%3A31995R2988 |
| 2018/1046 | Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02018R1046-20221214 |
| 2021/2289 | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2289 ÓN gCOIMISIÚN an 21 Nollaig 2021 maidir le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT agus maidir leis an gcóras leictreonach um malartú slán faisnéise. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R2289&qid=1660823178291&from=EN |
| 2021/2290 | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2290 ÓN gCOIMISIÚN an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir leis na modhanna chun na comhtháscairí aschuir agus toraidh a ríomh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013. |

| | |
|---|---|
| | https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R2290&qid=1660562939711&from=EN |
| 2022/127 | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/127 ÓN gCOIMISIÚN an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32022R0127&from=EN |
| 2022/128 | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32022R0128&qid=1660823028811&from=EN |
| 2022/129 | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/129 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cineálacha idirghabhála a bhaineann le síolta ola, cadás agus seachtháirgí fíonóireachta faoi Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus maidir leis na ceanglais faisnéise, phoiblíochta agus infheictheachta a bhaineann le tacaíocht ón Aontas agus le Pleananna Straitéiseacha CBT. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32022R0129&from=EN |
| 2022/1475 | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1475 ÓN gCOIMISIÚN an 6 Meán Fómhair 2022 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le meastóireacht ar na Pleananna Straitéiseacha CBT agus a mhéid a bhaineann le faisnéis a sholáthar le haghaidh faireacháin agus meastóireachta. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32022R1475&qid=1663766596311&from=en |
| 2023/130 | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/130 ÓN gCOIMISIÚN an 18 Eanáir 2023 lena leagtar síos rialacha i ndáil le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i láthair ábhar na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32023R0130 |
| 2023/860 | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/860 ÓN gCOIMISIÚN an 25 Aibreán 2023 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht, an dearbhú bainistíochta, an comhlacht comhordúcháin, an comhlacht deimhniúcháin, agus forálacha áirithe i ndáil le CERT agus CETFT. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32023R0860&qid=1682506366322 |
| 2023/2831 | Rialachán (AE) Uimh. 2023/2831 an 13 Nollaig 2023 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair de minimis. https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2023/2831 |
| 2020/972 | Rialachán (AE) Uimh. 2020/972 an 2 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 a mhéid a bhaineann lena fhadú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 a mhéid a bhaineann lena fhadú agus le coigeartuithe ábhartha. https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2020/972/oj/eng (De Minimis aid) |

# 3 Téamaí LEADER agus na Réimsí atá inghlactha maidir le cistíocht

## 3.1 Na Limistéir Tíreolaíochta lena mBaineann

Tugtar de shainmhíniú ar cheantair tuaithe gach cuid d'Éirinn atá lasmuigh de theorainneacha cathrach na gcathracha seo a leanas, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge. Tá gach ceantar lasmuigh de na teorainneacha sin inghlactha maidir le cúnamh LEADER.

Ainmníodh 28 limistéar foréigiúnach LEADER faoin gClár in Éirinn. Tá na ceantair áitiúla ina limistéar foréigiúnach féin de réir mar a thagann faoi Straitéisí Forbartha Áitiúla (SFÁ) leagtha amach ag gach GÁG. Ní mór gach tionscadal a fhaigheann cistíocht LEADER a chur ar bun in Éirinn (lasmuigh de theorainneacha cathrach Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge), a bheith ag teacht leis an SFÁ, agus a bheith chun tairbhe don réigiún a thagann faoi scáth an SFÁ lean mbaineann. Tá rialacha faoi leith ag baint le cistíocht a thugtar i ndáil le tionscadail comhair (Roinn 7) a bhíonn ar bun taobh amuigh de limistéar foréigiúnach an GÁG.

## 3.2 Téamaí agus Fothéamaí an Chláir

Leagtar amach i ngné LEADER den Plean Straitéiseach CBT 2023-2027 sraith téamaí a tháinig chun suntais mar gheall ar bhearta taighde agus comhairliúcháin a rinneadh agus an plean á chur le chéile. Is téamaí iad seo ar léir orthu na príomhdheacrachtaí atá le sárú agus na príomhdheiseanna ab fhiú a thapú i gceantair tuaithe na hÉireann. Déantar léiriú níos mine ar gach téama le fothéamaí a bhaineann leis na réimsí príomhthábhachta is mó a dteastaíonn an cúnamh ina leith agus is mó a d'fhéadfadh leas a dhéanamh maidir le forbairt inbhuanaithe do phobal na tuaithe. Meastar go bhfuil na fothéamaí sách cuimsitheach soláimhsithe gur féidir freastal leo don iléagsúlacht maidir le riachtanais áitiúla i gceantair tuaithe agus don réimse tionscadal a dtugtar cúnamh ina leith faoin SFÁ.

| Téamaí agus Fothéamaí LEADER | | |
|---|---|---|
| **Forbairt Eacnamaíochta agus Cruthú Fostaíochta** | **Bonneagar Tuaithe agus Cuimsiú Sóisialta** | **Forbairt Inbhuanaithe Thimpeallacht na Tuaithe & Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide** |
| • *An Geilleagar Glas* | • *Bonneagar Tuaithe* | • *Forbairt Inbhuanaithe Thimpeallacht na Tuaithe* |
| • *Iléagsúlú na Talmhaíochta* | • *Seirbhísí Áisiúla* | • *Cothú Acmhainne maidir leis an Athrú Aeráide* |
| • *Turasóireacht & Áineas faoin Tuath* | • *Barrfheabhas maidir le Cónascacht Dhigiteach* | • *Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide* |
| • *Forbairt Fiontraíochta* | • *Óige na Tuaithe* | |
| • *Táirgeadh Bia faoin Tuath* | | |
| • *Fiontair Shóisialta, Pobail & Comharchumainn* | | |

## 3.3 Téama 1: Forbairt Eacnamaíochta agus Cruthú Fostaíochta

Tá Téama a hAon dírithe ar an ngá le treisiú le forbairt ar eacnamaíocht na tuaithe, gné a bhfuil béim le leagan uirthi maidir le forbairt na tuaithe.  Léirítear sin trí fhorbairt eacnamaíochta ar an leibhéal áitiúil a chur chun cinn go leanúnach, breis iléagsúlachta san áireamh chomh maith le deiseanna fostaíochta a chruthú do phobal na háite, daoine a bhaineann le dreamanna atá faoi mhíbhuntáiste san áireamh.

### 3.3.1 Fothéama 1a. An Geilleagar Glas

Tugtar deiseanna suntasacha fostaíochta i gceantair tuaithe i gceist leis an ngeilleagar glas.  Tá gá géar le teacht i dtír a oiread agus is féidir ar na deiseanna a thugtar i gceist leis an ngeilleagar ciorclach

agus leis an mbithgheilleagar ós rífhabhrach a bheadh forbairt ar an mbithgheilleagar agus ar an ngeilleagar ciorclach i gcás na hÉireann nuair atá buntáistí nádúrtha go leor ag an tír.

### 3.3.2 Fothéama 1b. Ileágsúlú na Talmhaíochta

I gcomhthéacs fhorbairt na fiontraíochta, agus i gcomhréir leis na haidhmeanna forghinearálta i bPlean Straitéiseach CBT, tá béim faoi leith á leagan ar dheiseanna iléagsúlachta ag teaghlaigh feirme. Is é a luaitear le hiléagsúlú talmhaíochta leas fiontraíochta a bhaint as acmhainní feirme ar mhaithe le cuspóirí seachas saothrú talmhaíochta, mar shampla, siopaí feirme, cúrsaí áineasa, etc.

### 3.3.3 Fothéama 1c. Turasóireacht & Áineas faoin Tuath

Is rímhór an tábhacht atá leis an turasóireacht maidir le cúrsaí eacnamaíochta faoin tuath agus is den bhunriachtanas go leantar in Éirinn d'fhorbairt a thabhairt ar bhealach inbhuanaithe ar earnáil na turasóireachta. Tugtar chun suntais réimsí éagsúla, bearta áineasa faoin aer, bearta gníomhaíochta faoin aer, tionscnaimh cultúir agus oidhreachta, féilte, agus imeachtaí nach iad, ar na réimsí sin a mbeadh araíocht mhór iontu agus a ndéanfadh infheistíocht iontu tairbhe maidir le forbairt inbhuanaithe ar thurasóireacht faoin tuath.

I measc na samplaí eile de ghníomhaíochtaí a bhféadfaí tacú leo tá:

- staidéar féidearthachta d'fhonn an acmhainn maidir le turasóireacht sa cheantar a fhiosrú;
- tionscnaimh margaíochta;
- mol turasóireachta a chur ar bun d'fhonn freastal do chur chuige ilearnála;
- bearta atá dírithe ar ghnéithe bonneagair a fhorbairt nó a athchóiriú, a mbeadh tairbhe astu maidir le turasóireacht bunaithe ar théamaí staire agus oidhreachta;
- bearta lena gcuirtear chun tosaigh an fhorbairt ar ghnéithe bonneagair a bhfuil suntas go háitiúil leo maidir le réimsí cultúir/oidhreachta agus bearta agus imeachtaí bunaithe ar chúrsaí ealaíne;
- áiseanna taitneamhachta agus áineasa a chur ar fáil a mbeadh tairbhe astu maidir le turasóireacht bunaithe ar eachtraíocht/gnéithe éiceolaíochta.

Ní mór tionscadail turasóireachta a dtabharfaí cúnamh ina leith le cistí LEADER a bheith i gcomhréir le caighdeáin Fháilte Éireann agus/nó caighdeáin eile de chuid na hearnála.

### 3.3.4 Fothéama 1d. Forbairt Fiontraíochta

Tá géar ghá le freastal d'fhorbairt gnó i gceantair tuaithe trí dheiseanna agus cúnamh a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do dhaoine atá ag féachaint le fiontar a fhorbairt faoin tuath. Ba cheart, i ndáil le cúnamh den sórt seo, béim níos troime a leagan ar chuidiú le fiontraithe mná i gcomharsanachtaí faoin tuath.

Is féidir cúnamh LEADER a thabhairt do mhicreaghnóthais agus do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide faoi mar a leagtar síos i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[5]. Tá treoir nuachóirithe maidir leis an sainmhíniú ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.[6]

Ar na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁ) atá an phríomhfhreagracht maidir le micreaghnóthais in Éirinn. Is é is gá do LEADER a dhéanamh, seachas a bheith in iomaíocht leis na hoifigí OFÁ, treisiú lena gcuid beartaíochta OFÁ. Ní foláir córais éifeachtúla comharoibre agus comhairliúcháin ionas go gcinntítear leithroinnt acmhainní atá i gcomhord agus éifeachtúil.

Ar na cineálacha beartaíochta a bhféadfaí cúnamh a thabhairt ina leith, bheadh cúnamh infheistíochta nó cláir oiliúna maidir le hearnáil faoi leith d'fhiontraithe ionchais, do sheoltóirí tionscanta, d'fhiontair shóisialta, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide atá ar bun le tamall.

#### 3.3.5 Fothéama 1e. Táirgeadh Bia faoin Tuath

Tháinig forás agus fairsingiú suntasach ar earnáil bhia ceardaithe na hÉireann le deich mbliana anuas. Tá an clár LEADER i riocht maith maidir le leanúint de threisiú leis an earnáil seo le hinfheistíocht i dtáirgeoirí bia ceardaithe agus le micreatháirgeoirí agus táirgeoirí beaga agus meánmhéide bia ar mhaithe le táirgíocht bia faoin tuath a fhorbairt agus a leathnú, le forbairt scileanna agus le margaíocht.

#### 3.3.6 Fothéama 1f. Fiontair Shóisialta, Pobail & Comharchumainn

Is fiontar Fiontar Sóisialta a bhfuil de chuspóir leis tionchar sóisialta, sochaí nó comhshaoil a imirt seachas oiread agus is féidir brabúis a ghnóthachtáil d'úinéirí an fhiontair. Dírítear aird in Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann ar fhiontair shóisialta agus ar an tábhacht atá le maidir le cúrsaí eacnamaíochta i gceantair tuaithe maidir le bearnaí sa mhargadh a thabhairt isteach nach mbeadh tarraingteach ag comhlachtaí atá dírithe ar ghnóthaí tráchtála mar gheall ar an dlús daonra nó cúrsaí scála a bheith íseal ó thaobh na heacnamaíochta de.

### 3.4 Téama 2: Bonneagar Tuaithe & Cuimsiú Sóisialta

Beidh béim lárnach ar an ngá atá le comhtháthú sóisialta limistéir fhoréigiúnacha a chinntiú i.e. ní amháin treisiú le forbairt eacnamaíochta ach treisiú freisin le cuimsiú sóisialta. Tá iléagsúlacht níos mó ag teacht chun cinn faoin tuath in Éirinn agus is tábhachtach an rud an éagsúlacht seo a chothú agus a chinntiú go dtugtar riachtanais an uile dhuine den phobal san áireamh leis an bhforbairt pobail san am atá romhainn.

D'fhéadfadh daoine a bheith á gcoinneáil amach agus á n-imeallú ó pháirt a ghlacadh i mbearta a meastar gurb iad an gnáthrud iad ag daoine eile sa phobal mar gheall ar easpa ioncaim agus

[5] Tá breis treorach ar fáil ar https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32003H0361&qid=1690282401776
[6] https://ec.europa.eu/docsroom/documents/42921

acmhainní. I gceantair tuaithe, go háirithe, is minic a fhágann dlús íseal an daonra, leibhéil arda eisimirce agus an fhaid ó lárionaid uirbeacha, gur lú na roghanna fostaíochta a bhíonn ar fáil agus gur ísle an leibhéal seirbhísí a chuirtear ar fáil ná mar a tharlódh i gceantair foirgníochta. Tarlaíonn go minic faoin tuath go gcuireann a bheith lonnaithe ar an uaigneas leis an eisiamh a bhraitheann daoine.

### 3.4.1 Fothéama 2a. Bonneagar Tuaithe

Bearta d'fhonn córais bonneagair faoin tuath a fhorbairt agus/nó a fheabhsú ionas go dtugtar deis do níos mó daoine maireachtáil agus oibriú ina gcomharsanachtaí faoin tuath.

### 3.4.2 Fothéama 2b. Seirbhísí atá Inrochtana

Dírítear leis an bhfothéama seo ar fheabhas a chur ar an teacht a bhíonn ar sheirbhísí bunúsacha ag daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair tuaithe agus i gceantair iargúlta agus ag grúpaí a bheadh i mbaol a n-eisiamh go sóisialta, dreamanna dochaidrimh agus dreamanna nuathagtha san áireamh. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gur seirbhís nua a thabhairt isteach a bheadh i gceist nó seirbhís a tarraingíodh siar cheana a chur ar fáil in athuair faoi na catagóirí seo a leanas:

- seirbhísí pobail
- seirbhísí oiliúna
- seirbhísí sóisialta/cultúir
- seirbhísí caitheamh aimsire

### 3.4.3 Fothéama 2c. Barrfheabhas maidir le Cónascacht Dhigiteach

Tá cónascacht dhigiteach bunúsach faoin tráth seo maidir le forbairt ar cheantair tuaithe agus ba ríléir le linn phaindéim COVID-19 an tábhacht atá le an tábhacht atá leis an digitiúchán maidir le hoiread sin gnéithe de ghnáthshaol an duine ó lá go lá. Chomh maith leis an ngá atá le bonneagar maith agus cónascacht TE, tá bunghá freisin le scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach a chothú ionas gur féidir le daoine a chónaíonn faoin tuath an leas is fearr a bhaint as cúrsaí digitithe.

Tá teacht níos fearr ar cheangal leathanbhanda iontaofa ar ardluas buntábhachtach maidir leis an bhforbairt eacnamaíochta agus shóisialta ar cheantair tuaithe agus ar phobal na gceantar sin. Cuireann córas ardchaighdeáin leathanbhanda ar chumas ghnóthais iad féin a bhunú i gceantar tuaithe, nó leanúint de bheith lonnaithe i gceantar mar sin, trí chonstaicí a shárú a bhaineann le deis áisiúil ar mhargaí agus ar sheirbhísí. Tharlódh freisin go bhféadfaí breis fostaíochta a chruthú de réir mar a ligeann ceangal leathanbhanda do ghnólachtaí forás a dhéanamh.

Faoin bhfothéama seo, cuidítear le bearta áitiúla a thagann le tionscnaimh náisiúnta atá dírithe ar bhonneagar uilechuimsitheach leathanbhanda a fhorbairt faoin tuath. Ní thagann an chuid is mó den bhonneagar leathanbhanda san áireamh leis an bhfothéama seo, ó tharla go dtagann sin faoi scáth an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. Ar na bearta is féidir a áireamh tá bunoiliúint TFC do dhreamanna príomhthábhachta, mar shampla d'fhonn a chur ar chumas dhaoine aosta agus dhaoine óga caidreamh a choinneáil ar siúl. D'fhéadfadh bearta eile a bheith dírithe ar fhorbairt scileanna

maidir le córas leathanbhanda a fheistiú nó ar staidéar féidearthachta i ndáil le córas leathanbhanda pobail.

#### 3.4.4 Fothéama 2d. Óige na Tuaithe

Tarlaíonn bearnaí easnaimh maidir le héagsúlacht na beartaíochta a bhíonn ar fáil i gceantair tuaithe ag daoine óga, taobh amuigh de chúrsaí spóirt. Is gá rannpháirtíocht óige na tuaithe a spreagadh i nithe a mbíonn tionchar acu ar ghnáthshaol an lae acu, an acmhainn ceannaireachta iontu a chothú agus lón comhairle a chur ar fáil go leanúnach maidir le tionscnaimh a fhorbairt d'óige na tuaithe san am atá le theacht.

Is féidir conairí níos fearr do dhaoine óga chun deiseanna eacnamaíochta a thapú i gceantair tuaithe a thabhairt i gcrích trí fhiontraíocht óige a chur chun cinn chomh maith le hoiliúint atá ceangailte leis sin. Cuirtear deiseanna tábhachtacha ar fáil do dhaoine óga a theacht in inmhe go hiomlán le bearta trína bhforbraítear bonneagar sóisialta na gceantar tuaithe. D'áireofaí ar na bearta sin:

- clubanna/caiféanna óige a chur ar fáil
- teacht níos fearr ar TEC
- bearta spóirt/caitheamh aimsire
- tionscadail bunaithe ar chúrsaí ealaíne
- clár forbartha óige

Bíonn riachtanais faoi leith ag daoine óga, go háirithe iad sin a d'fhéadfadh a bheith i mbaol, i ndáil le cineálacha na seirbhísí a bhféadfadh gá a bheith acu leo.

Chun críche LEADER, is é sainmhíniú atá ar dhaoine óga, daoine atá idir 15 bhliana agus 40 bliain d'aois.

### 3.5 Téama 3: Forbairt Inbhuanaithe Thimpeallacht na Tuaithe & Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide

Cé go n-admhaítear gur ceist ilearnála forbairt inbhuanaithe, maolú agus cóiriú maidir leis an athrú aeráide, agus go dtabharfar san áireamh iad ina chomhthéacs sin i ndáil le gach beart idirghabhála LEADER, sonraítear réimsí sonracha faoi leith faoin téama seo.

Faoin téama seo, féachtar leis an tairbhe is mó a thabhairt i gcrích as bearta timpeallachta d'fhonn cur leis an bhforbairt inbhuanaithe ar chomharsanachtaí faoin tuath. Dírítear ar leas a bhaint as an taobh tíre i gceantar áitiúil, as gnéithe agus acmhainní nádúrtha an taobh tíre, an tráth céanna a gcruthaítear aird agus tuiscint níos géire ar chúrsaí timpeallachta agus a bhfeabhsaítear an chosaint don timpeallacht.

Ní mór do na grúpaí GÁG agus do sheoltóirí tionscadail cloí le gach cuid den reachtaíocht náisiúnta agus de reachtaíocht an AE, agus le haon srianta nó dualgais arna gcur i bhfeidhm ag Ranna Rialtais

nó ag an Údarás Áitiúil cuí, a thiocfadh i bhfeidhm maidir leis an tionscadal beartaithe. Ní mór gach cead agus ceadúnas is gá a bheith faighte roimh ré maidir le gach tionscadal sula dtosaítear ar aon chuid den obair. Ní mór, i gcás aon tionscadal a dtugtar cistíocht ina leith faoi cheann de na fothéamaí, gach coinníoll timpeallachta agus oidhreachta a bhainfeadh le hábhar a shásamh chomh maith (Roinn 8).

#### 3.5.1 Fothéama 3a. Forbairt Inbhuanaithe Thimpeallacht na Tuaithe:

Cúnamh maidir le cosaint agus úsáid inbhuanaithe a spreagadh maidir leis an úsáid as acmhainní uisce, le cosaint agus feabhsú a spreagadh maidir leis an mbithéagsúlacht go logánta agus le fuinneamh inathnuaite a fhorbairt.

#### 3.5.2 Fothéama 3b. Cothú Acmhainne maidir leis an Athrú Aeráide:

Breis tuisceana agus rannpháirtíochta a chothú maidir leis an athrú aeráide agus réimse níos leithne de bhearta áitiúla i ndáil leis an athrú aeráide a chothú.

#### 3.5.3 Fothéama 3c. Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide:

Cúnamh a chur ar fáil lena spreagtar agus lena dtreisítear tionscnaimh maolúcháin agus cóiriúcháin i ndáil leis an athrú aeráide.

### 3.6 Cuspóirí Ilearnála

Chomh maith leis na téamaí a leagtar amach thuas, is ceart aird a thabhairt freisin ar thionscadail a phléann le ceiseanna ilearnála, mar shampla, an timpeallacht, an t-athrú aeráide agus nuálaíocht, a mhéid atá d'acmhainn le bearta idirghabhála LEADER cur le tionscnaimh den sórt sin agus treisiú leo:

- **Nuálaíocht:** Is féidir cistíocht a chur ar fáil maidir le tástáil phíolótach ar mhodhanna nua táirgíochta a chuirfeadh le hacmhainn iomaíochta FBManna (Micrifhiontair agus Fiontair Bheaga agus Meánmhéide). Is féidir le GÁG freisin feidhmiú ina ardán maidir le bearta tionscantacha sóisialta d'fhonn seirbhísí bunúsacha a chur ar fáil do dhreamanna dochaidrimh. Ós scála beag, ó thaobh comparáide, atá le straitéisí FÁSP óna mbun-nádúr, ní gá gur forbairt teicneolaíochta ar ardleibhéal a bheadh i gceist le nuálaíocht.

- **An Timpeallacht:** Is féidir cistíocht a chur ar fáil maidir cosaint na timpeallachta trí thuiscint níos fearr ar cheisteanna timpeallachta, úsáid éifeachtach as acmhainní nádúrtha agus caomhnú na hoidhreachta. Is féidir timpeallacht an cheantair a chur chun cinn freisin le turasóireacht tuaithe agus le cruthú fostaíochta go háitiúil mar gheall ar an éileamh a chruthaítear maidir le hearraí/seirbhísí timpeallachta.

- **Athrú Aeráide:** Is féidir cistíocht a chur ar fáil maidir le bearta a chur chun cinn trína maolaítear an t-ualach carbóin a ghabhann le tionscal pobail agus tionscal áitiúil.

### 3.7 Straitéisí maidir le Sráidbhailte Cliste

Is lárnaí de réir a chéile mar choincheap agus mar chóras cur i bhfeidhm maidir le beartas na hEorpa i ndáil le forbairt pobail le blianta beaga anuas an coincheap maidir le Sráidbhailte Cliste. Ag teacht leis an rialachán maidir le Plean Straitéiseach CBT, iarradh ar na Ballstáit an cuspóir trasearnála maidir le nuachóiriú ar cheantair tuaithe trí eolas a chothú agus a bhabhtáil, nuálaíocht agus digitiú i gceantair tuaithe, a thabhairt san áireamh. Deir an Líonra Eorpach um Fhorbairt Tuaithe (LEFT), Líonra Eorpach CBT faoin tráth seo gurb é is bunúsaí a bhaineann leis an gcoincheap maidir le Sráidbhailte Cliste an dóigh ina mbaineann pobal chomharsanachta faoin tuath an leas is fearr as gnéithe den teicneolaíocht agus as nuálaíocht shóisialta ag seiftiú maidir le cora leanúnacha agus cora nua a chuirtear rompu.

Chomh maith leis an gcoincheap maidir le Sráidbhailte Cliste a bheith ina bheartas forghinearálta i ndáil leis an gclár LEADER nua seo, tá sé tagtha chun cinn go mór mar choincheap lárnach agus mar chóras cur i bhfeidhm i ndáil le beartas forbartha tuaithe na hEorpa le roinnt blianta anuas. Tuigtear rannpháirtíocht ghníomhach phobal na háite, maidir le feabhas a chur ar an gcás eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil, leis an gcoincheap, agus sin a thabhairt i gcrích le tionscnaimh den nuáil agus den chomhar le béim go minic ar leas a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach agus as na seifteanna tairbheacha agus na modhanna éifeachtúla oibre is féidir a thabhairt i bhfeidhm leis an teicneolaíocht sin ar mhaithe leis an bpobal. Tá an coincheap maidir le Sráidbhailte Cliste ag teacht go dlúth leis an gcoincheap a bhaineann le cur chuige LEADER. Go deimhin, ach prionsabail uile LEADER a chur i bhfeidhm, cruthaítear an cás inar féidir tionscnaimh maidir le Sráidbhaile Cliste a thabhairt chun cinn. Sa chás go sonraítear sa SFÁ gur bearta tús áite tionscnaimh maidir le Sráidbhaile Cliste, ní foláir don GÁG beartú go tionscantach agus cóiriú de réir bheartais de leithéid Fhís Fhadtéarmach an AE do na Limistéir Tuaithe, chomh maith le caidreamh a chothú leis an bpobal ar mhaithe le hinfheistíocht ar scála beag a chur chun cinn agus a mhaoiniú.

Foilsítear cuid mhór ábhair ar láithreán gréasáin LEFT faoin gcoincheap maidir le Sráidbhailte Cliste agus rinneadh le gairid, mar chuid den obair fhorbartha ar an ábhar treorach maidir le straitéisí SFÁ, cur i láthair faoi na Sráidbhailte Cliste le grúpaí spéise. Is féidir an cur i láthair sin a bhreathnú ar líne agus d'fhéadfadh go mbeadh buntáiste as ag an bpobal i gcomharsanacht a mbeifí ag smaoineamh ar Straitéis maidir le Sráidbhaile Cliste a chur le chéile ina leith.

Luaitear in Airteagal 77(1) (e) de Rialachán 2021/2115 ón gCoimisiún: *“Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú i leith comhair faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT, chun straitéisí maidir le sráidbhailte cliste arna gcinneadh ag na Ballstáit a ullmhú agus a chur chun feidhme.”*

Beidh straitéisí maidir le Sráidbhailte Cliste a ullmhú agus a chur i bhfeidhm agus cúnamh a thabhairt ina leith ina tháscaire maidir leis an toradh ar an gClár seo. Luaitear táscaire sonrach i bPlean

Straitéiseach CBT bunaithe ar líon na straitéisí maidir le Sráidbhailte Cliste a gcuidítear leo nó a maoinítear. (R.40 - Aistriú cliste maidir le heacnamaíocht na tuaithe: Líon na straitéisí maidir le sráidbhailte cliste a dtugtar cúnamh ina leith). Beidh sonraí i ndáil leis an táscaire sin á mbailiú mar chuid dá leagtar de dhualgas ar an Roinn i ndáil leis an Tuarascáil Bhliantúil ar an bhfeidhmíocht maidir le Plean Straitéiseach CBT na hÉireann. Anuas ar an méid sin, agus ag teacht le hAirteagal 15(5) i Rialachán (AE) 2022/1475, ní foláir do na grúpaí GÁG tuairisc a thabhairt ar líon na dtionscadal (oibríochtaí) a bhaineann le straitéis maidir le sráidbhaile cliste.

Beidh na sonraí sin á mbailiú sa bhliain 2026 agus arís sa bhliain 2030.

# 4 Córas Forfheidhmiúcháin LEADER

Maidir leis an tréimhse 2023-2027, beidh creat sonrach maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm leagtha amach do chlár LEADER. Is den tábhacht na rólanna éagsúla a shonrú go sainiúil a bheidh ag na heagraíochtaí sin ag a beidh ról foirmeálta maidir le gnéithe LEADER de Phlean Straitéiseach CBT.

## 4.1 An tÚdarás Bainistíochta

Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) an tÚdarás Bainistíochta maidir le Plean Straitéiseach CBT na hÉireann (PSC) agus is ar an roinn sin atá an príomhdhualgas maidir le gnéithe uile PSC na hÉireann a chur i bhfeidhm. Tá an bhainistíocht ar ghné LEADER de Phlean Straitéiseach CBT na hÉireann á tharmligean leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP).

## 4.2 An Ghníomhaireacht Íocaíochta

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an tÚdarás Conarthach ar a leagtar feidhmeanna tarmligthe na Gníomhaireachta Íocaíochta agus an t-údarás bainistíochta ar a bhfuil cúram maidir le LEADER. Tá an Roinn freagrach as a chinntiú go mbíonn na córais agus na próisis i ndáil leis an bhfeidhm sin i gcomhréir leis na coinníollacha rialúcháin ar fad. Tagann san áireamh leis sin monatóireacht ar chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le bainistíocht airgeadais agus déanamh cinntí ag gach GÁG, mar shampla tríd an athbhreithniú bliantúil ar an bhfeidhmíocht agus an próiseas pleanála bliantúil. Anuas air sin, tá an Roinn freagrach as bearta leanúnacha seiceála agus rialála i ndáil le caiteachas na ngrúpaí GÁG chomh maith le híocaíocht a dhéanamh leis na grúpaí GÁG maidir leis an gcaiteachas ar thionscadail agus ar chúrsaí riaracháin.

## 4.3 An Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta

Is é an GÁG an príomhchomhlacht maidir le *córas cur i bhfeidhm LEADER.* Bíonn líon na ngrúpaí GÁG ag brath ar líon na straitéisí forbartha áitiúla a aontaítear i ngach ceann den 28 limistéar foréigiúnach. Tá an GÁG freagrach Straitéis Forbartha Áitiúil LEADER a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, as cinntí a dhéanamh faoi bhearta a gcuirtear cistí ar fáil lena n-aghaidh faoin SFÁ agus as bainistíocht a dhéanamh ar na cistí a leithroinntear maidir leis an SFÁ.

Is iad a bhíonn ar chomhaltaí an GÁG ionadaithe poiblí agus príobháideacha ón limistéar foréigiúnach lena mbaineann, thar ceann réimsí leasa socheacnamaíochta áitiúla, gan smacht ag aon ghrúpa sainleasa amháin ar an gcinnteoireacht [7]. Is iondúil go mbíonn comhaltaí tofa agus oifigigh údaráis áitiúil ar an GÁG chomh maith le hionadaithe lucht gnó, ionadaithe ó earnáil na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha, ionadaithe maidir le forbairt áitiúil, ionadaithe maidir le leasa feirmeoireachta, gníomhaireachtaí stáit, etc.

[7] Airteagal 31 (2) (b) Rialachán Forálacha Coitianta an AE 2021/1060

Leagtar amach rólanna an GÁG in Airteagal 33 i Rialachán Forálacha Coitianta an AE (RFC) 2021/1060. Cuirtear de chúram ar an GÁG an SFÁ a leagan amach agus, in éineacht leis na máthaireagraíochtaí, na bearta a luaitear sa straitéis sin a chur i bhfeidhm. Dá réir sin, tá an GÁG freagrach as bearta spreagúlachta, as cothú acmhainne, as bainistíocht a dhéanamh ar ghairmeacha tionscadal, as cinntí a dhéanamh maidir le tionscadail áitiúla a gceadaítear cistí ina leith, as an mbainistíocht airgeadais agus monatóireacht i ndáil le tionscadail agus as an SFÁ go ginearálta. Déanann an GÁG tuairiscíocht go díreach leis an RFTP maidir le gnéithe airgeadais agus leis an RFTP agus/nó gníomhaireacht de chuid na Roinne sin maidir leis an obair maoirseachta ar chreat monatóireachta LEADER.

Déanfar, mar chuid de bheartaíocht an GÁG, obair agus comhchaidreamh le pobal chomharsanachtaí faoin tuath d'fhonn na tionscadail nuálacha a chuireann le hinmharthanacht agus le hinbhuanaíocht an phobail sin a thabhairt chun aire agus a chur chun cinn. Beidh béim láidir ó thaobh spreagúlachta ar cheantair nach raibh tairbhe acu as cúnamh airgid LEADER roimhe seo.

Beidh buntábhacht le comhchaidreamh an GÁG le hearnálacha uile na sochaí i limistéar foréigiúnach le linn chéim forbartha an SFÁ chomh maith le ré an chur i bhfeidhm agus ní mór seacht bprionsabal LEADER a thabhairt san áireamh. Ina chomhthéacs sin, beidh réimse leathan leasanna áitiúla socheacnamaíocha, poiblí agus príobháideacha, san áireamh le comhaltaí an GÁG d'fhonn oibriú éifeachtúil an GÁG a chinntiú agus, ina bhun sin, cuspóirí an SFÁ a thabhairt chun tosaigh.

### 4.4 Páirtnéir Airgeadais an GÁG

Sa chás gur comhpháirtíocht idir eagrais agus dreamanna sainspéise an GÁG (cineál faoi stiúir CFPÁ), seachas eintiteas is corparáid as a stuaim féin (cineál faoi stiúir CFÁ), roghnaítear páirtnéir de chuid pháirtnéirí an GÁG a dhéanfaidh bainistíocht ar chúrsaí riaracháin agus airgeadais. Déantar feidhmeanna a tharmligean leis an bPríomhpháirtnéir Airgeadais sin maidir le Seiceáil Riaracháin a dhéanamh ar thionscadail nach tionscadail inmheánacha arna gcur i gcrích ag an GÁG féin.

### 4.5 Páirtnéir Forfheidhmiúcháin an GÁG

Is féidir le GÁG a shocrú go mbeidh ról oibriúcháin níos tréine ag páirtnéir faoi leith i dtabhairt i bhfeidhm LEADER agus go ndéanfar an páirtnéir sin a ainmniú mar Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin sa chomhthéacs áitiúil. Is féidir freagracht a leagan ar an bpáirtnéir forfheidhmiúcháin maidir le tabhairt faoi bhearta faoi leith faoi LEADER (e.g. spreagúlacht, gairm tionscadail a riar, bainistíocht airgeadais), agus an mhaoirseacht bainistíochta á cur ar fáil ag an GÁG. Is de réir mar is mian leis an GÁG a dhéantar bearta oibre faoi leith a tharmligean leis an bPáirtnéir Forfheidhmiúcháin agus is ceart iad a shonrú i gComhaontú Leibhéal Seirbhíse idir na páirtithe. D'fhéadfadh níos mó ná aon Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin amháin a bheith ag GÁG.

### 4.6 Páirtnéir Spreagúlachta

Is féidir le GÁG agus leis an bPáirtnéir Forfheidhmiúcháin oibriú go dlúth le Páirtnéir Spreagúlachta d'fhonn cuidiú le spreagadh a chur faoin straitéis sa cheantar agus le cothú acmhainne. Is ceart na bearta oibre a leagtar ar an bPáirtnéir Spreagúlachta a chur i gcrích a leagan amach i gComhaontú Leibhéal Seirbhíse idir na páirtithe.

### 4.7 Coiste Measúnachta an GÁG

Beidh ar a laghad Coiste Measúnachta amháin ar bun ag gach GÁG chun iarratais a chuireann seoltóirí tionscadail faoi bhráid a mheas agus a bhreithniú. Cuireann an Coiste Measúnachta moltaí faoi bhráid an GÁG maidir lena oiriúnaí, bunaithe ar chritéir oibiachtúlachta, a bheadh cistí a chur ar fáil do thionscadail.

### 4.8 Seoltóir / Tairbhí Tionscadail

Is duine, grúpa nó eagras eile (e.g. cuideachta) an seoltóir tionscadail a chuireann iarratas ar chistí chuig an GÁG agus, sa chás go n-éiríonn leis an iarratas, a dtugtar conradh dó maidir leis an tionscadal aontaithe a chur i gcrích. Ní foláir an uile thionscadal a aontaíonn an GÁG a bheith ag teacht le cuspóir áitiúil a luaitear sa SFÁ. Tá seoltóir an tionscadail, i gcáil thairbhí na cistíochta faoi LEADER, freagrach as tabhairt i gcrích an tionscadail. Is féidir le GÁG agus le Páirtnéir Forfheidhmiúcháin freisin iarratas a dhéanamh mar sheoltóir tionscadail ar chistíocht LEADER; "tionscadal inmheánach" a thugtar ar thionscadal faoi stiúir an GÁG agus pléitear níos mine leo sin i Roinn 5.

### 4.9 Pobal

Cuireann Pobal cúnamh ar fáil don Roinn maidir le cúrsaí teicniúla agus riaracháin. Déanann Pobal Seiceáil Riaracháin thar ceann na Roinne i ndáil leis na tuairisceáin riaracháin mhíosúla maidir le caiteachas LEADER, tionscadail arna dtabhairt i gcrích faoin SFÁ ag grúpaí GÁG agus gach tionscadal Inmheánach. D'fhéadfadh, de réir mar a thograíonn an Roinn, go gcuirfí athrú ar na socruithe seo i rith ré feidhme an Chláir.

# 5 Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta (GÁG)

Is eintiteas an GÁG a chuirtear ar bun chun críche clár LEADER a thabhairt i bhfeidhm agus chun na críche sin amháin. Bíonn grúpaí GÁG neamhspleách go follasach agus go soiléir i mbun a gcuid feidhmeanna i ndáil le clár LEADER a dhéanamh. I gcomhréir le hAirteagal 31 (2) (b) ii Rialachán Forálacha Coitianta an AE 2021/1060, ní mór forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a bheith:

> *faoi stiúir grúpaí gníomhaíochta áitiúla atá comhdhéanta d'ionadaithe ar leasanna soch-eacnamaíocha áitiúla, idir phoiblí agus phríobháideach, agus nach bhfuil smacht ag aon ghrúpa sainleasa amháin ar an gcinnteoireacht*

Ba cheart go mbeadh réimse leathan ionadaithe ó earnálacha áitiúla ar chomhlacht cinnteoireachta an GÁG, ina measc, eagraíochtaí neamhrialtais, cuideachtaí forbartha áitiúla, gníomhaireachtaí forbartha, grúpaí áitiúla atá bunaithe sa phobal, dreamanna imeallaithe, eagraíochtaí óige, eagrais cultúir, eagrais spóirt, gluaiseachtaí sóisialta, craobhchórais, comhlachtaí poiblí a bhaineann le hábhar, agus eile. Ba cheart do gach GÁG féachaint le cothromaíocht a bhaint amach maidir le hionadaíocht inscne.

Is féidir le comhaltaí cinnteoireachta GÁG a bheith ina gcomhaltaí freisin ar chomhlachtaí cinnteoireachta áitiúla eile, mar shampla Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, Cuideachta Forbartha Áitiúil, Comhlacht Stáit nó Údarás Áitiúil. Beidh, ina dhiaidh sin, stádas comhionann ar an GÁG ag gach comhalta de chomhlacht cinnteoireacht an GÁG.

Gné lárnach de na grúpaí GÁG do chlár LEADER 2023-2027 is ea cur chuige na comhpháirtíochta lena mbaineann grúpaí sainleasa poiblí agus príobháideacha ag teacht le chéile chun an clár a thabhairt i gcrích.

## 5.1 Neamhspleáchas an GÁG

Tá comhaltaí cinnteoireachta an GÁG freagrach as an GÁG agus as oibriú an GÁG, lena n-áirítear an chinnteoireacht ar fad, cláracha cruinnithe, dátaí cruinnithe agus ionaid cruinnithe a shocrú. Ní féidir leo sin a cheaptar chun cuidiú le GÁG i mbun dhéanamh an ghnó cur isteach ar bhealach ar bith ná smacht ar bith a oibriú ar an gcaoi a dtéann comhaltaí cinnteoireachta an GÁG i mbun an ghnó.

## 5.2 Príomhbhearta Forfheidhmiúcháin an GÁG

Leagtar amach ról an GÁG in Airteagal 33 i Rialachán Forálacha Coitianta an AE 2021/1060. Is iad na grúpaí GÁG amháin a bheidh freagrach go hiomlán as na bearta a leagtar amach in Airteagal 33 (3) an Rialacháin sin. Tá grúpaí GÁG freagrach as na bearta seo a leanas, ar a laghad:

> *(a) acmhainneacht na ngníomhaithe áitiúla a fhorbairt chun oibríochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme;*

*(b) próiseas roghnúcháin agus critéir roghnúcháin atá neamh-idirdhealaitheach agus thrédhearcach a tharraingt suas, lena seachnófar coinbhleachtaí leasa agus lena n-áiritheofar nach mbeidh smacht ag aon ghrúpa sainleasa amháin ar chinntí roghnúcháin;*

*(c) glaonna ar thograí a ullmhú agus a fhoilsiú;*

*(d) oibríochtaí a roghnú agus méid na tacaíochta a shocrú agus na tograí a chur faoi bhráid an chomhlachta atá freagrach as fíorú críochnaitheach a dhéanamh ar incháilitheacht sula ndéanfar iad a fhormheas;*

*(e) faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtaca le gnóthú chuspóirí na straitéise;*

*(f) measúnacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise.*

Is féidir leis an Roinn bearta breise oibre a leagan ar na grúpaí GÁG.

Ní mór don GÁG, i mbun a chuid feidhmeanna a dhéanamh, córais a bheith ar bun aige trína gcinntítear:

- Dea-rialachas;
- Follasacht;
- Bainistíocht stuama airgeadais;
- Cinnteoireacht lán eolais; agus
- Cuntasacht i ndáil le geallsealbhóirí.

Ní mór cur síos mion ar na córais agus na próisis i lámhleabhar nós imeachta an GÁG.

### 5.3 A bhfuil de Fhreagracht ar an GÁG

Leagtar amach rólanna agus freagrachtaí pháirtnéirí an GÁG in SFÁ aontaithe an GÁG. Nuair is cuí sin, ainmnítear sa SFÁ Páirtnéir Airgeadais an GÁG agus Páirtnéir(í) Forfheidhmiúcháin an GÁG.

Is féidir leis an GÁG níos mó ná ról oibriúcháin níos tréine maidir le LEADER a thabhairt i bhfeidhm a leagan mar Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin ar chomhalta den GÁG, nó freagracht as bearta áirithe a tharmligean (e.g. spreagúlacht, riarachán maidir le gairmeacha tionscadal, monatóireacht ar chur i bhfeidhm tionscadail). Beidh maoirseacht bainistíochta á cur ar fáil ag an GÁG i gcónaí.

Is de rogha an GÁG na bearta oibre a tharmligtear leis an bPáirtnéir Forfheidhmiúcháin ach amháin an fheidhm cinnteoireachta nach féidir a tharmligean. Ní mór don GÁG gach cinneadh maidir le tionscadal a aontú go foirmeálta. Ní mór a leagan amach go mion i lámhleabhar nós imeachta an GÁG an dealú idir dualgais an GÁG agus dualgais chomhaltaí éagsúla an GÁG i.e. a bhfuil de dhualgas ar an GÁG, ar Pháirtnéir Airgeadais an GÁG agus ar Pháirtnéir(í) Forfheidhmiúcháin an GÁG.

Ní mór a bheith d'acmhainn agus de chumas ag Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin an GÁG treisiú le cur i bhfeidhm an SFÁ agus córais a bheith ar bun acu a shoirbhíonn dó sin.  Bíonn an GÁG, ar an gcéad dul síos, freagrach as a chinntiú go bhfuil an taithí agus an acmhainn is gá (córais, nósanna imeachta, etc.) ag gach Páirtnéir Forfheidhmiúcháin chun tabhairt faoi na bearta oibre a tharmligtear leis.  Anuas air sin, ní mór don Roinn freisin a bheith cinnte go bhfuil gach eintiteas atá páirteach sa chur i bhfeidhm, Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin san áireamh, in ann chuig na rólanna agus na bearta oibre a leagann an GÁG orthu.

Is féidir le GÁG athrú a dhéanamh maidir le Páirtnéir(í) Forfheidhmiúcháin i rith ré an chláir faoi réir ar chead i scríbhinn chuige sin ón Roinn roimh ré. Sa chás go mbíonn á bheartú Páirtnéir Forfheidhmiúcháin a athrú, ní mór an réasúnaíocht maidir leis sin a chur sa togra ina leith agus na cúiseanna leis an athrú a leagan amach chomh maith le hacmhainn agus inniúlacht an Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin nua a bheadh á bheartú a mheas.  Agus an Roinn ag teacht ar chinneadh faoin gceist, tabharfaidh sí deis don Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin freagra a thabhairt ar an seasamh atá ag an GÁG ar an ábhar.

Sa chás go gceaptar Páirtnéir Airgeadais an GÁG, tá freagracht ó thaobh cúrsaí riaracháin agus airgeadais ar an bpáirtnéir sin maidir le cur i bhfeidhm an SFÁ agus maidir leis an mbainistíocht ar chúrsaí oibriúcháin an GÁG tríd is tríd.  Áirítear ar na bearta riaracháin/airgeadais a cheanglaítear leis an ról seo:

- frithghealladh maidir le bearta an GÁG agus chomhaltaí an GÁG a bhaineann le LEADER;
- cistíocht riaracháin agus spreagúlachta roimh ré a chur ar fáil d'fhonn treisiú le beartaíocht an GÁG;
- íocaíochtaí a dhéanamh le seoltóirí tionscadail thar ceann an GÁG;
- tuairisceáin comhthiomsaithe ar an gcaiteachas a chur faoi bhráid na Roinne;
- Seiceáil Riaracháin a dhéanamh nuair a leagtar an cúram sin ar an bPáirtnéir Airgeadais; agus
- éileamh a chur isteach chuig an Roinn chomh maith le hiarratas maidir le cistí a tharraingt anuas.

## 5.4 Cúrsaí Rialachais maidir le GÁG

Is ceart plean oiliúna maidir le rialachas corparáide agus freagracht a leagan amach agus a chur i bhfeidhm do chomhaltaí uile an GÁG ionas go gcinntítear dea-bhainistíocht agus rialachas cuí i ndáil leis an GÁG.  Is féidir an costas a ghabhann le hoiliúint den sórt sin a chur ar fáil a ghlanadh as buiséad riaracháin an GÁG.

### 5.4.1 Comhaltaí an GÁG

Ag teacht le polasaí an Rialtais, ba cheart do gach GÁG féachaint le hionadaíocht chothrom inscne a bhaint amach.  Ní mór a chinntiú le gnáis an GÁG nach mbeadh smacht ag aon ghrúpa sainleasa amháin ar phróiseas cinnteoireachta an GÁG.

Gan bheann ar chomhdhéanamh an GÁG, é a bheith faoi stiúir CFÁ nó faoi stiúir CFPÁ, meastar gur eintiteas faoi leith an GÁG seachas bord an CFÁ agus an CFPÁ.

#### 5.4.2 Cruinnithe an GÁG

Ní mór cruinniú den GÁG a bheith ina chruinniú neamhspleách as féin, le clár dá chuid féin agus miontuairiscí dá chuid féin. Caitear coinníollacha Rialacha Oibriúcháin LEADER 2023 – 2027 a shásamh maille le haon Chiorclán a eisíodh ina ndiaidh sin. Ní foláir córam 50% de chomhaltaí uile an GÁG (arna shlánú suas go dtí an tslánuimhir is gaire) a bheith i láthair ionas gur féidir cruinniú den GÁG a thionól. Ní mór don GÁG a chinntiú i gcónaí nach mbíonn smacht ag aon ghrúpa sainleasa amháin ar an bpróiseas cinnteoireachta. Ba cheart gach dícheall a dhéanamh a chinntiú go mbíonn comhaltaí an GÁG i láthair in ionad an chruinnithe. Is féidir, ina ainneoin sin, le GÁG a shocrú go ligfear do chomhaltaí freastal ar chruinnithe agus cinntí a dhéanamh ar an teileafón nó trí dheis físchomhdhála eile agus is féidir tinreamh den chineál sin a áireamh maidir le coinníoll 50% an chóraim a shásamh. Ní mór comhalta(í) a dhéanann freastal ar chruinniú ar an teileafón nó trí áiseanna físchomhdhála a bheith ábalta labhairt le gach a bhfuil ag an gcruinniú agus a bheith le cloisteáil acu uilig. Is ceart ainmneacha na ndaoine a dhéanann freastal ar an teileafón nó trí dheis físchomhdhála, maille leis an ngrúpa sainleasa a ndéanann siad ionadaíocht thar a cheann, a lua i miontuairiscí an chruinnithe. I ndáil leis an ábhar sin, ní mór an fhoirm maidir le Tinreamh ar Chruinniú Cinnteoireachta GÁG (Aguisín 8) a úsáid chun tuairisc a choinneáil ar a bhfuil i láthair agus ar na sonraí ionadaíochta. Sa chás go dtagann coinbhleacht leasa i gceist le tionscadal, ní mór an fhoirm maidir le Staonadh mar gheall ar Choinbhleacht Leasa ag Cruinniú Cinnteoireachta GÁG (Aguisín 9) a líonadh isteach i ndáil le gach tionscadal a bhfógraíonn comhalta coinbhleacht leasa ina leith.

Is ceart cruinniú a chur ar gcúl agus ar athló murar féidir córam a bhailiú le chéile.

#### 5.4.3 Cinntí an GÁG

Chun críche próiseas cinnteoireachta a choinneáil ar bun atá uilechuimsitheach agus lena mbaineann ionadaíocht, ní mór i ndáil le gach cinneadh a dhéanann GÁG:

- go ndéanann ar a laghad 50% de chomhaltaí an GÁG vótáil ina leith – baineann seo le cinntí a dhearbhaíonn comhaltaí an GÁG tar éis plé le gach ceist maidir le coinbhleacht leasa a bhaineann le hábhar; agus
- go vótálann tromlach ina fhabhar; agus
- nach bhfuil sé idirdhealaitheach agus go bhfuil sé follasach; agus
- go gcinntítear nach bhfuil smacht ag aon ghrúpa sainleasa amháin ar an bpróiseas cinnteoireachta.

Sa chás go bhfuil cinneadh á dhéanamh ag cruinniú GÁG agus go socraíonn comhalta de chuid an GÁG staonadh ón vótáil tar éis coinbhleacht leasa a fhógairt, áireofar an comhalta GÁG sin maidir le cúrsaí córaim.

Sa chás nach bhfuil na coinníollacha rialachais thuasluaite á sásamh, is ceart cinneadh a chur ar atráth go dtí go mbíonn na coinníollacha rialachais sin á sásamh.

Níl vóta réitigh ag an gCathaoirleach.  Sa chás go dtarlaíonn comhionannas vótaí, meastar nár ritheadh an rún.

### 5.4.4 Nós Imeachta i Scríbhinn

Tugtar suntas do stádas deonach, a bheag nó a mhór, chomhaltaí an GÁG.  Dá réir sin, is féidir freastal le socruithe cinnteoireachta an GÁG do nós imeachta i scríbhinn, ionas go gcinntítear rannpháirtíocht sa chinnteoireacht ag comhaltaí GÁG nach féidir leo freastal ar chruinniú GÁG faoi leith.  Ní mór an cháipéisíocht chuí a chur ar fáil do na comhaltaí agus ní mór do chomhaltaí an GÁG vóta a chur in iúl sula dtarlaíonn an cruinniú.

Is féidir le Comhaltaí Cinnteoireachta GÁG cinneadh a dhéanamh faoi iarratais ar chistíocht do thionscadail trí Nós Imeachta i Scríbhinn.  Déanfar Comhaltaí Cinnteoireachta a thapaíonn vótáil trí Nós Imeachta i Scríbhinn a áireamh maidir le coinníoll 50% an chóraim i ndáil le cinntí GÁG faoi iarratas ar chistíocht do thionscadal LEADER.  Sa chás go bhfuil coinbhleacht leasa i gceist ag Comhalta Cinnteoireachta GÁG, is ceart don chomhalta sin a fhógairt ar an gcáipéis don vótáil trí  Nós Imeachta i Scríbhinn a chuirtear ar fáil dó/di agus níor cheart don chomhalta vótáil maidir leis an ábhar a bhfuil coinbhleacht leasa fógartha acu ina leith.

Nósanna imeachta a ndéanfaidh an GÁG dá réir sa chás go mbíonn leas á bhaint as Nós Imeachta i Scríbhinn i ndáil le cinneadh faoi iarratais ar chistíocht do thionscadail, ní mór déanamh de réir gach a luaitear anseo síos:

- Ní mór an cháipéisíocht a bhaineann le hábhar a chur ar fáil do Chomhaltaí Cinnteoireachta uile an GÁG i ndáil le gach iarratas ar thionscadal ionas gur féidir leo cinneadh a dhéanamh ina leith agus ní mór dóthain ama a thabhairt dóibh chun an páipéar ballóide vótála a sheoladh ar ais chuig Oifigeach Údaraithe an GÁG;
- Ní mór ainm chomhalta cinnteoireachta an GÁG a chaith an Vota a bheith ar an bpáipéar ballóide vótála a sheoltar ar ais agus an dáta a bheith curtha leis ag an gcomhalta sin;
- Ní mór rannóg a bheith ar an bpáipéar ballóide don vótáil inar féidir le comhalta cinnteoireachta an GÁG coinbhleacht leasa a fhógairt más cuí sin;
- Ní mór na páipéir ballóide vótála a sheoltar ar ais a oscailt tráth is deireanaí ná an dáta deiridh maidir lena seoladh ar ais agus sin a dhéanamh le Cathaoirleach an GÁG (nó an Leaschathaoirleach sa chás nach mbíonn an Cathaoirleach ar fáil nó ag comhalta cinnteoireachta eile de chuid an GÁG) agus Oifigeach Údaraithe an GÁG i láthair (ní mór fianaise a chur ar fáil);
- Ní mór an cinneadh maidir le gach iarratas ar chistíocht tionscadail a chur ar taifead i gcáipéis ina léirítear:

- An comhfhreagras a seoladh chuig comhaltaí cinnteoireachta an GÁG; agus
- An dáta ar seoladh an comhfhreagras chuig comhaltaí cinnteoireachta an GÁG agus an dáta deiridh maidir le páipéir ballóide na Vótála a fháil ag na comhaltaí cinnteoireachta; agus
- Sonraí faoi aon choinbhleacht leasa a fógraíodh; agus
- Cinneadh gach duine de chomhaltaí cinnteoireachta an GÁG arna rangú de réir an ghrúpa sainleasa a ndéanann siad ionadaíocht ar a son; agus
- Comhchinneadh chomhaltaí cinnteoireachta an GÁG; agus
- Ní mór síniúchán agus dáta a bheith curtha leis an gcáipéis seo ag Cathaoirleach an GÁG (nó an Leaschathaoirleach sa chás nach mbíonn an Cathaoirleach ar fáil nó ag comhalta cinnteoireachta eile de chuid an GÁG) agus an cháipéis a chur suas ar chóras TE LEADER; agus
- Ní mór taifead ar an toradh a choinneáil i Miontuairiscí Chruinniú an GÁG.

- Ní mór an Vótáil a bheith ag teacht le cinntí an GÁG mar a leagtar amach in Alt 5.4.3 de Rialacha Oibriúcháin LEADER 2023 – 2027.

Measfar nach bailí aon chinneadh a dhéantar nuair nach bhfuil na coinníollacha rialachais thuasluaite á sásamh. Sa chás nach bhfuil na socruithe rialachais thuasluaite ar bun, is ceart an cinneadh a chur ar atráth go dtí go mbíonn na socruithe rialachais ar bun.

#### 5.4.5 Nósanna Imeachta an GÁG

Ní mór don GÁG an dóigh ina gcuirfear an bhfuil thuas i bhfeidhm a leagan amach go mion sna lámhleabhair maidir le nósanna imeachta éagsúla. Tá an Cathaoirleach freagrach as a chinntiú go sásaítear na coinníollacha agus go gcoinnítear tuairisc mar is cuí ar an mbeartaíocht cinnteoireachta ar fad. Ní mór tuairisc ar na cinntí ar fad agus an plé ina leith a choinneáil i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann.

Ní mór deimhniú i miontuairiscí an GÁG:

- i ndáil le gach cinneadh, go ndearna ionadaithe réimsí leasa socheacnamaíochta áitiúla poiblí agus príobháideacha iad, gan smacht ar an gcinnteoireacht ag aon ghrúpa sainleasa amháin; agus
- ar na hearnálacha a ndéanann na comhaltaí a rinne freastal ar an gcruinniú GÁG ionadaíocht thar a gceann.

Ní mór don GÁG a chinntiú go mbíonn úsáid á bhaint as na teimpléid chuí: Aguisín 7 - Teimpléad GÁG maidir le Miontuairiscí Cinnteoireachta; Aguisín 8 - Teimpléad GÁG maidir le Tinreamh ag Cruinniú Cinnteoireachta; agus Aguisín 9 - Teimpléad GÁG maidir le Staonadh mar gheall ar Choinbhleacht Leasa ag Cruinniú Cinnteoireachta.

Is leor síniú Chathaoirleach GÁG nó an té a rinne cathaoirleacht ar chruinniú GÁG le miontuairiscí GÁG.

### 5.4.6 Coinbhleacht Leasa

Is comhlachtaí poiblí forordaithe faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí gach GÁG, gach Údarás Áitiúil agus Pobal de bhun I.R. 678 de 2006[8]. Cinnteoidh gach GÁG go ndéantar a bhfuil de dhualgas orthu faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 a chomhlíonadh.

Ní mór nósanna oibre maidir le bainistíocht a dhéanamh i ndáil le coinbhleacht leasa, cásanna ionchais agus cásanna iarbhír, a bheith san áireamh le lámhleabhar nós imeachta an GÁG.  Ní mór soláthar a dhéanamh, mar chuid de na gnáis sin, do choinbhleacht leasa a fhógairt ag comhaltaí cinnteoireachta GÁG, ag comhaltaí Coiste Measúnachta GÁG agus ag baill foirne chomh maith le taifead a choinneáil ar fhógraí dá sórt.  SA chás go meastar nach bailí cinneadh de chuid an GÁG mar gheall ar choinbhleacht leasa, measfar nach inghlactha aon chuid den chistíocht agus ní mór don GÁG a aisíoc leis an Roinn – ní thiocfaidh aon chuid den dliteanas ar sheoltóir(í) an tionscadail ina leithéid sin de chás.

Ní mór do chomhaltaí cinnteoireachta GÁG, do chomhaltaí Coiste Measúnachta GÁG agus do bhaill foirne an GÁG agus Pháirtnéirí Forfheidhmiúcháin/Páirtnéirí Spreagúlachta an GÁG teimpléad an Dearbhaithe Bhliaintúil maidir le Coinbhleacht Leasa a líonadh isteach (aguisín 25) maille le teimpléad an Dearbhaithe maidir le Clár Leasanna (aguisín 26). Tá an tOifigeach Údaraithe freagrach as comhlíonadh na gcoinníollacha seo a chinntiú.

Measfar go bhfuil leas i gcás faoi leith ag comhalta cinnteoireachta GÁG / ag comhalta Coiste Measúnachta GÁG / ag ball foirne sa chás go mbíonn leas dá shórt ag duine atá ceangailte leis an gcomhalta cinnteoireachta GÁG / leis an gcomhalta Coiste Measúnachta GÁG / leis an mball foirne agus go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh an comhalta cinnteoireachta de chuid an GÁG / comhalta Choiste Measúnachta an GÁG / an ball foirne ar an eolas faoin leas sin.  Chun na críche sin, tá ceangal le comhalta cinnteoireachta GÁG / le  comhalta Coiste Measúnachta GÁG / le ball foirne, ball foirne Chomhlacht Seiceála Riaracháin:

- más céile, tuismitheoir, deartháir, deirfiúr, leanbh nó leasleanbh, gaol eile leis nó duine atá in aon chónaí leis an gcomhalta cinnteoireachta GÁG / leis an gcomhalta Coiste Measúnachta GÁG / leis an mball foirne an duine atá i gceist; agus/nó
- más comhlacht corpraithe atá faoi rialú ag comhalta cinnteoireachta GÁG / ag comhalta Coiste Measúnachta GÁG / ag ball foirne de réir bhrí Alt  220 (3), (4), (5), (6), (7) agus (8) d'Acht na gCuideachtaí 2014 atá i gceist; agus/nó
- más duine atá i gceist a fheidhmíonn mar iontaobhaí ag iontaobhas a n-áirítear an comhalta cinnteoireachta GÁG / an comhalta Coiste Measúnachta GÁG / an ball foirne,

[8] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2006/si/678/made/en/print

nó daoine/eagraíochtaí atá ag feidhmiú mar pháirtnéir ag an nGÁG i measc thairbhithe an iontaobhais.

Ar a c(h)eapadh, agus aon uair a tharlaíonn athrú, déanfaidh gach comhalta cinnteoireachta GÁG / comhalta Coiste Measúnachta GÁG / ball foirne sonraí iomlána faoina gcuid leasanna a chur ar fáil. Tugtar san áireamh leis na leasanna sin a gcuid fostaíochta, gach leas gnó agus bearta pobail, lena n-áirítear obair dheonach do charthanais dá dtagraítear anseo ina dhiaidh seo faoi 'Leasanna', a bhféadfadh coinbhleacht leasa tarlú ina leith nó a bhféadfadh comhalta cinnteoireachta GÁG / comhalta Coiste Measúnachta GÁG / ball foirne teacht faoi thionchar mar gheall orthu i ndáil le déanamh a gcuid feidhmeanna. Tarlaíonn an dualgas seo leasanna a chur in iúl gan dochar don dualgas leanúnach leas a chur in iúl go sonrach a bhainfeadh le haon tionscadal atá á mheas ag an GÁG.

Ní mór ceisteanna maidir le coinbhleacht leasa a lua ar chlár chruinnithe de chuid an GÁG agus chruinnithe de chuid an Choiste Measúnachta. Ní mór don GÁG a chinntiú go ndearna an GÁG agus an Coiste Measúnachta bainistíocht mar is cuí i ndáil le coinbhleacht leasa agus taifead a choinneáil ina leith sin.

Ní mór do na grúpaí GÁG agus dá gcuid Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin agus Páirtnéirí Spreagúlachta a chinntiú, agus taifead a choinneáil ina leith seo, go ndearnadh bainistíocht mar is ceart maidir le coinbhleacht leasa i ndáil le baill foirne agus is ceart iad a choinneáil ar an eolas de réir mar a tharlaíonn cásanna agus mar a dhéantar athbhreithniú bliantúil ar choinbhleacht leasa.

Ní mór do chomhaltaí cinnteoireachta GÁG agus do chomhaltaí an Choiste Measúnachta a dhearbhú ag gach cruinniú cineál a gcuid leasa in:

- aon iarratas leis an GÁG ar chúnamh airgeadais nó ar chúnamh eile; agus/nó
- aon tionscnamh arna dhéanamh ag an GÁG; agus/nó
- aon chonradh nó aon chonradh beartaithe leis an GÁG ina bhfuil páirt go díreach nó go hindíreach ag comhalta cinnteoireachta de chuid an GÁG, nó duine ceangailte le comhalta cinnteoireachta; agus/nó
- aon cheist a bhféadfadh comhalta cinnteoireachta de chuid an GÁG, nó duine ceangailte le comhalta cinnteoireachta, buntáiste a ghnóthachtáil go díreach nó go hindíreach ón bpost mar chomhalta cinnteoireachta de chuid an GÁG nó ó oibriú an GÁG.

Sa chás go bhfógraítear Coinbhleacht Leasa, ní mór don té a fhógraíonn sin aon phlé ag a ndéantar fógra den sórt sin a fhágáil. Déantar an fógra a lua go foirmeálta i miontuairiscí an GÁG / an Choiste Measúnachta.

Tá feidhm leis an gceangal go bhfógraítear coinbhleacht leasa i ndáil le gach duine ag a bhfuil páirt sa phróiseáil ar iarratas ar chúnamh LEADER, nó i mbreithniú an iarratais sin nó sa tseiceáil riaracháin

ar an iarratas agus ar éileamh(éilimh) i leith an tionscadail sin. Is gcásanna lena mbaineann coinbhleacht leasa ó thaobh bhall foirne sa GÁG nó sa Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin nó sa Pháirtnéir Spreagúlachta nó sa Chomhlacht Seiceála Riaracháin, is ceart nóta a bhreacadh ina leith sin agus níor cheart páirt a bheith ag an mball foirne in obair ar an tionscadal a dtarlaíonn coinbhleacht ina leith.

#### 5.4.7 Coinbhleacht Leasa - Comhlachtaí Seiceála Riaracháin

Ní mór próisis agus gnáis i bhfeidhm ag an gComhlacht Seiceála Riaracháin chun déileáil le cásanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn lena mbainfeadh coinbhleacht leasa ag daoine den fhoireann atá páirteach in aon cheann de na próisis seiceála riaracháin nó i ngach próiseas acu sin i ndáil le tionscadail LEADER agus Tuairisceáin Mhíosúla an GÁG.

Tá ceangal ar an uile dhuine a bhíonn páirteach i Seiceáil Riaracháin a dhéanamh maidir le gnéithe uile iarratas ar chúnamh LEADER, nó sa mheasúnacht ar na próisis sin is gá chun Seiceáil Riaracháin tharmligthe a chur i gcrích, coinbhleacht leasa a fhógairt. Sa chás go dtagann coinbhleacht leasa i gceist ó thaobh na foirne sa Chomhlacht Seiceála Riaracháin, is ceart sin a thabhairt chun suntais agus ní ceart an ball foirne sin a bheith páirteach san obair ar an tseiceáil riaracháin maidir le tionscadal lena mbaineann coinbhleacht den sórt sin. Is ceart an bainisteoir lena mbaineann a chur ar an eolas agus an obair seiceála a thabhairt do chomhghleacaí eile a thabharfaidh chun críche í.

### 5.5 Coiste Meastóireachta an GÁG

Ní mór don GÁG ar a laghad aon Choiste Meastóireachta amháin a chur ar bun chun iarratais ar chistíocht LEADER a mheas agus a bhreithniú. Is ar an gCoiste Meastóireachta amháin a bheidh freagracht as moltaí maidir le cistíocht, nó eile, a dhéanamh leis an GÁG.

Is faoin GÁG féin struchtúr, comhaltaí agus socruithe sonracha maidir leis an gCoiste Meastóireachta a leagan amach. Ní mór don GÁG ina dhiaidh sin féin ionracas an phróiseas meastóireachta a chinntiú agus socruithe a chur ar bun atá:

- cóir neamh-idirdhealaitheach – ní mór caitheamh go cothrom leis na hiarratasóirí go léir;
- macánta follasach – ní mór iarratasóirí a chur ar an eolas faoin modh oibre agus faoin gcur chuige maidir le gach iarratas a mheas, agus is ceart torthaí na measúnachta a chur ar fáil don iarratasóir in éineacht le cinneadh deiridh an GÁG;
- is ceart cóip den scóráil agus den chreatchóras modheolaíochta a chur ar fáil don iarratasóir nuair a iarrtar sin chomh maith leis an gcinneadh agus na réasúin leis an gcinneadh sin.

Is féidir comhaltaí éagsúla a bheith ar an gCoiste Meastóireachta ag brath ar an téama, ar an ngairm iarratas, etc. Ní féidir le comhalta de chuid an GÁG a bheith ar an gCoiste Meastóireachta freisin. Ar an gcuma chéanna, sa chás go bhfuil freagracht forfheidhmiúcháin leagtha ag an GÁG ar Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin agus/nó Páirtnéir Spreagúlachta, ní féidir le haon duine atá ceangailte leis an bPáirtnéir Forfheidhmiúcháin agus/nó Páirtnéir Spreagúlachta a bheith ina chomhalta ar an gCoiste Meastóireachta a dhéanann tionscadal inmheánach leis an bPáirtnéir Forfheidhmiúcháin/ Páirtnéir

Spreagúlachta a mheas i.e. ní féidir le ball foirne, le comhalta Boird, nó eile a bheith ina chomhalta ar an gCoiste Meastóireachta a dhéanann tionscadal inmheánach le Páirtnéir Forfheidhmiúcháin nó Páirtnéir Spreagúlachta a mheas, ní mór do dhuine sa chás sin coinbhleacht leasa a fhógairt agus an cruinniú a fhágáil nuair a bhíonn an tionscadal "inmheánach" á mheas – ní mór freisin tuairisc air sin a bheith i miontuairiscí an Choiste Meastóireachta.

Sa chás go mbíonn tionscadal "inmheánach" á mheas, ní mór an ceangal le haidhm tús áite de chuid an SFÁ, a sonraíodh le linn an SFÁ a fhorbairt, agus an chaoi ina dtagann an tionscadal leis sin a bheith soiléir.

Is féidir, ina dhiaidh sin, comhaltaí a bhabhtáil idir an Coiste Meastóireachta agus an GÁG de réir mar is gá. Cuidíonn a leithéid sin le saineolas a choinneáil ar fáil ag an GÁG agus ag an gCoiste Meastóireachta go meántéarmach.

Is féidir le GÁG a shocrú go mbeadh cead ag comhaltaí an Choiste nó na gCoistí Meastóireachta freastal ar chruinnithe Coiste Meastóireachta ar an teileafón nó trí dheis eile físchomhdhála agus is féidir tinreamh den sórt sin a áireamh i ndáil le coinníollacha córaim a shásamh. Ní mór don GÁG cinneadh ina leith sin a aontú agus tuairisc ar an gcinneadh a choimeád i miontuairiscí an chruinnithe de chuid an GÁG ag a ndéantar an cinneadh.

Caitheann comhalta(í) a dhéanann freastal ar chruinniú ar an teileafón nó le háiseanna físchomhdhála a bheith ábalta labhairt agus a bheith le cloisteáil ag gach duine atá i láthair. Is ceart tuairisc a thabhairt i miontuairiscí an chruinnithe ar ainmneacha na ndaoine a dhéanann freastal ar an teileafón nó le háis físchomhdhála.

### 5.5.1 Meastóireacht ar Thionscadail

Ní mór don Choiste Meastóireachta taifead foirmeálta ar an scóráil meastóireachta (Aguisín 6), bunaithe ar chritéir oibiachtúla, a líonadh isteach. Ní foláir do Chathaoirleach an Choiste Meastóireachta, nó an té a dhéanann cathaoirleacht ar an gcruinniú sa chás nach bhfuil an Cathaoirleach ar fáil, síniúchán agus dáta a chur leis an taifead scórála agus ansin a chur faoi bhráid an Chomhlacht Seiceála Riaracháin lena mbaineann ionas go ndéantar an tSeiceáil Riaracháin ar fad a éilítear. Ní mór toradh sásúil ar gach Seiceáil Riaracháin is gá i leith an tionscadail sula gcuirtear faoi bhráid an GÁG é maidir le cinneadh críochnúil. Is féidir leis an GÁG glacadh le teimpléad scórála an Choiste Meastóireachta i ndáil le riachtanais logánta an GÁG féin, ar choinníoll go gcoinnítear gach uile cheann de na critéir meastóireachta maidir leis an tionscadal.

Ní mór 65% d'iomlán na marcanna a ghnóthú maidir le tionscadal nó ní féidir a mholadh don GÁG a cheadú. Sa chás gur eisíodh gairm shonrach d'fhonn iarratais a fháil, ba cheart na tionscadail a chur in ord airde marcanna de réir an taifead scórála agus an chistíocht a dháileadh i gcomhréir leis an ord sin.

Ní mór síniúchán agus dáta a bheith curtha leis an scór meastóireachta críochnúil agus na moltaí a aontaíonn an Coiste Meastóireachta i ndáil le hiarratas ar thionscadal ag an gCathaoirleach nó ag an té a dhéanann cathaoirleacht ar an gcruinniú sa chás nach bhfuil an Cathaoirleach ar fáil, sula gcuirtear sin faoi bhráid an GÁG agus níor cheart go ndéanfadh aon duine, aon ghrúpa ná aon chomhlacht iad a leasú ná iad a dhiúltú sula gcuirtear faoi bhráid an GÁG iad.

Ní foláir tuairisc mhion maidir le measúnacht agus moltaí an Choiste Meastóireachta a choinneáil i dtaisce cáipéisí Chóras TF LEADER. Ní mór cúis shoiléir le gach moladh a bheith sa tuairisc sin, chomh maith lena moltar maidir le ráta cúnta agus le uasteorainn deontais agus gach coinníoll a mholann an Coiste Meastóireachta a chur leis an tionscadal. Ní mór miontuairiscí sínithe gach cruinniú de chuid an Choiste Meastóireachta a choimeád i dtaisce cáipéisí Chóras TF LEADER.

Is féidir leis an GÁG a iarraidh ar an gCoiste Meastóireachta athmhachnamh a dhéanamh ar an moladh nó breis eolais a iarraidh faoin tionscadal sula ndéantar cinneadh. Níl dualgas ar an GÁG glacadh le moladh ón gCoiste Meastóireachta. Sa chás go ndiúltaíonn GÁG glacadh le moladh, ní mór tuairisc shoiléir a choimeád ar an gcúis leis an gcinneadh sin. Sa chás go ndiúltaíonn GÁG glacadh le moladh ón gCoiste Meastóireachta cistíocht a dhiúltú do thionscadal, ní mór don GÁG aon teimpléad taifid amháin maidir le scóráil meastóireachta a líonadh isteach agus a chinntiú go scóráiltear an íosteorainn carnach 65%.

## 5.6 An Straitéis Forbartha Áitiúil (SFÁ) a Leasú

Ní féidir le Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta (GÁG) leasú a dhéanamh ar an bPlean Airgeadais leis an Straitéis Forbartha Áitiúil faoi mar a cheadaigh an Roinn sin, gan cead na Roinne chuige sin i scríbhinn roimh ré agus ní thabharfar aon choigeartú dá shórt i gceist sula mbíonn 12 mí caite ón dáta ar svíníodh an Comhaontú Cistíochta idir an GÁG agus an Roinn.

# 6 Iarratas a chur isteach agus na Socruithe Measúnachta

## 6.1 Léiriú Spéise (LS) agus Iarratas

Ní mór taifeadadh maidir leis an Léiriú Spéise (LS) a dhéanamh ar chóras TF LEADER i ndáil le gach iarratasóir ionchais sula gcuireann an t-iarratasóir iarratas ar chúnamh faoi bhráid. Déantar áis leis an bpróiseas seo do chaidreamh tosaigh leis an iarratasóir maidir le mioneolas faoin tionscadal, a theacht le cuspóirí an SFÁ agus na bearta is gá chun a thabhairt i gcrích.

Is féidir leis an GÁG a shocrú:

(i) an gceanglófar ar iarratasóirí ionchais an fhoirm maidir le Léiriú Spéise (Aguisín 1) a líonadh; nó

(ii) an ndéanfaidh an GÁG féin mionsonraí an iarratasóir ionchais a chur isteach ar chóras TF LEADER gan a éileamh ar an iarratasóir an fhoirm LS a líonadh isteach. Má bhíonn ceist le cur ag GÁG nó ag Páirtnéir Forfheidhmiúcháin an GÁG le cur ar an Roinn maidir le hinghlacthacht thionscadail bheartaithe, beidh ceangailte ar sa chás sin a éileamh ar an iarratasóir foirm LS a líonadh isteach agus an LS sin a chur faoi bhráid na Roinne leis an bhfiosrú.

I gcás (ii), ní mór don GÁG a chinntiú go bhfaightear an fhaisnéis éigeantach is gá do chóras TF LEADER agus go gcuirtear in iúl do na hiarratasóirí ionchais go mbeidh a gcuid sonraí ar taifead ar chóras TF LEADER. Is féidir le GÁG socrú go gcuirfear córas amháin i bhfeidhm maidir le hiarratasóirí áirithe [e.g. na hiarratasóirí uile nó na hiarratasóirí maidir le gairm faoi leith] nó ligean do bhaill foirne an GÁG nó an Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin an cur chuige a shocrú maidir le gach aon cás faoi seach. Ní mór an cinneadh ina leith sin a lua i miontuairiscí an chruinniú den GÁG ag a ndéantar an cheist a phlé agus cinneadh ina leith.

Is iomaí LS nach leanfar leis go dtí céim an iarratais iomlán e.g., má tá bearta nach bhfuil inghlactha i gceist leis an tionscadal, mura bhfuil an tionscadal ag teacht le téarmaí na gairme maidir le LS, nó mura bhfuil an tionscadal ag teacht le cuspóirí an SFÁ. D'fhonn moill nach gá leis an bpróiseas a sheachaint, is féidir le baill foirne sa GÁG nó sa Pháirtnéir Forfheidmiúcháin cinneadh a dhéanamh glacadh le LS nó diúltú dó. Ní mór an cinneadh sin a chur ar taifead i gcóras TF LEADER.

D'fhonn a chinntiú go gcaitear mar a chéile le gach iarratasóir, ní mór comhaltaí cinnteoireachta an GÁG a chur ar an eolas go tráthrialta faoi gach LS nach meastar a bheith inghlactha. Ní foláir dá réir sin, liosta de gach LS a tháinig isteach i rith an tréimhse faoi chaibidil agus ar mheas ball foirne nach mbeadh sé inghlactha a chur faoi bhráid chruinniú an GÁG ar a laghad uair sa ráithe, chomh maith le cuntas gairid ar gach LS agus na cúiseanna a bhí lena mheas nach raibh sé inghlactha. Is féidir le

comhaltaí cinnteoireachta an GÁG socrú an ndéanfar nó nach ndéanfar athbhreithniú ar an liosta de gach LS doghlactha, sula gcuirtear in iúl do na hiarratasóirí nach bhfuil an tionscadal inghlactha, ach déanfar gach dícheall gan moill a chur ar an bpróiseas.

Ní mór taifead a choinneáil i miontuairiscí an chruinnithe ar an liosta de gach LS nach bhfuil inghlactha. Is féidir le comhaltaí cinnteoireachta an GÁG a iarraidh go gcuirtear breis eolais ar fáil maidir le haon LS faoi leith. Is féidir le comhaltaí cinnteoireachta an GÁG an mheasúnacht tosaigh maidir le haon LS ar leith, ar measadh nach mbeadh sé inghlactha, a dhiúltú agus treoir a thabhairt go dtugtar deis don iarratasóir iarratas a chur faoi bhráid a ndéanfaidh an GÁG iniúchadh agus measúnacht iomlán air.

Sa chás go socraíonn comhaltaí cinnteoireachta an GÁG diúltú don mheasúnacht tosaigh ar aon LS faoi leith, ní mór sin a mheas agus a thaifeadadh ar an gcuma chéanna a dhéantar maidir le gach cinneadh eile de chuid an GÁG, dearbhú san áireamh maidir le haon choinbhleacht leasa i ndáil leis an LS.

Sa chás go socraíonn an GÁG athbhreithniú a dhéanamh ar liosta gach LS ar measadh nach mbeadh sé inghlactha, gur gairm shonrach a bhí i gceist agus go bhfuil curtha in iúl d'iarratasóirí cheana féin gur éirigh leo, agus go gcuirtear dá réir sin an cinneadh diúltú do LS ar neamhní, is ceart breis ama a thabhairt don iarratasóir/do sheoltóir an tionscadail chun iarratas a ullmhú ionas nach gcruthaítear míbhuntáiste ag seoltóir an tionscadail sin i gcomórtas leis na hiarratasóirí eile maidir leis an ngairm shonrach chéanna sin. Is féidir, más gá, leanúint le próiseáil an iarratais seo taobh amuigh den phróiseas a bhaineann leis an ngairm shonrach go ginearálta. D'fhonn a leithéid sin a sheachaint, moltar go mbeadh an dáta deiridh maidir le gairm shonrach ag teacht go tráthúil le cruinniú den GÁG ionas gur féidir le comhaltaí cinnteoireachta an GÁG an liosta de gach LS ar measadh nach inghlactha iad a mheas gan mhoill agus an cinneadh doghlacthachta a chur ina cheart más gá.

### 6.2 Gairm Shonrach agus Gairm Leanúnach maidir le LS

Ní mór don GÁG tabhairt faoi bhearta spreagúlachta atá dírithe ar na ceantair agus na dreamanna a bhfuil sonraithe acu sa SFÁ gurb iad is mó atá i gcall cistíochta. Tharlódh gan na scileanna ba ghá chun tionscadal a thabhairt i gcrích ag iarratasóirí áirithe a chuirfeadh LS ar fáil. Is ceart, a oiread is féidir, oiliúint agus cothú acmhainne a chur ar fáil d'iarratasóirí atá sa chás sin d'fhonn cuidiú leo iarratas a chur isteach.

Is féidir le grúpaí GÁG glacadh le LS bunaithe ar 'ghairm leanúnach' ('freastal ar dtús ar an iarratas is túisce') nó bunaithe ar 'ghairm shonrach' (ar bhonn iomaíochta). Ní mór do na grúpaí GÁG go léir ar a laghad aon ghairm shonrach amháin in aghaidh na bliana a eagrú i rith na mblianta 2024 - 2027. Ba cheart díriú go háirithe le gairm shonrach ar chistíocht do réimsí nuálaíochta, ar chuspóirí trasearnála agus ar réimsí straitéise a chuirfidh leis an lón eolais maidir leis an sárchleachtas faoi LEADER agus i ndáil le forbairt pobail i gcoitinne.

Sa chás nach dtugtar faoin íosmhéid aon ghairm shonrach amháin in aghaidh na bliana a éilítear i gcás aon cheann de na blianta 2024 - 2027, déanfaidh an Roinn ísliú 5% ar an leithroinnt maidir le SFÁ an GÁG agus déanfar sin a athdháileadh ar limistéir GÁG eile.

Ní mór fógraíocht a dhéanamh go forleathan ar ghairmeacha sonracha agus ar ghairmeacha leanúnacha, e.g. ar láithreán gréasáin an GÁG, ag cruinnithe eolais agus/nó ar na meáin chumarsáide áitiúla.

Sa chás go mbíonn LS inghlactha, ní mór an t-iarratasóir ionchais a chur ar an eolas faoi na critéir cáiliúcháin agus an scéim mharcála a bheidh in úsáid i mbun measúnachta ar an iarratas iomlán a chuirfear isteach. Ní mór a chur in iúl do gach iarratasóir LS má tharlaíonn nach bhfuil an Léiriú Spéise a cuireadh faoi bhráid inghlactha. Is féidir le hiarratasóirí nach n-éiríonn leo tráth an LS nó tráth an iarratais, maidir le gairm shonrach nó gairm leanúnach, achomharc a dhéanamh leis an GÁG maidir leis an gcinneadh sin (Roinn 23).

#### 6.2.1 Socruithe sainiúla maidir le Gairm Shonrach

Is é an fáth atá le gairmeacha sonracha ar LS, agus ar iarratais dá réir, go ligtear do na grúpaí GÁG cistí a dhíriú ar na réimsí sin is mó a dtiocfaidh tairbhe astu agus ar chásanna ina meastar go mbeadh measúnacht chomparáide oiriúnach.

Is ceart do na grúpaí GÁG gach beart riachtanach a dhéanamh chun a chinntiú go mbíonn gairmeacha sonracha tarraingteach ag iarratasóirí ionchais. Mar shampla, d'fhéadfadh an GÁG:

- Cúnamh taca de chineálacha breise a chur ar fáil d'iarratasóirí i ndáil le gairm shonrach.
- Sainsonrú a dhéanamh ar shuimeanna cistíochtaí i ndáil le gairm shonrach.
- A shocrú, go ceann tréimhse faoi leith, gur faoi ghairm shonrach amháin atá glacadh le tionscadail de chineálacha áirithe.

Tugtar san áireamh leis an dá chéim maidir le gairm shonrach:

➢ *Céim 1 – Gairm maidir le Léiriú Spéise (LS)*

Ní mór a shonrú le Céim 1:

- an téama nó na téamaí ar ina leith a eisítear an ghairm;
- an buiséad foriomlán beartaithe maidir leis an ngairm;
- an t-uasleibhéal cistíochta a bheadh ar fáil d'aon tionscadal faoi leith;
- an dáta deiridh a mbeidh glacadh le LS; agus
- aon chritéar cáilíochta breise a úsáidfear maidir le cinneadh faoi inghlacthacht LS, chomh maith leis an tráthchlár i ndáil leis an obair measúnachta agus scéal a chur chuig na hiarratasóirí LS faoi thoradh an phróisis.

- *Céim 2 – Céim an Iarratais (foirm iarratais a chur faoi bhráid):*

Beidh na hiarratasóirí a n-éiríonn leo ag céim an LS i dteideal iarratas a chur faoi bhráid mar chuid den dara céim maidir le gairm shonrach. Ní mór an tráthchlár measta i ndáil leis an obair measúnachta a dhéanamh agus scéal a chur chuig na hiarratasóirí a chur in iúl d'iarratasóirí LS a théann ar aghaidh go dtí céim 2.

*Táillí Iarratais*

Ní cheadaítear táille iarratais ná aon táille eile a ghearradh ar iarratasóir.

### 6.3 Roghanna maidir le Costais Shimplithe

Is é a mheasann an Coimisiún Eorpach (CE) agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa gur fearr rátaí comhréidh, costais aonaid agus cnapshuimeanna (ar a dtugtar 'costais shimplithe' nó RCS/ Roghanna maidir le Costais Shimplithe) a úsáid mar mhodh ríofa maidir le costais inghlactha tionscadail ó tharla, i gcomparáid le modhanna traidisiúnta ina ndéanfaí aisíoc maidir le 'costas dáiríre', go maolaítear an dóigh go dtarlódh earráid agus an t-ualach riaracháin agus iniúchóireachta a thiocfadh dá bharr ar na tairbhithe.

Tá de rogha ag an mBallstát costais shimplithe a úsáid ar leibhéal na dtairbhithe. Is féidir leis an Roinn a shocrú go mbeidh an úsáid sin roghnach nó éigeantach i ndáil le roinnt de na tairbhithe nó leis na tairbhithe go léir, nó i ndáil le roinnt de na bearta nó le gach cuid den bheartaíocht. Sa chás nach mbíonn rogha maidir le costais shimplithe éigeantach i ndáil le gach dream, is ceart an scóip a ghabhann le Roghanna maidir le Costais Shimplithe a chur i bhfeidhm, i.e. aicmí na dtionscadal agus bearta sin na dtairbhithe a mbeidh na roghanna ar fáil ina leith, a leagan amach go soiléir sonrach agus a fhoilsiú i gcomhréir le bunphrionsabail na follasachta agus le bunphrionsabail na córa comhionainne.

Tá trí chineál aicme costais ar féidir Rogha maidir le Costais Shimplithe a fheidhmiú ina leith i ndáil le LEADER, mar seo a leanas:

- Cúnamh réamhullmhúcháin
- Costais tionscadail
- Costais riaracháin agus spreagúlachta

Tá roinnt roghanna éagsúla maidir le RCS á meas faoi láthair i ndáil le costais tionscadail agus costais riaracháin i gcomhréir le hAirteagal 83 i Rialachán PS CBT 2021/2115.

Sa chás go ndéanann an Roinn cinneadh faoi Rogha maidir le Costais Shimplithe a thabhairt isteach i ndáil le gné ar bith de chlár LEADER, cuirfear cinneadh den sórt sin in iúl i gCiorclán do gach GÁG agus gach Páirtnéir Forfheidhmiúcháin.

### 6.4 Luach Breise LEADER

Tá gá géar le tairbhe breise LEADER, i gcomparáid le cúnamh taca a chuirtear ar fáil faoi shruthanna eile cistíochta, a léiriú. Eascraíonn tairbhe breise LEADER ó 7 bprionsabal LEADER a chur i bhfeidhm go

hiomlán. Mar chuid den SFÁ a chur le chéile, bíonn ar gach GÁG iarrthóireachta an tairbhe breise i ndáil le forbairt tuaithe le cur chuige LEADER a chur in iúl go soiléir.

Is féidir an tairbhe breise LEADER a chur in iúl i ndáil le:

- feabhas maidir le caipiteal sóisialta;
- feabhas maidir le cúrsaí rialachais;
- forfheabhas maidir le torthaí agus tionchar mar gheall ar an clár/straitéis a chur i bhfeidhm.

Is é bhíonn i gceist leis an measúnacht ar thairbhe breise LEADER a n-eascraíonn de bhuntáiste ó mhodh oibre LEADER a chur i bhfeidhm mar is ceart, i gcodarsnach leis an mbuntáiste nach bhféadfaí a thabhairt i gcrích murach gur é an modh oibre sin a chuirtear i bhfeidhm. Tá moltaí ar fáil ag an GÁG i dTreoirlínte Measúnachta LEADER faoin dóigh ar ceart bearta measúnachta a dhéanamh, maidir le tairbhe breise agus eile, ar an leibhéal áitiúil.

Ag teacht leis an treoir maidir le Céim 2 den SFÁ, ní mór tairbhe breise LEADER a thabhairt san áireamh agus tuairisc a thabhairt ina leith maidir le gach beart measúnachta a dhéantar leath bealaigh tríd an tréimhse (2026) agus maidir leis an gcéim ex-post (2029/2030). Tá ceangal ina leith sin faoin dlí i gcomhréir le hAirteagal 140 de Rialachán PS CBT 2021/2115.

### 6.5 Inghlacthacht an Tairbhí

Is gá don GÁG cinneadh a dhéanamh faoi inghlacthacht thairbhí chistí LEADER. Is é an tairbhí an duine nádúrtha / dleathach nó an grúpa príobháideach nó grúpa bunaithe ar an bpobal atá freagrach as tionscadal LEADER a thionscnamh nó a chur i bhfeidhm.

Ní mór don GÁG seiceáil a dhéanamh tráth an iarratais maidir leis na nithe seo a leanas:

1) go sásaíonn an tairbhí coinníollacha maidir le Cúnamh De Minimis / Stáit i ndáil le cistí poiblí a deonaíodh roimh ré. Sa chás go gcuireann Gníomhaireachtaí Cistíochta poiblí eile cistíocht ar fáil d'iarratasóir tionscadail, is ceart caidreamh a chothú leis na Gníomhaireachtaí Cistíochta sin d'fhonn a chinntiú an meastar gur Cúnamh Stáit an chistíocht sin. Ba cheart do Ghníomhaireachtaí Cistíochta den sórt sin a chur in iúl don iarratasóir tionscadail an Cúnamh De Minimis / Stáit an chistíocht a chuireann siad ar fáil maille le suim(eanna) agus dáta(í) bronnta na cistíochta sin. Sa chás gur feirmeoir iarratasóir an tionscadail agus/nó go bhfuil uimhir shaintagartha RTBM ag an iarratasóir, agus go bhfaigheann sé/sí cistí ón RTBM, is ceart dul i mbun comhfhreagrais leis an Roinn d'fhonn ráiteas/deimhniú a fháil ina sonraítear aon chistíocht a bronnadh ar sheoltóir an tionscadail a áirítear a theacht faoi scáth De Minimis Talmhaíochta i rith an tréimhse trí bliana fioscach. Sa chás nach dtagann Cúnamh Stáit i gceist, ní foláir tuairisc shoiléir ina leith sin a chur i dtaisce cáipéisí chóras TF LEADER;
2) nach bhfuil bac ar chistíocht LEADER a thabhairt don tairbhí, mura n-aontaítear a mhalairt leis an Roinn, e.g. má breithníodh maidir le cistíocht LEADER roimh ré gur tharla

neamhchomhlíontas tromchúiseach, gur cuireadh fianaise bréige ar fáil, nó nár cuireadh faisnéis ar fáil mar gheall ar fhaillí, beidh bac roimh an tairbhí i gclár LEADER go deireadh na bliana féilire ina dtugtar an bhreith sin agus go ceann bliain féilire eile dár gcionn;

3) go bhfuil an tairbhí sócmhainneach;
4) nach bhfuil fiacha ar bith ag seasamh amach faoi láthair i ndáil le cúnamh a cuireadh ar fáil don tairbhí faoin gclár LEADER seo ná aon chláir LEADER eile roimhe seo. Sa chás go mbíonn fiacha i gceist agus nach bhfuil an tairbhí i mbun aisíoc a dhéanamh ar na fiacha sin i gcomhréir le sceideal aisíocaíochta arna chomhaontú leis an Roinn, níl an tairbhí inghlactha maidir le cúnamh a fháil.

Chun críche ponc 2 thuas, ní foláir don GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin a sheiceáil nach bhfuil bac ar chistíocht a chur ar fáil do sheoltóir an tionscadail mar gheall ar neamhchomhlíontas tromchúiseach nó mar gheall ar fhianaise bréige a chur ar fáil faoin gclár LEADER seo nó faoin gclár LEADER a cuireadh ar siúl roimhe seo i limistéar an GÁG. Má tá fianaise ar fáil go bhféadfadh gur cuireadh cistíocht ar fáil do sheoltóir an tionscadail roimhe seo i limistéar GÁG eile, ní foláir don GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin deimhniú a fháil ón GÁG / na Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin sa limistéar sin.

## 6.6 Iarratas maidir le Tionscadal a Mheas

### 6.6.1 Inghlacthacht an Tionscadail a mheas

Ní mór don GÁG, ar an gcéad dul síos, agus inghlacthacht tionscadail á dheimhniú, a mheas an beartaíocht inghlactha atá i gceist leis an tionscadal i ndáil le::

- Rialacháin ábhartha de chuid an AE; agus
- Plean Straitéiseach CBT 2023-2027, cuspóirí an chláir agus an téama agus an fothéama a bhfuiltear ag lorg cistíochta ina leith; agus
- Rialacha Oibriúcháin, Ciorcláin, Cáipéisí Ceisteanna & Freagraí agus Treoirlínte maidir le Tionscadail Oidhreachta faoi LEADER 2023-2027; agus
- na cuspóirí agus na bearta a luaitear go sonrach i Straitéis Forbartha Áitiúil an GÁG.

Ní foláir gach beart idirghabhála a dtugtar cistíocht ina leith faoi LEADER a mheas i ndáil le creatbheartais agus cláir náisiúnta e.g., an Plean Leathanbhanda Náisiúnta (is i ndáil le seirbhísí coimhdeacha seachas aon ghné den bhonneagar aon chúnamh maidir le córais leathanbhanda a thugtar faoi LEADER (Alt 6.6.12).

Ní mór tionscadal a bheith sásúil maidir leis na coinníollacha thuas ar fad lena mheas go mbeadh an tionscadal inghlactha maidir le cistíocht.

Sa chás go sásaítear na coinníollacha ar fad, ní mór don GÁG an Liosta Seiceála agus an Tuairisc measúnachta i ndáil leis an tionscadal a chur ar fáil.

### 6.6.2 Earnálacha agus Bearta nach bhfuil Inghlactha

Baineann an t-alt seo le hobair tionscadail, le riarachán GÁG agus le costais spreagúlachta. Ní liosta lánchuimsitheach a dtugtar thíos agus is féidir a leasú, de thogra na Roinne, tráth ar bith i rith thréimhse an chláir.

Sa chás go mbeadh GÁG éiginnte maidir le hinghlacthacht earnála nó beartaíochta, moltar comhairle a lorg ón Roinn sula ndéantar iarratas a phróiseáil.

Ní dhéanfar cúnamh a cheadú ná a íoc i leith na réimsí seo a leanas:

- Talmhaíocht Phríomhúil:

  Chomh fada agus a bhaineann le LEADER, tagann san áireamh le Talmhaíocht Phríomhúil beostoc (lena n-áirítear eallach, gabhair, capaill, muca, éanlaith clóis, caoirigh agus aon chréatúr a choimeádtar chun bia, olann, seithí nó fionnadh a tháirgeadh) a phórú, a choinneáil agus a dhíol, beostoc a bhleán, farae do bheostoc a dhéanamh agus a stóráil, talamh a shaothrú, barra a shaothrú agus a bhaint (barra foraoiseachta nó gairneoireachta san áireamh), bailiú torthaí, iascaireacht nó seilg agus torthaí foraoise nó luibheanna a bhailiú. Tugtar san áireamh freisin táirgí príomhúla a láimhseáil, a iompar nó a stóráil ag an ionad táirgíochta.

  Is ceart do ghrúpaí GÁG ar an gcéad dul síos a dheimhniú an dtagann nó nach dtagann an bheartaíocht faoi scáth aon scéim de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Sa chás gur féidir cistí a chur ar fáil faoi scéim de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara do thionscadal, d'fhéadfadh go mbeadh sé inghlactha maidir le cistíocht LEADER ach, ina leithéid sin de chás, níor cheart go sárófaí le ráta an chúnaimh a íoctar an ráta a d'íocfaí faoi scéim na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Sa chás nach mbeadh tionscadal incháilithe maidir le cistíocht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, ní chiallaíonn sin i ngach cás go mbeadh sé inghlactha maidir le cistíocht LEADER ó tharla go bhféadfaí a mheas ina dhiaidh sin is uile gur talmhaíocht phríomhúil an bheartaíocht lárnach.

  Ní bheidh bearta breisluacha ná próiseáil thánaisteach a bhaineann le bearta talmhaíochta príomhúla inghlactha má tharlaíonn go mbaineann táirgí talmhaíochta príomhúla a shaothrú nó a bhaint leis an mbeartaíocht, i.e. is beartaíocht iarfhómhair amháin a bheidh inghlactha.

- Gairneoireacht Phríomhúil (beachadóireacht san áireamh):

  Chomh fada agus a bhaineann le LEADER, tagann san áireamh le Gairneoireacht Phríomhúil aon bhrainse den talmhaíocht a bhaineann le torthaí, glasraí, fungais inite, beacáin, péacáin agus/nó síolta péactha, cnónna, bláthanna inite, bláthanna gearrtha, plandaí duilliúir, stoc plandlainne agus crainn Nollag, crainn torthaí, toim torthaí agus plandaí torthaí, bleibíní,

cormáin nó tiúbair, plandaí ornáideacha nó féar plásóige a shaothrú, a tháirgeadh, a bhaint nó a ullmhú don mhargadh.

Is ceart do ghrúpaí GÁG ar an gcéad dul síos a dheimhniú an dtagann nó nach dtagann an bheartaíocht faoi scáth aon scéim de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Sa chás gur féidir cistí a chur ar fáil faoi scéim de chuid na Roinne RTBM do thionscadal, d'fhéadfadh go mbeadh sé inghlactha maidir le cistíocht LEADER ach, ina leithéid sin de chás, níor cheart go sárófaí le ráta an chúnaimh a íoctar an ráta a d'íocfaí faoi scéim na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Sa chás nach mbeadh tionscadal incháilithe maidir le cistíocht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, ní chiallaíonn sin i ngach cás go mbeadh sé inghlactha maidir le cistíocht LEADER ó tharla go bhféadfaí a mheas ina dhiaidh sin is uile gur gairneoireacht phríomhúil an bheartaíocht lárnach.

Ní bheidh bearta breisluacha ná próiseáil thánaisteach gairneoireachta inghlactha má tharlaíonn go mbaineann saothrú nó baint leis an mbeartaíocht. Is beartaíocht iarfhómhair amháin a bheidh inghlactha agus caitheann breis luacha a bheith i gceist leis, mar shampla subh a dhéanamh, torthaí a phróiseáil.

Is féidir gairdíní pobail, nuair nach mbíonn aon bheartaíocht tráchtála i gceist, a mheas maidir le cistíocht.

- Iascaireacht - Bearta tráchtála a bhaineann le hiascaireacht, lena n-áirítear (i measc rudaí eile), feirmeoireacht éisc, próiseáil éisc agus iascach go ginearálta.
- Ceannach ainmhithe nó beostoic.
- Beartaíocht miondíolacháin den ghnáthchineál, seachas siopaí bunaithe ar an bpobal nó siopaí feirme, ionaid ina gcuirtear táirgí áitiúla ar díol.
- Cúrsaí teagaisc nó oiliúna ar gnáthchuid iad de ghnáthchláir oideachais nó de chórais ar leibhéal réamhscolaíochta nó bunscolaíochta, ar an dara leibhéal nó ar leibhéal is airde ná sin go dtí Leibhéal 10 FETAC nó QQI, an leibhéal sin san áireamh.
- Scoileanna nó coláistí príobháideacha, scoileanna de chineál Sudbury, scoileanna de chineál Montessori, Naíonraí. Bord Bainistíochta fhoras ar bith den sórt sin, scoil ar bith a fhaigheann maoiniú ar bhealach ar bith ón Roinn Oideachais, scoileanna príobháideacha san áireamh.
- Forais taighde.
- Cúrsaí maidir le forbairt leanúnach ghairmiúil.
- Iasachtaí.

- Caipiteal oibre (stoc san áireamh), e.g. ní féidir le soláthraí oiliúna a bheith ina sheoltóir tionscadail.
- Costais Oibriúcháin Sheoltóirí Tionscadail – tuarastal/barrchostais etc.
- Árachas do sheoltóir tionscadail.
- Íocaíocht maidir le bronntanas, tabhartas nó siamsaíocht phearsanta, Díolúine Cánach maidir le Sochair Bheaga, Dreasacht maidir le páirt a ghlacadh i gcúrsa Oiliúna e.g. dearbhán siopadóireachta mar gheall ar a theacht i láthair.
- Fíneáil nó pionós reachtúil, fíneáil nó damáistí coiriúlachta.
- Costas dlí i ndáil le cúrsaí dlíthíochta, ach amháin costas a ndéantar foráil dó faoi Alt 14.5.
- Costais a bhaineann le coinníoll reachtaíochta nó reachtúil a shásamh.
- Táillí maidir le cead pleanála nó bearta eile is gá chun coinníollacha a chomhlíonadh.
- CBL is féidir a éileamh ar ais.
- Obair fheabhsúcháin/athchóiriúcháin ar áitreabh príobháideach cónaithe.
- Áras Leaba & Bricfeasta is cuid d'áras cónaithe príobháideach.
- Carranna, feithiclí oibre maidir le tionsclaíocht/feirmeoireacht/foirgníocht, veaineanna, busanna, tochaltóirí, miontochaltóirí, forcardaitheoirí, lena n-áirítear leantóirí ar a dtarraingeofaí feithiclí dá sórt.
- Obair chothabhála ghinearálta a bhíonn le déanamh ag comhlacht poiblí.
- Obair de chineál ar ghnáth gur faoi scáth an Údaráis Áitiúil a thiocfadh agus/nó a luaitear i bplean forbartha an Údaráis Áitiúil.
- Cúram Linbh.
- Cúram Sláinte nó trealamh Cúram Sláinte - murar cás eisceachta atá i gceist atá aontaithe ag an Roinn.
- Tithe Altranais.
- Tithíocht.
- Tionscal na gcapall rásaíochta nó na gcapall spóirt, ach amháin i gcás bhearta coimhdeacha maidir le seirbhísí a chur ar fáil do thionscal acu sin (alt 6.6.14).

- Tionscal na gCon agus bearta a bhaineann le cúnna, mar shampla (cé nach ina leith seo a leanas amháin) rásraon con, áiseanna traenála, nó bearta coimhdeacha maidir le seirbhísí a chur ar fáil do thionscal acu sin.

- Tionscadail lena dtarlaíonn maoiniú do tháirgí ar taobh amuigh d'Éirinn a dhéantar iad nó a choinnítear iad.

- Tionscadail inmheánacha lena mbaineann obair thógála nó obair athchóiriúcháin.

- Níl meantóireacht inghlactha mar thionscadal as féin. Is féidir a thabhairt san áireamh mar mhodúl i dtionscadal oiliúna. Ní mór meantóireacht agus beartaíocht eile maidir le cothú acmhainne a mhaoiniú as Buiséad Riaracháin agus Spreagúlachta an GÁG.

### 6.6.3 Bearta Infheistíochta Caipitil

Tá bearta infheistíochta de na cineálacha seo a leanas inghlactha maidir le cistíocht:

a. obair thógála, éadáil nó obair fheabhsúcháin ar mhaoin dhochorraithe;
b. innealra agus trealamh nua, seachas nithe a luaitear go sonrach nach bhfuil siad inghlactha, a cheannach, gan dul thar mhargadhluach na sócmhainne;
c. caiteachas ginearálta atá ceangailte leis an gcaiteachas dá dtagraítear faoi (a) agus (b) san alt seo, mar shampla táillí ailtire, innealtóra nó comhairleora, táillí a bhaineann le comhairle, staidéar féidearthachta san áireamh, faoi gnéithe inmharthanachta maidir le cúrsaí timpeallachta nó eacnamaíochta. Beidh caiteachas ar staidéar féidearthachta inghlactha, fiú sa chás, arna bhunú ar thorthaí staidéar dá shórt, nach ndéantar aon chaiteachas faoi (a) agus (b) san alt seo;
d. infheistíocht dholáimhsithe, mar shampla bogearra ríomhaireachta a cheannach nó a fhorbairt nó paitinn, ceadúnas, cóipcheart, trádmharc a cheannach.

### 6.6.4 Costais Lucht Gairme

Beidh costais lucht gairme, mar shampla táillí ailtirí, seandálaithe, innealtóirí agus comhairleoirí, inghlactha faoi réir ag uasmhéid 12% de na costais caipitil a bhaineann leis an tionscadal. Is teorainn charnach an uasmhéid sin maidir le hiomlán na tháillí an lucht gairme atá ceangailte le tionscadal agus bheadh súil le héagsúlacht maidir leis an gcéatadán ag brath ar chineál na hoibre atá i gceist. Níl táillí lucht gairme maidir le tionscadal caipitil, e.g. ailtire i mbun pleananna a ullmhú maidir le cead pleanála, inghlactha mar thionscadal ann féin. I bhfianaise a mbíonn de chastacht ag baint le tionscadail dá sórt, níl an uasteorainn 12% i bhfeidhm maidir le tionscadail oidhreachta nó timpeallachta de réir mar a thugtar sainmhíniú orthu sin sna Treoirlínte maidir le Tionscadail Oidhreachta LEADER 2023-2027 atá ar fáil ón Roinn ach iad a iarraidh.

Níl glacadh le costais lucht gairme mar thionscadal ann féin mura dtagann leis an sainmhíniú a thugtar ar anailís agus forbairt (alt 6.6.13).

### 6.6.5 Marbhualach

Ní ceart do ghrúpaí GÁG deontas i gcabhair a thabhairt maidir le tionscadal a d'fhéadfadh dul ar aghaidh gan cistíocht ó LEADER. Tá anailís maidir le marbhualach ina ghné dhílis den phróiseas measúnachta. Ní mór don GÁG an cheist a mheas i ndáil le gach iarratas. Anuas ar an méid sin, ní mór dearbhú a bheith le gach iarratas ina ndearbhaíonn seoltóir an tionscadail nach mb'acmhainn dul ar aghaidh leis an tionscadal mura mbeadh cistíocht LEADER ar fáil. Ní chuireann an dearbhú sin ar neamhní an ceangal atá ar an GÁG ceist an mharbhualaigh a fhiosrú agus cinneadh a dhéanamh an bhféadfaí leanúint ar aghaidh leis an tionscadal gan cistíocht faoin gclár. Ní mór tuairisc ar na cúiseanna is bun leis an measúnacht ar cheist an mharbhualaigh a lua i miontuairiscí an GÁG agus an Choiste Measúnachta.

### 6.6.6 Díláithriúchán

Tarlaíonn díláithriú nuair a bíonn tionchar chun dochair ag beartaíocht a mhaoinítear as cistí poiblí ar bheartaíocht den chineál céanna in ionad eile. Is minic a tharlódh saobhadh an mhargaidh mar gheall ar a leithéid. Ní ceart cistíocht a cheadú más leibhéal doghlactha díláithriúcháin a thiocfaidh dá thoradh e.g. foirceannadh nó cailliúint gnó ag gnólacht eile in áit eile, bíodh sin i limistéar an GÁG nó i limistéar GÁG eile atá ag síneadh leis an limistéar sin.

Ní gá go mbeadh an bheartaíocht a bheadh le maoiniú díreach mar a chéile leis an mbeartaíocht atá ar bhun cheana féin le gur díláithriúchán a bheadh dá thoradh. Ní mór ceist an díláithriúcháin a mheas de réir chúinsí sonracha an cháis. Ba cheart don GÁG na gnéithe seo a leanas a thabhairt san áireamh:

- an margadh maidir leis an táirge nó an tseirbhís atá i gceist; agus
- na hiomaitheoirí ar an margadh sin; agus
- an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag táirge/seirbhís nua ar an margadh sin.

Is minic go gcuireann díláithriú isteach ar réimsí is fairsinge ná réigiún an GÁG e.g. d'fhéadfadh cur isteach tarlú i ndlínse eile, mar shampla i dTuaisceart Éireann nó i mBallstát eile.

Ní mór ceist an díláithriúcháin a mheas i ndáil le gach cás faoi leith. Ní mór tuairisc ar na cúiseanna is bun leis an measúnacht ar cheist an díláithriúcháin a lua i miontuairiscí an GÁG agus an Choiste Measúnachta.

### 6.6.7 Plé le foinsí eile cistíochta

Tríd is tríd, is ceart don GÁG an obair a dhíriú, ar an gcéad dul síos, ar chuidiú le tionscadail a bhfuil cur chuige atá nua agus nuálach go háitiúil ag baint le cineál agus modh slánchóirithe an chur i bhfeidhm agus le tionscadail ar féidir leis an GÁG an luach breise a ghabhann le cistíocht LEADER don tionscadal a léiriú. D'fhéadfadh, dá ainneoin sin, go bhféadfadh trasnaíl tarlú idir cineálacha bearta a mbeadh cúnamh dlite dóibh as cistí éagsúla, LEADER ar cheann acu.

Ní féidir dúbailt cistíochta a chur ar fáil faoi LEADER maidir le mír caiteachais a mhaoinítear as foinse poiblí eile. Ní foláir do sheoltóir an tionscadail a thabhairt le fios san iarratas ar chistíocht má rinne an

seoltóir, eagraíocht an tseoltóra nó fiontar gaolmhar iarratas ar chistíocht maidir leis an tionscadal céanna seo le comhlacht poiblí cistíochta eile. Beidh ceangailte ar Oifigeach Forbartha an tionscadail sa tuarascáil ar an gCuairt ar an Suíomh, sula sínítear an Litir Tairisceana agus an Tuarascáil ar an gCuairt Réamhíocaíochta ar an Suíomh, deimhniú a fháil ó sheoltóir an tionscadail nach bhfuil cistíocht ceadaithe ag aon chomhlacht poiblí eile don tionscadal. Ag céim na híocaíochta, ar an bhfoirm éilimh, beidh ceangailte ar sheoltóir an tionscadail a dhearbhú nach bhfuil cistíocht ó aon chomhlacht poiblí eile ceadaithe don tionscadal seachas a mbeadh soláthar déanta dó le socruithe aontaithe maidir le comhchistíocht.

Chomh maith leis an méid sin, tá ceangailte ar sheoltóir an tionscadail dearbhú a thabhairt maidir le haon fhoinsí cistíochta poiblí eile a gcuirtear isteach orthu, nó aon chistí a fhaightear, maidir leis na nithe a lorgaítear cabhair deontais ina leith, i rith chéim an iarratais nó ag gach céim íocaíochta. Ní foláir don GÁG na coinníollacha seo a thabhairt chun aire gach seoltóir tionscadail agus is ceart dearbhú ina leith sin a chur isteach mar chuid de fhoirmeacha iarratais an GÁG agus de na foirmeacha éilimh maidir le híocaíocht.

Ní fhágann na coinníollacha maidir le cistíocht dhúbailte nach féidir leas a bhaint as cistí poiblí meaitseála eile chun maoiniú i gcomhar a dhéanamh ar thionscadal sa chás go dtugann an GÁG sin chun suntais ó thosach an tionscadail agus go n-aontaíonn an GÁG ó thús é i gcomhréir le Alt 11 i Rialacha Oibriúcháin LEADER.

#### 6.6.8 Cúnamh ón Oifig Fiontair Áitiúil

Is iad na hoifigí OFÁ an áit tosaigh ag duine ar bith ag a bhfuil eolas agus cúnamh á lorg faoi ghnó a thionscnamh agus a chothú in Éirinn. Is é is gá do LEADER a dhéanamh, seachas a bheith in iomaíocht leis na hoifigí OFÁ, treisiú lena gcuid beartaíochta OFÁ. Is ceart córais éifeachtúla comharoibre agus comhairliúcháin a chur ar bun idir an OFÁ agus an GÁG d'fhonn comhord a chinntiú, dúbailt díchill nó caiteachais a sheachaint, úsáid éifeachtach as airgead poiblí a dheimhniú agus seirbhís níos caomhchóirithe a chur ar fáil d'iarratasóirí agus do sheoltóirí tionscadail.

#### 6.6.9 An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)

Ní bhainfear leas as cistíocht LEADER i dtaca le hearnáil an iascaigh ná le saoráidí táirgíochta dobharshaothraithe. Is féidir le LEADER ina dhiaidh sin féin cur le bearta a thagann faoi scáth CEMID trí chúnamh a chur ar fáil maidir le tionscadail áirithe i gcomharsanachtaí le cósta nach bhfaigheann cistíocht as CEMID agus nach mbaineann le hearnáil an iascaigh, saoráidí táirgíochta dobharshaothraithe san áireamh cé nach teoranta leo sin amháin a dtiocfadh i gceist. Ba cheart don GÁG agus don Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh (GÁGI) prótacal nó meamram comhthuisceana áitiúil a fhorbairt ionas go mbíonn soiléire maidir le rólanna agus socruithe cistíochta.

Sa chás go bhféadfadh trasnaíl nó dúbailt cistíochta tarlú maidir le tionscadal nach mbaineann le hearnáil an iascaigh nó le saoráidí táirgíochta dobharshaothraithe, beidh feidhm ag ceanglais cuid 6.6.7 'Plé le foinsí eile cistíochta' agus le cuid 11 'Maoiniú Meaitseála Tionscadail'.

#### 6.6.10 Acmhainneacht Sheoltóir an Tionscadail

Ní mór measúnacht maidir le hacmhainn an iarratasóra (cáilíochtaí, oiliúint, scileanna, etc.) an tionscadal a chur i gcrích a bheith ina chuid den mheastóireacht a dhéantar ar thionscadail. Ní féidir cabhair deontais a bhronnadh mura bhfuil seoltóir an tionscadail in acmhainn an tionscadal a thabhairt i gcrích agus a bhuanú san am atá romhainn. Nuair is cuí, is ceart don GÁG oibriú le seoltóir an tionscadail chun aon easnamh a thugtar chun suntais a chúiteamh.

#### 6.6.11 Áiseanna Spóirt

Má bhíonn plé á dhéanamh ag GÁG maidir le háis ar thalamh de chuid eagraíocht spóirt e.g. CLG, cumann sacair, gailf, leadóige nó cumann eile spóirt, ní mór coinníoll a bheith le bronnadh na cistíochta go ndéanann seoltóir an tionscadail *straitéis maidir le cuimsiú sóisialta* a ullmhú agus a chur i bhfeidhm ionas go gcinntítear úsáid as an áis ag an bpobal go léir. Is ceart comhionannas inscne agus comhionannas do dhreamanna imeallaithe a chur chun cinn a bheith san áireamh leis an straitéis riachtanach sin maidir le cuimsiú. Ní leor a áiteamh go mbíonn fáilte roimh cách ag an áis spóirt. Ba cheart dícheall díograiseach a dhéanamh maidir le margaíocht ar an áis spóirt le gach cuid den phobal. Ba cheart go mbeadh sonraí san áireamh maidir lena gcuid beartaíochta faoin straitéis maidir le cuimsiú sóisialta , chomh maith leis an úsáid as an áis spóirt a leagan amach.

#### 6.6.12 Bonneagar Leathanbhanda agus Pointí Nasctha Leathanbhanda

I ndáil leis an dá réimse sainmhínithe seo a leanas a bhaineann leis an mbonneagar leathanbhanda, ní féidir cistíocht LEADER a chur ar fáil ina leith faoin bhfothéama Barrfheabhas maidir le Cónascacht Dhigiteach ó tharla go dtagann siad faoi scáth an Phlean Leathanbhanda Náisiúnta (PLN):

- **Leathanbhanda - Bonneagar Fisiciúil**: rangaítear dá réir seo gné ar bith de ghréasán nach mbíonn, ar a chur i bhfearas, ina gné den ghréasán beo, mar shampla cáblaí, píobáin, crainn, duchta, seomraí cigireachta, dúnphoill, caibinéid, foirgnimh nó bealaí isteach chuig foirgnimh, fearas aeróige, túir agus cuaillí.
- **Leathanbhanda - Bonneagar an Ghréasáin Cumarsáide Leictreonaí**: rangaítear dá réir seo córais tarchuradóireachta, mar shampla córais lascacháin, córais ródúcháin, fearas tréandála seachtrach a úsáidtear chun treisiú/neartú le ceangal Wi-Fi, d'fhonn ligean comharthaí a sheoladh ar shreang, le raidió, nó trí mheán optach nó meán leictreamaighnéadach eile.

Is féidir cistíocht LEADER suas le huasmhéid 75% de chostais inghlactha an tionscadail a chur ar fáil maidir leis na gnéithe bonneagair seo a leanas faoin bhfothéama Barrfheabhas maidir le Cónascacht Dhigiteach, gan bheann ar sheoltóir pobail nó seoltóir príobháideach a bheith i gceist, faoi réir ag uasmhéid cistíochta €10,000 maidir le haon togra faoi leith:

- Trealamh ar scála beag, mar shampla, fearas tréandála inmheánach i bhfoirgneamh lena gcinntítear ceangal iontaofa ag an lucht úsáide i ndeireadh báire, ionas gur féidir le gnólachtaí/saoránaigh áitiúla córas leathanbhanda a thapú san áitreabh.

- Athsheoltóirí fón póca i gcásanna áirithe, e.g. athsheoltóirí fón póca a úsáidtear ar mhaithe le feabhas ar cheangal fón póca in ionad pobail.
- Bonneagar cáblaithe, e.g. cáblú leathanbhanda faoi dhíon.

Ní maidir le gnéithe den bhonneagar fisiciúil amháin atá cistíocht ar fáil faoin bhfothéama Barrfheabhas maidir le Cónascacht Dhigiteach. Áirítear ar shamplaí de dheiseanna eile cistíochta faoin bhfothéama LEADER seo:

- **Trealamh TF**: Is féidir cistíocht a chur ar fáil faoin bhfothéama Leathanbhanda maidir le trealamh TF a sholáthar. Áirítear ar chineálacha trealaimh TE ar féidir cistíocht a chur ar fáil ina leith, boird oibre, ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, scáileáin, scáileáin mhóra, táibléid atá furasta a úsáid ag daoine aosta. Is féidir cistíocht maidir le trealamh TF a sholáthar a chur ar fáil faoi fhothéamaí eile de chuid LEADER freisin ach cúnamh den sórt sin a bheith ag teacht le cuspóirí an SFÁ atá aontaithe. Tagann cistíocht maidir le trealamh TE faoi réir ag uasráta 75% an tionscadal cibé an seoltóir pobail nó seoltóir príobháideach atá i gceist agus faoi réir ag uasleibhéal cistíochta €200,000 maidir le haon togra faoi leith.

- **Staidéar féidearthachta**: Is féidir cistíocht LEADER a chur ar fáil maidir le staidéar féidearthachta d'fhonn ligean do phobal comharsanachta na roghanna a bheadh ar fáil dóibh a fhiosrú. Ní féidir aon chistíocht breise a chur i leith ghnéithe den bhonneagar leathanbhanda a mbreithnítear nach bhfuil siad inghlactha (féach thuas) tar éis staidéar den sórt sin a thabhairt chun críche. Is féidir, ina dhiaidh sin, cistíocht a chur ar fáil maidir le réimse leathan beartaíochta a dtarlódh iad sin a thabhairt chun suntais freisin mar gheall ar an staidéar féidearthachta, mar shampla, gá le hoiliúint, trealamh TE, deascanna sealaíochta, caifé ógánach, etc. Tagann cistíocht maidir le staidéar féidearthachta faoi réir ag uasráta 90% maidir le seoltóir príobháideach tionscadail agus 90% maidir le tionscadal pobail agus faoi réir ag uasteorainn cistíochta €30,000 maidir le haon togra faoi leith.

- **Oiliúint**: Is féidir cistíocht LEADER a chur ar fáil freisin maidir le tionscnaimh oiliúna a bhaineann le réimsí éagsúla digiteacha. D'fhéadfadh oiliúint den sórt sin tarlú sna Pointí Nasctha Leathanbhanda (PNL) a mbeidh roinnt acu lonnaithe go sárstuama maidir le feidhmiú ina n-ionaid oiliúna maidir le cúrsaí digiteacha. Beidh ar na príomhcholúin maidir le straitéisí digiteacha áitiúla na nÚdarás Áitiúil forbairt agus forfheabhsú a thabhairt i gcrích maidir le scileanna digiteacha na saoránach. Is sármhaith an t-ionad an PNL maidir le soirbhiú dó sin. D'fhéadfadh giaráil ar chistíocht LEADER a thabhairt go mbeadh PNL in acmhainn feidhmiú mar ionad sainiúil maidir le feabhsú scileanna digiteacha agus spás a chur ar fáil maidir le foghlaim agus forbairt dhigiteach. Is féidir cisíocht suas le 100% de na costais inghlactha a chur ar fáil maidir le tionscnamh oiliúna faoi réir ag uasteorainn €200,000 maidir le haon tionscnamh oiliúna faoi leith.

### 6.6.13 Cúnamh maidir le hAnailís agus Forbairt

Is féidir le GÁG cistíocht a thairiscint maidir le tionscadal anailíse agus forbartha i ndáil le nithe mar seo a leanas:

- bearta chun anailís agus forbairt maidir le táirgí tuaithe (arna bhfáil faoin tuath) a chur chun cinn;
- staidéar féidearthachta;
- pleananna forbartha;
- iniúchóireacht acmhainní;
- táirgí agus seirbhísí fréamhshamhla a fhorbairt, agus
- measúnacht, suirbhéireacht nó tuairisc eile is gá maidir le cead pleanála a fháil, agus/nó coinníollacha eile faoin reachtaíocht a shásamh i ndáil le tionscadail a thagann faoi na téamaí maidir le Forbairt Inbhuanaithe nó Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide, nó i ndáil le tionscadal oidhreachta.

Ní foláir don GÁG a chinntiú sula dtairgeofaí cistíocht d'iarratasóir:

- gur beartaíocht inghlactha freisin faoin gclár an bheartaíocht ar ina leith an taighde, anailís nó eile atá le déanamh;
- gur léirigh seoltóir an tionscadail gá soiléir leis an mbeartaíocht; agus
- nach ndearnadh an anailís ná an fhorbairt faoi chaibidil cheana.

Sa chás gur thug seoltóir an tionscadail faoi thionscadal anailíse nó forbartha (má chuir nó nár chuir an GÁG cistí ar fáil lena aghaidh), ní féidir leis an GÁG gealltanas cistíochta a thabhairt i ndáil le haon tionscadal a thiocfadh chun cinn de bhun na hanailíse nó forbartha go dtí go bhfaightear iarratas maidir leis an dara tionscadal sin agus go gceadaíonn an GÁG an t-iarratas. Ní mór a chur de choinníoll leis an tairiscint ar chistíocht go gcuirfear cóip den tuarascáil a thagann mar thoradh ar an obair ar fáil don GÁG ionas go seachnaítear dúbailt oibre sa réimse atá i gceist.

Ní féidir le GÁG cistíocht a thairiscint maidir le hanailís agus forbairt i ndáil le leabhar staire nó hábhar meán cumarsáide de chineál eile, a ullmhú nó a fhoilsiú, láithreán gréasáin a chur le chéile san áireamh.

### 6.6.14 Bearta coimhdeacha maidir le seirbhísí a chuirtear ar fáil do thionscal na gcapall ráis agus spóirt

Chomh maith le coinníollacha ginearálta an chláir, sa chás go dtagann gnéithe bonneagair i gceist le bearta coimhdeacha, ní mór na gnéithe bonneagair sin a bheith le húsáid den chuid is mó ag an bpobal, bíodh táille á ghearradh nó ná bíodh, agus ní mór na gnéithe bonneagair a bheith ag teacht leis an Straitéis Forbartha Áitiúil. Ní mór don GÁG a chinntiú chun a shástachta, sula gceadaítear tionscadal, gur gnéithe bonneagair atá ceaptha don úsáid phoiblí den chuid is mó atá i gceist e.g. go mbaineann siad le turasóireacht nó go bhfuil cead pleanála tráchtála faighte ina leith.

Ní mór don GÁG dearbhú bliantúil a éileamh ar sheoltóir an tionscadail go bhfuil an áis á húsáid don chuspóir a beartaíodh – d'fhéadfadh go dtabharfaí san áireamh leis sin clár de na húsáideoirí poiblí, cuntais bhliantúla ar a bhfeictear an teacht isteach ón lucht úsáide seachtrach nó fógra/poiblíocht óna bhfeictear an úsáid phoiblí as an áis.

Samplaí de bhearta coimhdeacha:

- Tionscadal caipitil maidir le hIonad Eachaíochta/ Scoil Marcaíochta/ Clós Eachlainne;
- Bearta lena ndéantar cur chun cinn breise ar an turasóireacht faoin tuath, mar shampla seó talmhaíochta agus imeachtaí eile;
- Bearta trína bhfeabhsaítear an bealach chuig cosán marcaíochta, ar thailte poiblí nó ar thailte príobháideacha.

#### 6.6.15 Cúrsaí Oiliúna

Moltar do ghrúpaí GÁG úsáid a bhaint as áiseanna ar cuireadh cistí ar fáil faoi LEADER roimhe seo agus nach móide costas cíosa i gceist leo. Maidir le hoiliúint a chur ar fáil, ní mór taifead a choinneáil ar na nithe seo a leanas:

- Sonraí faoin soláthraí oiliúna;
- Rannpháirtithe an chúrsa (beidh bileoga tinrimh, arna síniú ag na rannpháirtithe agus ag comhordaitheoir an chúrsa/áisitheoir an chúrsa nuair a bhíonn siad ar an láthair ina mbonn fianaise ina leith seo mar a bheidh, i ndáil le cúrsa ar líne, taifead leictreonach maidir le freastal an chúrsa ag na rannpháirtithe, agus léireofar sonraí faoin tinreamh agus faoi líon na rannpháirtithe a bhíonn i láthair gach lá den chúrsa);
- Fianaise grianghrafadóireachta ar an rang a bhain leas as an gcúrsa oiliúna a maoiníodh;
- Ionad an chúrsa oiliúna;
- Sonraí comhfhreagrais na ndaoine a chuaigh faoi oiliúint;
- Plean oiliúna / imlíne an chúrsa, lena n-áirítear cóipeanna den ábhar a chuirtear i láthair, bileoga a thugtar amach, nótaí faoi na ranganna, etc;
- Achoimre chuimsitheach ar an gcúrsa oiliúna ina leagtar amach dáta agus tráth gach rang/beart oibre, ábhar an ranga, líon na rannpháirtithe a tháinig i láthair ag an rang, sonraí faoin oide oiliúna i ndáil le gach rang faoi leith agus torthaí an tsaothair nuair a tháinig deireadh leis an gcúrsa oiliúna, gnóthachtáil na rannpháirtithe san áireamh;
- Fianaise ar mheasúnacht ar an gcúrsa á dhéanamh ag na rannpháirtithe, arna dhéanamh ar mheán digiteach nó i bhfoirm cruachóipe.

Sa chás gur soiléir maidir le tionscadal oiliúna go bhfuil gné áirithe den oiliúint nach féidir a chur ar fáil i dtimpeallacht seomra ranga, agus gur gá cuairt a thabhairt ar láthair/turas a thabhairt, is féidir ina leithéid sin de chás an costas a ghabhann leis na rannpháirtithe/foghlaimeoirí a iompar ón seomra ranga go dtí láthair na cuairte/ar an turas a cheadú.

Sa chás go dtugann GÁG riachtanas faoi leith chun suntais ag an bpobal i gcomharsanacht/ceantar, is féidir leis an GÁG cúrsa oiliúna a chur ar fáil ag a bhfuil fáilte roimh gach duine/grúpa ábhartha sa cheantar. Sa chás go bhfuil fiontar nó grúpa i mbun fiosrúcháin faoi thionscadal nó faoi bheart infheistíochta faoi leith, is féidir le GÁG cúnamh a chur ar fáil i ndáil le staidéar féidearthachta nó le plean forbartha.

#### 6.6.16 Costais Theagmhasacha

Ní cheadaítear cur le costas inghlactha an tionscadail trí shuim maidir le costas teagmhasach a chur leis. Ina ainneoin sin, d'fhéadfadh figiúr teagmhasach a bheith ina ghné den tairiscint a chuirtear faoi bhráid mar chuid den phróiseas soláthair. Sa chás go dtugtar soláthar do chostas teagmhasach san áireamh sa fhreagra tairisceana, ní mór a shonrú mar chuid de phraghas tairisceana neamh-CBL.

#### 6.6.17 Nósanna imeachta maidir le húsáid foirgnimh nó talún a athrú

Sular féidir iad a bheith inghlactha maidir le cistíocht LEADER, ní mór measúnacht a dhéanamh roimh ré i ndáil le bearta infheistíochta faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an timpeallacht (i ndáil leis an gcineál sonrach infheistíochta atá i gceist) sa chás gur dócha go mbeidh tionchar chun dochair ar an timpeallacht.

Go ginearálta, bíonn cead pleanála de dhíth maidir le forbairt ar bith ar thalamh nó ar áitreabh, mura dtarlaíonn go sonrach díolúine ón gcoinníoll sin i gceist leis an bhforbraíocht. Tá cuid mhór cineálacha forbartha a bheadh díolmhaithe a dtarlaíonn an stádas díolmhaithe a chailleadh ina leith sa chás go socraítear go bhfuil *Measúnacht Chuí* nó *Measúnacht Tionchair Timpeallachta* de dhíth – tagann sin i gceist laistigh agus lasmuigh de láithreáin ainmnithe Eorpacha. Tá oibreacha áirithe ag séadchomharthaí seandálaíochta a bhféadfadh cead pleanála de dhíth ina gcás chomh maith le coinníollacha faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004. Ní móide go mbeadh feidhm le gnáthdhíolúine maidir le cead pleanála a fháil i ndáil le déanmhas cosanta nó foirgneamh i limistéar caomhantais ailtireachta.

Ní mór na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) a chomhlíonadh i ndáil leis na teorainneacha éigeantacha ar gá Measúnacht Tionchair Timpeallacht nuair a sháraítear iad i gcás thograí forbartha de chineálacha agus de scálaí éagsúla.

Ní mór Cead Pleanála nó díolmhú dearbhaithe ó Chead Pleanála a fháil maidir le tionscadal beartaithe LEADER lena mbaineann forbraíocht de réir an bhfuil de bhrí leis sin faoi alt 3 san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Sa chás go n-áitítear díolúine ó Chead Pleanála i ndáil leis an bhforbraíocht, ní mór *Dearbhú faoi Alt 5 (Fógra Díolmhaithe) an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000* a fháil ón údarás pleanála lena mbaineann. Ní leor tuairim i scríbhinn ó innealtóir príobháideach. Is féidir áfach, de rogha air sin, tuairim fhoirmeálta i scríbhinn, arna shíniú ag ball cuí pearsanra i rannóg pleanála an Údaráis Áitiúil a úsáid chun a dheimhniú nach gá cead pleanála ná toiliú ar bith eile maidir leis an tionscadal. Tugtar san áireamh leis sin aon obair thógála, obair scartála, aon athrú ar thalamh nó ar fhoirgneamh, agus athrú ábhartha (i.e. suntasach) a thabhairt ar úsáid tailte nó foirgnimh.

Ba cheart don GÁG comhairle a iarraidh ar na húdaráis pleanála faoi choinníollacha eile maidir le toiliú mar chuid den phróiseas a bhaineann le *Dearbhú faoi Alt 5*. Is faoin GÁG agus faoi sheoltóir an tionscadail, áfach, a chinntiú go mbíonn gach toiliú is gá faighte sula dtairgtear conradh do sheoltóir an tionscadail. Sa chás go bhfaightear nach bhfuil tionscadal de réir na gcoinníollacha, measfar nach inghlactha an tionscadal sin maidir le cistíocht LEADER.

Ní mór do sheoltóir an tionscadail freisin gach toiliú is gá leis an bhforbraíocht a bheith faighte acu. Ní mór toiliú den chineál sin a choinneáil i dtaisce cáipéisí chóras TF LEADER, chomh maith le liosta na gceadanna ar fad a lorgaíodh maidir leis an tionscadal. Mar shampla, bíonn gá le toiliú ó Sheirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le bearta áirithe (forbraíocht dhíolmhaithe de chineálacha áirithe san áireamh) i Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCS) nó Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LCS) (i.e. láithreán Natura 2000/láithreán Eorpach), más bearta iad atá ar liosta ar gá toiliú ina leith sa LCS atá i gceist. Leagtar amach sonraí níos mine ina leith seo sna Treoirlínte maidir le Tionscadail Oidhreachta faoi LEADER 2023-2027.

## 6.7 Ilroinnt ar Thionscadal / Cúinsí Saorga a Chruthú

Tá cosc ar ilroinnt shaorga a dhéanamh ar thionscadail ionas go seachnaítear aon cheann de na huasteorainneacha forordaithe a shárú. Ní mór tionscadal a bheith neamhspleách agus inoibre as a stuaim féin sula féidir a mheas go bhfuil sé inghlactha mar 'chéim' i dtionscadal eile. Mar shampla, caithfidh an GÁG a chinntiú nach ndéantar ilroinnt ar thionscadail ionas go seachnaítear uasteorainneacha soláthair nó eile a d'fhéadfadh a theacht i gceist.

Anuas ar an méid sin, ní mór tionscadail a bheith ag teacht le ***Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint. Ní mór don GÁG aird faoi leith a thabhairt ar Airteagal 4.3 ina luaitear:***

> Acts which are established to have as their purpose the obtaining of an advantage contrary to the objectives of the Community law applicable in the case by artificially creating the conditions required for obtaining that advantage shall result, as the case shall be, either in failure to obtain the advantage or in its withdrawal. [Níl leagan Gaeilge den Rialachán seo ar fáil]

### 6.7.1 Cúinsí Saorga

Níor cheart cúinsí saorga a chruthú i ndáil le measúnacht a dhéanamh ar thionscadal ionas go bhfaightear cúnamh LEADER (Airteagal 62 i Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116), i.e. níor cheart gur de thoradh ar thionscadal a d'fhéadfadh a bheith níos mó a roinnt go saorga ina chodanna ionas go seachnaítear uasteorainneacha soláthair nó eile a d'fhéadfadh a theacht i gceist a cuireadh an tionscadal LEADER le chéile, ná níor cheart go mbeadh cúinsí cruthaithe go saorga ag seoltóir an tionscadail ionas go mbeifí inghlactha maidir le Cabhair Deontais LEADER nó le Cabhair Deontais LEADER ar ráta níos airde.

## 6.8 An GÁG i gcáil Sheoltóir an Tionscadail nó Tionscadail 'Inmheánacha'

Is féidir le GÁG agus/nó Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta a bheith ina thairbhí agus tionscadail faoin SFÁ a chur i bhfeidhm. Tionscadal 'inmheánach' a thugtar ar a leithéid sin de thionscadal agus tagann siad i gceist nuair is GÁG nó Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta a thugann tionscadal LEADER i gcrích. Ní mór don GÁG cloí mar is iondúil leis na nósanna imeachta ar fad nuair a bhíonn próiseáil á dhéanamh ar iarratas maidir le tionscadal inmheánach, i.e. an próiseas a leanúint go hiomlán a bhaineann le Léiriú Spéise, iarratas ar dheontas, breithmheas, measúnacht ag an gCoiste Measúnachta, aontú an GÁG, cistí a chur i leith an tionscadail, iarratas ar íocaíocht, scrúdú ar an tionscadal críochnaithe agus íocaíocht i ndáil le héileamh deimhnithe, tuairiscithe agus dearbhaithe. Ní féidir aon tairbhe, go díreach ná go hindíreach, a bheith ag an GÁG /Páirtnéir Forfheidhmiúcháin as 'tionscadal inmheánach' a chur i gcrích. Ní féidir obair thógála ná athchóiriúcháin a bheith i gceist le 'tionscadal inmheánach' den sórt seo.

Ní mór don GÁG an próiseas céanna measúnachta a chur i bhfeidhm i ndáil le tionscadal inmheánach agus a chuirtear i ndáil le tionscadail eile. Ní mór don GÁG freisin a chinntiú go bhfuil socruithe dochta i bhfeidhm chun bainistíocht a dhéanamh maidir le coinbhleacht leasa, go ndéantar de réir an ghnáis oibre chuí i gcónaí agus nach dtarlaíonn an choinbhleacht leasa dáiríre. Dá réir sin, ní mór don GÁG an dealú cuí maidir le dualgais a chinntiú idir:

- baill foirne atá páirteach sna gnéithe maidir le hiarratas ar thionscadal agus le tionscadal a thabhairt i bhfeidhm; agus
- na baill foirne atá páirteach sa mheasúnacht ar an tionscadal agus sna próisis riaracháin.

Ar an gcuma chéanna, ní féidir leis an bPáirtnéir Forfheidhmiúcháin ról a bheith aige sa mheastóireacht fhoirmeálta ar thionscadail sula gcuirtear faoi bhráid an GÁG iad, i.e. ba cheart do bhaill foirne nó do chomhaltaí boird ag Páirtnéir Forfheidhmiúcháin atá ina gcomhaltaí de chuid an Choiste Measúnachta an cruinniú a fhágáil nuair a bhíonn tionscadal inmheánach leis an bPáirtnéir Forfheidhmiúcháin á mheas. Sa chás nach bhfuil ar an gCoiste Measúnachta ag GÁG faoi leith ach daoine is comhaltaí boird freisin ag an bPáirtnéir Forfheidhmiúcháin agus go dtarlaíonn tionscadal inmheánach leis an bPáirtnéir Forfheidhmiúcháin le meas, ní mór don GÁG an dara Coiste Measúnachta a chur ar bun nach dtarlaíonn aon choinbhleacht leasa ag comhalta dá chuid i leith an tionscadail chun é a mheas, nó, de mhalairt air sin, is féidir a iarraidh ar Choiste Measúnachta le GÁG eile an tionscadal a mheas agus moltaí a chur chuig GÁG an Choiste sin.

### 6.8.1 Luach an Airgid agus tionscadail inmheánacha

Ní mór don GÁG a bheith aireach faoin ngá atá le luach an airgid a chinntiú i gcónaí. Chun na críche sin, ní mór don GÁG seiceáil a dhéanamh maidir le gach iarratas maidir le tionscadal inmheánach d'fhonn a dheimhniú nach ann do chur chuige níos éifeachtúla ó thaobh costais e.g. an bhfuil soláthraithe eile ar fáil a chuirfeadh an tionscadal i gcrích ar bhealach is éifeachtúla ó thaobh costais.

## 6.9 Iarratas maidir le Tionscadal a Aontú nó a Dhiúltú

Is iad comhaltaí cinnteoireachta an GÁG amháin a fhéadann aontú le hiarratas ar chistíocht nó diúltú d'iarratas agus is ceart na cúiseanna le cinneadh a lua go soiléir i miontuairiscí an GÁG. Ní mór don GÁG fógra i scríbhinn a chur chuig gach iarratasóir maidir leis an gcinneadh faoi thionscadal. Ba cheart go luaifí sa bhfógra sin freisin ceart an iarratasóra a iarraidh go ndéanfadh an GÁG athbhreithniú ar an gcinneadh. Ní mór don GÁG tuairisc ar gach iarratas a choinneáil ar chóras TF LEADER agus ar an gcinneadh é a dhiúltú nó a cheadú.

### 6.10 Aontú Sealadach

Is féidir le GÁG, i gcásanna áirithe, aontú sealadach a thabhairt le tionscadal maidir le cúrsaí soláthair agus le cead pleanála iomlán a fháil. Bíonn aontú den sórt sin faoi réir ag na próisis faoi leith a thabhairt chun críche ar ina leith a thugann an GÁG Aontú Sealadach maidir le cúrsaí soláthair agus/nó le cead pleanála iomlán a fháil. Sa chás go dtugann GÁG Aontú Sealadach maidir le cúrsaí soláthair agus/nó le cead pleanála iomlán a fháil, ní mór na próisis atá i gceist a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse 6 mhí ó thugann an GÁG aontú sealadach. D'fhéadfadh gur tar éis an tréimhse 6 mhí sin a tharlódh aontú iomlán an GÁG leis an tionscadal.

Ní cheadaítear aontú sealadach an GÁG maidir le cúrsaí soláthair agus/nó le cead pleanála i ndáil le tionscadal d'aicme acu seo a leanas:

- Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin maidir le Tionscadal i gComhar;
- Tionscadal Iomlán i gComhar;

Níl costais tionscadail a dtarlaíonn a gcaitheamh sula bhfaightear aontú iomlán an GÁG inghlactha maidir le cistíocht LEADER. Tiocfaidh iarratas maidir le tionscadal a aontaítear go sealadach faoi réir ag an dara seiceáil Riaracháin sular féidir conradh a eisiúint.

#### 6.10.1 Aontú Sealadach go dtí go dtugtar obair soláthair chun críche

Is féidir le GÁG aontú sealadach a cheadú i ndáil le tionscadal a mbaineann oibreacha leis agus sin bunaithe ar líníocht shonraíochta agus ar chostais measta arna gcur ar fáil ag Suirbhéir Cainníochta /saineolaí cáilithe; bíonn aontú den sórt sin faoi réir ag próiseas soláthair an tionscadail a thabhairt chun críche ina dhiaidh sin.

Is iondúil gur innealtóir ag a bhfuil cáilíocht maidir leis an réimse a bhfuil costáil á dhéanamh ina leith an saineolaí cáilithe. Ní mór an té sin a bheith inniúil ar an meastachán atá de dhíth a chur ar fáil.

Ní mór do Choiste Measúnachta an GÁG réasúntacht an chostais mheasta a mheas mar is cuí agus tuairisc a choinneáil ina leith sin, e.g. comparáid le tionscadail den chineál céanna a ndearnadh maoiniú orthu roimhe sin sa limistéar céanna agus/nó taighde ar líne. Is faoi gach GÁG faoi leith a shocrú an mbeadh aontú sealadach le ceadú i limistéar an GÁG agus cé na tionscadail/gairmeacha tograí a mbeadh sé i bhfeidhm ina leith.

Ní mór cloí leis na coinníollacha seo a leanas:

a) Bíonn aontú sealadach faoi réir ag clásal éagtha 6 mhí nuair a cheadaítear Aontú Sealadach i.e. sa chás nach dtugtar an próiseas tairisceana chun críche laistigh den tréimhse 6 mhí a bhaineann leis an aontú sealadach; ní mór do sheoltóir an tionscadail an t-iarratas ar chistíocht a chur faoi bhráid in athuair. Ní mór an próiseas soláthair arna thabhairt chun críche a bheith isteach leis an iarratas nua. Ní féidir síneadh a chur leis an gclásal éagtha 6 mhí.

b) Sa chás gur praghas níos airde ná an chéad mheastachán an toradh a bhíonn ar an bpróiseas tairisceana, beidh seoltóir an tionscadail freagrach as an gcostas sa bhreis ar 110% den chéad mheastachán a thabhairt isteach.

c) Ní mór don GÁG fianaise a fháil ar acmhainneacht airgeadais sheoltóir an tionscadail na costais breise a shonraítear i rith phróiseas an tsoláthair a thabhairt isteach.

d) Sa chás gur praghas níos ísle ná an chéad mheastachán an toradh a bhíonn ar an bpróiseas tairisceana, déanfar an cabhair deontais a cheadaítear a ríomh bunaithe ar phraghas na tairisceana. Ní féidir an luach na difríochta idir praghas na tairisceana agus an chéad mheastachán a leithroinnt in athuair i ndáil le gnéithe nua den tionscadal.

e) Tar éis an próiseas soláthair a thabhairt chun críche, ní mór na tionscadail a chur faoi bhráid chomhaltaí cinnteoireachta an GÁG arís maidir leis an gceadú críochnúil.

f) Ní féidir litir fhoirmeálta maidir le deontas a thairiscint, ná conradh, a eisiúint go mbíonn próiseas an tsoláthair tugtha chun críche agus cinneadh críochnúil déanta ag an GÁG an tionscadal a cheadú agus an dara Seiceáil Riaracháin curtha i gcrích.

| Samplaí de chásanna éagsúlachta maidir le meastachán costais | | |
|---|---|---|
| | **Níos mó ná an meastachán** | **Níos lú ná an meastachán** |
| Costas Measta | €100,000 | €100,000 |
| Aontú Sealadach @ 75% | €75,000 | €75,000 |
| Costas an Tairisceana | €120,000 | €80,000 |
| Costas arna choigeartú | €110,000 (Meastachán x 110%) | €60,000 (75% de €80,000) |
| Uasmhéid Ceadaithe ar Deireadh | €82,500 (75% de €110,000) | €60,000 |

### 6.10.2 Aontú Sealadach go dtí go dtugtar cead pleanála iomlán

Is féidir le GÁG aontú sealadach a cheadú i ndáil le tionscadal sula dtarlaíonn cead pleanála iomlán a thabhairt. Tar éis an cead pleanála a fháil a tharlódh aontú iomlán le tionscadal ina leithéid de chás. Is é is dócha go dtarlóidh i gcás mórchuid, murar iomlán, na dtionscadal a dtugtar aontú sealadach ina leith sula mbíonn cead pleanála iomlán ar fáil go mbeidh aontú sealadach á thabhairt ina leith freisin go dtí go dtugtar an próiseas soláthair chun críche. Is ceart na coinníollacha a luaitear in Alt 6.10.1 a chur i bhfeidhm i gcás den sórt sin chomh maith.

Is faoi gach GÁG faoi leith a shocrú an mbeadh aontú sealadach go dtí go dtugtar an cead iomlán pleanála le ceadú i limistéar an GÁG agus cé na tionscadail/gairmeacha tograí a mbeadh sé i bhfeidhm ina leith.

Ní mór cloí leis na coinníollacha seo a leanas:

a) Bíonn aontú sealadach go dtí go dtugtar an cead iomlán pleanála faoi réir ag clásal éagtha 6 mhí i.e. sa chás nach dtugtar cead pleanála iomlán laistigh den tréimhse 6 mhí a bhaineann leis an aontú sealadach; ní mór do sheoltóir an tionscadail an t-iarratas ar chistíocht a chur faoi bhráid in athuair. Ní mór fianaise gur tugadh an cead pleanála iomlán a bhí de dhíth a bheith isteach leis an iarratas nuair a chuirtear isteach in athuair é. Ní féidir síneadh a chur leis an gclásal éagtha 6 mhí.

b) Tar éis an cead pleanála iomlán a fháil, ní mór an tionscadal a chur faoi bhráid chomhaltaí cinnteoireachta an GÁG arís maidir leis an gceadú críochnúil;

c) Ní féidir litir fhoirmeálta maidir le deontas a thairiscint, ná conradh, a eisiúint go mbíonn an cead pleanála iomlán faighte agus cinneadh críochnúil déanta ag an GÁG an tionscadal a cheadú agus an dara Seiceáil Riaracháin curtha i gcrích.

# 7 Tionscadail Comhair faoi LEADER

Ní mór do na grúpaí GÁG agus do sheoltóirí na dtionscadal déanamh de réir na dTreoirlínte maidir le Tionscadail Comhair LEADER 2023-2027.

## 7.1 Comhar

Is féidir cistí a úsáid chun tionscadail i gcomhar a mhaoiniú lena mbaineann páirtnéirí i limistéir GÁG eile, i mBallstáit eile de chuid an AE, stáit is iarrthóirí maidir le bheith ina mBallstáit den AE agus stáit de chuid an LEE sa chás go dtugtar sin san áireamh sa Straitéis Áitiúil Forbartha atá aontaithe ag an GÁG. D'fhéadfadh go mbeadh tionscadail seachas mar a thagann faoi scáth an méid sin thuas inghlactha maidir le cistíocht freisin ach cead a fháil roimh ré chuige sin ón Roinn. Ní mór do gach GÁG agus do na Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin go léir a bheith ar an eolas faoi na coinníollacha RGCS, na coinníollacha san áireamh a bhaineann le cásanna ina mbíonn páirtnéirí taobh amuigh de Bhallstáit an AE, de stáit is iarrthóirí maidir le ballraíocht san AE agus de stáit is cuid den LEE. Féach Alt 15.9.1 maidir le coinníollacha GDPR i ndáil le haistriú sonraí is sonraí pearsanta chuig 'tríú tír'. D'fhéadfadh tionscadail comhair idir grúpaí GÁG LEADER agus Grúpaí nach dtagann faoi LEADER a bheith inghlactha maidir le cistíocht freisin sa chás gur tionscadal atá faoi stiúir GÁG agus á chomhordú ag GÁG an tionscadal beartaithe.

Ní mór fiúntas breise dáiríre leis an tionscadal i gcomhar do na limistéir lena mbaineann a chur in iúl go soiléir. Is minic gurb iad na cúiseanna is tréine a bheadh le tionscadal i gcomhar:

- an gá mais chriticiúil a chruthú de réir mar is gá ionas go mba inmharthana an tionscadal i gcomhar agus go spreagfaí bearta comhlántacha; agus
- eolas agus scileanna a aistriú ar fud na ndlínsí a bhaineann le hábhar.

Bíonn d'aidhm leis an gcomhar idirlimistéir go gcruthófaí an mhais chriticiúil is gá ionas gur inmharthana an tionscadal i gcomhar agus go spreagfaí bearta a thagann le chéile i ngrúpaí GÁG atá ag síneadh lena chéile. Tá na rátaí maidir le cabhair deontais agus na huasleibhéil cistíochta do thionscadail iomlána i gcomhar ar aon dul lena bhfuil i bhfeidhm maidir le gach tionscadal LEADER (Alt 10.2).

## 7.2 Tionscadail Comhair Idirchríocha agus Trasnáisiúnta a Roghnú

Is féidir le GÁG an modh comhair a shonrú sa SFÁ ag tús an chláir chomh maith le cur síos imlíneach ar thograí maidir le tionscadal i gcomhar. Ní foláir don GÁG an próiseas céanna a chur i bhfeidhm maidir le tionscadal a roghnú agus a cheadú agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le tionscadail eile, i.e. tionscadal á mheas ag Coiste Measúnachta agus an cinneadh deiridh á dhéanamh ag comhaltaí cinnteoireachta an GÁG; ní foláir, ina dhiaidh sin agus uile, béim a leagan le meastóireacht an Choiste Measúnachta agus chomhaltaí cinnteoireachta an GÁG ar an luach breise a ghabhfadh leis an

tionscadal beartaithe i gcomhar, i.e. an féidir leis an GÁG an tionscadal a mhaoiniú as a stuaim féin, e.g. ní mór an luach breise a léiriú go sonrach agus tuairisc a thabhairt air.

# 8 Coinníollacha maidir le Tionscadail Oidhreachta

Tugtar de shainmhíniú ar thionscadal oidhreachta gur tionscadal é a thiocfaidh i bhfeidhm, nó a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm, ar dhéanmhas, áit nó láthair atá tábhachtach ó thaobh na hoidhreachta, na cineálacha a luaitear ar liosta 1-5 thíos san áireamh.

Ba cheart do sheoltóirí tionscadail a dhéanamh amach, trí na hacmhainní ar líne a úsáid a chuireann na húdaráis thíos ar fáil agus ar bhealaí eile, an bhféadfadh an tionscadal beartaithe cur isteach ar chúrsaí oidhreachta. Is ceart do sheoltóirí tionscadail eolas faoin tionscadal a chur faoi bhráid, i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach ar na láithreáin gréasáin a bhaineann le hábhar, ionas gur féidir leis na húdaráis chuí a chur in iúl an mbeidh toiliú/ceadúnas de dhíth. Cuirfidh an t-údarás lena mbaineann in iúl leibhéal na faisnéise a theastaíonn.

*1. Séadchomhartha nó áit dá bhfuil cosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004.*

*Úsáidtear an deis seiceála mapaí ar www.archaeology.ie (Bunachar Sonraí an tSuirbhé Seandálaíochta). Má tá baint ag tionscadal le láithreán oidhreachta, ní mór do sheoltóir an tionscadail Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a chur ar an eolas ionas go gcuireann an tseirbhís sin in iúl má tá coinníollacha maidir le cúrsaí seandálaíochta le sásamh agus má tá Toiliú an Aire leis an tionscadal de dhíth.*

*2. Déanmhas cosanta, nó déanmhas cosanta beartaithe de réir mar a mhínítear sin sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.*

*Seiceáiltear plean forbartha an údaráis áitiúil, go háirithe taifead na ndéanmhas cosanta. Má bhaineann an tionscadal le déanmhas cosanta nó déanmhas cosanta beartaithe, is féidir leis an Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, nó oifigeach ábhartha eile de chuid an údaráis áitiúil, comhairle a chur faoi na coinníollacha a bhaineann le cead pleanála.*

*3. Limistéar caomhantais ailtireachta de réir mar a mhínítear sin sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.*

*Seiceáiltear plean forbartha an údaráis áitiúil. Má bhaineann an tionscadal le limistéar caomhantais ailtireachta, is féidir leis an Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, nó oifigeach ábhartha eile de chuid an údaráis áitiúil, comhairle a chur faoi na coinníollacha a bhaineann le cead pleanála.*

*4. Beartaíocht de chineálacha áirithe i láithreán caomhantais dúlra atá faoi chosaint.*

*Úsáidtear an deis seiceála mapaí ar www.npws.ie/maps-and-data go bhfeictear ar an gcéad dul síos an bhfuil an tionscadal lonnaithe i Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS), i Limistéar Cosanta Speisialta (LCS) nó i Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (LON). Tá eolas faoi na cineálacha beartaíochta a dteastaíonn Toiliú an Aire leo maidir leis na réimsí sin ar fáil ar www.npws.ie. Is féidir labhairt le hoifig áitiúil Sheirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus*

*Oidhreachta chun Toiliú an Aire a iarraidh ach glaoch ar an uimhir teil. 01 888 2000 nó is féidir* www.npws.ie/contact-us a úsáid.

*5. Cur isteach ar speicis chosanta flóra agus fiadhúlra agus a gcuid gnáthóg príomhthábhachta. Cuireann Brainse Ceadúnais Sheirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta comhairle ar fáil maidir le ceadúnas a bheadh de dhíth i ndáil le tionscadal, e.g. dá bhféadfadh cur isteach ar speiceas cosanta flóra nó fiadhúlra tarlú. Seiceáiltear* www.npws.ie/licences *maidir le sonraí níos mine faoi na cineálacha ceadúnais a d'fhéadfadh a bheith de dhíth maidir le tionscadail den sórt seo.*

Éilítear ar an GÁG agus ar sheoltóirí tionscadail déanamh de réir na dTreoirlínte maidir le Tionscadail Oidhreachta faoi LEADER 2023-2027 i ngach cás acu sin thuas. Anuas ar an méid sin:

- Is beart éigeantach saineolaí(aithe), de réir mar a oireann don tionscadal (e.g. seandálaí, ailtire, éiceolaí), a ainmniú a dheimhneoidh, tráth an iarratais, go bhfuarthas gach cead is gá don tionscadal faoin reachtaíocht agus go bhfuiltear ar an eolas faoi na Treoirlínte maidir le Tionscadail Oidhreachta faoi LEADER 2023-2027;
- Is beart éigeantach saineolaí(aithe), de réir mar a oireann don tionscadal (e.g. seandálaí, ailtire, éiceolaí), a ainmniú a dheimhneoidh, roimh gach éileamh ar íocaíocht, go bhfuil an tionscadal á thabhairt i gcrích i gcomhréir leis na coinníollacha uile maidir le hainmniúchán oidhreachta faoin reachtaíocht a bhaineann le hábhar. Sa chás go mbaineann céimeanna éagsúla le cur i gcrích an tionscadail, is féidir leis an saineolaí freisin a dheimhniú i scríbhinn ón tús na céimeanna a mbeidh ceangailte airsean/uirthise deimhniú a thabhairt ina leith. Ní mór i ngach cás don saineolaí ainmnithe deimhniú a thabhairt maidir leis an éileamh deiridh;
- Is beart éigeantach seandálaí atá oilte go cuí a fhostú i ndáil le haon tionscadal lena mbaineann oibreacha ag séadchomhartha seandálaíochta atá cosanta faoi fhorálacha Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, i ndáil le séadchomhartha den sórt sin nó cóngarach dó; agus
- Is ceart freisin an liosta seiceála atá isteach leis na Treoirlínte maidir le Tionscadail Oidhreachta faoi LEADER 2023-2027 a líonadh isteach agus a uaslódáil, aille le cóipeanna de na cáipéisí a éilítear, i dtaisce cáipéisíochta Chóras TE LEADER.

Tugtar sonraí comhfhreagrais sna Treoirlínte maidir le Tionscadail Oidhreachta faoi LEADER 2023-2027 maidir le comhairle a fháil nó ceadanna a fháil a bhaineann le tionscadail oidhreachta, *tá siad ar fáil ón Roinn ach a n-iarraidh.*

Níl an uasteorainn 12% maidir le táillí lucht gairme i bhfeidhm i ndáil le tionscadail oidhreachta i bhfianaise leibhéal níos airde maoirseachta ag daoine dea-cháilithe de dhíth maidir leis na tionscadail sin. Moltar do ghrúpaí GÁG agus do sheoltóirí tionscadail leas a bhaint as cistíocht maidir le hanailís agus forbairt d'fhonn tograí den sórt sin a thabhairt chun cinn.

Ní mór do sheoltóirí tionscadail aird mar is ceart a bheith acu ar chúrsaí timpeallachta ar chistíocht LEADER a fháil dóibh. Ní mór do sheoltóir an tionscadail a chinntiú go bhfuil gach dualgas reachtúil á shásamh agus go bhfuarthas gach cead is gá. Ní mór do sheoltóir an tionscadail na gnáthchoinníollacha agus na coinníollacha speisialta ar fad a chomhlíonadh a ghabhann leis an litir fhoirmeálta tairisceana arna heisiúint ag an GÁG.

# 9 Cistíocht LEADER a Ghealladh

## 9.1 Tairiscint deontais

Ní tharlaíonn cistí LEADER a ghealladh go bailí do iarratasóir tionscadail go dtí go mbíonn:

- cinneadh déanta ag an GÁG; agus
- litir tairisceana nó conradh eisithe leis an iarratasóir ina luaitear go soiléir an bheartaíocht a bhfuil cistíocht á chur ar fáil ina leith agus na nithe ar aontaíodh cistíocht a chur ar fáil ina leith; agus
- glactha i scríbhinn leis an tairiscint nó conradh glactha ag an iarratasóir agus sin seolta ar ais ag an iarratasóir laistigh den tréimhse a d'ordaigh an GÁG sa litir tairisceana – 15 lá oibre ó dháta na tairisceana an tréimhse a mholtar.

Sa chás nach féidir glacadh le tairiscint faoin dáta a ordaíodh, is féidir leis an GÁG leasú ar an dáta a dhéanamh i scríbhinn. Ní féidir le GÁG cistíocht a thairiscint ach amháin i ndáil le costas sonraithe infheistíochta ar iarr an tairbhí cabhair deontais ina leith. Ní mór a lua go sainráite sa litir tairisceana na nithe go sonrach is gá a thabhairt chun críche sa chaoi is gur féidir na cistí deontais a bhronnadh. Ní mór don GÁG mioneolas a thabhairt freisin sa litir tairisceana faoin ráta cabhrach agus faoi uasmhéid an deontais. Ní mór an téama agus an fothéama a lua sa litir tairisceana.

Is féidir le GÁG tairiscint ar chistíocht a eisiúint faoi réir ag comhaontú léasa a shíniú; ní mór, ina leithéid de chás, sonraí uile an léasa, an costas agus an téarma ama san áireamh, a bheith curtha ar fáil roimh ré agus ceadaithe ag comhaltaí cinnteoireachta an GÁG mar chuid den iarratas maidir leis an tionscadal. Ní mór don GÁG a chinntiú go bhfuil an comhaontú léasa sínithe agus ar bun sula gcuirtear isteach an chéad éileamh ar íocaíocht agus seoltóir an tionscadail a chur ar an eolas faoin gcoinníoll seo freisin, coinníoll nach foláir a lua sa litir tairisceana agus sa chonradh.

Ní mór don GÁG fógra a thabhairt do na hiarratasóirí go léir sa litir tairisceana go mbeidh orthu iomlán nó páirt de shuim na cistíochta[9] a aisíoc mura leanann an infheistíocht ar aghaidh go ceann cúig bliana ar a laghad ó dháta na híocaíochta is deireanaí maidir le cabhair deontais LEADER e.g. sa chás go ndúnann áis nó fiontar ar cuireadh cistíocht ar fáil lena aghaidh laistigh den tréimhse cúig bhliana nó sa chás go ndíoltar sócmhainn ar cuireadh cistíocht ar fáil lena aghaidh nó nach n-úsáidtear í chun na críche ar cuireadh cistíocht ar fáil lena haghaidh (Alt 15.7).

## 9.2 Tosach an tionscadail

Níl obair tionscadail a dhéantar nó a thosaítear, ná ceannach earraí nó seirbhísí a dtugann seoltóir an tionscadail faoi nó a dtugann an GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin / Páirtnéir Spreagúlachta (i gcáil sheoltóir) an tionscadail faoi roimh an dáta a dtagann an conradh atá sínithe ag seoltóir an

[9] Airteagal 30 i Rialachán (AE) 2022/128

tionscadail chuig an GÁG, inghlactha maidir le cistíocht LEADER. Ní mór don GÁG a chur in iúl do sheoltóir an tionscadail, an tráth a mbítear ag admháil go bhfuarthas an t-iarratas, go bhfuil cosc ar an GÁG tionscadail a cheadú go hiarghabhálach agus nach mbeidh aon obair a thosaítear roimh dháta an chonartha inghlactha maidir le cistíocht.

Ní mór don GÁG a dheimhniú nach bhfuil tús curtha ag seoltóir an tionscadail leis an obair roimh an dáta a nglactar leis an tairiscint deontais. Chun na críche sin, ní mór don GÁG dearbhú a fháil ó sheoltóir an tionscadail nach bhfuil tús curtha leis an mbeartaíocht agus ní mór tuairisc a choinneáil ar na céimeanna oibre a dhéantar d'fhonn sin a dheimhniú e.g. cuairt ar an suíomh i ndáil le hobair tógála.

I ndáil leis an ngá cuairt a thabhairt ar an suíomh sula n-eisítear conarthaí/litreacha tairisceana, údaraíonn an Roinn glacadh le grianghraif a bhfuil dáta digiteach leo agus iad á gcur ar fáil ag seoltóir an tionscadail mar fhianaise nach bhfuil tús curtha leis an tionscadal. Ní mór dearbhú sheoltóir an tionscadail nach bhfuil tús curtha leis an mbeartaíocht a bheith ag dul le fianaise grianghrafadóireachta den sórt sin. Ní mór na grianghraif chur suas ina gceann agus ina gceann i dtaisce cáipéisíochta chóras TE LEADER.

Sa chás go gceadaíonn an GÁG gné nó céim den bheartaíocht mar thionscadal ar leith agus nach bhfuil tús curtha leis an ngné sin ná leis an mbeartaíocht sin sula nglactar leis an tairiscint cistíochta, d'fhéadfadh caiteachas i ndáil leis an mbeartaíocht sin a bheith inghlactha ainneoin tús curtha le gnéithe nó bearta eile a bhaineann leis an tionscadal.

### 9.3 Críochnú an tionscadail

Sa chás nach dtugtar tionscadal chun críche faoi mar a d'aontaigh comhaltaí cinnteoireachta an GÁG, caithfidh an GÁG aon íocaíocht a íocadh le seoltóir an tionscadail a aisghabháil agus a aisíoc leis an Roinn. Ní mór coinníoll ina leith seo a lua sa litir tairisceana agus sa chonradh.

### 9.4 Leithdháileadh Cistíochta a Leasú

Ní féidir le GÁG ardú cistíochta a bhronnadh ar sheoltóir tionscadail i gcás ar bith, ainneoin go bhféadfadh costais a bheith níos airde ná mar a bhíothas a thuar. Ní mór don GÁG a chur in iúl do sheoltóir an tionscadail sa litir tairisceana nach féidir aon ardú a bhronnadh. Measfar aon ardú cistíochta a bhronnfadh an GÁG doghlactha faoin gclár. Ba cheart go gcuirfeadh measúnacht cheart ar thionscadail ag an GÁG agus ag an gCoiste Measúnachta nach mbeadh aon ghá le cistíocht breise.

Is faoin GÁG a shocrú ar cheart athdháileadh cistíochta maidir le míreanna atá aontaithe cheana féin ag an GÁG nó cúnamh maidir le míreanna 'nua' costais a cheadú de réir rialach i ndáil le tionscadail atá ceadaithe maidir le cistíocht cheana féin.

Is féidir le tionscadal leas a bhaint as an deismireacht "*Athdháileadh cistíochta maidir le míreanna atá aontaithe cheana féin ag an GÁG*" nuair a thiocfadh i gceist nó as an deismireacht "*Athdháileadh cistíochta maidir le míreanna 'nua' costais*", ach ní féidir leas a bhaint as an dá chineál.

#### 9.4.1 Athdháileadh cistíochta maidir le míreanna atá aontaithe cheana féin ag an GÁG

Sa chás go dtugtar tionscadal i gcrích ina iomláine agus sin faoin mbuiséad, is féidir athdháileadh a dhéanamh ar an tsábháil a tharla, suas le huasmhéid 10% den bhuiséad, ar fud ghnéithe éagsúla costais an tionscadail, ar choinníoll go dtugtar i gcrích i gcónaí an tionscadal mar a leagadh amach ó thús agus mar a ceadaíodh i ndáil leis an gcistíocht, i.e. go gcuirtear i gcrích go huile agus go hiomlán gach ní a d'aontaigh an GÁG maidir le cistíocht agus nach lagaítear ar bhealach ar bith an próiseas soláthair ar tugadh faoi. Ní mór do sheoltóir an tionscadail iarratas i scríbhinn a dhéanamh maidir le hathdháileadh cistí suas leis an uasmhéid 10% is féidir a cheadú agus, sa chás go meastar gur cóir sin a dhéanamh, ní mór aontú i scríbhinn leis an athdháileadh ó Oifigeach Údaraithe an GÁG agus tuairisc a choinneáil ina dhiaidh sin i miontuairiscí an GÁG. Ní mór Iarscríbhinn leis an gConradh, ina dtugtar cuntas ar an athrú (na hathruithe), a eisiúint agus glacadh i scríbhinn leis sin a fháil ar ais ó sheoltóir an tionscadail. Ní foláir an iarscríbhinn shínithe sin a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TE LEADER.

Sa sampla seo a leanas, ceadaíodh tionscadal maidir le líon áirithe nithe a cheannach ar chostas aontaithe, mar a léirítear sa tábla:

| Mír | Costas | Líon | Costas Aontaithe |
|---|---:|:---:|---:|
| A | €250 | 8 | €2,000 |
| B | €1,000 | 3 | €3,000 |
| C | €100 | 5 | €500 |
| | | *Iomlán* | €5,500 |
| | | *10% den iomlán* | €550 |

De réir mar a chuaigh an tionscadal ar aghaidh, tháinig ísliú ó €3,000 go €2,100 ar chostas Mír B, agus d'fhan an costas aontaithe maidir le Mír A agus Mír C mar a chéile.

| Mír | Costas | Líon | Costas Aontaithe |
|---|---:|:---:|---:|
| A | €250 | 8 | €2,000 |
| B | €700 | 3 | €2,100 |
| C | €100 | 5 | €500 |
| | | *Iomlán* | €4,600 |
| | | *10% den chostas aontaithe tosaigh le hathdháileadh* | €550 |

Is féidir le seoltóir an tionscadail iarratas a dhéanamh leis an GÁG ag iarraidh athdháileadh a dhéanamh ar €550 den tsábháil (10% den chostas aontaithe), nó sciar den méid sin, chun níos mó de Mhír A nó de Mhír C, nó meascán den phéire, a cheannach.

| Mír | Costas | Líon | Costas Aontaithe |
|---|---|---|---|
| A | €250 | 9 (8 + 1 @ €250) | €2,250 |
| B | €700 | 3 | €2,100 |
| C | €100 | 8 (5 + 3 @ €100) | €800 |
| | | *Iomlán leasaithe* | €5,150 (€4,600 + €550) |

Ní féidir le seoltóir an tionscadail athdháileadh a thabhairt ar an tsábháil a tharlaíonn chun nithe eile a cheannach nár aontaigh an GÁG maidir le cistíocht.

Ní féidir athdháileadh a dhéanamh ar chistíocht ach amháin i leith míreanna a d'aontaigh comhaltaí cinnteoireachta an GÁG cheana agus sin de réir an chéad tairiscint cistíochta, i.e. ní féidir leis an GÁG ná leis an Oifigeach Údaraithe athdháileadh a dhéanamh ar chistíocht i ndáil le gnéithe nua costais, ach amháin sna cásanna a leagtar amach thíos.

#### 9.4.2 Athdháileadh cistíochta maidir le míreanna 'nua' costais

Is féidir le GÁG athdháileadh a cheadú ar níos lú ná 10% de chostas aontaithe an tionscadail nó €5,000, cibé acu is ísle, maidir le míreanna 'nua' costais, faoi réir ag:

- iarratas i scríbhinn ag iarraidh cead athdháileadh a dhéanamh ar chistíocht ó sheoltóir an tionscadail chuig Oifigeach Údaraithe an GÁG ina léirítear go mbeadh athdháileadh ag teacht leis an tionscadal agus le cuspóirí an tionscadail faoi mar atá ceadaithe ag an GÁG agus dearbhú ag dul leis an iarratas nach gcuirfeadh athdháileadh isteach ar thabhairt i gcrích an tionscadail;
- na míreanna 'nua' costais agus caiteachais a bheith ag teacht le Rialacha Oibriúcháin LEADER 2023 – 2027 (e.g. cúrsaí Soláthair, etc.); agus
- aontú an GÁG leis an athdháileadh cistíochta GÁG, Iarscríbhinn leis an gConradh ina dtugtar cuntas ar an athrú (na hathruithe) a chur chuig seoltóir an tionscadail agus glacadh sheoltóir an tionscadail leis an Iarscríbhinn.

Ní mór cuntas a choinneáil ar an athdháileadh cistíochta i miontuairiscí an GÁG. Ní mór Iarscríbhinn leis an gConradh, ina dtugtar cuntas ar an athrú (na hathruithe), a eisiúint agus glacadh i scríbhinn leis sin a fháil ar ais ó sheoltóir an tionscadail. Ní foláir an iarscríbhinn shínithe sin a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TE LEADER.

### 9.5 Dul i Léig Conarthaí

Ní mór don GÁG dáta críochnaithe a lua i ndáil le gach gealltanas cistíochta (i.e. sa chonradh nó sa tairiscint cistíochta). Ciallaíonn an clásal maidir le dáta críochnaithe nach bhfágfar cistíocht sáinnithe gan chall le tionscadal nach bhfuil ag dul ar aghaidh.  Is faoi chomhaltaí cinnteoireachta an GÁG socrú ar an dáta críochnaithe.

Agus GÁG ag smaoineamh ar an téarma a bheidh le conradh tionscadail, ní mór a thabhairt san áireamh an tréimhse a bheadh réasúnta maidir leis an tionscadal a thabhairt i gcrích.  Is ceart an tréimhse sin a phlé le seoltóir an tionscadail agus is ceart a bheith stuama (níl aon cheangal an tréimhse a bheith níos giorra ná 12 mí ó cheadaíonn an GÁG an chistíocht, is féidir tréimhse níos faide ná sin a lua má mheastar gur gá tar éis don GÁG dul i gcomhairle le seoltóir an tionscadail). Ní mór, dá réir sin, don GÁG a bheith aireach faoin tráthchlár beartaithe maidir leis an éileamh deireanach, go háirithe i gcás tionscadal caipitil lena mbaineann obair thógála nuair a bheadh i gceist an íocaíocht dheireanach le conraitheoirí a choinneáil siar go mbíonn aon locht curtha ina cheart.  Is iondúil go dtarlaíonn i gcás tionscadail den sórt sin an sonrasc deireanach a eisiúint 12 mí nó níos faide ná sin tar éis an phríomhobair thógála a thabhairt chun críche.  Bíonn éagsúlacht idir 3% agus 10% maidir leis an tsuim a choinnítear siar agus sa chás gur mian le seoltóir an tionscadail cabhair deontais a éileamh maidir le suimeanna den sórt sin, ní mor don GÁG an cheist a phlé le seoltóir an tionscadail agus dáta oiriúnach maidir le dul i léig an chonartha a thabhairt san áireamh.

Ní mór do sheoltóir an tionscadail na hoibreacha aontaithe ar fad a thabhairt chun críche roimh dháta críochnaithe (dul i léig) an chonartha chomh maith leis na sonraisc uile ina leith a bheith eisithe agus íoctha.  Is féidir cáipéisíocht an éilimh a chur faoi bhráid tar éis dháta dul i léig an chonartha, agus is féidir an deontas a íoc tráth ar bith ina dhiaidh sin, faoi réir ag Seiceáil Riaracháin agus an seans go roghnódh an Chigireacht an tionscadal maidir le cigireacht a dhéanamh air.  Moltar do na grúpaí GÁG uile monatóireacht a dhéanamh ar dhátaí dul i léig na gconarthaí ar fad agus a chinntiú go mbíonn gach síneadh is gá le téarma conartha i bhfeidhm an tráth a dtarlaíonn caiteachas tionscadail.

Is den bhunriachtanas dá bhrí sin go ndéanann an GÁG monatóireachta agus athbhreithniú go tráthrialta ar an dul chun cinn maidir leis na tionscadail go léir agus go mbíonn caidreamh acu le seoltóirí na dtionscadal de réir mar is cuí.  Níl caiteachas inghlactha a tharlaíonn taobh amuigh de chreat ama an chonartha i.e. a tharlaíonn ó thagann deireadh leis an gconradh go dtí an dáta a gceadaíonn an GÁG síneadh leis an téarma.  Sa chás go bhfuiltear ag teannadh le dáta dul i léig an chonartha, is ceart a iarraidh ar sheoltóir an tionscadail a dheimhniú an mbeidh gá le síneadh ama.

Má tá gá le síneadh a chur leis an gconradh, is ceart do sheoltóir an tionscadail iarratas i scríbhinn ina leith sin a dhéanamh leis an GÁG ina leagtar amach an téarma breise a bheidh de dhíth.  Ba cheart iarratas den sórt sin a chur faoi bhráid in am tráth ionas gur féidir leis an GÁG an t-iarratas ó sheoltóir an tionscadail síneadh a chur le téarma an chonartha a mheas.  Ní mór don GÁG a chinntiú

go ndéantar iarratais ar shíneadh le téarma conartha ó sheoltóirí tionscadail a aontú roimh dháta dul i léig an chonartha.

Is féidir le GÁG síneadh a chur le dáta críochnaithe. Ní mór cloí leis na coinníollacha seo a leanas:

- Ní mór iarratas i scríbhinn a bheith faighte ó sheoltóir an tionscadail;
- Ní mór don GÁG a chur in iúl do sheoltóir an tionscadail i scríbhinn go bhfuil síneadh curtha leis an gconradh agus go bhfuil dáta críochnaithe nua aontaithe agus, mar a chéile le cinntí eile an GÁG, ní mór tuairisc ar an gcinneadh seo a lua i Miontuairiscí an GÁG agus tuairisc ar chúis shoiléir leis an síneadh a chur i dtaisce cáipéisíochta Chóras TE LEADER. Ní mór Iarscríbhinn leis an gconradh ina dtugtar cuntas ar an athrú agus ar an dáta críochnaithe nua a eisiúint le seoltóir an tionscadail agus glacadh i scríbhinn leis an iarscríbhinn sin a theacht ó sheoltóir an tionscadail. Ní mór don GÁG seiceáil a dhéanamh maidir le sócmhainneacht sheoltóir an tionscadail sular féidir síneadh a chur le téarma an chonartha (murarb é an cás go ndearnadh seiceáil ina leith le 12 mí anuas). Sa chás go socraíonn GÁG aontú le síneadh le téarma conartha, ní mór don GÁG sin a aontú roimh dháta dul i léig an chonartha. Níl sonrasc ar bith a bhaineann leis an tionscadal ar a bhfuil dáta a tharla le linn don chonradh a bheith imithe i léig agus/nó a d'íoc seoltóir an tionscadail i rith tréimhse den sórt sin inghlactha maidir le cistíocht LEADER. Ní mór don GÁG dá bhrí sin a chinntiú nach dtarlaíonn bearna idir dáta dul i léig an chonartha ar dtús agus an dáta tosaigh maidir leis an tréimhse nua a chuirtear de shíneadh leis; agus
- Ní mór an iarscríbhinn leis an gconradh, arna síniú, ina dtugtar miontuairisc ar an athrú a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TE LEADER; agus
- Ní mór an dáta leasaithe, ar shíneadh a chur leis an gconradh, a chur isteach ar Chóras TE LEADER an tráth a seoltar an fógra i scríbhinn faoi chinneadh an GÁG chuig seoltóir an tionscadail arna chur in iúl go bhfuil síneadh curtha le téarma an chonartha agus dáta críochnaithe nua aontaithe. Cinntítear ar an gcaoi sin go mbíonn an fhaisnéis is nua agus is cruinne faoin dáta críochnaithe atá aontaithe maidir le tionscadal ar Chóras TE LEADER.

Is ceart a thabhairt chun aire gur féidir le hOifigeach Údaraithe GÁG síneadh suas le sé mhí a chur le dáta críochnaithe ar iarratas i scríbhinn a fháil ó sheoltóir an tionscadail.

Is féidir le comhaltaí cinnteoireachta GÁG aontú le síneadh a chuirtear le dátaí conartha de réir an Nóis Imeachta i Scríbhinn (Alt 5.4.4).

Éilítear ar gach GÁG athbhreithniú a dhéanamh maidir le dátaí dul i léig na gconarthaí reatha ar fad ar Chóras TE LEADER agus caidreamh dá réir a dhéanamh le seoltóir an tionscadail más gá. Cinnteofar ar an dóigh sin go mbíonn an fhaisnéis is nua agus is cruinne ar Chóras TE LEADER.

Sa chás go bhfuil conradh tionscadail imithe i léig nó nach bhfuil an tionscadal á chríochnú, ní mór an tionscadal sin a aistriú go Céim 16 ar Chóras TE LEADER.

Sa chás go bhfuil an nós imeachta i scríbhinn á úsáid ag GÁG maidir le síneadh le téarma conartha, ní mór na coinníollacha ar fad a leagtar amach in Alt 5.4.4 a shásamh.

### 9.6 Tairiscint Cistíochta a Aisghairm

Ní féidir tairiscint cistíochta a dhéantar le seoltóir tionscadail a aisghairm murar de bhun chinneadh arna dhéanamh ag comhaltaí cinnteoireachta GÁG agus arna thuairisciú mar is cuí é. Is i gcomhréir le téarmaí an chonartha le seoltóir an tionscadail, agus ar an mbunús sin amháin, is féidir le GÁG tairiscint an GÁG a aisghairm. Is féidir achomharc a dhéanamh maidir le cinneadh tairiscint a aisghairm de réir an ghnás achomhairc (Roinn 23).

Ní mór don GÁG, sa chás go mbíonn tairiscint cistíochta á aisghairm:

- litir chláraithe a sheoladh chuig seoltóir an tionscadail ina leagtar amach go mion na ceisteanna faoi leith ar gá aird orthu agus ina luaitear go sonrach am agus dáta ar gá freagra a fháil roimhe. Ba cheart an dáta sin a bheith coicís (i.e. 10 lá oibre) ón dáta measta maidir leis an litir a fháil. Luaifear go soiléir sa litir go dtarlóidh an chéad tairiscint cistíochta a aisghairm mura bpléitear leis na ceisteanna a shonraítear;
- mura bhfaightear aon fhreagra, nó mura sásaíonn seoltóir an tionscadail na téarmaí agus coinníollacha uile leis an tairiscint cistíochta, ba cheart an dara litir chláraithe a eisiúint ina gcuirtear in iúl do sheoltóir an tionscadail go bhfuil cinneadh déanta ag an GÁG an chistíocht a aisghairm.

# 10 Suimeanna Cistíochta (Deontais)

## 10.1 Íosteorainn Cistíochta (Deontais)

Ní féidir le GÁG cistíocht is lú ná €1,250 a cheadú maidir le tionscadal. Is féidir le GÁG íosteorainn cistíochta ar leibhéal is airde ná sin a chur i bhfeidhm ach ní féidir an tairseach sin a bheith níos airde ná €5,000 in aon chás ar bith.

## 10.2 Cabhair Deontais do Thionscadal

### 10.2.1 Rátaí Cabhrach - Ginearálta

Is féidir le GÁG cistíocht, suas le uasmhéid 75% de chostas iomlán an tionscadail, a cheadú faoi gach ceann de na téamaí agus de na fothéamaí. Is féidir an leibhéal céatadáin a ardú go dtí 100% maidir le tionscadail de chineál oiliúna. Is uasrátaí cabhrach iad sin agus is féidir le GÁG rátaí is ísle ná iad a cheadú de réir mar a mheastar a bheith oiriúnach. Is ceart don GÁG an ráta cabhrach a thairgtear a mheas bunaithe ar chúinsí gach tionscadal faoi leith.

### 10.2.2 Rátaí Cabhrach - Iarratasóirí Pobail

Is féidir uasrátaí cabhrach níos airde a chur i bhfeidhm maidir le tionscadail atá bunaithe ar an bpobal nuair is iarratasóir pobail seoltóir an tionscadail agus nuair nach bhfuil bunús tráchtáil ar bith leis an tionscadal, mar seo a leanas:

- comhlacht nó iarratasóir pobail faoin bhfothéama maidir le Seirbhísí áisiúla atá dírithe ar dhreamanna dochaidrimh – 90%.
- comhlacht nó iarratasóir pobail i mbun anailíse agus forbartha – 90%.

Beidh na gnáthrialacha maidir le cúrsaí De Minimis i bhfeidhm maidir le cistíocht do thionscadail tráchtála. Chomh maith leis sin, sa chás go bhfaightear cabhair deontais is airde ná 50% d'iomlán costais an tionscadail, rangaítear seoltóir an tionscadail in Aicme 1 nach mór dóibh cloí leis na Treoirlínte Náisiúnta Soláthair.

Ní mór don GÁG a chinntiú mar seo a leanas maidir le hiarratasóir pobail sula dtairgtear ráta cabhrach ard:

- gur grúpa dáiliúcháin neamhbhrabúis atá ann; agus
- go bhfuiltear ar leithligh ó thaobh institiúide ón Stát; agus
- go bhfuiltear ag teacht le chéile, nó gur thángthas le chéile, chun tabhairt faoi chúis nó leas coiteann ar mhaithe leis an bpobal; agus
- go bhfuiltear neamhspleách agus i mbun obair dheonach a dhéanamh; agus
- go bhfuil leas an phobail i gcoitinne á chur chun cinn seachas leas tráchtála na gcomhaltaí; agus

- gur grúpa, nó tionscadal, atá ann nach tairbhithe tánaisteacha eacnamaíochta na comhaltaí ann.

Ní mheastar gur tairbhí tánaisteach eacnamaíochta fear/bean gnó a fheidhmíonn i gcáil phríobháideach in eagras pobail.

Sampla de ghrúpaí nach meastar a bheith ina n-iarratasóir pobail:

- lucht gnó áitiúil a thagann le chéile mar 'chomhlacht pobail' chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun turasóirí a thabhairt isteach i gceantar, áirítear ar shamplaí eile, ach gan a bheith teoranta dóibh, grúpaí turasóireachta, grúpaí gnó, cumainn eallaigh, cumainn chapaillíní (i gcás nach bhfuil grúpa liostaithe, ba cheart don GÁG teagmháil a dhéanamh leis an Roinn chun treoir a fháil uathu).
- Ní mheastar go gcomhlíonann Fiontar Sóisialta na ceanglais le haghaidh Ráta Cúnaimh an Phobail, toisc go mbíonn sé ag gabháil do ghníomhaíochtaí tráchtála, fiú má athinfheistíonn sé a bhrabús sa phobal.

#### 10.2.3 Leibhéal Cabhrach

Is féidir le GÁG cistíocht nach mó ná €200,000 a thairiscint do sheoltóir tionscadail, leibhéal a thagann faoi bhun an tairseach De Minimis, is ionann le €300,000, atá ar bun maidir le Cúnamh Stáit (Roinn 12).

Ceadaítear cistíocht suas le €500,000 a chur ar fáil i ndáil le tionscadal pobail, nach mbaineann beartaíocht eacnamaíochta leis, mar seo a leanas:

(i) Tionscadail trína bhféachtar le háiseanna cultúir agus fóillíochta a fhorbairt, agus le craobhchórais shóisialta agus faisnéise a chothú i bpobal áitiúil, mar shampla:
- Áiseanna taitneamhachta agus fóillíochta;
- Treisiú le bearta cultúir;
- Áiseanna ealaíne;
- Gnéithe ginearálta den bhonneagar pobail agus caitheamh aimsire;
- Bearta nuálaíochta sa phobal áitiúil, mar shampla craobhchórais sóisialta agus faisnéise;

(ii) Tionscadail trína bhféachtar le cur le gnéithe tarraingteacha de bhailte beaga, de shráidbhailte agus den taobh tíre máguaird, mar shampla:
- Forfheabhsú timpeallachta i ndáil le páirceanna, réimsí cathartha, cosáin le bruach abhann, etc.;
- Saoráidí poiblí, mar shampla soilse sráide, nuair is soiléir go mbeadh luach breise le rannpháirtíocht LEADER;

- Obair feabhsúcháin ginearálta ar dhromchla agus athchóiriú ar fhoirgnimh thréigthe, ach amháin foirgnimh thraidisiúnta feirme.

Ní mór don GÁG a chinntiú go mbeidh aon trealamh, bearta nó gnéithe bonneagair a gcuirtear cistíocht ar fáil lena n-aghaidh ar fáil go háisiúil ag gach aoisghrúpa agus grúpa sóisialta i bpobal na háite lena mbaineann. Ní mór don GÁG a chinntiú go mbeidh teacht go poiblí ar na háiseanna a dtugtar cistí ina leith. Ní mór na háiseanna uile a dtugtar cistíocht ina leith a bheith ar fáil ag daoine den phobal gan aon ghá ballraíocht a bheith ag duine i gcumann.

Ní mór lánchead isteach saor ó tháille chuig na háiseanna uile ag an bpobal. Is féidir táille ainmniúil a ghearradh chun an costas a ghlanadh a ghabhann le seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil e.g. maidir le soilse agus teas, ach ní bheidh aon ioncam glan á ghnóthachtáil ón mbeartaíocht sin.

Ní mór don GÁG a léiriú go sásaíonn an tionscadal na coinníollacha seo ar fad.

Tá an t-uasráta cabhrach maidir le tionscadail a fhaigheann deontas i gcabhair dar luach idir €200,000 agus €500,000 cothrom le 75%.

<table>
<tr><th colspan="4">Achoimre maidir leis na hUasrátaí Reatha Cistíochta agus Cabhrach</th></tr>
<tr><th>Cineál an Tionscadail</th><th>Iarratasóir</th><th>Uasráta Cabhrach</th><th>Uasleibhéal Cistíochta</th></tr>
<tr><td>Tionscadal Pobail nach mbaineann Beartaíocht Eacnamaíochta leis</td><td>Pobail</td><td>Suas le huasráta 75%</td><td>€500,000</td></tr>
<tr><td>Tionscadal Pobail lena mbaineann Beartaíocht Eacnamaíochta</td><td>Pobail</td><td>Suas le huasráta 75%</td><td>€200,000</td></tr>
<tr><td rowspan="3">Infheistíocht & cúnamh eile (lena n-áirítear bolscaireacht a dhéantar mar chuid de chur i bhfeidhm an tionscadail)</td><td>Príobháideach</td><td>Suas le huasráta 75%</td><td rowspan="3">€200,000</td></tr>
<tr><td>Pobail</td><td>Suas le huasráta 75%</td></tr>
<tr><td>Tionscadal pobail faoin bhfothéama maidir le seirbhísí áisiúla do dhreamanna dochaidrimh</td><td>Suas le huasráta 90%</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Anailís agus Forbairt</td><td>Príobháideach</td><td>Suas le huasráta 90%</td><td rowspan="2">€30,000</td></tr>
<tr><td>Pobail</td><td>Suas le huasráta 90%</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Oiliúint** | **Príobháideach nó Pobail** | Suas le huasráta 100% | €200,000 |

Ní mór cloí leis na huasleibhéil thuas i ngach cás mura bhforálann an Roinn go sainráite dá mhalairt.

### 10.3 An Ráta Cabhrach agus a ríomh

Mar a chéile le mórchuid na scéimeanna deontais poiblí, is ionann an ráta caighdeánach cabhrach maidir le tionscadal LEADER agus an tsuim a thugtar mar chistíocht LEADER arna lua mar chéatadán de chostas measta an tionscadail. Tá Córas TE LEADER leagtha amach de réir an chur chuige sin agus is mar seo a leanas a dhéantar an "Ráta Cabhrach Dáiríre" maidir le tionscadal LEADER a ríomh ar an gcóras TE:

$$\frac{\text{(Uasmhéid an Deontais i gCabhair arna cheadú ag GÁG) X (100)}}{\text{(Costas measta an tionscadail tráth an iarratais)}}$$

*Sampla maidir le ráta cabhrach a ríomh:*

Costas measta an tionscadail tráth an iarratais: €100,000
Uasmhéid an Deontais i gCabhair arna cheadú ag GÁG: €60,000

$$\frac{\text{€60,000 X 100}}{\text{€100,000}}$$

= 60% An Ráta Cabhrach Dáiríre.

Arna bhunú ar an sampla thuas, ba cheart gur mar seo a leanas a luaifí sa litir tairisceana agus sa chonradh:

> "…cistíocht ar ráta 60% suas le huasmhéid €60,000."

Níor cheart cistíocht ar ráta is airde ná 60% suas le huasmhéid €60,000 a lua sa litir tairisceana ná sa chonradh.

# 11 Maoiniú meaitseála Tionscadail

## 11.1 Foinsí na gCistí Meaitseála

De ghnáth cuidíonn maoiniú LEADER leis an gcostas a bhaineann le tionscadal a chur i gcrích agus ba cheart é a mheaitseáil le hairgead nach dtagann ón gclár chun na costais iomlána a bhaineann leis an tionscadail a chlúdach. D’fhéadfaí teacht ar mhaoiniú meaitseála go príobháideach nó d'fhéadfaí é a fháil ó chistí poiblí eile. I ndáil leis sin:

- *Is éard is maoiniú meaitseála príobháideach* ann ná gach maoiniú nach bhfaightear ó fhoinsí poiblí
- *Is* éard atá i gceist le maoiniú meaitseála poiblí ná maoiniú ó gach foinse phoiblí seachas cistí an Aontais

Caithfidh an GÁG measúnacht a dhéanamh ar na cistí meaitseála agus incháilitheacht agus foinse an mhaoinithe seo a fhíorú nuair a bhíonn an tionscadal á fhaomhadh agus íocaíocht á éileamh. D’fhéadfadh go mbeadh an GÁG freagrach as an gcaiteachais go léir a mheastar a bheith incháilithe mar thoradh ar chistí meaitseála neamh-incháilithe.

## 11.2 Cistí Meaitseála Príobháideacha

Ar na gcistí meaitseála príobháideacha tá:

- Síntiús airgid a thugann an t-iarratasóir don tionscadal– caithfear ar a laghad 5% de chostas iomlán an tionscadail a mheaitseáil le síntiús airgid (pé áit a bhfaigheann an t-iarratasóir é), ach amháin i gcás tionscadail oiliúna a mhaoinítear ag 100%; agus
- Síntiús comhchineáil – incháilithe i gcás tionscadail faoi stiúir an phobail amháin, i.e. sa chás gur iarratasóir pobail é tionscnóir an tionscadail agus nach bhfuil aon bhunús tráchtála leis an ngníomhaíocht tionscadail atá á maoiniú agus i gcás tionscadail éagsúlaithe feirme nuair a d’fhéadfaí glacadh le saothar an fheirmeora féin mar ranníocaíocht chomhchineáil (Cuid 11.5).

## 11.3 Cistí Meaitseála Poiblí ***(ní bhaineann sé seo ach le hiarratais a chuireann Comhlachtaí Pobail isteach)***

Sa chás go bhfuil LEADER ag obair i gcomhar le sruthanna maoinithe poiblí eile, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm, ar an gcéad dul síos, tionscadail ar leith, nó codanna de thionscadail a aimsiú, a dtabharfaí tacaíocht dóibh trí gach ceann de na foinsí maoinithe poiblí ionas go mbeidh torthaí níos fearr do na pobail lena mbaineann siad ar na tionscadail éagsúla le chéile. Sampla de seo is ea conair rothaíochta ina maoiníonn LEADER an chonair féin, go maoiníonn an t-údarás áitiúil an chomharthaíocht agus na pointí rochtana don chonair, agus go n-oibríonn an LEO le gnólachtaí ar leith feadh na conaire.

Cé gur féidir cistí meaitseála poiblí a úsáid mar rannchuidiú le tionscadal de chuid LEADER chur ar fáil, caithfidh na cistí meaitseála sin a bheith i bhfoirm ranníocaíochta airgid.

Ba cheart go mbeadh na GÁGanna ag díriú go príomha ar thacaíocht a thabhairt do thionscadail ina bhfuil LEADER mar phríomhfhoinse mhaoinithe.

Áirítear le cistí meaitseála poiblí:

- Ranníocaíochtaí airgid ó fhoinsí nach bhfuil maoinithe ag an Aontas (e.g. Údaráis Áitiúla, Gníomhaireachtaí Stáit); agus
- Ranníocaíocht chomhchineáil, nach mbaineann ach amháin le tionscadail faoi stiúir an phobail

Baineann cistí meaitseála poiblí le ranníocaíocht airgid agus ní bhaineann sé le cásanna nuair nach soláthraíonn ciste eile amhail Deontas Caipitil Spóirt ranníocaíocht airgid, ach is amhlaidh a dhéanann siad maoiniú ar míreanna sonracha de thionscadal agus teastaíonn an sonrasc/na sonraisc chéanna chun íocaíocht a fháil agus a bhíonn curtha ar fáil i gcás an mhaoinithe ó LEADER.

*Sampla:*
Maoiniú le haghaidh Rian Reatha a chosnaíonn €200,000.

- Maoineoidh Caipiteal Spóirt céatadán de chostas na n-oibreacha talún agus seirbhísí a chosnaíonn €80,000 ach ní thabharfaidh sé ranníocaíocht airgid ná ranníocaíocht chomhchineáil.
- Maoineoidh LEADER céatadán de chostas an riain reatha a chosnaíonn €120,000.
- Ní sampla é an méid atá thuas de mhaoiniú meaitseála, ós rud é go bhfuil an tionscadal foriomlán déanta suas as dhá chuid ar leith, atá maoinithe ag dhá chlár ar leith.

Níl cead maoiniú ó fhoinsí eile de chuid an Aontais a úsáid chun tionscadail LEADER a mheaitseáil. D'fhéadfaí glacadh le maoiniú ó fhoinsí eile atá maoinithe go poiblí (e.g. Fáilte Éireann, údaráis áitiúla, Uiscebhealaí Éireann, etc.) mar chistí meaitseála do thionscadal de chuid LEADER chomh fada agus nach dtagann sé ó chiste de chuid an Aontais.

Caithfidh an GÁG deimhniú a fháil nár tháinig na cistí meaitseála atá beartaithe ó chistí eile de chuid an Aontais agus caithfear an deimhniú seo a uaslódáil chuig stór doiciméad Chóras TF LEADER. Is gá an maoiniú poiblí breise seo a chur san áireamh agus méid na Státchabhrach atá curtha ar fáil don iarratasóir á ríomh, is cuma an bhfuil siad clúdaithe faoin riail De Minimis nó nach bhfuil.

Ceadaítear maoiniú meaitseála poiblí faoi na coinníollacha seo a leanas:

- Níl incháilithe ach iarratais a chuireann iarratasóirí pobail isteach; agus

- Nach bhfuil leibhéal foriomlán an mhaoinithe phoiblí níos airde ná 95% de chostas iomlán incháilithe an tionscadail; agus
- Caithfidh ranníocaíocht airgid íosta a bheith ann (i.e. Gné an mhaoinithe meaitseála phríobháidigh) is é sin 5% ar a laghad de chostais iomlána incháilithe an tionscadail; agus
- Caithfidh an GÁG a dheimhniú nach bhfuil an maoiniú meaitseála ag teacht ó fhoinse eile de chuid an Aontais agus an deimhniú seo a uaslódáil chuig stór doiciméad Chóras TF LEADER; agus
- Is gá na cistí meaitseála a aithint san fhoirm iarratais a chuirtear chuig LEADER; is gá deimhniú i scríbhinn a fháil ón té atá ag soláthar an mhaoinithe meaitseála ina luann sé méid na ranníocaíochta airgid a chuirfidh sé ag cur ar fáil don tionscadal LEADER agus ina ndeimhníonn sé nach ó fhoinse eile de chuid an Aontais atá an cistiú meaitseála atá á chur ar fáil ag teacht; agus
- Is gá gach doiciméad tacaíochta a bhaineann le maoiniú meaitseála poiblí a choinneáil ar an mbealach céanna ina gcoinnítear iad i gcás gach tionscadal eile de chuid LEADER; agus
- Níor cheart gurb ionann na comhlachtaí poiblí atá ag soláthar na gcistí meaitseála agus tionscnóir an tionscadail nó an tairbhí.

#### 11.3.1 Maoiniú mar a bhaineann le Comhlachtaí Poiblí

Níl cead ag an GÁG maoiniú a bhronnadh ar chomhlachtaí poiblí.

Ní mheastar gur Comhlachtaí Poiblí iad Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla, a bPáirtithe Forfheidhmiúcháin agus a bPáirtnéirí Spreagúlachta agus PPNanna i gcás chlár LEADER 2023 – 2027, chomh fada agus a bhaineann sé le cúnamh deontais ó LEADER.

Ba cheart go mbeadh GÁGanna faoi threoir an tsainmhínithe ar Chomhlacht Poiblí mar atá leagtha amach san Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil cosc ar iarratasóir tionscadail maoiniú a fháil ó LEADER 2023 – 2027, toisc gur Comhlacht Poiblí iad.

Níl na gníomhaireachtaí díolmhaithe a dtugtar achoimre orthu in Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 i dteideal mhaoiniú a fháil ó LEADER ach oiread de bharr gur Comhlachtaí Poiblí iad.

### 11.4 Fianaise maidir le Cistí Meaitseála agus Airgeadas Idirlinne

Is gá don GÁG fianaise a fháil, sula ndéantar an litir tairisceana (conradh) a eisiúint, go bhfuil an maoiniú meaitseála atá riachtanach (príobháideach nó poiblí) ag tionscnóir an tionscadail.

Caithfidh an GÁG a chinntiú freisin go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag tionscnóir an tionscadail nó go bhfuil maoiniú idirlinne faighte chun an tionscadal a chur i gcrích.

Mura ndeimhníonn na GÁGanna nuair atá an tionscnamh á fhaomhadh go bhfuil acmhainní leordhóthanacha nó airgeadas idirlinne agus cistí meaitseála ar fáil, d'fhéadfadh go n-iarrfaí orthu aisíocaíocht a dhéanamh leis an Roinn mura mbíonn an tionscadal curtha i gcrích.

## 11.5 Ranníocaíocht Chomhchineáil

Féadfaidh an GÁG glacadh le ranníocaíochtaí comhchineáil mar fhoinse cistí meaitseála i gcás tionscadail atá faoi stiúir an phobail agus tionscadail éagsúlú feirme (saothar an fheirmeora amháin). Ní ghlactar leis go mbeadh an ranníocaíochtaí comhchineáil cothrom le méid iomlán an chiste meaitseála. Caithfidh ranníocaíocht íosta airgid a bheith i gceist arb ionann é agus 5% de chostais iomlána incháilithe an tionscadail. Ní mór an luach atá á shannadh don ranníocaíocht chomhchineáil a chur san áireamh san iarratas ar mhaoiniú.

Beidh ranníocaíochtaí comhchineáil i bhfoirm oibreacha, earraí, seirbhísí, lena n-áirítear saothar íoctha a bhronntar ar an tionscadal; nó talamh agus eastát réadach, i.e. nár íocadh aon airgead le tacaíocht ó shonraisc; nó doiciméid a bhfuil luach probháide coibhéiseach acu, incháilithe:

- mura bhfuil an maoiniú ó LEADER níos airde ná costas incháilithe iomlán deiridh an tionscadail cost, gan an ranníocaíochtaí comhchineáil ná an ranníocaíocht airgid 5% a bheith san áireamh; agus
- mura bhfuil an luach atá sannta don ranníocaíocht chomhchineáil níos airde ná costas margaidh na n-oibreacha, na n-earraí, na seirbhísí nó na talún agus an eastáit réadaigh atá i gceist; agus
- má tá measúnacht agus fíorú neamhspleách déanta ar luach agus ar sholáthar na ranníocaíochta comhchineáil. Caithfidh an GÁG fianaise i bhfoirm doiciméid a fháil ina leith seo agus é a uaslódáil chuig stór doiciméad Chóras TF LEADER.

### 11.5.1 Bronnadh Talún nó Eastáit Réadaigh

Maidir le comhaontuithe léasa agus deonú talún nó eastáit réadaigh, féadfaidh an t-iarratasóir íocaíocht ainmniúil airgid nach mó ná €1 sa bhliain a dhéanamh chun na léasanna sin a chur i gcrích. Is gá go mbeadh luach an 'léasa bhronnta' deimhnithe ag saineolaí cáilithe neamhspleách sula gceadóidh an GÁG an tionscadal.

Ní fhéadfar luach na ndeonachán a úsáideadh i dtionscadail roimhe seo a úsáid arís. Sa chás gur úsáideadh luach théarma léasa bhronnta do thionscadal eile roimhe seo, caithfidh an téarma bhain leis an tionscadal roimhe seo a bheith as feidhm sular féidir an téarma atá fágtha den léas a bhronnadh ar aon tionscadal nua. Ní fhéadfaidh luach an tabhartais nó an léasa bhronnta a bheith níos airde ná an teorainn a bhaineann le maoiniú ceannachán talún. Le bheith incháilithe, is gá go mbeadh an talamh bronnta tráth nach luaithe ná dhá bhliain roimh dháta an iarratais ar mhaoiniú.

### 11.5.2 Saothar Deonach

Is féidir ranníocaíochtaí comhchineáil a chur ar fáil i bhfoirm saothair dheonaigh (i.e. obair gan phá) ach caithfear é a bhunú ar am deimhnithe a bhí caite ag obair agus ar an ráta luach saothair d'obair den chineál céanna. Ní mór don GÁG a chinntiú go dtugtar údar cuí san iarratas leis an ráta a cuireadh i bhfeidhm. Is é an t-uasráta atá ceadaithe ná €15.52 san uair. Is féidir saothar deonach a chur san áireamh in íocaíochtaí céimnithe, ar an mbealach céanna le léas/maoin bhronnta, ar an gcoinníoll go bhfuil an obair atá i gceist curtha i gcrích nuair a chuireann an tairbhí an t-éileamh isteach.

Sa chás go bhfuil Saothar Deonach mar chuid de thionscadal, meabhraítear do na GÁGanna go bhfuil feidhm ag ceanglais na reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta ábhartha go léir.

Níl costais riaracháin ná bainistíochta tionscadail incháilithe mar shaothar deonach.

Glactar le seirbhísí innealtóra mar shaothar Deonach. Caithfidh an t-árachas cuí a bheith ag an innealtóir áfach chun tionscnóir an tionscadail [agus an maoiniú] a chosaint sa chás gur tháinig fadhbanna chun cinn. Caithfidh tríú páirtí eile atá cáilithe go cuí a gcuid oibre a dheimhniú, e.g. innealtóir, suirbhéir cainníochta nó cuntasóir.

### 11.5.3 Ceanglais ghinearálta i gcás Obair Dheonach

Ní mór don GÁG a chinntiú:

- go bhfuil an t-iomlán atá á éileamh i dtaca le saothar deonach agus/nó tabhartais curtha san áireamh san iarratas agus caithfidh sé a bheith comhaontaithe sula gceadóidh sé an tionscadal;
- go scrúdaíonn sé gach iarratas den chineál sin agus go ndéanann sé taifead ar a anailís agus a phlé ar stór doiciméad Chóras TF LEADER, go mór mór an réasún a bhaineann leis na costais a eascraíonn as saothar deonach agus líon na n-uaireanta an chloig a bhí i gceist – má théitear thar an méid a bhí ceadaithe ag an GÁG measfar é a bheith a bheith neamh-incháilithe;
- go n-áirítear leis an saothar deonach ionchuir ó thaobh obair a bhí déanta nó mhaoirseacht i gcáil ghairmiúil, etc. obair a dhéanann daoine atá cáilithe go cuí, ar nós innealtóir a dhéanfadh maoirseacht ar thionscadal tógála. Is gá an t-eolas seo a thabhairt san iarratas:
    - na daoine atá ag obair go deonach agus an gaol atá acu leis an iarratasóir;
    - cineál, am, cainníocht agus costas na ranníocaíochta;
    - na cáilíochtaí a chuireann ar a gcumas an ranníocaíocht sin a dhéanamh, i.e. a gceird nó a ngairm (e.g. innealtóir, ailtire, leictreoir, pluiméir, etc.);
- níor cheart costais theagmhasacha a chur san áireamh sna costais a bhaineann le hobair dheonach;

- go bhfuil na bileoga ama don obair dheonach líonta isteach ag an iarratasóir agus coinnithe ar stór doiciméad Chóras TF LEADER. Ba chóir go mbeadh:
    - sonraí tugtha sna bileoga maidir leis na dátaí, na huaireanta a oibríodh, agus na gníomhaíochtaí a rinne gach oibrí deonach; agus
    - na bileoga deimhnithe ag tríú páirtí atá cáilithe go cuí e.g. innealtóir, suirbhéir cainníochta nó cuntasóir;
- ní ghlacfar ach le saothar deonach agus le tabhartais atá faofa ag an GÁG chun críocha íocaíochta;
- Úsáidtear an chuid chuí de luach an léasa nó na réadmhaoine atá bronnta chun méid an éilimh a ríomh le haghaidh íocaíochtaí i gcéimeanna m.sh. sa chás gur 50% de chostais an tsonraisc a bhí caite ansin is féidir 50% de luach an tabhartais a úsáid freisin agus an méid atá á éileamh á oibriú amach.

Féach Aguisín 21 le haghaidh samplaí den chaoi leis an maoiniú ó LEADER atá ceadaithe a oibriú amach sa chás go bhfuil ranníocaíocht chomhchineáil á úsáid chun tionscadal a pháirtmhaoiniú.

- Níl na nithe seo a leanas incháilithe le haghaidh Saothar Deonach:

- Costais riaracháin agus bainistíochta tionscadail á bheith á gcur isteach faoi Shaothar Deonach. Áirítear leis seo an t-am a chaitheann tionscnóir an tionscadail ar chúrsaí airgeadas an tionscadail a bhainistiú agus chomhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí nuair atá an tionscadal á chur i gcrích, Sa chás go gceadaítear maoirseacht faoi Shaothar Deonach, baineann sé seo le maoirseacht i gcáil ghairmiúil amhail innealtóir a bheadh ag déanamh maoirseachta ar thionscadal tógála;
- Is gá measúnacht a dhéanamh go háirithe má bhíonn sé soiléir go bhfuil an iomarca uaireanta agus uaireanta neamhréadúla á n-éileamh i gcás obair a mhaítear a bheith déanta ag baint úsáide as Saothar Deonach. Ní mór don GÁG, agus don Choiste Meastóireachta go háirithe, féachaint an bhfuil na huaireanta atá áirithe san iarratas ar thacaíocht réalaíoch agus an bhfuil údar maith leo;
- Caithfidh an GÁG, agus an Coiste Meastóireachta go háirithe, féachaint an bhfuil na huaireanta a áirítear san iarratas ar thacaíocht réalaíoch agus an bhfuil údar maith leo;
- Nach sásaíonn costais na hoibre atá á héileamh mar Shaothar Deonach réasúntacht an choinníll a bhaineann leis na costais e.g. sa chás go bhfuil costas atá á chur a chur i gcoinne Saothar Deonach níos airde ná an méid a bhainfeadh conraitheoir seachtrach amach as an tseirbhís chéanna de ghnáth. Ní mór don GÁG, agus don Choiste Meastóireachta go háirithe, breithiúnas a thabhairt ar an bhfuil luach ar airgead i gceist leis an Saothar Deonach atá san áireamh san iarratas ar thacaíocht (is gá an bunús atá lena gcinneadh a chlárú go soiléir).
- Nach mbaineann an obair atá á héileamh mar Shaothar Deonach leis an obair a ceadaíodh agus ar glacadh léi sa Litir Thairisceana;

- Go bhfuil Saothar Deonach á éileamh i leith oibreacha atá déanta ag an gconraitheoir atá ar íocaíocht.

Iarrtar ar na GÁGanna aird ar leith a thabhairt ar na pointí atá leagtha amach thuas. Má fhaightear amach nach bhfuil Saothar Deonach á chur i bhfeidhm i gceart agus de réir cheanglais na Roinne seo ag na GÁGanna, bainfear an ghné a bhaineann le Soláthar Deonach Saothair ó na limistéir GÁG sin nó ón gclár iomlán má fhaightear amach nár cuireadh an Soláthar Deonach i bhfeidhm mar ba cheart.

# 12 Státchabhair agus Riachtanais De Minimis

## 12.1 Státchabhair agus De Minimis

Féadfaidh an GÁG maoiniú nach fiú níos mó ná €300,000 é a thairiscint d' iarrthóir, suim atá taobh istigh den tairseach De Minimis a bhaineann le cúnamh ón Stát. Glactar leis gur cúnamh ón Stát atá sa maoiniú poiblí má thugann sé buntáiste ar leith don té ar a mbronntar é, is cuma an fiontar, eagraíocht sheachbhrabúsach nó duine aonair atá i gceist agus go bhféadfadh sé mar gheall air seo an comórtas a chur as a riocht ar bhealach éigin. D'fhéadfadh go dtiocfaidh maoiniú den chineál seo díreach ón Státchiste nó trí chomhlachtaí poiblí eile.

Forordaítear le Rialachán De Minimis (AE) Uimhir 7 (4). Forálacha idirthréimhseacha, go bhfuil córas "féindearbhaithe" i bhfeidhm ag tairbhí na cabhrach. Ní mór do ghnóthais aon De Minimis a bhí faighte roimhe seo a dhearbhú (beag beann ar a fhoinse i.e. ó aon fhoinse Stáit eile). Má thugann tionscnóir tionscadail dearbhú bréagach, agus go dtéitear thar an tairseach De Minimis mar gheall air, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina údar le go dtógfaí ar ais an chabhair ina dhiaidh sin.

Go ginearálta, ní bhíonn feidhm ag rialacha maidir le Státchabhair ach amháin sa chás go nglactar leis gur 'gnóthas' é faighteoir na cabhrach[10]. Is éard is gnóthas ann ná aon eintiteas (lena n-áirítear Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Fiontair Shóisialta) atá ag plé le gníomhaíocht eacnamaíochta, beag beann ar a fhoirm dhlíthiúil, an chaoi a maoinítear é, nó an bhfuil sé dírithe ar bhrabús a dhéanamh nó nach bhfuil. Go bunúsach, is gníomhaíocht eacnamaíoch í aon ghníomhaíocht a bhíonn ag tairiscint earraí nó seirbhísí i margadh[11].

Leagtar síos na rialacha lena rialaítear cabhair De Minimis i Rialachán (CE) 2023/2831 ón gCoimisiún. I gcomhréir le hAirteagal 3(2), chun na rialacha maidir le Státchabhair a chomhlíonadh, níor cheart go rachadh leibhéal an chistithe a chuirtear ar fáil do thionscnóir tionscadail thar an uasteorainn €300,000 atá i gceist le Státchabhair, ar a dtugtar an De Minimis, thar aon tréimhse trí bliana. Sonraítear sa Rialachán freisin:

> *"Ba cheart an tréimhse 3 bliana atá le cur san áireamh chun críocha an Rialacháin seo a mheas ar bhonn atrátha. I gcás gach deontais nua de chabhair* de minimis*, ní mór méid iomlán na cabhrach* de minimis *a deonaíodh le 3 bliana anuas a chur san áireamh."*

Chun críocha an Rialacháin De Minimis, meastar gur 'gnóthas aonair' gach fiontar a bhfuil ceann amháin ar a laghad de na caidrimh seo a leanas acu lena chéile, agus tugtar fiontair nasctha orthu freisin:

---

[10] Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

[11] De réir na Cúirte Breithiúnais

(a) tá tromlach chearta vótála na scairshealbhóirí nó cearta vótála na gcomhaltaí ag fiontar amháin i bhfiontar eile amháin;

(b) tá sé de cheart ag fiontar amháin tromlach na gcomhaltaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta i bhfiontar eile a cheapadh nó a chur as oifig;

(c) tá sé de cheart ag fiontar amháin tionchar ceannasach a imirt ar fhiontar eile de bhun conartha a bhí déanta leis an bhfiontar sin nó de bhun forála ina mheabhrán comhlachais nó ina airteagail chomhlachais;

(d) rialaíonn fiontar amháin, ar scairshealbhóir é i bhfiontar eile nó atá ina bhall d'fhiontar eile, ina aonar, de bhun comhaontaithe le scairshealbhóirí eile san fhiontar sin nó le baill den fhiontar sin, tromlach chearta vótála na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí san fhiontar sin.

Is gá don GÁG a chinneadh an bhfuair an tionscnóir tionscadail Státchabhair roimhe seo agus ní féidir maoiniú a thairiscint go dtí go bhfuil sé sásta nach méadóidh an maoiniú atá á iarraidh ó LEADER an chabhair iomlán a fuair an t-iarratasóir ó gach foinse poiblí le linn na tréimhse fioscacha trí bliana roimhe sin os cionn uasteorainn €300,000 De Minimis. Ní mór don GÁG glacadh leis, agus breithiúnas á thabhairt ar chabhair a fuair iarratasóir roimhe seo, gur tháinig aon mhaoiniú poiblí a bhí faighte (lena n-áirítear maoiniú meaitseála poiblí) ó fhoinse De Minimis, go dtí go ndeimhneoidh an soláthraí nó na soláthraithe cistiúcháin a mhalairt. Sa chás go bhfuil nasc idir na fiontair ann, tá feidhm ag an tairseach De Minimis maidir le méid iomlán na Státchabhrach a fuair an grúpa fiontar[12].

Is é an príomhdháta chun an tréimhse trí bliana a ríomh ná an dáta ar chinn an GÁG maoiniú a thairiscint, agus ní hé dáta na híocaíochta:

*"Glacfar leis go bhfuil cabhair de Minimis deonaithe tráth a dtugtar an ceart dlíthiúil don ghnóthas a chabhair a fháil faoin gcóras dlí náisiúnta is infheidhme, beag beann ar an dáta a n-íoctar an chabhair De Minimis leis an ngnóthas".*[13]

Dá réir sin, má tá iarratas ar chabhair le faomhadh an 1 Deireadh Fómhair 2024, is gá don GÁG scrúdú a dhéanamh ar an gcabhair a bhí faighte in 2024 agus sa dá bhliain roimhe sin i.e. 2023 agus 2022. Ní mór don GÁG méid na cabhrach De Minimis a athríomh i gcás gach iarratas nua a bhíonn ceadaithe do thionscnóir tionscadail.

### 12.2 Ríomh De Minimis

*Sampla 1*

[12] Rialachán (AE) Uimh. 2023/2831 ón gCoimisiún

[13] Airteagal 3(3) de Rialachán 2023/2831; Airteagal 3(4) de Rialachán 1408/2013

Maireann bliain fhioscach na n-iarratasóirí ón 01 Eanáir go dtí an 31 Nollaig. Má cheadaítear maoiniú De Minimis don iarratasóir ar an 26 Deireadh Fómhair 2024, is í an tréimhse a bhaineann le De Minimis ná:

01 Eanáir 2024 go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2024.
01 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.
01 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

*Sampla 2*

Maireann bliain fhioscach an iarratasóra ón 01 Aibreán go dtí an 31 Márta. Más rud é go gceadaítear maoiniú De Minimus don iarratasóir ar an 26 Deireadh Fómhair 2023, ansin is í an tréimhse a bhaineann le De Minimis ná:

01 Aibreán 2024 go dtí 26 Deireadh Fómhair 2024.
01 Aibreán 2023 go dtí 31 Márta 20024.
01 Aibreán 2022 go dtí 31 Márta 2023.

## 12.3 De Minimis agus an próiseas iarratais

Ní mór do gach tionscnóir tionscadail a dhearbhú don GÁG ag céim an iarratais an bhfuair nó nach bhfuair siad maoiniú poiblí eile. Sa chás go bhfuil maoiniú poiblí eile faighte ag tionscnóir tionscadail, caithfidh siad ráiteas / dearbhú ón soláthraí maoinithe a chur ar fáil ina dtugtar na sonraí seo a leanas:

- deimhniú ar stádas na Státchabhrach / De Minimis i gcás aon chistiú a bronnadh sa tréimhse fhioscach trí bliana
- ainm na scéime / an chláir mhaoinithe
- méid an mhaoinithe a bronnadh
- an dáta ar bronnadh an maoiniú seo

Ní theastaíonn ráiteas / dearbhú le haghaidh De Minimis Talmhaíochta mura bhfuil an cúnamh deontais ó LEADER agus an chabhair eile ar fad a bronnadh ar thionscnóirí an tionscadail thar an tréimhse fhioscach trí bliana níos airde ná €280,000.

### 12.3.1 De Minimis Talmhaíochta

Meastar gur De Minimis Talmhaíochta (Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 ón gCoimisiún é maoiniú ó scéimeanna talmhaíochta áirithe atá á mbainistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is é €20,000 uasmhéid na cabhrach De Minimis Talmhaíochta a cheadaítear thar an tréimhse fhioscach trí bliana, a áirítear i ríomh na huasteorann €300,000 De Minimis atá ceadaithe thar thréimhse fhioscach trí bliana.

Dá bhrí sin, má bhronntar cúnamh €20,000 De Minimis Talmhaíochta ar thionscnóir an tionscadail thar an tréimhse fhioscach trí bliana, is é €280,000 an luach is airde de mhaoiniú De Minimis neamhthalmhaíochta a fhéadfar a bhronnadh ar thionscnóir tionscadail le linn na tréimhse sin.

Níl aon cheanglas ann luach a chur ar aon chabhair De Minimis Talmhaíochta a d'fhéadfadh a bheith faighte ag an tionscnóir tionscadail a fháil má tá an GÁG sásta ón eolas atá curtha ar fáil ag tionscnóir an tionscadail nach bhfuil an chabhair atá á bronnadh aige faoi chlár LEADER agus luach na státchabhrach ar fad ó LEADER agus ó fhoinsí maoinithe poiblí eile a bhronnadh thar an tréimhse fhioscach trí bliana níos airde ná €280,000.

*Sampla 1*

- Méid an deontais atá iarrtha ó LEADER €200,000
- Deontas LEADER cheana *(tréimhse fhioscach 3 bliana)* €40,000
- Státchabhair ó fhoinse poiblí (*gan RTBM san áireamh*) €30,000

Iomlán €270,000

Ní gá Dearbhú maidir le De Minimis Talmhaíochta

*Sampla 2*

- Deontas atá iarrtha ó LEADER €180,000
- Deontas ó LEADER cheana *(tréimhse fhioscach 3 bliana)* €35,000
- Státchabhair ó fhoinsí poiblí (*gan RTBM san áireamh (tréimhse fhioscach 3 bliana)* €50,000
- Maoiniú Státchabhrach ó fhoinsí poiblí *(seachas RTBM) (tréimhse fhioscach 3 bliana san áireamh)* €20,000
- Iomlán €285,000

Teastaíonn Dearbhú maidir le De Minimis Talmhaíochta

### 12.4 Deontas taobh amuigh De Minimis do Chomhlachtaí Pobail

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé nach Státchabhair a bheadh sa maoiniú a chuirfí ar fáil do chomhlachtaí pobail agus nach mbeadh rialacha De Minimis i gceist.

Tá sé seo amhlaidh go háirithe mura bhfuil aon ghníomhaíocht eacnamaíoch i gceist leis an tionscadal. Tugtar gníomhaíocht eacnamaíoch ar ghníomhaíocht a chuireann earraí agus seirbhísí

ar fáil i margadh ar leith beag beann of stádas dlíthiúil an eintitis atá i gceist. Ina theannta sin, féadfaidh an GÁG maoiniú suas le €500,000 a thairiscint do thionscadail de chuid comhlachtaí pobail (Cuid 10.2).

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh gníomhaíocht eacnamaíoch a bheith i gceist le tionscadal ach nach gcomhlíonfadh sé na seiceálacha eile a bhaineann le Státchabhair. Tá roinnt seiceálacha státchabhrach ann a shocraíonn, nuair a dhéantar measúnacht orthu ar fad le chéile, an chabhair Státchabhair atá i gceist. Is iad sin:

a) An ndearnadh idirghabháil tríd an Stát nó trí acmhainní Stáit? Comhlíonfar an triail seo – Is acmhainn stáit é maoiniú LEADER.
b) An dtugann an idirghabháil buntáiste ar bhonn roghnaitheach don té a fhaigheann é? Comhlíonfar an tástáil seo i gcónaí – glactar leis gur maoiniú roghnaitheach atá i maoiniú LEADER.
c) An gcuirfidh an idirghabháil an comórtas as a riocht nó an bhféadfadh sé é a chur as a riocht? Má láidríonn an chabhair an té a fhaigheann an deontas le hais iomaitheoirí eile, beag beann ar mhéid an tsaobhadh, is Státchabhair atá ann.
d) An dócha go mbeidh tionchar ag an idirghabháil ar thrádáil idir na Ballstáit? Áirítear leis sin Tuaisceart Éireann agus baineann an Coimisiún an bhrí is leithne as. Tá feidhm aige sin más féidir an táirge nó an tseirbhís a thrádáil idir na Ballstáit, fiú mura bhfuil tionscnóir an tionscadail é féin ag easpórtáil chuig Ballstáit eile de chuid an AE.

Is gá don GÁG measúnacht a dhéanamh ar gach tionscadal ó thaobh rialacha De Minimis a chomhlíonadh. I gcás ina ndeimhníonn an GÁG dó féin nach mbaineann an tionscadal atá beartaithe le (i) tionscnóirí tionscadail a bheith i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha, nó (ii) nach gcomhlíonann sé gach ceann de na ceithre sheiceálacha státchabhrach atá leagtha amach thuas, ní bhíonn feidhm ag na ceanglais De Minimis i gcás na gcistí atá faoi bhun €300,000. Má mheastar nach bhfuil feidhm ag na ceanglais De Minimis caithfidh an GÁG a chinntiú go gcoinnítear an bunús a bhí leis an gcinneadh go soiléir ar stór doiciméad Chóras TF LEADER. Áiseanna pobail

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le stádas Státchabhrach áiseanna Pobail, ar nós ionaid phobail a fhaigheann níos lú ná €200,000 i gCúnamh Deontais, caithfidh an GÁG na critéir chéanna a chur i bhfeidhm a chuirfí i gcás tionscadail ar mhórscála:

- Caithfidh an GÁG a chinntiú go mbeidh aon trealamh, gníomhaíochtaí nó bonneagar a fhaigheann maoiniú ar fáil agus inrochtana do gach aoisghrúpa agus do gach grúpa sóisialta sa phobal lena mbaineann.
- Caithfidh gach áis a bheith ar oscailt don phobal saor in aisce. Is féidir táille fánach a ghearradh chun na costais a bhainfeadh le soláthar seirbhísí gaolmhara a chlúdach m.sh. solas agus teas, ach ní féidir leis an ngníomhaíocht aon ghlanioncama thuilleadh.

Má tá Grúpa Pobail, lena n-áirítear grúpa Fiontar Sóisialta, ag cur earraí agus seirbhísí ar fáil, tá siad ag tabhairt faoi ghníomhaíocht eacnamaíoch, beag beann ar a bhfoirm dhlíthiúil nó ar a dtreoshuíomh brabúis. Tá siad faoi réir, i measc rudaí eile, De Minimis agus breithniú ar dhíláithriú.

Féach Aguisín 19 le haghaidh Treoir maidir le Státchabhair Chlár LEADER.

# 13 An Comhad Tionscadail agus Clárú Éilimh

## 13.1 Comhad Tionscadail

Tá an GÁG freagrach as cistí poiblí (AE agus náisiúnta) a choimeád agus a dháileadh. Is gá dó cuntasacht a léiriú i gcás aon chaiteachas faoi chlár LEADER. De réir an Chomhaontaithe leis an Roinn, ní mór don GÁG córas sásúil a choinneáil agus caithfidh sé chuid oibríochtaí ar fad faoi LEADER a chlárú go cuimsitheach.

### 13.1.1 Uimhir Aitheantais ar Leith

Tugann Córas TF LEADER uimhir ar leith do gach iarratasóir agus do gach tionscadal. Caithfidh an GÁG tagairt a dhéanamh d'uimhir an tionscadail i ngach comhfhreagras agus cáipéisíocht, lena n-áirítear litreacha, ríomhphoist, etc., a chuirtear chuig iarratasóirí agus tionscnóirí tionscadail.

### 13.1.2 Úsáid as foirmeacha, síniúcháin agus stampaí dáta leictreonacha

Tá sé beartaithe go nuashonrú a dhéanamh amach anseo ar Chóras TF LEADER ionas go bhféadfar léiriú spéise agus foirmeacha iarratais a dhéanamh ar líne. Idir an dá linn, níl cead foirmeacha leictreonacha (ríomhfhoirmeacha) a úsáid.

Is féidir glacadh le ríomhshínithe ar fhoirmeacha. Is féidir glacadh le gabháil scáileáin ar shíniú freisin.

Is féidir glacadh le stampaí dáta digiteach ar fhoirmeacha. Sa chás go bhfaightear doiciméid trí ríomhphost, is féidir glacadh leis an dáta ar seoladh isteach iad.

### 13.1.3 Cothabháil na gcomhad

Is é Córas TF LEADER an phríomhfhoinse faisnéise ina gcaithfear gach comhad a bhaineann le maoiniú de chuid LEADER a choinneáil. Ní mór gach doiciméad a uaslódáil chuig na codanna ábhartha de stór doiciméad Chóras TF LEADER.

Sa chás gur roghnaítear éileamh riaracháin nó éileamh ar íocaíocht tionscadail de chuid LEADER lena iniúchadh, déanfaidh GÁG, agus má bhaineann le hábhar an Páirtnéir Forfheidhmiúcháin, an t-ábhar ábhartha a íoslódáil ó stór doiciméad Chóras TF LEADER agus cuirfidh sé cóip chrua de na doiciméid ar fáil don iniúchadh agus iad innéacsaithe mar is cóir.

Ní mór don GÁG a chinntiú go ndéantar gach comhad a bhaineann le clár LEADER 2023 – 2027 a uaslódáil chuig stór doiciméad Chóras TF LEADER agus go gcoinnítear iad ar bhealach a fhágann go bhfuil sé éasca iad a sheiceáil mar a cheanglaítear le Rialacháin an AE agus leis an Roinn. Is gá comhaid a innéacsú mar is cóir ar stór doiciméad Chóras TF LEADER agus ba cheart na doiciméid riachtanacha go léir a chomhdú agus a lipéadú ar bhealach a fhágann go bhfuil sé éasca iad a fháil ar ais.

Caithfidh comhad an tionscadail ar stór doiciméad Chóras TF LEADER gach gníomh a rinne an GÁG agus measúnacht á dhéanamh ar an tionscadal a chlárú. Má chuir tionscnóir an tionscadail doiciméid

bhunaidh ar fáil, caithfidh an GÁG a dheimhniú gur cóipeanna dílse iad de na bunchóipeanna agus iad a scanadh chuig an áit ábhartha i stór doiciméad Chóras TF LEADER. Ní mór na sonraisc agus na hadmhálacha bunaidh, is cuma an bhfuil an GÁG á gcoinneáil nó an bhfuil siad le cur ar ais chuig tionscnóir an tionscadail, a fhormhuiniú nó a stampáil le hainm an GÁG agus caithfear ráiteas a chur leo ag dearbhú go raibh maoiniú CETFT bronnta nó éilithe ina leith seo. Sa chás nach bhfuil an tionscnóir tionscadail cláraithe le haghaidh CBL, agus sa chás seo amháin caithfidh an GÁG na sonraisc a stampáil chun a thaispeáint gur cuireadh an maoiniú a bhaineann le CBL ar fáil.

Is gá don GÁG a chur in iúl do thionscnóir an tionscadail go bhféadfadh sé go mbeadh na doiciméid bhunaidh, má chuirtear ar ais iad, ag teastáil níos déanaí chun críocha iniúchta nó cigireachta.

Caithfidh an méid seo a leanas ar a laghad a bheith san áireamh sa chomhad tionscadail ar stór doiciméad Chóras TF LEADER, sula n-eiseofar an tairiscint mhaoinithe:

- Foirm iarratais chomhlánaithe (Aguisín 2), seicliosta don fhoirm iarratais (Aguisín 3) agus tuarascáil mheasúnaithe tionscadail (Aguisín 4);
- gach doiciméad a theastaíonn chun an t-iarratas a phróiseáil stampáilte le dáta an lae a bhfuair an GÁG é;
- an litir ag admháil go bhfuarthas an t-iarratas, agus ba cheart í a eisiúint laistigh de 10 lá oibre. Is é dáta an iarratais an dáta a bhfaigheann an GÁG an fhoirm iarratais atá líonta isteach agus shínithe;
- ní mór don GÁG agus don iarratasóir araon aon leasuithe a dhéantar ar an bhfoirm iarratais ar mhaoiniú a fhormhuiniú agus dáta a chur leo;
- Tuarascáil Measúnaithe Tionscadail, lena n-áirítear réamhthuarascáil ar aon chuairteanna ar an láithreán, a thug an GÁG cuí nó foireann an Pháirtnéara Forfheidhmiúcháin;
- caithfidh a té a dhéanann aon leasuithe ar dhoiciméadú GÁG na leasuithe sin a fhormhuiniú agus dáta a chur leo;
- is gá don GÁG céimeanna a ghlacadh chun sócmhainneacht agus inmharthanacht airgeadais an iarratasóra a dheimhniú; is féidir é seo a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an OCC chomh maith le cuntais airgeadais agus cuntais bhainc an tionscnóra tionscadail a sheiceáil;
- ba chóir don GÁG céimeanna a ghlacadh chun é féin a shásamh go bhfuil
    - an maoiniú meaitseála riachtanach ag tionscnóir an tionscadail; agus
    - go bhfuil a dhóthain acmhainní aige nó go bhfuil iasacht idirlinne i bhfeidhm chun an tionscadal a sheachadadh;
- plean gnó nó plean margaíochta tionscnóra tionscadail, lena n-áirítear na táscairí feidhmíochta atá beartaithe agus na tionchair a bhfuiltear ag súil leo, le haghaidh bearta eacnamaíocha;

- cuntais bhainistíochta nó na Cuntais Iniúchta is déanaí le trí bliana anuas (gnó atá ann cheana) nó Ioncam & Caiteachas (grúpaí pobail / grúpaí deonacha), agus ráitis bhainc (3 mhí ar a laghad). Tá cuntais trádálaí aonair / comhpháirtíochta (neamhiniúchta) inghlactha i gcás tionscnóirí tionscadail nach cuideachtaí iad. Glacfar le cuntais neamhiniúchta atá sínithe ag tionscnóir an tionscadail agus/nó ag a ghníomhaire i gcás cuideachtaí nach gcaitheann iniúchadh a dhéanamh.
- eolas ar leith má bhaineann an tionscadal le hobair thógála, lena n-áirítear:
  fianaise (i.e. teideal talún, léas) go bhfuil sé de cheart ag tionscnóir an tionscadail an obair a dhéanamh ar an láithreán nó ar fhoirgnimh atá ann cheana féin. Is gá go mbeadh an léas a bheith i bhfeidhm ar feadh 5 bliana ar a laghad tar éis an dáta deiridh ar íocadh an Deontas;
- cead pleanála;
- toilithe ábhartha, más infheidhme.
- seiceáil le haghaidh De Minimis agus Státchabhair;
- luachanna agus/nó tairiscintí lena n-áirítear critéir scórála, agus sceideal críochnaithe díobh seo, nuair is cuí, d'fhonn na ceanglais soláthair a chomhlíonadh;
- deimhniú maidir le luacháil talún nó luacháil réadmhaoine a bhronnadh ar thionscnóir an tionscadail (má bhaineann le hábhar;
- cead pleanála, díolúintí ó phleanáil ón Údarás Áitiúil agus toilithe de réir mar is cuí, d'fhonn na ceanglais atá leagtha amach i Rialacha Oibriúcháin LEADER a shásamh maidir le Tionscadal a dhéanann difear don Oidhreacht 2023 – 2027;
- sonraí maidir leis an bplé a rinne an Coiste Meastóireachta, ina bhfuil tuairisc ar a moltaí maidir leis an tionscadal, sliocht as miontuairiscí an Choiste Meastóireachta, agus an Bhileog Scórála Meastóireachta ilchodach agus í sínithe;
- sliocht sínithe agus dátaithe as miontuairiscí GÁG, lena n-áirítear an cinneadh a rinneadh agus deimhniú gur comhlíonadh an ceanglas maidir le córam;
- cóip den tuarascáil chigireachta a d'eascair as an gcuairt ar an láithreán agus grianghraif a chruthaíonn nach raibh tús curtha leis an obair sular glacadh leis an tairiscint ar mhaoiniú i gcás oibríochtaí a bhaineann le hinfheistíocht, i gcás inarb iomchuí;
- dearbhú i scríbhinn ó thionscnóir an tionscadail ag tabhairt le fios nach raibh tús curtha leis an tionscadal, sular shíníodh an litir ag glacadh leis an deontas; agus
- deimhniú go bhfuil seiceálacha riaracháin déanta ar an iarratas.

Murar féidir bundoiciméid shínithe, amhail foirmeacha iarratais, foirmeacha éilimh tionscadail, tuarascálacha measúnaithe tionscadail, etc. an ríomhphost ón bpáirtí cuí (i.e. tionscnóir an tionscadail, oifigeach forbartha tionscadail) a chur ar fáil is leor na doiciméid riachtanacha a théann leis. Glacfar leis na ríomhphoist seo freisin mar dháta fála agus caithfear iad a choinneáil chun críocha rian iniúchta agus ní mór iad a uaslódáil chuig stór doiciméad Chóras TF LEADER.

#### 13.1.4 Eolas ar Chóras TF LEADER

Caithfidh an t-eolas a chuireann na GÁGanna agus a bPáirtithe Forfheidhmiúcháin ar Chóras TF LEADER ceart, cruinn agus cothrom le dáta i gcónaí.

Baineann an Roinn úsáid as an eolas seo ar mhaithe le bainistíocht, monatóireacht agus bolscaireacht.

Thar aon rud eile caithfidh na sonraí ar fad a bhaineann leis an tionscadal a bheith ceart nuair a bhíonn an tionscadal á bhogadh go dtí Céim 15 ar Chóras TF LEADER.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil cead tionscadal a bhogadh siar ó Chéim 15 ach i gcúinsí eisceachtúla agus nach bhfuil cead é a dhéanamh gan cead ó Aonad Beartais agus Oibríochtaí LEADER.

### 13.2 Doiciméid agus Comhaid a Choinneáil

Caithfidh an GÁG agus/nó an Páirtnéir Forfheidhmiúcháin agus/nó an Páirtnéir Spreagúlachta gach doiciméad agus comhad a bhaineann le clár LEADER 2023 – 2027 a choinneáil go dtí an 31 Nollaig 2036 ar a laghad.

Caithfear na doiciméid seo a chur ar fáil do Choimisiún an AE, do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, don Chomhlacht Deimhniúcháin, don Roinn, dá ghníomhairí, don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag am ar bith le linn na tréimhse seo.

#### 13.2.1 An dáta ar a raibh sé faighte a chur isteach ar dhoiciméad in áit stampa dáta a úsáid

Sa chás nach féidir doiciméad a stampáil, caithfidh an ball foirne de chuid GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin a dhéanann próiseáil ar an doiciméad "Dáta Fála" a scríobh agus an dáta a raibh sé faighte agus a shíniúchán a chur leis ar leathanach tosaigh an doiciméid, é a uaslódáil chuig stór doiciméad córais TF LEADER. Má thagann doiciméad isteach go leictreonach, oibreoidh an ríomhphost atá leis mar chruthúnas ar an dáta agus is gá é a uaslódáil chuig stór doiciméad córais TF LEADER.

#### 13.2.2 Leasuithe ar fhoirmeacha iarratais tionscadail agus ar cháipéisí eile

Sna cásanna ina dteastaíonn leasuithe a dhéanamh ar fhoirmeacha iarratais tionscadail nó ar dhoiciméid eile, amhail foirmeacha éilimh tionscadail nó tuarascálacha measúnaithe tionscadail, is féidir leasuithe a dhéanamh trí ríomhphost. Caithfidh an ríomhphost tagairt don doiciméad agus don chuid ábhartha de atá le leasú, do shonraí an téacs bunaidh agus do na leasuithe. Is gá an ríomhphost a sheoladh ó chuntas ríomhphoist an duine atá údaraithe chun an t-athrú a dhéanamh.

Caithfear na ríomhphoist a choinneáil chun críocha rian iniúchta agus iad a uaslódáil chuig stór doiciméad córais TF LEADER.

### 13.3 Éileamh ar Íocaíocht Deontais

Is gá don GÁG gach éileamh ar íocaíocht deontais a phróiseáil trí Chóras TF LEADER. Ní mór gach doiciméad éilimh a choinneáil ar stór doiciméad Chóras TF LEADER agus caithfidh Oifigeach Údaraithe GÁG iad a fhaomhadh sula gcuirfear isteach iad don tSeiceáil Riaracháin. Ag céim íocaíochta an éilimh, ní mór don GÁG a chinntiú:

- go bhfuil an tionscadal, nó an ghné / chéim den tionscadal atá maoinithe, curtha i gcrích (trí chuairt ar an láithreán nuair is cuí);
- go bhfuil tairiscintí agus conarthaí maoinithe sínithe agus dátaithe i bhfeidhm;
- go bhfuil foirm éilimh dhoiciméadaithe, shínithe agus dátaithe faighte ó thionscnóir an tionscadail, chomh maith leis na doiciméid a theastaíonn mar thacaíochta, lena n-áirítear sonraisc bhunaidh a bhí faighte agus na ráitis bhainc ábhartha, stampáilte de réir mar is cuí ag an GÁG;
- go bhfuil gach íocaíocht déanta ag tionscnóir an tionscadail i gcás aon earraí nó seirbhísí a bhí faighte, suiteáilte etc. agus go bhfuil siad ar fáil ar an láthair lena n-iniúchadh;
- más gá do thionscnóirí tionscadail íoc as rud le cárta creidmheasa e.g. ag ceannach ar líne, ach nach bhfuil cárta creidmheasa acu ina n-ainm féin, ní mór cloí leis na céimeanna seo a leanas:

    1. Ceannaíonn an té gur leis an cárta creidmheasa an rud.
    2. Faightear sonrasc.
    3. Íocann tionscnóir an tionscadail an méid atá i gceist leis an té gur leis an cárta creidmheasa. Ba chóir go mbeadh sé seo inrianaithe trí ráitis bhainc srl.

Is gá do thionscnóir an tionscadail íoc as na hearraí/as an tseirbhís sula ndéantar a éileamh ar ath-eisíocaíocht agus éileamh ina dhiaidh sin ar ath-eisíocaíocht.

- go bhfuil aon doiciméid íocaíochta a bhí leasaithe formhuinithe go cuí (sínithe agus dáta air) ag an GÁG agus ag tionscnóir an tionscadail;
- go bhfuil gach sonrasc a cuireadh isteach sách soiléir le gur féidir gach ítim agus méid na n-earraí agus na seirbhísí a cuireadh ar fáil a aithint agus nach bhfuil tagairtí ginearálta nó neamhshonracha iontu amhail "earraí a cuireadh ar fáil" nó "seirbhísí a cuireadh ar fáil". Ní mór na míreanna ar na sonraisc seo a bheith ar aon dul leis na míreanna atá ceadaithe le haghaidh deontais ag an GÁG agus caithfear iad a liostú sa luachan soláthair a ceadaíodh agus/nó sa doiciméadacht tairisceana agus sa chonradh idir an tionscnóir tionscadail agus an GÁG;
- tá sceideal sonrasc curtha ar fáil ag tionscnóir an tionscadail;
- go bhfuil 'Foirm Ríofa Íocaíochta Deontais GÁG' líonta isteach agus go sonraítear ann méid an luachanna a bhfuiltear ag glacadh leis do gach cuid nó gné den tionscadal;

- go ndéanann déanann an t-éileamh aon ranníocaíocht chomhchineáil a chlárú go soiléir agus go bhfuil measúnacht neamhspleách ag dul leis;
- go mbíonn cóip dheimhnithe bainc de sheiceanna a briseadh curtha ar fáil ag an tionscnóir tionscadail, sa chás ina n-iarrtar sin mar chuid d'iniúchadh nó d'iniúchadh;
- go bhfuil cigireacht ar an láthair déanta i gcás infheistíochtaí caipitil agus go bhfuil tuairisc chomhlánaithe i scríbhinn ar an gcigireacht ar fáil chomh maith le fianaise fhótagrafach a léiríonn na hinfheistíochtaí caipitil ar bhealach gur féidir iad a aithint go soiléir, lena n-áirítear sraithuimhreacha, a chruthaíonn go bhfuil na hoibreacha curtha i gcrích go sásúil agus go bhfuil siad ag teacht leo siúd atá faofa ag an GÁG;
- má bhaineann le hábhar, ba chóir tuarascáil nó measúnacht ar chostais an tionscadail a chuir innealtóir, ailtire, etc., an tionscnóra tionscadail isteach a chur san áireamh san éileamh ar íocaíocht;
- má bhaineann le hábhar, go bhfuil deimhniú comhlíonta ó ailtire / innealtóir faighte maidir leis na rialacháin ábhartha pleanála, tógála agus dóiteáin,
- i gcás tionscadail Oidhreachta, go bhfuil deimhniú faighte ón saineolaí/ó na saineolaithe ainmnithe go bhfuil an tionscadal ag cloí le Riachtanais an Tionscadail Oidhreachta;
- go bhfuil teastas maidir le hobair dheonach deimhnithe go neamhspleách ag duine atá cáilithe go cuí, e.g. innealtóir;
- go bhfuil sócmhainneacht thionscnóir an tionscadail deimhnithe;
- maidir le hoiliúint, go bhfuil fhianaise dhoiciméadach riachtanach ar stór doiciméad Chóras TF LEADER a léiríonn gur cuireadh an cúrsa oiliúna ar fáil;
- má bhaineann le hábhar, go bhfuil fianaise dhoiciméadach ar stór doiciméad chóras TF LEADER d'fhostóirí agus árachas dliteanais phoiblí do chonraitheoirí agus d'fhochonraitheoirí a úsáideann an tionscnóir tionscadail, agus ag an gcéim íocaíochta deiridh go bhfuil fianaise dhoiciméadach ann go bhfuil an tionscadal faoi réir an árachais chuí ag tionscnóir an tionscadail;
- go bhfuil fianaise dhoiciméadach ar stór doiciméad Chóras TF LEADER gur dheimhnigh an GÁG go raibh tionscnóir an tionscadail comhlíontach ó thaobh cánach de agus go raibh gach conraitheoir a bhí bainteach le tionscadail tógála agus a d'íoc tionscnóir an tionscadail comhlíontach ó thaobh cánach de nuair a bhí an íocaíocht déanta;
- sa chás go bhfuil maoiniú le híoc i ndáil le CBL nach féidir a fháil ar ais:
    - ní mór deimhniú i scríbhinn a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim agus dáta a bheith leis nach bhfuil níos déanaí ná 12 mhí sula dtagann a n-éileamh isteach, i.e. measfar litreacha CBL a bheith bailí ar feadh 12 mhí ón dáta ar eisíodh iad; nó
    - más custaiméir cláraithe de chuid Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) é an tionscnóir tionscadail, tabharfaidh asphrionta de phróifíl an cháiníocóra le fios an bhfuil siad cláraithe le haghaidh CBL nó nach bhfuil. Mura bhfuil próifíl CBL ar fáil,

glactar leis, cheal aon rogha eile, nach bhfuil an chustaiméara cláraithe le haghaidh CBL.

Ba chóir a mheabhrú sa chás nach bhfuil litir CBL ó na Coimisinéirí Ioncaim á húsáid gur gá asphrionta ó Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) a phriontáil ag gach céim éilimh. Tugtar tuilleadh eolais thíos faoi na roghanna éagsúla atá ann maidir le stádas CBL tionscnóra a dheimhniú.

#### 13.3.1 Má tá fáil ag tionscnóir an tionscadail ar Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)

Féadfaidh tionscnóir an tionscadail a stádas ó thaobh a bheith cláraithe le haghaidh CBL a dheimhniú ach logáil isteach ar Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)

Mura bhfuil sonraí maidir le clárúcháin CBL sa cholún a bhaineann le Uimhir Chláraithe/ Uimhir Trádálaí / agus Cineál/ Dualgas ann tugann sé seo le fios nach bhfuil tionscnóir an tionscadail cláraithe le haghaidh CBL faoi láthair. Má bhí tionscnóir an tionscadail cláraithe roimhe seo agus gur chuir sé a chlárúchán ar ceal ina dhiaidh sin, beidh na dátaí cuí le feiceáil sna colúin a bhaineann le Dáta Tosaithe agus Dáta Scoir an chlárúcháin.

Beidh dáta le feiceáil faoi 'Eolas Cruinn ar' ar an leathanach clárúcháin, agus léiríonn sé seo sonraí clárúcháin an tionscnóra ag an bpointe sin. Nuair a bheidh an t-asphrionta faighte ag an GÁG is gá an dáta a stampáil air, agus é a uaslódáil chuig stór córais TF LEADER i gcás gach éileamh.

Tabhair faoi deara go mbíonn iarmhéid cánach iomlán an tionscnóra le feiceáil freisin ar leathanach clárúcháin ROS; ba chóir a chur in iúl do thionscnóir an tionscadail go bhféadfar na sonraí seo a bhaint amach.

#### 13.3.2 Nuair nach bhfuil tionscnóir an tionscadail cláraithe ar ROS

Féadfaidh tionscnóir an tionscadail litir ó na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar fáil ag deimhniú nach bhfuil sé cláraithe le haghaidh CBL ag Céim an Iarratais agus arís ag Céim an Éilimh sa chás go bhfuil sé imithe as feidhm. Beidh an litir seo bailí ar feadh 12 mhí ón dáta ar eisigh na Coimisinéirí Ioncaim í.

Litir eile gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)

#### 13.3.3 Litir eile ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir le CBL

Ba chóir a thabhairt faoi deara, sa chás go n-eisíonn na Coimisinéirí Ioncaim litir ina ndeimhnítear nach bhfuil tionscnóir tionscadail cláraithe le haghaidh CBL ach amháin I gcás gníomhaíochtaí áirithe, agus nach bhfuil sé i dteideal creidmheasanna ionchuir CBL i gcás gníomhaíochtaí eile, tá an tionscnóir tionscadail i dteideal iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú LEADER le haghaidh an ghné den tionscadal a bhaineann le costais CBL tionscadail nach bhfuil siad cláraithe le haghaidh CBL ina leith. Beidh litreacha den chineál sin bailí ar feadh tréimhse 12 mhí ón dáta a mbíonn siad eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim.

#### 13.3.4 Seiceálacha Riaracháin curtha i gCrích

Sa chás go bhfuil na seiceálacha riaracháin curtha i gcrích, caithfidh an GÁG a chinntiú go bhfuil fianaise i bhfoirm doiciméid maidir leis seo ar fad coinnithe ar stór doiciméad Chóras TF LEADER.

Tar éis gach íocaíochta, ba cheart go mbeadh achoimre ar ríomh na híocaíochtaí sa chomhad chomh maith le cóip den EFT a thaispeánann gur íocadh an deontas le tionscnóir an tionscadail chomh luath agus is féidir taobh istigh de 10-15 lá oibre ar a mhéad ón am raibh an t-airgead faighte ag an GÁG. Sa chás nach gcomhlíontar an sprioc seo caithfidh an chúis a bheith cláraithe chomh maith le cruthú gur cuireadh an tionscnóir ar an eolas faoin gcúis.

# 14 Airgead a Íoc

## 14.1 Airgead a aistriú chuig an GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin

Caithfidh an GÁG:

- cuntas bainc nó cód ar leith a choinneáil (sa chás go bhfuil an tÚdarás Áitiúil ainmnithe mar pháirtnéir airgeadais) nach mbaineann ach le maoiniú ó LEADER a bhíonn faighte agus caite;
- aon ús a bhíonn fabhraithe as cuntas bainc atá ainmnithe do LEADER a aisíoc leis an gclár;
- a chur in iúl don bhanc I bhfoirm scríbhinn go bhfuil an t-airgead poiblí atá á chur i dtaisce i gcuntas LEADER á choinneáil ar iontaobhas ag an GÁG, agus nach féidir leis an mbanc é a úsáid chun aon chuid d'fhiacha an GÁG a ghlanadh;
- a chinntiú nach n-aistrítear cistí LEADER chuig cuntais bainc nó chuig cóid oibre a bhaineann le cláir eile;
- a chinntiú go síníonn beirt shínitheoirí ar a laghad gach Ríomhaistriú, sainordú, etc ó chuntais nó ó chóid oibre, agus gur duine acu seo an tOifigeach Údaraithe nó an t-oifigeach atá ainmnithe sa pháirtnéir airgeadais;
- aon athrú ar na socruithe seo a cheadú agus a chinntiú go ndéantar iad a thaifead mar is ceart; agus
- a chinntiú go mbíonn gach idirbheart baincéireachta a dhéantar ar líne priontáilte agus curtha sa chomhad ar bhonn míosúil agus go síníonn beirt sínitheoirí, tOifigeach Údaraithe sa áireamh, iad agus go mbíonn na taifid sin coinnithe chun críocha iniúchóireachta.

Is gá go mbeadh cuntas bainc ainmnithe de chuid LEADER ag gach Páirtnéir Forfheidhmiúcháin agus ag gach Páirtnéir Spreagúlachta.

## 14.2 Airgead a aistriú chuig tionscnóir tionscadail

Caithfidh an GÁG:

- a chinntiú go mbíonn an caiteachas ar fad ainmnithe agus taifeadta in Euro;
- gur trí ríomhaistriú amháin a dhéantar íocaíocht le tionscnóirí tionscadail [14] agus nach gcuirtear iad in aon chuntas seachas i gcuntais atá ainmnithe ag tionscnóir an tionscadail[15], agus nach gcuirtear iad i gcuntais le conraitheoirí, soláthraithe, etc. mar atá leagtha amach i Rialachán AE 2022/127 Iarscríbhinn 1 2(b), glacfaidh an ghníomhaireachta atá ag déanamh na híocaíochta na nósanna imeachta atá riachtanach d'fhonn a chinntiú gur

[14] Rialachán (CE) Uimh. 2022/127 ón gCoimisiún

[15] Ní mór do na cuntais bhainc seo a bheith i gcomhréir leis na hAchtanna um Cheartas Coiriúil um Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta 2010 agus 2013. Níor cheart, áfach, gur cuntais bhainc na n-earraí agus na soláthraithe seirbhíse a bheadh sna cuntais bhainc sin.

chuig cuntais bainc ar leis na tionscnóirí tionscadail iad nó chuig cuntais atá ainmnithe acu agus iad sin amháin a chuirtear na híocaíochtaí. Ar an mbunús sin, má chuireann tionscnóir tionscadail deimhniú i scríbhinn isteach le rá go raibh deontas faighte ó LEADER, déanfaidh sé sin cúis.

- a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an gCód Caiteachais Poiblí (Alt 15.3.2) agus Ciorcláin den chineál céanna ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta.

## 14.3 Íocaíochtaí in Airgead Tirim

Beidh uasteorainn €1,000 i gceist:

- in aghaidh an tionscadail, i gcás iomlán na n-íocaíochtaí a dhéanann tionscnóirí tionscadail in airgead tirim le haghaidh seirbhísí atá deimhnithe; agus
- in aghaidh na bliana i gcás, i gcás ceannacháin dheimhnithe a dhéanann an GÁG.

Ní bheidh sonraisc a bhí íoctha in airgead tirim incháilithe le haghaidh cúnamh deontais mura bhfuil admháil chuí leo.

A luaithe a bhaintear an uasteorainn sin amach caithfear gach íocaíocht ina dhiaidh sin a íoc le EFT, Seic, Dréacht Bainc Ordú Airgid, Cárta Creidmheasa, etc. Má chuirtear isteach, mar chuid d'éileamh, aon íocaíochtaí a rinneadh in airgead tirim agus atá os a chionn seo measfar nach bhfuil sé incháilithe le haghaidh deontais.

## 14.4 Ceanglais maidir le hÍoc go Pras

Ba cheart go mbeadh a fhios ag na GÁGanna faoin Acht um Íoc Pras Cuntas *1997*[16] agus an *Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála (*I.R. uimhir 580 ón mbliain 2012*)*[17] is gá dóibh tuiscint mhaith a bheith acu ar an reachtaíocht ábhartha, agus ar aon nósmhaireacht agus beag beann ar a stádas:

- soláthraithe earraí nó seirbhísí nó conraitheoirí a íoc taobh istigh de 30 lá oibre ón am a raibh sonrasc bailí faighte, nó ón am a raibh na hearraí nó na seirbhísí faighte, pé acu is déanaí, ionas nach gcaithfear ús a íoc in ainneoin dualgais eile a bheith ar an bPáirtnéir Airgeadais ó thaobh an tAcht um Íocaíochtaí Prasa; agus
- gach sonrasc a stampáil nuair a fhaightear iad (ina measc sonraisc leictreonacha, ar cheart iad a chur sa chomhad in éineacht leis an ríomhphost a tháinig leis).

---

[16] http://www.irishstatutebook.ie/pdf/1997/en.act.1997.0031.pdf

[17] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2012/si/580/made/en/pdf

Mura gcuireann an GÁG stampa ar an sonrasc tar éis dó é a fháil, is é dáta an tsonraisc an dáta a úsáidfear chun an t-ús a bheidh le n-íoc ag an GÁG a ríomh.  Ní costas incháilithe é ús.

### 14.5 Costais Airgeadais agus Costais Eile agus Costais Dlí

Tá na costais seo a leanas incháilithe:

- an costas a bhaineann le cuntas bainc ar leith de chuid LEADER a oibriú; agus
- na costais dlí a bhaineann le fiacha faoin gclár a bhailiú.

Níl na costais seo a leanas incháilithe:

- costais dlí i gcásanna a thugann an GÁG agus a thugtar i gcoinne an GÁG. I gá do na GÁGanna ar fad agus a bPáirtnéirí Forfheidhmiúcháin agus a bPáirtnéirí Spreagúlachta an Roinn a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir faoi aon chásanna dlí, maidir leis an gclár LEADER, a bhfuil baint acu leo, nó a bhféadfadh baint a bheith acu leo. Ba chóir a choinneáil i gcuimhne nach bhfuil aon dualgas ar an Roinn cuidiú airgeadais a chur ar fáil i gcás costais dlí a d'fhéadfadh aon GÁG nó a Páirtnéir Forfheidhmiúcháin nó a Pháirtnéir Spreagúlachta a thabhú agus iad ag  seachadadh an chláir LEADER. Theastódh cead a fháil roimh ré ón Roinn tráth a mbeadh tús á chur le cás dlí, sula dtabharfadh an Roinn aon chuidiú i leith na gcostas dlí sin; agus
- ús ar fhiachas a thabhaigh an GÁG.

### 14.6 Íocaíochtaí de réir a chéile

Féadfaidh an GÁG íocaíocht de réir a chéile a dhéanamh ar mhaithe leis an gclár a chur ar fáil go héifeachtach agus go héifeachtach:

- má d'iarr an tionscnóir go ndéanfaí amhlaidh; agus
- má tá na híocaíochtaí os cionn €1,000; agus
- má bhaineann ar a laghad 20% de na costais ar fad atá incháilithe le costais a bhí ar thionscnóir an tionscadail; agus
- má tá sé i gceist gur 5 cinn nó níos lú d'íocaíochtaí céimnithe a bheadh i gceist le tionscadal; agus
- i gcás tionscadal a bhaineann le cúrsaí tógála má tá an cúnamh deontais ó LEADER níos mó ná €100,000, agus go síníonn duine leis na cáilíochtaí cuí (m.sh ailtire /innealtóir) roimh gach íocaíocht céimnithe go raibh na hoibreacha curtha i gcrích go sásúil;
- ní cheadaítear íocaíochtaí céimnithe i gcás earraí don tionscadal atá á ndéanamh taobh amuigh d'Éirinn.

Caithfidh an GÁG a chur in iúl do thionscnóir an tionscadail, agus a chur san áireamh mar choinníoll leis an tairiscint ar mhaoiniú, go mbeidh ar thionscnóir an tionscadail gach íocaíocht céimnithe a bhí

faighte a thabhairt ar ais sa chás nach gcuirtear an tionscadal i gcrích. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don GÁG smaoineamh ar iarratas a dhéanamh go mbeadh banna i bhfeidhm ag tionscnóir tionscadail a dteastódh íocaíochtaí céimnithe uaidh.

Féadfaidh an GÁG athrú íocaíochta, ó íocaíochtaí aonuaire go dtí íocaíochtaí céimnithe, a cheadú do thionscnóir tionscadail i gcás tionscadal atá ceadaithe. Ní mór tagairt a dhéanamh don athrú seo i miontuairiscí cruinnithe an GÁG ábhartha.

Beidh ar an GÁG an t-airgead ar fad a íocadh a fháil ar ais mura n-éiríonn le tionscnóir an tionscadail an tionscadal a chur i gcrích.

# 15 Riachtanais a bhaineann le Bainistiú an Chláir

## 15.1 Lámhleabhair Nósanna Imeachta

Caithfidh an GÁG agus na Páirtithe Forfheidhmiúcháin lámhleabhar cuimsitheach nósanna imeachta a choinneáil chun maoiniú agus gníomhaíocht LEADER a bhainistiú lena n-áirítear nósanna imeachta chun déileáil le gearáin a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

## 15.2 Maoirseacht Airgeadais GÁG

Tá an GÁG freagrach as bainistiú a dhéanamh gach caiteachas a bhaineann le costais riaracháin agus spreagúlachta an GÁG, chomh maith leis an maoiniú a bhíonn curtha ar fáil do gach tionscadal. Is é an GÁG, seachas tionscnóir an tionscadail, a bheidh faoi dhliteanas mura gcloíonn an GÁG leis na ceanglais ábhartha.

Ní mór iad seo a leanas ar a laghad a chur ar fáil do bhaill an GÁG ag gach cruinniú:

- cóip den ráiteas bainc míosúil is déanaí, nó asphrionta Agresso nó Integra más é an tÚdarás Áitiúil páirtnéir airgeadais an GÁG, maidir le gach cuntas nó cód oibre a bhaineann le cistí LEADER; agus

ráiteas réitigh míosúil, ina léirítear, mar shampla, liosta de na híocaíochtaí a fuair tionscnóirí an tionscadail, costais riaracháin ainmnithe, lóisteálacha a rinneadh leis an mbanc ach nach bhfuil chreidiúnaithe fós, seiceanna a eisíodh ach nár briseadh fós, etc.

Níor cheart don GÁG maoiniú a ghealladh atá níos mó ná an buiséad iomlán ó LEADER atá ar fáil dó. Dá réir sin, níor cheart don GÁG a bheith ag feidhmiú ar an tuiscint nach dtarraingeofar anuas na deontas atá geallta, m.sh. sa chás go mbíonn maoiniú tarraingthe siar de bharr nach bhfuil an tionscadal chun dul ar aghaidh nó mura mbeadh tionscnóir an tionscadail in ann an deontas iomlán a thairgeadh a tharraingt anuas.

## 15.3 Deontais ó Chistí Státchiste a Bhainistiú agus Cuntasacht ina leith

Caithfidh an GÁG Ciorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe an PFN mar a bhaineann le bainistiú deontas ón Státchiste agus cuntasacht ina leith[18] a chomhlíonadh. Tugtar breac-chuntas sa Chiorclán seo ar na prionsabail agus ar na nósanna imeachta a bhaineann leis an mbainistíocht ar airgead poiblí agus ar na ceanglais chaighdeánacha eile maidir le thuairisciú is gá a leanúint agus cistí poiblí á mbainistiú agus tá sé mar aidhm aige a chinntiú go mbíonn bainistíocht agus an cuntasaíocht chuí déanta ar an maoiniú ar fad a thagann ón Státchiste. Is é an prionsabal foriomlán atá ann ná gur cheart go mbeadh trédhearcacht agus cuntasacht ann ó thaobh airgead poiblí a bhainistiú, i gcomhréir le riachtanais an gheilleagair, agus

[18] http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf

le héifeachtúlacht agus éifeachtacht. Nuair is cuí, is gá go mbeadh ráitis airgeadais an GÁG ag teacht leis an gCiorclán.

#### 15.3.1 Sócmhainneacht an GÁG, an Pháirtnéara Forfheidhmiúcháin agus an Pháirtnéara Spreagúlachta

Ba cheart do GÁGanna atá bunaithe ar chur chuige páirtnéara le páirtnéirí airgeadais agus páirtnéirí forfheidhmiúcháin, (GÁGanna faoi stiúir CFÁ) dearbhú leathbhliantúil sócmhainneachta a iarraidh óna bpáirtnéirí forfheidhmiúcháin agus óna bPáirtnéirí Spreagúlachta faoi sheach. Ar an gcaoi chéanna, caithfidh GÁGanna a bunaíodh mar eintitis dhlíthiúla ar leith (GÁGanna faoi stiúir CFÁ) Dearbhú Leathbhliantúil Sócmhainneachta (Aguisín 18) a chur faoi bhráid na Roinne.

#### 15.3.2 An Cód Caiteachais Poiblí

Is gá do GÁGanna a bheith ar an eolas faoi cheanglais an chóid chaiteachais phoiblí agus caithfidh siad cloí leo. Tá an Cód ar fáil ag https://www.gov.ie/en/publication/public-spending-code/ faoi bhainistíocht na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

### 15.4 Comhlíontacht Cánach (CBL)

Is é an réamhshocrú ná go mbeadh gach tionscnóir tionscadail cláraithe le haghaidh CBL. I gcúinsí den chineál sin, ní costas incháilithe é CBL; d'fhéadfadh sé go mbeadh CBL nach rabhthas in ann a fháil ar ais agus a bhaineann le tionscnóirí tionscadail incháilithe. Ní mór don GÁG deimhniú i scríbhinn a fháil (arna sholáthar ag an tionscnóir tionscadail) ó na Coimisinéirí Ioncaim ag tabhairt le fios nach bhfuil an tionscnóir tionscadail cláraithe le haghaidh CBL agus an t-iarratais á dhéanamh agus sula ndéantar gach íocaíocht. Féadtar é seo a dhéanamh trí: (1) litir ó na Coimisinéirí Ioncaim nó (2) asphrionta de leathanach próifíle Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS).

1. Sa chás go bhfuil maoiniú le híoc i leith CBL nach rabhthas in ann a fháil ar ais, teastaíonn deimhniú i scríbhinn ó na Coimisinéirí Ioncaim agus dáta leis nach bhfuil níos sine ná 12 mhí sula bhfaightear an t-éileamh, i.e. glacfar leis go bhfuil litreacha CBL bailí ar feadh 12 mhí ón dáta ar eisíodh iad.
2. Más custaiméir cláraithe de chuid Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) é an tionscnóir tionscadail, beidh clárúchán CBL le feiceáil i bpróifíl an cháiníocóra, nó ní bheidh. Mura bhfuil próifíl CBL ag an gcustaiméir is é an réamhshocrú ná go nglacfar leis nach bhfuil sé cláraithe le haghaidh CBL.

Is féidir leathanach na próifíle ROS a phriontáil amach ag gach céim éilimh. Is gá don GÁG an t-asphrionta cuí de leathanach ROS a stampáil nuair a fhaigheann sé é agus a uaslódáil chuig stór doiciméad Chóras TF LEADER.

I gcás tionscnóirí tionscadail nach bhfuil cláraithe ar ROS agus a fuair deimhniú ó na Coimisinéirí Ioncaim roimhe seo nach raibh siad cláraithe le haghaidh CBL agus go bhfuil an fógra seo as dáta

faoi láthair, féadfaidh an GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin úsáid a bhaint as ceachtar de na nósanna imeachta seo a leanas chun stádas CBL an tionscnóra tionscadail a chinneadh:

1. Fíorú ríomhphoist na gCoimisinéirí Ioncaim - Féadfaidh an tionscnóir tionscadail deimhniú ar a stádas CBL a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim trí ríomhphost, agus má dheimhnítear sa deimhniú a bhíonn curtha ar fáil leis an ríomhphost seo nach bhfuil an tionscnóir tionscadail cláraithe le haghaidh CBL, glacfar leis go bhfuil an deimhniú seo a bheith bailí ar feadh 12 mhí ón dáta ar eisigh na Coimisinéirí Ioncaim an r-phost. Is gá cóip den ríomhphost ó na Coimisinéirí Ioncaim a uaslódáil chuig stór doiciméad córais TF LEADER.
2. Iarratas ar Bhailíochtú Uimhir CBL ROS – ar Chóras ROS na gCoimisinéirí Ioncaim is féidir iarratas a dhéanamh ar Bhailíochtú Uimhir CBL agus féadtar é seo a úsáid mar seo a leanas chun stádas CBL reatha an tionscnóra tionscadail a dheimhniú:
   Taispeánfaidh an comhfhreagras roimhe seo ó na Coimisinéirí Ioncaim ag deimhniú nach bhfuil an tionscnóir tionscadail cláraithe le haghaidh CBL Uimhir Chláraithe Cánach (TRN) an tionscnóra tionscadail.




Nuair a chuirfidh tú isteach TRN an tionscnóra deimhneoidh sé stádas reatha CBL thionscnóir an tionscadail trína chur in iúl duit an bhfuil sí ina huimhir  bhailí CBL nó nach bhfuil. Maidir le tionscnóra tionscadail go bhfuarthas deimhniú ó na Coimisinéirí Ioncaim nach raibh sé cláraithe le haghaidh CBL, tabharfaidh an toradh neamhbhailí le fios go bhfuil tionscnóir an tionscadail neamhchláraithe go leanúnach le haghaidh CBL. Ní ghlacfar leis an toradh neamhbhailí seo mar fhianaise nach bhfuil an tionscnóir tionscadail cláraithe le haghaidh CBL, mura raibh deimhniú faighte roimhe seo ó na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil an tionscnóir tionscadail cláraithe le haghaidh CBL.

Ós rud é nach ndeimhníonn an scáileán aschuir ROS dáta fíoraithe na seiceála, is gá don GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin cóip den scáileán aschuir a phriontáil agus ag an am céanna a chinntiú go dtaispeánann a bprintéir an dáta reatha i mbuntásc an leathanaigh. Caithfidh an tOifigeach Forbartha Tionscadail an leathanach clóite a stampáil agus a shíniú ansin, agus é a uaslódáil chuig stór doiciméad córais TF LEADER.

Beidh ar thionscnóirí tionscadail nach bhfuil litir / cumarsáid faighte roimhe seo acu ó na Coimisinéirí Ioncaim ag deimhniú nach bhfuil siad cláraithe le haghaidh CBL fanacht le deimhniú i scríbhinn nó ar ríomhphost ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir lena stádas clárúcháin CBL. Féadfaidh tionscnóirí tionscadail atá cláraithe le ROS leanúint ar aghaidh ag baint úsáide as an bpróiseas fíoraithe stádais CBL.

I gcás tionscnóir tionscadail nach raibh cláraithe le haghaidh CBL nuair a ceadaíodh cúnamh deontais agus gur ríomhadh an deontas agus CBL san áireamh, má chláraíonn sé le haghaidh CBL ina dhiaidh sin, beidh an próiseas seo a leanas i bhfeidhm:

- ba chóir sonraisc a bhfuil dáta orthu roimh dháta an chlárúcháin éifeachtach le haghaidh CBL a éileamh agus CBL curtha san áireamh, mar a bhí i gceist ó thús.
- ba chóir sonraisc a bhfuil dháta an chlárúcháin éifeachtach le haghaidh CBL nó dáta ina dhiaidh sin orthu a éileamh gan CBL a bheith curtha san áireamh. Níl cead an stampa 'eilimint CBL den mhaoiniú maoinithe' a chur ar na sonraisc dheireanacha sin.
- ba chóir litir na gCoimisinéirí Ioncaim ina dtugtar deimhniú maidir le dáta éifeachtach an chlárúcháin CBL a uaslódáil chuig stór doiciméad Chóras TF LEADER, ionas gur féidir rian iniúchta a dhéanamh.
- mar thoradh díreach ar a bheith cláraithe le haghaidh CBL, caithfidh an chuid sin de dheontais LEADER nár éilíodh a bheith dídhílsithe agus ní féidir é a athdháileadh laistigh den tionscadal.

#### 15.4.1 Dleachtanna / taraifí iompórtála

Aon dleachtanna/taraifí iompórtála a chuidíonn le hearraí atá incháilithe le haghaidh maoiniú ó LEADER a iompórtáil, tá siad incháilithe.

Chomh maith leis sin, i bprionsabal, d'fhéadfadh CBL a ghearrtar ag pointe iontrála na n-earraí isteach san Aontas a bheith incháilithe freisin le haghaidh maoiniú ó LEADER, ach deimhniú a bheith faighte ar stádas CBL an tionscnóra tionscadail.  Chun éileamh a dhéanamh teastóidh eolas tacaíochta, e.g. páipéarachas na gCoimisinéirí Ioncaim a bhaineann leis an mír/na míreanna a bhí iompórtáilte agus íocaíocht na ndleachtanna/taraifí.

### 15.5 Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach

Caithfidh an GÁG a bheith ar an eolas faoi na riachtanais a bhaineann leis na nósanna imeachta Imréitigh Cánach. Tá na nósanna imeachta seo ar fáil ag https://www.revenue.ie/en/starting-a-business/tax-clearance/when-is-a-tax-clearance-certificate-required/index.aspx Tá feidhm ag na ceanglais seo maidir leis an GÁG, an Páirtnéir Forfheidhmiúcháin, na tionscnóirí agus conraitheoirí i gcás tionscadail tógála, faoi réir na gceanglas thíos:

- Ní mór don GÁG (nó don Pháirtnéir Airgeadais nuair is cuí) a bheith comhlíontach ó thaobh cánach de. Ní eiseoidh an Roinn aon mhaoiniú mura dtugann an GÁG nó an Páirtnéir Airgeadais fianaise ar imréiteach cánach nó uimhir charthanais bhailí don Roinn;
- Is gá don GÁG na tionscnóirí tionscadail a chur ar an eolas maidir leis na ceanglais imréitigh cánach a bhaineann leo féin agus lena gconraitheoirí i gcás tionscadail tógála. Caithfidh an GÁG a chinntiú go bhfuil cúrsaí cánach na dtionscnóirí tionscadail, agus na conraitheoirí i gcás tionscadail tógála, in ord. Is gá don GÁG a chinntiú freisin, i gcás tionscadal atá ag fáil deontas de chuid LEADER, go gcuirtear fianaise maidir le himréiteach cánach ar fáil maidir le gach dream atá ag cur seirbhísí tógála ar fáil don tionscadal, má bhaineann le hábhar. Níor cheart íocaíocht a dhéanamh mura féidir fianaise ar chomhlíonadh cánach a chur ar fáil nuair atá an obair críochnaithe nó ag céim na híocaíochta.

Ní mór fianaise ar Imréiteach Cánach Reatha, a théann siar dhá mhí dhéag roimh an íocaíocht, a chur ar fáil, sa chás go bhfuil cúnaimh deontais atá níos mó ná €10,000 (CBL san áireamh) le híoc le tionscnóirí tionscadail. €650 an tairseach a bhaineann le hoibríochtaí tógála. Dá bhrí sin, caithfidh an GÁG a chinntiú go bhfaigheann gach tionscnóir tionscadail fianaise ar Imréiteach Cánach reatha ó gach conraitheoir ábhartha má bhaineann an tionscadal le obair thógála. Níl cead ag an GÁG maoiniú níos lú ná €10,000 a thairiscint ar mhaithe leis na nósanna imeachta a bhaineann leis an imréiteach cánach a sheachaint.

Is féidir Córas ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) (Aguisín 20) a úsáid chun comhlíonadh cánach a dheimhniú. Ós rud é nach bhfuil aon dáta éaga sonrach ar an gcóras Ríomh-Imréitigh Cánach ar líne, beidh deimhniú ag teastáil gach uair a n-íoctar conraitheoir tógála, faoi réir na tairsí ábhartha. Caithfidh an té a dhéanann an deimhniú cóip de gach asphrionta deimhnithe r-Imréitigh Cánach a shíniú, a stampáil agus dáta chur leis agus é a uaslódáil chuig stór doiciméad Chóras TF LEADER.

### 15.5.1 Conraitheoirí Neamhchónaitheacha ar thionscadail tógála

Is gá do chonraitheoirí neamhchónaitheacha atá ag plé le tionscadail tógála fianaise ar Dheimhniú Imréitigh Cánach na hÉireann a chur ar fáil freisin. Tá treoir bhreise maidir le himréiteach cánach do neamhchónaitheoirí ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ag http://www.revenue.ie/en/business/running/tax-clearance.html.

Beidh eolas maidir leis an dáta 'bailí go dtí …' i litir Deimhnithe Imréitigh Cánach na gCoimisinéirí Ioncaim. Is leor an litir Deimhnithe Imréitigh Cánach i gcás gach earra a bhíonn ceannaithe ón soláthraí sin go dtí an dáta éaga atá luaite.

Measfar nach bhfuil aon íocaíochtaí le conraitheoirí neamhchónaitheacha atá ag obair ar thionscadail tógála, agus nár chuir fianaise ar Dheimhniú Imréitigh Cánach bailí ar fáil, incháilithe

agus caithfidh an GÁG íocaíochtaí den chineál a tharraingt siar agus an méid cuí a aisíoc leis an Roinn.

In Aguisín 2 de Chiorclán 44/2006 na Roinne Airgeadais, Nósanna imeachta imréitigh cánach, Deontais, Fóirdheontais agus íocaíochtaí den chineál céanna – Sainmhíniú ar 'Oibríochtaí Foirgníochta' – tugtar treoir ar na cineálacha gníomhaíochta arb ionann iad agus oibríochtaí tógála chun críocha imréitigh cánach. Cuireann an leathanach gréasáin seo a leanas de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim eolas ginearálta ar fáil maidir leis seo.

https://www.revenue.ie/en/self-assessment-and-self-employment/construction-industry/what-are-construction-operations.aspx

Ba chóir do GÁGanna a dteastaíonn cúnamh breise uathu agus iad ag oibriú amach le cad is oibríocht tógála ann, cúnamh den chineál sin a lorg ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim tríd an gcainéal cuí ar shuíomh gréasáin Revenue.ie.

## 15.6 Trealamh agus Réadmhaoin

### 15.6.1 Clár Sócmhainní

Caithfidh tionscnóir an tionscadail cosaintí a chur i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú nach ndéantar aon mhíleithreasú ar shócmhainní atá maoinithe ag LEADER. Ní mór do thionscnóir tionscadail clár a choinneáil de na sócmhainní ar fad atá maoinithe ag LEADER agus suíomh a ainmniú ina mbeidh na sócmhainní ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh orthu. Caithfidh an GÁG a dhearbhú go bhfuil an clár seo de na sócmhainní ann.

### 15.6.2 Ceannach Talún[19]

Ceannach talún ar luach nach mó é ná 10 % den chaiteachas incháilithe iomlán don oibríocht lena mbaineann.

Caithfidh an GÁG iad seo a leanas a fháil sular féidir íocaíocht a dhéanamh:

- deimhniú gur le tionscnóir an tionscadail an talamh (i.e. Gníomhais Teidil); agus
- cóip den chonradh díolacháin tar éis don litir thairisceana a bheith shínithe.

Ós rud é nach bhféadfaidh luach na talún, mar atá deimhnithe ag saineolaí cáilithe neamhspleách, a bheith níos mó ná 10% de chostais incháilithe iomlána an tionscadail atá ceadaithe, caithfidh na costais eile a bhaineann leis an tionscadail a bheith cothrom le 90% ar a laghad de chostais incháilithe an tionscadail. Is ionann na costais incháilithe eile agus na costais eile ar fad a bhaineann leis an tionscadail, lúide costas na talún. Más ionann na costais sin agus 90%, ansin ríomhtar an t-uasmhéid 10% atá ceadaithe maidir le ceannacháin talún tríd an bhfigiúr seo a roinnt ar 9.

19 Airteagal 73 de Rialachán 2021/2115

*Sampla de chás ina bhfuil na costais a bhaineann le ceannach na talún níos mó ná 10% de chostais incháilithe an tionscadail*

| | | |
|---|---|---|
| A | Costais fála talún | €10,000 |
| B | Costais tionscadail atá incháilithe faoi LEADER (seachas costais fála talún) | €40,000 |
| C | Costais iomlána (A + B) | €50,000 |
| D | Uaschostais incháilithe chun talamh a fháil. (*Suas le huasmhéid 10% de chostais incháilithe an tionscadail LEADER: (B =90% ansin ní féidir le D a bheith cothrom ach le 10% i.e. B/9 – sa chás seo (€40,000/9)* | €4,444 |
| E | Costais fála talún is féidir a mhaoiniú (an ceann is lú de A nó D) | €4,444 |
| F | Iomlán na gcostas tionscadail atá incháilithe faoi LEADER (B + E) | €44,444 |
| G | Maoiniú LEADER @ 50% (50% x F) | €22,222 |

*Sampla de chás ina bhfuil na costais fala talún cothrom le nó níos lú ná 10% de chostais incháilithe an tionscadail*

| | | |
|---|---|---|
| A | Costais fála talún | €5,000 |
| B | Costais tionscadail atá incháilithe faoi LEADER (seachas costais fála talún) | €100,000 |
| C | Costais iomlána (A + B) | €105,000 |
| D | Uaschostais incháilithe fála talún. (*Suas le huasmhéid 10% de chostais incháilithe an tionscadail LEADER: (B = 90% mar sin ní féidir le D a bheith cothrom ach le 10% i.e. B/9 – sa chás seo (€100,000/9)* | €11,111 |
| E | Costais fála talún is féidir a mhaoiniú (an ceann is lú de A nó D) | €5,000 |
| F | Iomlán na gcostas tionscadail atá incháilithe faoi Leader (B + A) | €105,000 |
| G | Maoiniú LEADER @ 50% ROA (50% x F) | €52,500 |

### 15.6.3 Trealamh Athláimhe

Féadfaidh an GÁG maoiniú a thabhairt chun trealamh athláimhe a cheannach –

- má chuireann an díoltóir dearbhú ar fáil i scríbhinn ag deimhniú cá as ar tháinig an trealamh agus ag deimhniú nár ceannaíodh an trealamh le cistí náisiúnta nó le cistí de chuid an AE sa tréimhse seacht mbliana roimhe sin; agus

- mura bhfuil praghas an trealaimh níos airde ná a luach margaidh agus go bhfuil sé níos lú ná an costas a bhainfeadh le trealamh nua den chineál céanna (fianaise a sholáthar maidir leis an gcostas a bheadh ar threalamh nua den chineál céanna); agus
- má thagann an trealamh leis an tsonraíocht theicniúil atá riachtanach don tionscadal agus má chomhlíonann sé na noirm agus na caighdeáin chuí.

#### 15.6.4 Fianaise ar Theideal, Léasacht nó Cead Réadmhaoin a úsáid

Is gá don GÁG fianaise a fháil ó thionscnóir an tionscadail maidir le teideal nó léasacht i gcás tionscadail chaipitil a bhaineann le talamh e.g. láithreáin ar a bhfuiltear ag tógáil nó ag athchóiriú, daingneáin, bealaí tráchta, etc. I gcás aon léas a chuirtear ar fáil:

- caithfidh sé a bheith sínithe ag an léasóir agus ag tionscnóir an tionscadail;
- caithfidh finnéacht a bheith déanta air mar is ceart;
- caithfidh léarscáil inléite a bheith in éineacht leis ina bhfuil an talamh/an mhaoin atá i gceist le haithint go soiléir; agus
- caithfear téarma an léasa a shonrú (caithfidh tréimhse cúig bliana ar a laghad a bheith a gceist ó dháta na híocaíochta deiridh leis an tionscnóir tionscadail nó ar feadh téarma nach lú ná téarma an chonartha, cibé cé acu is faide.

Sa chás nach féidir le tionscnóir an tionscadail léas a fháil, is leor doiciméid dlí ina ndeimhnítear go bhfuil sé d'údarás ag tionscnóir an tionscadail na gníomhaíochtaí ábhartha a dhéanamh ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad tar éis an dáta deireanach ar íocadh an tionscadal. Ní mór don GÁG a chinntiú go bhfuil finnéacht déanta ag aturnae ar na cáipéisí agus iad sínithe ag an duine nó ag an comhlacht a aithnítear mar an duine nó an comhlacht atá i gceannas ar an maoin. Ní mór don aturnae a fhíorú go bhfuil an duine nó an comhlacht seo i dteideal an mhaoin ábhartha a ligean ar léas agus caithfidh sé finnéacht a dhéanamh ar an gcáipéis. Ní féidir an tsócmhainn a chumhdaítear leis an doiciméad seo a úsáid mar ranníocaíocht chomhchineáil. Ní bheidh aon chomhaontú a mhaireann ar feadh tréimhse níos lú ná cúig bliana ó dháta na híocaíochta deiridh don tionscadal incháilithe le haghaidh cistiúcháin.

### 15.7 Marthanacht na hInfheistíochta agus Maoiniú a íoc ar ais

Ní mór do thionscnóirí tionscadail a fhaigheann maoiniú de chuid LEADER le haghaidh infheistíocht chaipitil (i.e. le haghaidh infheistíochtaí bonneagair nó táirgiúla) feidhmiú mar thionscnóirí maoinithe ar feadh cúig bliana ón dáta a raibh na híocaíochtaí deiridh deontais faighte ó LEADER – ceanglas marthanachta. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh an GÁG tairiscint mhaoinithe a dhéanamh ach amháin ar choinníoll go n-íocfar ar ais an maoiniú más rud é, laistigh de thréimhse cúig bliana ón dáta ar íocadh na deontais deiridh:

- go gcuireann an tairbhí deireadh leis an obair nó go n-athlonnaíonn sé an ghníomhaíocht lasmuigh d'Éirinn; agus/nó

- go ndéantar aon sócmhainní atá maoinithe ag LEADER a dhíol, a ligean ar léas, a thrádáil nó a athrú ar shlí éigin eile gan cead a bheith faighte roimh ré ón GÁG agus ón Roinn; agus/nó
- go ndéantar an infheistíocht a athrú nó a mhodhnú go mór ar bhealach a dhéanfadh difear do chineál, cuspóirí nó coinníollacha cur chun feidhme na hinfheistíochta agus go mbaintear an bonn de na chuspóirí a bhí leis an maoiniú ó LEADER a bhí curtha ar fáil an chéad lá riamh.

Sa chás go bhfaigheann an GÁG amach nach bhfuil tionscnóir an tionscadail ag comhlíonadh na gcoinníollacha maoinithe a bhfuil tagairt dóibh i bpointí I go III thuas, caithfidh an GÁG an Roinn a chur ar an eolas láithreach agus a iarraidh go n-íocfaí ar ais an maoiniú.

Féadfaidh an GÁG an méid maoinithe atá le haisíoc ag an tionscnóir tionscadail a laghdú bunaithe ar an tréimhse a d'oibrigh an tionscadal i gcomhréir leis na coinníollacha thuas.

Ní mór don GÁG foráil shainráite a dhéanamh do na riachtanais sin sa chomhaontú maoinithe nó sa chonradh leis an tionscnóir tionscadail.

### 15.8 Taisteal agus Cothú i gcás tionscnóirí tionscadail

Go ginearálta, ní fhéadfaidh an GÁG íoc as costais taistil agus chothaithe tionscnóirí tionscadail. D'fhéadfadh costais den chineál sin a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta, áfach, más rud é go bhfuil ról lárnach acu ó thaobh tionscadal a chur i gcrích m.sh. freastal ar aontaí trádála, ach ní féidir dul níos airde ná leibhéal na rátaí atá i bhfeidhm don Státseirbhís.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach maoiníonn LEADER costais taistil agus chothaithe na rannpháirtithe chun gur féidir leo freastal ar an ionad/láthair ina bhfuil gníomhaíocht tionscadail ar siúl. Ar an gcaoi chéanna, i gcás tionscadail a bhaineann le hoiliúint, níl costais taistil agus chothaithe na ndaoine atá faoi oiliúint agus iad ag taisteal chuig ionad oiliúna incháilithe, mar a bhaineann le cúnamh deontais ó LEADER.

Mar sin féin, sa chás go bhfuil sé soiléir i gcás tionscadal oiliúna nach féidir gné áirithe den oiliúint a chur i gcrích i suíomh ranga, agus nach féidir í a chríochnú ach amháin trí chuairt a thabhairt ar an láithreán/turas allamuigh a dhéanamh, ansin, sa chás seo, is féidir an costas a bhaineann leis na rannpháirtithe/scoláirí a iompar ón seomra ranga go dtí suíomh an láithreáin cuairte/suíomh an turais allamuigh a cheadú e.g. bus nó traein.

### 15.9 An tAcht um Chosaint Sonraí

Is í an Roinn an Rialaitheoir Sonraí agus is Próiseálaithe Sonraí iad an GÁG agus na Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin agus na Páirtnéirí Spreagúlachta agus is gá dóibh a bheith ar an eolas faoin reachtaíocht náisiúnta agus faoi cheanglais reachtúla eile maidir le cosaint sonraí agus cloí leo. D'fhéadfadh sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaire mar a shainmhínítear iad sna

hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018 a bheith san áireamh san eolas a chuireann Páirtnéir Forfheidhmiúcháin nó Páirtnéir Spreagúlachta nó tionscnóir tionscadail ar fáil don GÁG. Mar Phróiseálaí sonraí údaraithe, ní mór don GÁG agus don Páirtnéir Forfheidhmiúcháin agus don Páirtnéir Spreagúlachta córas láidir a bheith acu d'fhonn a chinntiú go bhfuil na sonraí a fhaigheann siad cosanta. Caithfear a chur in iúl do gach iarratasóir go bpróiseálfar na sonraí a bhíonn curtha ar fáil de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018 agus de réir An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (AE) 2016/679 ) a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018.

#### 15.9.1 Sonraí Pearsanta a aistriú chuig Tríú Tír

Leagtar amach san RGCS na forálacha a bhaineann le sonraí a aistriú chuig tríú tír in Airteagail 44-49 https://gdpr-info.eu/chapter-5/. Féach freisin treoirnóta ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Ba cheart do gach GÁGanna agus dá bpáirtnéirí iad féin a chur ar an eolas faoi cheanglais RGCS má tá siad ag aistriú sonraí pearsanta chuig aon tríú tír.

Caithfidh an GÁG breac-chuntas a thabhairt ina lámhleabhar ar na nósanna imeachta agus na rialuithe atá i bhfeidhm chun slándáil na sonraí pearsanta agus na sonraí pearsanta íogaire a fhaigheann siad a chinntiú. Is gá don GÁG a chinntiú freisin go bhfuil an páirtnéar/na Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin agus páirtnéirí eile ag cloí leis an reachtaíocht um chosaint sonraí freisin.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Chosaint Sonraí, déan teagmháil le hOifig an Choimisinéara Sonraí agus/nó féach ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara Sonraí https://www.dataprotection.ie/.

### 15.10 An tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF)

Ní mór don GÁG ceanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 a chomhlíonadh[20]. Foráiltear leis an Acht, le héifeacht ón 21 Aibreán 1998, go bhfuil gach duine i dteideal:

- rochtain a fháil ar thaifid oifigiúla atá i seilbh Ranna Rialtais nó comhlachtaí poiblí eile atá liostaithe san Acht;
- eolas pearsanta ina dtaobh atá coinnithe a cheartú nó a nuashonrú, má tá an t-eolas sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- cúiseanna a fháil maidir le cinntí a théann i bhfeidhm orthu go díreach.

Tá GÁGanna atá bunaithe ar chur chuige comhpháirtíochta le Páirtnéirí Airgeadais agus Forfheidhmiúcháin, GÁGanna atá faoi stiúir CFPÁ, faoi réir Saoráil Faisnéise ina gceart féin agus,

[20] http://vv.erishstatebook.i/eli/2014/act/30/anected/en/html

dá bhrí sin, tá siad freagrach as déileáil le hiarrataí saorála faisnéise a bhaineann lena GÁG agus lena bPáirtnéirí.

Chomh maith leis sin, is gá do gach GÁGanna taifid a sholáthar don Roinn faoi Alt 11 (9) den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014:

> *Má bhaineann agus a mhéid a bhaineann sé leis an tseirbhís, measfar, chun críocha an Achta seo, taifead atá i seilbh soláthraí seirbhíse a bheith i seilbh an chomhlachta saorála faisnéise, agus measfar foráil a bheith san áireamh sa chonradh chun an tseirbhís a chur ar fáil go dtabharfaidh an soláthraí seirbhíse, má iarrann an comhlacht saorála faisnéise amhlaidh air chun críocha an Achta seo, an taifead don chomhlacht saorála faisnéise lena choinneáil, ar feadh cibé tréimhse atá réasúnta sna himthosca áirithe.*

Coinníonn an Roinn, a Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta an ceart nochtadh a dhéanamh chun críocha iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 nó ar shlí eile, i dtaca leis an tionscadal/na tionscadail atá maoinithe:

- aon eolas a chuir an tIarratasóir ar fáil don GÁG / don Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin / don Roinn,
- aon sonraí ábhartha a bhailigh an GÁG / an Páirtnéir Forfheidhmiúcháin / an Roinn ar mhaithe le cúnamh deontais a riar don tionscadal, ach amháin i gcás ina meastar go bhfuil an t-eolas íogair go pearsanta nó ó thaobh tráchtála de.

Caithfidh an GÁG aon eolas a iarrtar i dtaca le saoráil faisnéise a sholáthar laistigh de na hamlínte agus san fhormáid a shonraíonn an Roinn.

Is féidir teacht ar na riachtanais agus ar na dualgais ar fad a bhaineann leis an Acht, chomh maith le litreacha treorach agus teimpléid, ag www.foi.gov.ie.

### 15.11 Sláinte agus Sábháilteacht / Árachas

Ní bheidh an tAire ná aon oifigeach de chuid na Roinne faoi dhliteanas ar bhealach ar bith as aon damáiste, caillteanas nó díobháil do dhaoine, d'ainmhithe ná do mhaoin i gcás aon rud a tharlaíonn a bhaineann le tógáil nó gníomhaíochtaí eile atá maoinithe ag LEADER. Slánóidh an tionscnóir tionscadail an tAire nó aon oifigeach de chuid na Roinne go hiomlán i ndáil le haon damáiste, caillteanas nó díobháil den chineál sin cibé chaoi a dtarlóidh sé le linn na n-oibreacha forbartha nó le linn gníomhaíochtaí eile.

Sa chás gur conraitheoir a thugann faoin obair thógála, caithfidh tionscnóir an tionscadail a chinntiú go dtuigeann an conraitheoir nó aon chonraitheoir nó fochonraitheoir eile na rioscaí a bhaineann leis an bhforbairt agus tá sé réitithe ina gcoinne. Is gá do thionscnóir an tionscadail a chinntiú freisin go bhfuil an cumhdach árachais cuí i bhfeidhm ag an gconraitheoir nó ag an bhfochonraitheoir m.sh. árachas fostóra agus árachas dliteanais phoiblí, sa chás go dtarlódh aon

díobhála, caillteanais, damáiste nó taisme eile. Ní mór don tionscnóir slánaíocht scríofa oiriúnach a fháil ó aon chonraitheoir nó fochonraitheoir maidir le haon damáiste nó díobháil nó caillteanas eile a d'fhéadfadh tarlú le linn na n-oibreacha forbartha agus, más gá, comhairle árachais ghairmiúil a lorg ó bhróicéir árachais nó ó chuideachta árachais.

Is gá don GÁG gach iarratasóir a chur ar an eolas faoin ngá atá ann a bheith eolasach i dtaobh forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 arna leasú, Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013 (I.R. Uimh. 291 de 2013) agus rialacháin ábhartha eile.

Tá treoir ghinearálta maidir le hAcht 2005 ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ag http://www.hsa.ie/eng/Topics/Managing_Health_and_Safety/.

Ní mór don GÁG gach tionscnóir tionscadail a chur ar an eolas faoin gceanglas maidir leis an bhfreagracht agus an dualgas atá orthu socruithe féinárachais agus/nó árachas dliteanais phoiblí a thabhairt isteach agus a choinneáil i bhfeidhm, don phróiseas cur chun feidhme tionscadail agus don tréimhse mharthanachta 5 bliana araon. Is gá go mbeadh coinníollacha cuimsitheacha maidir le cumhdach árachais agus teagmhais ghaolmhara a bheith sa chonradh GÁG/tionscnóir tionscadail sa chás go dtarlódh caillteanais nó damáiste do shócmhainní tionscadail.

#### 15.11.1 Árachas agus Slánaíocht

Glacann tionscnóir an tionscadail (dá ngairtear 'an Tionscnóir' feasta) leis agus deimhníonn sé go bhfuil Aire na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, an (cuir isteach ainm an GÁG nó ainm(neacha) páirtí slánaithe eile) ag gach am agus i ngach cás slánaithe ó agus i gcoinne gach caingean, imeacht, costas, damáistí, caiteachas, éileamh, éileamh agus dliteanas (ach amháin sa mhéid is gur faillí nó neamart mór de chuid na bpáirtithe réamhluaite is cúis leis) a thagann chun cinn ar bhealach ar bith go díreach nó go hindíreach astu seo a leanas:

- aon ghníomh, neamart, neamhshuim, nó faillí de chuid an Tionscnóra, a sheirbhísigh nó a ghníomhairí, nó de chuid aon duine a bheadh ar shuíomh an tionscadail nó san áitreabh agus ar an áitreabh le cead an tionscnóra nó le cuireadh ón tionscnóir;
- aon ghníomh, neamart, neamhshuim nó faillí de chuid an Tionscnóra, a sheirbhísí nó a ghníomhairí (nó aon duine a bhfuil cead nó cuireadh ón Tionscnóir acu) i limistéir nó ar limistéir eile atá cóngarach do shuíomh an tionscadail nó don áitreabh nó ina chomharsanacht, a bhféadfadh cearta rochtana nó úsáide a bheith ag an tionscnóir ina leith;
- an Úsáid atá Ceadaithe; agus
- aon sárú a dhéanfadh an Tionscnóir ar a oibleagáidí, ar a ghnóthais, ar na coinníollacha nó ar na forálacha eile atá sa chonradh nó faoi réir Rialacha Oibriúcháin Chlár LEADER 2023-2027.

Deimhníonn an Tionscnóir a fhreagracht agus a dhualgas, árachas dliteanais phoiblí nó árachas eile de réir mar is gá a thabhairt isteach agus a choinneáil i bhfeidhm, don tionscadal a bhfuil cúnamh deontais LEADER á lorg ina leith.

Tabharfaidh an Tionscnóir fógra láithreach don Aire má thagann sé aon eolas faoi rud atá tar éis tarlú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'aon pholasaí árachais a bhaineann leis an tionscadal, lena shócmhainní, lena áitreabh agus le haon ítim eile atá faoi réir árachais.

Más rud é, agam ar bith, go mbeidh an Tionscnóir i dteideal sochair a fháil ó aon árachais atá ar áitreabh an tionscadail nó ar a mhaoin (nach ndéantar ná nach gcoinnítear de bhun aon oibleagáide atá anseo) go mbainfear úsáid as an airgead go léir a bheidh faighte mar thoradh ar an árachas sin chun an caillteanas nó an damáiste a raibh an t-airgead faighte ina leith, a chur ina cheart.

Cuirfidh sé an tAire agus an GÁG ar an eolas i scríbhinn, de réir mar is cuí, faoi aon damáiste, is cuma cén chaoi ar tharla sé, d'áitreabh nó do shócmhainní an tionscadail, a luaithe agus a bheidh sé ar an eolas faoi sin.

Méid an airgid árachais a íoc ar éileamh leis an Aire, leis an GÁG, de réir mar is cuí, i leith an damáiste don áitreabh tionscadail nó do na sócmhainní nach féidir a fháil ar ais mar gheall ar aon ghníomh, neamart, neamhshuim nó faillí de chuid an Tionscnóra, a sheirbhísigh, a ghníomhairí, a thionscnóirí nó daoine ar tugadh cuireadh dóibh.

Má tharlaíonn ag aon am le linn na tréimhse marthanachta 5 bliana go ndéantar damáiste d'áitreabh tionscadail nó d'aon chuid de nó go scriostar é mar thoradh ar aon cheann de na Rioscaí Árachaithe agus nach féidir an t-airgead árachais ar fad nó cuid de faoin bpolasaí árachais a fháil ar ais mar gheall ar aon ghníomh nó neamairt de chuid an Tionscnóra nó duine ar bith ag áitreabh an tionscadail le cead soiléir nó intuigthe an Tionscnóra, seachas an tAire, an GÁG, agus de réir mar is cuí, a sheirbhísigh, a ghníomhairí nó a fhir oibre, láithreach i ngach cás den chineál sin (de rogha an Aire, an GÁG, de réir mar is cuí):

a. má bhíonn gá an mhaoin nó na foirgnimh atá san áitreabh nó sna struchtúir atá faoi réir iarratais ar chúnamh deontais a atógáil agus a chur ar ais ar a chostas féin má scriostar iad nó má dhéantar damáiste dóibh chun sástacht réasúnach agus faoi mhaoirseacht an LAG, agus de réir mar is cuí suirbhéir, go dtabharfar don Tionscnóir i leith na gcostas a bhaineann leis sin a dhéanamh nuair a bheidh an atógáil agus an athlonnú críochnaithe an méid (más ann dó) a bhí faighte i ndáiríre i leith an damáiste nó an scriosta faoi aon árachas mar a dúradh cheana; nó
b. beidh méid an airgid árachais sin nach féidir a fháil ar ais ar an gcaoi seo le híoc leis an GÁG , de réir mar is cuí, ar éileamh, le hús ag an Ráta Forordaithe (3 %), ón dáta a

gcuirfidh a árachóirí in iúl don Tionscnóir nach féidir an t-airgead sin a fháil ar ais pé acu is saoire don Tionscnóir.

### 15.12 Seirbhísí i mBéarla agus i nGaeilge

Is comhlacht poiblí é an GÁG chun críocha Acht na dTeangacha Oifigiúla. Is féidir treoir maidir leis na riachtanais a fháil ag http://www.coimisineir.ie/downloads/Guidebook4.pdf.

Is gá don GÁG a chinntiú go bhfuil foirmeacha iarratais ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Caithfidh an GÁG a fhógairt go poiblí freisin go bhfuil a chuid seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge má tá siad i gceantair Ghaeltachta nó ar an teorainn léi. I gceantair eile, nuair a iarrtar seirbhís trí Ghaeilge, caithfidh an GÁG gach iarracht a dhéanamh an tseirbhís a chur ar fáil.

# 16 Soláthar

Baineann na ceanglais atá leagtha amach sa chuid seo leis na nósanna imeachta soláthair agus leis na riachtanais Réasúntachta Costais atá le leanúint maidir le hiarratais ar thionscadail LEADER.

Ba cheart go mbeadh a dhóthain saineolais ag an GÁG lena chinntiú go gcomhlíonfar na dTreoirlínte Náisiúnta Soláthair, Rialacháin an AE, agus Ciorcláin na Roinne, lena n-áirítear oiliúint leordhóthanach a chur ar bhaill foirne maidir le nósanna imeachta an tsoláthair phoiblí. Caithfidh an GÁG tionscnóir an tionscadail a chur ar an eolas faoi na torthaí a d'eascródh as gan na nósanna imeachta soláthair cearta a bheith á leanúint. Ní mór don GÁG iarraidh ar gach tionscnóir tionscadail freisin a chinntiú go bhfuil na scileanna agus an taithí atá riachtanach ag an saineolas soláthair a fhaigheann siad m.sh. comórtais soláthair phoiblí eile a reáchtáil.

Sa chás go bhfuil an próiseas soláthair curtha i gcrích agus faofa ag an GÁG, ba cheart don GÁG a chur in iúl do thionscnóir an tionscadail, agus a chur san áireamh ina Litir Thairisceana agus ina gConradh araon, nár cheart dóibh aon athruithe a dhéanamh ar an méid atá ceadaithe, e.g. níor cheart do thionscnóir an tionscadail soláthraí (í)/conraitheoir(í) a athrú ar chúis ar bith gan dul i gcomhairle leis an GÁG ar dtús, toisc go bhféadfadh mar thoradh air sin, go mbeadh na rialacha soláthair á sárú agus go gcuirfí pionóis orthu agus/nó go bhféadfadh nach mbeadh an tionscadal incháilithe le haghaidh maoiniú ó LEADER.

## 16.1 Riarachán agus Spreagúlacht

Ba cheart do na GÁGanna, lena n-áirítear Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin agus Páirtnéirí Spreagúlachta, cloí leis na Treoirlínte Náisiúnta Soláthair, le rialacháin an AE agus le haon leasuithe ina dhiaidh sin mar a mholtar i gCiorclán na Roinne maidir le Riarachán GÁG agus caiteachas Spreagúlachta.

## 16.2 Réasúntacht na gCostas Soláthar

Chomh maith le cloí leis na riachtanais soláthair, is gá don GÁG é féin a shásamh maidir le réasúntacht na gcostas a chuirtear isteach do gach tionscadal trí mheasúnú a dhéanamh ar na tairiscintí/luachanna a bhíonn faighte agus comparáid a dhéanamh eatarthu. Sa chás, áfach, go bhfaightear níos lú ná 3 fhreagra/tairiscint mar thoradh ar an bpróiseas soláthair, trí fhógraíocht ar eTenders nó trí luachanna díreacha a lorg, caithfidh an Coiste Meastóireachta agus an GÁG léargas a thabhairt ar na céimeanna breise a glacadh chun a chinntiú go raibh costais an tionscadail réasúnta. Mar shampla, d'fhéadfadh an Coiste GÁG/Meastóireachta measúnacht a dhéanamh ar na costais bunaithe ar an eolas atá aige agus comparáid a dhéanamh idir iad agus na costais a bhaineann le tionscadail/gníomhaíocht cosúil leo sa réigiún geografach céanna.

I gcúinsí go raibh níos lú ná 3 luachan faighte faoi na nósanna imeachta a bhaineann le cuireadh díreach, moltar athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ngnólachtaí/soláthraithe ar lorgaíodh

luachanna uathu. Tugann sé seo dearbhú breise go raibh cúis dhlisteanach ag an tionscnóir tionscadail a bheith ag súil le freagra m.sh. i gcás oibreacha tógála, seiceáil go bhfuil teagmháil déanta ag tionscnóir an tionscadail le conraitheoirí a oibríonn sa limistéar geografach lena mbaineann.

## 16.3 Catagóirí Tionscnóra

Tá dhá chatagóir soláthair ann atá infheidhme maidir le tionscnóirí tionscadail:

### 16.3.1 Catagóir 1

Caithfidh tionscnóirí tionscadail ar féidir maoiniú iomlán de níos mó ná 50% de chostais an tionscadail a bhronnadh orthu (ó LEADER agus/nó ó fhoinsí poiblí eile), agus GÁGanna / Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin / Páirtnéirí Spreagúlachta, beag beann ar na leibhéil tacaíochta atá á fháil ó LEADER, na Treoirlínte Náisiúnta um Sholáthar Poiblí a leanúint.

### 16.3.2 Catagóir 2

Féadfaidh tionscnóirí tionscadail a bhféadfaí maoiniú iomlán 50% nó níos lú de chostais an tionscadail a bhronnadh orthu (ó LEADER agus/nó ó fhoinsí poiblí eile) roghnú gan na Treoirlínte Náisiúnta Soláthair a leanúint. Sa chás sin, ní mór dóibh cloí le Treoirlínte Soláthair Sonracha LEADER.

## 16.4 Tairseacha an AE

Go hiondúil, ní chuireann LEADER maoiniú ar fáil do ghníomhaíochtaí atá os cionn thairseacha an AE.

Is é €221,000 (gan CBL san áireamh) an tairseach reatha atá ag an AE le haghaidh Earraí & Seirbhísí agus Seirbhísí a bhaineann le hOibreacha agus €5,538,000 (gan CBL san áireamh) le haghaidh Oibreacha. Déantar athbhreithniú ar na tairseacha sin gach dhá bhliain agus ba cheart do GÁGanna breathnú ar http://simap.ted.europa.eu/web/simap/european-public-procurement chun teacht ar eolas faoi do na tairseacha is déanaí. Beidh na tairseacha reatha fós i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2025. Maidir le gníomhaíocht tionscadail os cionn thairseach AE, ba cheart do GÁGanna dul i gcomhairle leis an OGP maidir leis an nós imeachta ba cheart dóibh a leanúint.

## 16.5 Treoirlínte Náisiúnta Soláthair – Catagóir 1

Bíonn feidhm ag na Treoirlínte Náisiúnta Soláthair sa chás go mbíonn an maoiniú poiblí iomlán (ó LEADER agus cistí meaitseála poiblí) níos mó ná 50% de chostais an tionscadail. Baineann na treoirlínte seo freisin le GÁGanna / Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin / Páirtnéirí Spreagúlachta, beag beann ar an leibhéal tacaíochta ó LEADER. Tá breac-chuntas ar na riachtanais tairsí leagtha amach sa tábla thíos:

| Tairseacha Náisiúnta Soláthair | | |
|---|---|---|
| **Cineál Conartha** | **Méid (gan CBL)** | **Nós Imeachta** |
| Soláthairtí & Seirbhísí | Níos lú ná €5,000 | **Iarr** meastacháin ó bhéal ar sholáthróir/ar sholáthróir seirbhíse amháin nó níos mó atá inniúil agus a bhfuil spéis acu ann - is féidir iad seo a iarraidh ó bhéal ach caithfear freagraí a fháil i scríbhinn.<br><br>(Dea-Chleachtas – iarr ar a laghad 3 mheastachán i scríbhinn; is gá taifead d'iarratais ó bhéal a uaslódáil chuig stór doiciméad an Chórais TF LEADER). |
| | €5,000 - €50,000 | **Iarr** meastacháin i scríbhinn ar **3** sholáthróir ar a laghad bunaithe ar fhreagraí ar shonraíochtaí i scríbhinn. |
| | €50,000 - Tairseach an AE (€221,000 faoi láthair) | Cuir Fógra Conartha ar eTenders www.etenders.gov.ie – Nós Imeachta Oscailte. |
| | | |
| Seirbhísí a bhaineann le hOibreacha | Níos lú ná €50,000 | **Iarr** meastacháin i scríbhinn ar 5 ghnólacht ar a laghad bunaithe ar fhreagraí ar shonraíochtaí i scríbhinn, nó lean an próiseas eTenders |
| | €50,000 – Tairseach an AE (€221,000 faoi láthair) | Cuir Fógra Conartha ar eTenders www.etenders.gov.ie |
| | | |
| Oibreacha | Níos lú ná €200,000 | **Iarr** meastacháin i scríbhinn ar 5 ghnólacht ar a laghad bunaithe ar fhreagraí ar shonraíochtaí i scríbhinn, nó lean an próiseas eTenders |
| | €200,000 - Tairseach an AE (€5,538,000 faoi láthair) | Cuir Fógra Conartha ar eTenders www.etenders.gov.ie – Nós imeachta oscailte nó srianta* |

***Nós Imeachta Oscailte** - I nós imeachta oscailte**,** is féidir le duine ar bith tairiscint iomlán a chur isteach. Is é seo an nós imeachta is minice a úsáidtear.

**Nós Imeachta Srianta** - Is féidir le duine ar bith iarratas a dhéanamh go mbeidís páirteach i nós imeachta srianta, ach is iad siúd atá réamhroghnaithe amháin a fhéadfaidh tairiscintí a chur isteach. Baineann 2 chéim leis an bpróiseas, ar an gcéad dul síos, iarr ar an EOI iarrthóirí a chur ar ghearrliosta bunaithe ar mheasúnú cáilíochtúil agus ansin iarr ar an líon sonraithe (5 de ghnáth) tairiscint a chur isteach, m.sh. i gcás obair chaomhnaithe ar fhoirgnimh, is gá a bheith in ann conraitheoirí inniúla a roghnú.

#### 16.5.1 Na Príomh-Fhadhbanna - Catagóir 1

Moltar do thionscnóirí tionscadail, nuair is gá, comhairle dlí nó comhairle speisialaithe a fháil agus aird ar leith a thabhairt ar na ceanglais tairisceana seo a leanas:

a) Is gá do thionscadail a bhaineann le hoibreacha tógála cloí le riachtanais an Chreata Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla (CWMF), atá foilsithe faoin láithreán gréasáin um

Athchóiriú Soláthair Tógála. Is sraith teimpléad é an CWMF doiciméid tairisceana agus doiciméid chonartha chun oibreacha poiblí agus conarthaí seirbhíse a bhaineann le hoibreacha a sholáthar.

b) Ba cheart do thionscnóirí tionscadail cineál, scála agus castacht gach aon tionscadal a mheas agus féachaint ar an ábhar treorach atá foilsithe faoin CWMF sula nglacfaidh siad cinneadh maidir leis an straitéis soláthair agus chonarthach a leanfaidh siad.

c) Moltar do thionscnóirí tionscadail an tsraith doiciméad seo a leanas a úsáid toisc gurb iad is oiriúnaí do thionscadail oibreacha a bhíonn maoinithe ag LEADER:

- Dearbhú Oibreacha LEADER (WDL) – (Aguisín 23)
- Tairiscint & Sceideal d'Oibreacha FTS6
- Treoir don Fhothairgeoir (ITT W4 nó ITT W5)
- Conradh d'Oibreacha Poiblí Gearra (PW-CF6)

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin nár cheart go mbeadh tionscnóir tionscadail nó duine atá ag gníomhú thar ceann an tionscnóra tionscadail ina fhinné ar shíniú na ndoiciméid seo. Sa chás gurb é an ceanglas soláthair ná meastacháin a lorg ó shonraíochtaí i scríbhinn le haghaidh tionscadail oibreacha, níl aon ghá úsáid a bhaint as na doiciméid teimpléid ITT nó WDL dá dtagraítear faoi *Phríomhfhadhbanna - Codanna (c).* Ní bhaineann na doiciméid CMWF seo ach le tionscadail oibreacha, a bhíonn fógartha ar eTenders. Ba cheart leanúint de bheith ag úsáid PW-CF6 agus FTS 6 ós rud é gur dea-chleachtas é na téarmaí íocaíochta, na ceanglais árachais, na bearta chun an praghas a chur in oiriúint agus an t-am a mbeidh sé críochnaithe a leagan amach le haghaidh aon tionscadal tógála.

d) Cé go bhféadfaidh tionscnóirí tionscadail doiciméid eile a úsáid seachas an tsraith conarthaí a fhoilsítear faoin CWMF, ba cheart go mbeadh an Conradh d'Oibreacha Poiblí Gearra (PW-CF6) oiriúnach d'fhormhór na dtionscadal oibreacha a bhaineann le LEADER i bhfianaise chineál na n-infheistíochtaí sin. I gcás ina n-úsáidtear an PW-CF6, caithfear an tairiscint bhuacach a roghnú ar bhonn an phraghais is ísle a tháinig isteach agus ar an mbonn sin amháin. Más tionscadail oibreacha iad atá níos casta go teicniúil, agus go dteastaíonn ó thionscnóir an tionscadail rogha a dhéanamh ar bhonn MEAT, moltar do thionscnóirí PW-CF5 a úsáid (Foirm conartha mionoibreacha).

e) I gcás Oibreacha os cionn €200,000, moltar, cé nach bhfuil sé éigeantach, go n-úsáidfeadh tionscnóirí tionscadail an doiciméad réamhcháiliúcháin a scaipeann an Roinn (Ceannaire Dearbhaithe Oibreacha (WDL)).

f) Ba cheart go mbeadh tionscnóirí tionscadail ar an eolas faoi na ceanglais Náisiúnta Sláinte agus Sábháilteachta a bhaineann le hOibreacha– déantar tagairt dóibh sin sa doiciméad réamhcháilíochta (WDL).

g) I gcás Seirbhísí a bhaineann le hOibreacha, ní mór an tairiscint bhuaiteach a roghnú ar bhonn na Tairisceana is mó Buntáiste (MEAT).

h) I gcás Conarthaí Soláthairtí agus Seirbhísí, féadfaidh tionscnóirí tionscadail conarthaí a bhronnadh bunaithe ar an bpraghais is ísle nó ar bhonn MEAT.

i) Is gá an cód ceart Stór Focal Coiteann um Sholáthar (CPV) a shannadh.

j) Caithfear 21 lá féilire ar a laghad a thabhairt le haghaidh freagraí tar éis an dáta ar foilsíodh fógra fógraíochta.

k) Glacfar le freagraí ríomhphoist ar iarratais ar mheastacháin chomh fada agus go bhfuil dáta agus faisnéis foinseach atá soiléir, so-aitheanta ag gabháil leis.

l) Sa chás go meastar méid na tairisceana a bheith thar a bheith íseal i ndáil leis an meastachán réamhthairisceana nó ó thaobh méid na n-oibreacha, na seirbhísí nó an tsoláthair a theastaíonn, ba cheart fianaise i scríbhinn a lorg ó na conraitheoirí a chuir an tairiscint isteach chun a léiriú go bhfuil an praghas inbhuanaithe.

m) Ní cheadaítear idirbheartaíocht iarthairisceana i.e. aon phlé a d'fhéadfaí a fheiceáil mar "idirbheartaíocht iarthairisceana" maidir le praghas nó a bhféadfadh gurb é an toradh a bheadh air go dtiocfaidh athruithe suntasacha ar an iarratas ar thairiscintí a bhí foilsithe.

n) I gcás tairiscintí a fhaightear trí eTenders, Creat-Chomhaontuithe agus Fógraí Nuachtáin, is gá fógra i scríbhinn a thabhairt do fhothairgeoirí ar éirigh leo/nár éirigh leo; caithfear na litreacha seo a uaslódáil chuig stór doiciméad Chóras TF LEADER.
Moltar freisin, nuair is féidir, go dtabharfaí fógra i scríbhinn faoi thoradh an chomórtais do gach soláthróir/soláthraí seirbhíse agus conraitheoir eile nár éirigh leo agus a chuir tairiscintí/meastacháin isteach.

o) De réir Airteagal 49(3) de Rialachán AE 2021/1060, i gcás soláthair phoiblí, cuirfidh an t-údarás bainistíochta ainm na gconraitheoirí ar fáil ar a shuíomh gréasáin. Ba cheart do gach tionscnóir tionscadail a gconraitheoirí a chur ar an eolas faoin riachtanas seo.

### 16.6 Riachtanais Soláthair LEADER - Catagóir 2

Tá feidhm ag rialacha sonracha soláthair LEADER i gcás tionscnóirí tionscadail a fhaigheann maoiniú poiblí iomlán 50% nó níos lú do thionscadal agus ní gá dóibh cloí leis na treoirlínte um Sholáthar Náisiúnta. Caithfidh na tionscnóirí tionscadail seo cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa tábla thíos:

| Tairseacha Tairisceana Sonracha a bhaineann le LEADER | | |
|---|---|---|
| **Cineál Conartha** | **Méid (gan CBL)** | **Nós Imeachta** |
| Soláthairtí & Seirbhísí | Níos lú ná €10,000 | **Iarr** meastacháin ó bhéal ar sholáthróir/ar sholáthróir seirbhíse amháin nó níos mó atá inniúil agus a bhfuil spéis acu ann - is féidir iad seo a lorg ó bhéal ach caithfear na freagraí a fháil i scríbhinn.<br>(Dea-Chleachtas – iarr ar a laghad 3 mheastachán i scríbhinn; is gá taifead d'iarratais ó bhéal a |

| | | |
|---|---|---|
| | | uaslódáil chuig stór doiciméad an Chórais TF LEADER). |
| | €10,000 - €50,000 | **Iarr** meastacháin i scríbhinn ar 3 sholáthraí ar a laghad bunaithe ar fhreagraí ar shonraíochtaí i scríbhinn. |
| | Os cionn €50,000 | **Iarr** meastacháin i scríbhinn ar 5 sholáthraí ar a laghad bunaithe ar fhreagraí ar shonraíochtaí i scríbhinn agus cuir fógra i Nuachtáin Áitiúla nó Náisiúnta. Ina áit sin, is féidir Fógra Conartha a fhoilsiú ar eTenders. |
| | | |
| Oibreacha & Seirbhísí a bhaineann le hOibreacha | Níos lú ná €10,000 | **Iarr** meastacháin i scríbhinn ar 2 sholáthraí ar a laghad (is féidir iad seo a lorg ó bhéal ach is gá na freagraí a fháil i scríbhinn). |
| | €10,000 - €100,000 | **Iarr** meastacháin i scríbhinn ar 3 ghnólacht ar a laghad bunaithe ar fhreagraí ar shonraíochtaí i scríbhinn. |
| | Os cionn €100,000 | **Iarr** meastacháin i scríbhinn ar 5 ghnólacht ar a laghad bunaithe ar fhreagraí ar shonraíochtaí i scríbhinn agus cuir fógra i Nuachtáin Áitiúla nó Náisiúnta. Ina áit sin, is féidir Fógra Conartha a fhoilsiú ar eTenders.<br>*Moltar go líonfadh tairgeoirí doiciméad réamhcháilíochta isteach – Dearbhú Oibreacha LEADER (WDL) – mar atá scaipthe ag an Roinn.* |

#### 16.6.1 Príomh Fhadhbanna - Catagóir 2

a) I gcás gach conartha, féadfar an tairiscint bhuacach a roghnú ar bhonn an phraghais is ísle a thairgtear nó ar bhonn na Tairisceana ba mhó Buntáiste ó thaobh na hEacnamaíochta de (MEAT); moltar an méid seo a leanas, áfach:
   - Conarthaí Oibreacha - ba cheart do thionscnóirí tionscadail an tairiscint bhuacach a roghnú ar bhonn an phraghais is ísle a bhíonn tairgthe.
   - Conarthaí Seirbhísí a Bhaineann le hOibreacha - ba cheart do thionscnóirí tionscadail an tairiscint bhuacach a roghnú ar bhonn MEAT.

b) Moltar gur cheart tréimhse réasúnta ama a thabhairt dóibh siúd atá chun tairiscint a chur isteach (e.g. 21 lá féilire); ba cheart go dtabharfadh an tréimhse ama léargas ar cineál tionscadal atá i gceist agus ar a chastacht.

c) Sa chás gur gá fógra a chur i nuachtán áitiúil nó náisiúnta, ba cheart go mbeadh tagairt déanta do shonraí riachtanacha an chonartha mar aon le sonraí teagmhála ábhartha chun gur féidir tuilleadh eolais a fháil faoi na riachtanais.

d) Glactar le freagraí ríomhphoist má bhíonn dáta agus faisnéis foinseach atá soiléir so-aitheanta ag gabháil leo.

e) Ba cheart go mbeadh tionscnóirí tionscadail a chuireann iarratais isteach ar thionscadail Oibreacha ar an eolas faoi na riachtanais Náisiúnta Sláinte agus Sábháilteachta– déantar tagairt dóibh sin sa doiciméad réamhcháilíochta (WDL).

f) I gcás tairiscintí a fhaightear trí eTenders, Creat-Chomhaontuithe agus Fógraí Nuachtáin, is gá fógra i scríbhinn a thabhairt d'fhothairgeoirí ar éirigh leo/nár éirigh leo faoi thoradh an phróisis tairisceana; caithfear na litreacha seo a uaslódáil chuig stór doiciméad Chóras TF LEADER. Moltar freisin, nuair is féidir, go dtabharfaí fógra i scríbhinn faoi thoradh an chomórtais do gach soláthróir/soláthraí seirbhíse agus conraitheoir eile nár éirigh leo agus a chuir tairiscintí/meastacháin isteach.

g) De réir Airteagal 49(3) de Rialachán AE 2021/1060, i gcás soláthair phoiblí, cuirfidh an t-údarás bainistíochta ainm na gconraitheoirí ar fáil ar a shuíomh gréasáin. Ba cheart do gach tionscnóir tionscadail a gconraitheoirí a chur ar an eolas faoin riachtanas seo.

### 16.7 Forthairgeoir/ duine a chuir meastachán isteach ag tharraingt siar

Sa chás go dtarraingíonn an forthairgeoir /an té a chuir an meastachán isteach siar ón bpróiseas, e.g. nach bhfuil sé in ann an tairiscint/meastachán a chuir siad isteach a chomhlíonadh, tá cead ag tionscnóir an tionscadail dul chuig an gcéad tairiscint/meastachán rathúil eile agus iad a úsáid. Má tá siad seo níos costasaí, níor cheart an cabhair deontais a cheadaigh an GÁG mhéadú. I gcásanna mar sin, níl aon ghá aguisín a chur leis an gconradh idir an GÁG agus tionscnóir an tionscadail.

| **Achoimre ar an bpróiseas roghnúcháin atá le húsáid do gach cineál conartha** | |
|---|---|
| Cineál Conartha | Próiseas roghnúcháin le húsáid |
| Soláthairtí & Seirbhísí | Is féidir MEAT nó an Praghas is Ísle a bhíonn tairgthe a úsáid |
| Seirbhísí a bhaineann le hOibreacha | Is gá MEAT a úsáid seachas an Praghas is Ísle a bhí tairgthe. Tá sé seo amhlaidh toisc go bhfuil caighdeán na seirbhíse ríthábhachtach. |
| Oibreacha | Is féidir MEAT a úsáid, ach sa chás go n-úsáideann tionscnóir an Conradh Oibreacha Poiblí Gearra (PW-CF6), is gá go mbeadh an tairiscint bhuacach roghnaithe ar an mbonn gurb í sin an praghais is ísle a bhí tairgthe agus ar an mbonn sin amháin.<br><br>Má bhíonn tionscadail oibreacha níos casta go teicniúil, agus gur mian leis an tionscnóir rogha dhéanamh bunaithe ar MEAT, moltar do thionscnóirí PW-CF5 a úsáid (Foirm conartha mionoibreacha). |

### 16.8 Daoine a chuireann tairiscintí isteach a chur ar an eolas

Chun críche riachtanais soláthair Chatagóir 1 agus Chatagóir 2, is gá litreacha a thugann le fios ar éirigh /nár éirigh leo a eisiúint chun na rannpháirtithe a chur ar an eolas faoi thoradh an chomórtais, agus níor cheart go mbainfeadh aon mhoill nach gá lena n-eisiúint.

Níor cheart na litreacha a choinneáil siar go dtí go mbeidh conradh LEADER bronnta agus sínithe. Toisc go bhféadfadh go dtógfadh seachtainí/míonna conarthaí LEADER a thabhairt go dtí an chéim cheadaithe deiridh, bheadh sé éagórach agus míréasúnta toradh comórtais tairisceana a choinneáil siar faoi na cúinsí seo. I gcás tionscadail de chuid LEADER, is iondúil go gcuirfeadh an litir chuig an forthairgeoir rathúil in iúl nach mbeidh gealltanas maidir le conradh i gceist ach amháin sa chás go bhfaigheann tionscnóir an tionscadail faomhadh do dheontas LEADER. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur cheart, faoi na Treoirlínte Náisiúnta um Sholáthar, na litreacha chuig na daoine ar éirigh leo agus chuig na daoine nár éirigh leo a eisiúint ag an am céanna.

### 16.9 Creat-Chomhaontuithe

Is beartas de chuid an Rialtais é, mar atá luaite san OSR 'Treoirlínte um Sholáthar Poiblí d'Earraí agus Seirbhísí', gur cheart do chomhlachtaí poiblí, nuair is féidir, úsáid a bhaint as Creat-Chomhaontuithe atá leagtha amach ag an OSR nó ag Comhlachtaí Lárnacha Ceannaigh eile (CPBanna).21 Tugtar sainmhíniú ar chomhlachtaí poiblí sa chás seo in Airteagal 2(4) de Threoir 2014/24/E maidir le Soláthar Poiblí, i.e. ní mór do 'chomhlacht arna rialú ag an dlí poiblí' na nithe seo a leanas a shásamh:

a) gur bunaíodh iad chun freastal go sonrach ar riachtanais a bhaineann leis an leas ginearálta, nach bhfuil gné thionsclaíoch ná tráchtála ag baint leo;
b) go bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu;
c) go bhfuil siad á maoiniú, den chuid is mó, ag an Stát, ag údaráis réigiúnacha nó áitiúla, nó ag comhlachtaí eile arna rialú ag an dlí poiblí; nó tá siad faoi réir maoirseacht bhainistíochta ag na húdaráis nó ag na comhlachtaí sin; nó go bhfuil bord riaracháin, bord bainistíochta nó bord maoirseachta acu, agus níos mó ná leath de na comhaltaí ceaptha ag an Stát, ag údaráis réigiúnacha nó áitiúla, nó ag comhlachtaí eile atá rialaithe ag an dlí poiblí.

Chomh fada agus go gcomhlíonann gach GÁG agus/nó Páirtnéir Forfheidhmiúcháin agus/nó Páirtnéir Spreagúlachta na critéir thuas, ansin féadfar leas a bhaint as Creat-Chomhaontuithe

[21] 'Treoirlínte um Sholáthar Poiblí d'Earraí agus Seirbhísí': https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/135773/d186ba93-dd70-45fe-83d3-8d9c3bb9d4a6.pdf#page=null

OSR más rud é go bhfuil an GÁG agus/nó an Páirtnéir Forfheidhmiúcháin agus nó an Páirtnéir Spreagúlachta:

I. ag teacht faoin sainmhíniú ar 'comhlacht seirbhíse poiblí' faoin Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, agus
II. ag teacht faoi raon feidhme an tsainmhínithe ar 'Chreat-Chliant' mar atá leagtha amach i bhformhór Chreat-Chomhaontuithe OSR, áit a bhfuil cuid acu nach bhfuil oscailte ach d'earnálacha / cliaint áirithe amháin.

Leagtar amach i Sceideal Creataí agus Conarthaí an OSR plean seachadta seirbhíse an OSR agus tugann sé eolas faoi cathain a bheidh príomhchonarthaí agus creataí ar fáil lena n-úsáid ag comhlachtaí seirbhíse poiblí.

Is faoi na GÁGanna, a bPáirtnéirí Forfheidhmiúcháin agus a bPáirtnéirí Spreagúlachta atá sé a oibriú amach an bhfuil siad incháilithe maidir le creat-chomhaontuithe a dhéanamh faoin gclár LEADER agus leas a bhaint as deiseanna chun Conarthaí agus Creataí a dhéanamh a éascaíonn an OGP faoi chatagóirí amhail: Seirbhísí Gairmiúla; Bainistíocht Áiseanna; TFC agus Trealamh Oifige; Fóntais; Margaíocht, Priontáil agus Stáiseanóireacht; Flít agus Gléasra; Taisteal, Iompar, Seirbhísí Acmhainní Daonna; agus Seirbhísí Bainistithe. Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé nach mbeadh na Conarthaí agus na Creataí faoi chatagóirí áirithe incháilithe do mhaoiniú LEADER.

Más mian le GÁGanna agus a bPáirtnéirí Forfheidhmiúcháin agus a bPáirtnéirí Spreagúlachta Creat-Chomhaontú atá ann cheana a dhéanamh nó leas a bhaint as, is gá Teimpléad Measúnaithe Costas (Aguisín 13) de chuid LEADER a chur faoi bhráid OR2327@drcd.gov.ie chun go ndéanfaidh an Roinn athbhreithniú air. Caithfidh na GÁGanna sin agus a bPáirtnéirí Forfheidhmiúcháin / a bPáirtnéirí Spreagúlachta a bheith in ann a thaispeáint cén bunús atá le aon Chreat-Chomhaontú a bhfuil siad ag brath air.

### 16.10 Ceanglais iniúchóireachta agus smachtbhannaí

Ní mór don GÁG a chinntiú go bhfuil an fhianaise dhoiciméadach ábhartha go léir sa chomhad tionscadail ar stór doiciméad Chóras TF LEADER chun a léiriú go soiléir go bhfuil na gceanglas tairisceana agus na ceanglais soláthair phoiblí ábhartha á gcomhlíonadh.

Caithfear dáta a chur leis na meastacháin ar fad agus rian iniúchóireachta infhíoraithe ag bheith leo (e.g. ríomhphost, sonraí poist) sa chaoi gur féidir iad a dheimhniú go neamhspleách (ba cheart meastacháin a sheachadtar de lámh a bheith formhuinithe agus an dáta a bhfuair an tairbhí nó a ionadaí iad luaite.

Caithfidh Tuarascáil Tairisceana le haghaidh gach gníomh a bheith i ngach comhad tionscadail, lena n-áirítear meastacháin dhíreacha. Ba chóir go mbeadh siad seo a leanas san áireamh sa tuarascáil seo (i gcás inarb indéanta):

i. Iarratas ar thairiscint,
ii. Fianaise gur foilsíodh fógra tairisceana agus gur iarraidh tairiscintí, nuair is gá,
iii. Freagraí ar na hiarrataí tairisceana sin,
iv. Na bileoga scórála tairisceana a bhí in úsáid,
v. Fógra go bhfuiltear chun bhronnadh a dhéanamh,
vi. Cóipeanna de litreacha a seoladh chuig na daoine nár éirigh leo ina dtairiscintí, á gcur ar an eolas faoi thoradh an phróisis tairisceana,
vii. Cóip den litir a seoladh chuig an té ar éirigh lena thairiscint, á chur sin iúl dó.

Má fhógraítear tionscadal atá á bheartú ar ríomhthairiscintí (nó ar an IOAE), ní mór asphrionta ó shuíomh gréasáin na ríomhthairiscintí a bheith sa chomhad tionscadail ar stór doiciméad Chóras TF LEADER ina gcuirtear san áireamh na gníomhaíochtaí agus na gníomhartha éagsúla le linn thréimhse an chomórtais. Caithfidh an GÁG na doiciméid tairisceana ar fad a chuirtear isteach a choinneáil ionas gur féidir iniúchadh nó cigireacht a dhéanamh orthu ina dhiaidh sin.

### 16.11 Pionóis sa chás nach leantar na Treoirlínte Soláthair

Mura gcloítear leis na nósanna imeachta cearta i leith an tsoláthair, dícheadófar roinnt gnéithe nó gach gné den tionscadal. Ina theannta sin, féadfar pionós a chur trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht a leagtar amach i dTreoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ceartúcháin a chur i bhfeidhm ar mhírialtachtaí i gcás an tsoláthair phoiblí. D'fhéadfadh go gcaithfí deontais a bhí íoctha i gcéimeanna roimhe sin eile a thabhairt ar ais, mar gheall ar an dícheadú seo.

http://ec.europa.eu/regional_policy/sources/docoffic/cocof/2013/cocof_13_9527_annexe_en.pdf

De réir Airteagal 61 de Rialachán (AE) 2021/2116 a bhaineann le Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair phoiblí

> *Má bhaineann neamhchomhlíonadh le rialacha an Aontais nó le rialacha náisiúnta maidir le soláthar poiblí, cinnteoidh na Ballstáit go ndéanfar cinneadh maidir leis an gcuid den chabhair nach bhfuil le híoc nó atá le tarraingt siar bunaithe ar a thromchúisí atá an neamhchomhlíonadh agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.*
>
> *Cinnteoidh na Ballstáit nach gcuirfear as do dhlíthiúlacht ná do rialtacht an idirbhirt ach suas go dtí leibhéal na coda sin den chabhair nach bhfuil le híoc nó atá le tarraingt siar.*

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.L_.2021.435.01.0187.01.ENG

Clár Cáipéisí Coimisiúin - C(2019)3452 (europa.eu)

### 16.12 Eolas faoin Soláthar Poiblí agus Teagmhálacha

Tá treoirlínte soláthair phoiblí mar a bhaineann le soláthairtí agus seirbhísí ginearálta ar fáil ar láithreán gréasáin an OSR www.ogp.gov.ie. Tá treoir maidir le hoibreacha agus seirbhísí a bhaineann le hoibreacha ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chreata Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla https://constructionprocurement.gov.ie/ Ba cheart do GÁGanna féachaint freisin ar *Chiorclán 05/2023: Tionscnaimh chun cabhrú le FBManna sa Soláthar Poiblí*:

https://www.gov.ie/en/circular/9e7bf-circular-05-2023-initiatives-to-assist-smes-in-public-procurement/

Ba cheart do GÁGanna nó do thionscnóirí tionscadail a dteastaíonn cúnamh uathu maidir leis an soláthar poiblí teagmháil a dhéanamh le hOifig um Sholáthair an Rialtais ag:

- Suíomh Gréasáin - https://www.gov.ie/en/organisation/office-of-government-procurement/
- Fón - (01) 7738000
- Tacaíocht OSR (Soláthairtí agus Seirbhísí Ginearálta) Ríomhphost - support@ogp.gov.ie
- Tógáil (Oibreacha agus Seirbhísí a bhaineann le hOibreacha) Ríomhphost - construction@per.gov.ie

# 17. Costais Riaracháin GÁG agus Tuairisceáin Caiteachais

## 17.1 Costais Riaracháin agus Spreagúlachta

Is féidir le GÁG suas le 25% den bhuiséad SFÁ a chaitheamh ar chostas riaracháin agus ar chostas spreagúlachta maidir le cur an SFÁ i bhfeidhm. Is féidir a áireamh ar an gcostas sin:

- costas oibriúcháin;
- costas pearsanra;
- costas oiliúna;
- costas a bhaineann le caidreamh poiblí;
- costas airgeadais; agus
- costas ar bith atá ceangailte le monatóireacht agus measúnacht ar an SFÁ.

Ní mór an caiteachas a dhéantar faoin bhfotheideal Riarachán agus Spreagúlacht a bheith ceangailte le clár LEADER 2023 – 2027 a thabhairt i bhfeidhm. Ní mór dealú sna Tuairisceáin Mhíosúla idir costas Riaracháin agus costas Spreagúlachta. Áirítear ar chostas / caiteachas nach mbeadh inghlactha caiteachas a chuirfí i leith LEADER ach nach bhfuil ceangailte le clár LEADER a thabhairt i gcrích. Is ceart don GÁG aird a thabhairt, an tráth a mbíonn plé ar inghlacthacht na gcostas riaracháin, ar an liosta d'earnálacha agus de chineálacha beartaíochta nach bhfuil inghlactha.

Ní féidir le GÁG cistíocht tionscadail a úsáid maidir le costas riaracháin ná costas spreagúlachta. Is beartaíocht a dhéanann an GÁG (arna mhaoiniú as buiséad Riaracháin agus Spreagúlachta an GÁG) a bhíonn i gceist le spreagúlacht, ní beartaíocht sin a dhéanann seoltóir tionscadail. Ní beartaíocht inghlactha mar chuid de thionscadal Oiliúna ná de thionscadal Anailíse agus Forbartha an spreagúlacht.

Ní féidir le GÁG costas nach bhfuil inchurtha go díreach i leith an chláir a ghlanadh as leithroinnt riaracháin agus spreagúlachta LEADER.

Ní rangaítear aisíocaíochtaí morgáiste i measc na gcostas reatha agus níl siad dá réir sin inghlactha maidir le cistí riaracháin LEADER.

## 17.2 Fíorú neamhspleách maidir le réasúntacht chostais Riaracháin & Spreagúlachta GÁG

Faoi Airteagal 33(1)a de Rialachán (AE) 2018/1046, ní mór measúnacht a dhéanamh go neamhspleách ag tús an chláir nó le linn an clár a chur i bhfeidhm, ar chostais, ionas go gcinntítear go bhfuil siad réasúnta, nuair a tharlaíonn athrú e.g. nuair a earcaítear ball nua foirne, nuair a cheaptar malairt soláthraí seirbhíse nó nuair atá conradh á nuashonrú/athnuachan.

Tiocfaidh an próiseas i gceist sna cásanna seo a leanas:

- Costais tuarastail – sa chás go mbíonn ball foirne nua-earcaithe ag teacht in ionad bhall foirne reatha.
- Costais tuarastail – post/ról nua á chruthú maidir le clár LEADER a thabhairt i bhfeidhm; maidir leis an bpost/ról nua a chur ar bun den chéad uair a bhíonn measúnacht le déanamh. Sa chás go gcuirtear ball foirne i mbun ról LEADER go sealadach, ní mór an mheasúnacht a dhéanamh an chéad uair a tharlaíonn sin ach ní gá measúnacht i ndáil le haon tréimhse ina dhiaidh sin a dtarlaíonn an ball foirne a chur i leith ról LEADER arís.
- Costais neamhthuarastail – costais riaracháin a bhaineann le hearraí agus seirbhísí[22] a sholáthar, mar shampla tomhaltáin oifige, leictreachas, teileachumarsáid, uisce, cíos, seirbhísí glantacháin, seirbhísí trealamh priontála/fótachóipeála, nó eile.

Is ceart a thabhairt chun aire gur gá measúnacht maidir le réasúntacht costais a dhéanamh i ndáil le conradh seirbhíse lena mbaineann luach carnach is mó ná €5,000 i rith tréimhse dhá bhliain. Mar shampla, ní bheadh ceangal measúnacht a dhéanamh maidir le Réasúntacht Costais i ndáil le seirbhís aon uaire ar luach €4,500 i ndáil le glantachán oifige. Os a choinne sin, bheadh measúnacht dlite maidir le conradh dhá bhliain ar chostas €3,000 in aghaidh na bliana.

Is gá don Roinn athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar mhíreanna nua costais ar a dteacht i gceist an chéad uair agus cinneadh a dhéanamh maidir le réasúntacht an chostais. Tugtar fíorú neamhspleách na Roinne ina leith sin san áireamh mar chuid den Seiceáil Riaracháin a dhéanann Pobal.

### 17.2.1 Fíorú réasúntacht chostais riaracháin an tairbhí maidir le tuarastail

An próiseas maidir le réasúntacht chostais tuarastail an tairbhí[23] a fhíorú.

Tugtar san áireamh leis an bpróiseas seo costas pearsanra a bhaineann le ball foirne nua a chur in ionad bhall foirne reatha agus an costas pearsanra a bhaineann le post nua a chur ar bun maidir le clár LEADER a thabhairt i bhfeidhm sa chás go mbeidh costas an tuarastail nó sciar den tuarastal á chur i leith chlár LEADER.

Na bearta atá le déanamh sa chás go sonraíonn an tairbhí gá le ball nua foirne a earcú nó ról nua foirne a chur ar bun.

1. Tugann an tairbhí faoin bpróiseas earcaíochta is gá;
2. Sula n-eisítear conradh fostaíochta, ní mór don tairbhí Teimpléad Measúnachta maidir le Réasúntacht Costais a líonadh isteach agus na sonraí is gá a chur faoi bhráid RFTP ag an seoladh ríomhphoist OR2327@drcd.gov.ie ionas gur féidir measúnacht neamhspleách ar réasúntacht an chostais a dhéanamh. Áirítear ar na sonraí is gá a chur ar fáil:

[22] Ní thagann earraí agus seirbhísí dar luach faoi leith aon uaire is ísle ná €5,000 san áireamh maidir leis an bpróiseas nua seo.
[23] Déantar tagairt leis an téarma tairbhí don GÁG, Páirtnéir Forfheidhmiúcháin, Príomhpháirtnéir Airgeadais nó Páirtnéir Spreagúlacha de réir mar a bhaineann leis an gcás.

    a. Cur síos ar an bpost;
    b. An scála tuarastail atá beartaithe;
    c. An túsphointe ar an scála tuarastail.
3. Déanfaidh RFTP an cháipéisíocht a chuirtear faoi bhráid a bhreithniú agus meastóireacht neamhspleách maidir leis na costais d'fhonn réasúntacht a dheimhniú. Is féidir a thabhairt san áireamh leis an meastóireacht neamhspleách sin, cé nach iad na bearta seo amháin a d'fhéadfadh a theacht i gceist, comparáid idir an ról, bunaithe ar shonraíocht an phoist, agus Grád den chineál céanna san Earnáil Phoiblí, comparáid idir an scála tuarastail atá beartaithe agus Scálaí Tuarastail Ghráda éagsúla san Earnáil Phoiblí, costais den chineál céanna a thiteann ar ghrúpaí GÁG eile nó ar pháirtnéirí dá gcuid maidir le rólanna inchomórtais.
4. Cuirfidh RFTP deimhniú i scríbhinn ar fáil don tairbhí maidir le réasúntacht na gcostas agus ní mór don GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin sin a choinneáil i dtaisce cáipéisíochta chóras TE LEADER.
5. An tráth a luaitear an costas den chéad uair san éileamh maidir le Caiteachas Míosúil, déanann an GÁG agus/nó Páirtnéir Forfheidhmiúcháin agus/nó Páirtnéir Spreagúlachta trí ról LEADER an GÁG / an Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin:
    a. Mionsonraí faoin mír a chur le córas TE LEADER;
    b. Nóta a chur le rannóg na ‘Nótaí’ arna rá go bhfuil mír nua costais curtha isteach;
    c. An cháipéisíocht taca a bhaineann le hábhar an tuarastail a uaslódáil; agus
    d. An deimhniú i scríbhinn ó RFTP maidir le réasúntacht an chostais a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta chóras TE LEADER.
6. Ní mór don Seiceálaí Riaracháin a dheimhniú gur cuireadh ar fáil fianaise ar mheastóireacht neamhspleách na Roinne.

### 17.2.2 Fíorú réasúntacht chostais riaracháin neamhthuarastail an tairbhí

Tugtar san áireamh leis an bpróiseas seo costas a bhaineann le seirbhísí a dhéanann an tairbhí a sholáthar, mar shampla, leictreachas, teileachumarsáid, uisce, cíos, seirbhísí glantacháin, seirbhísí trealamh priontála/fótachóipeála, nó eile

Tá de fhreagracht ar an tairbhí a chinntiú go ndéantar de réir na rialacha cuí soláthair agus seirbhísí á socrú.

Beidh Measúnacht maidir le Réasúntacht Costais arna dhéanamh ag an Roinn de dhíth freisin sa chás go bhfuil an GÁG, Páirtnéir Forfheidhmiúcháin, Páirtnéir Spreagúlachta ceangailte le Creatchomhaontú.

Na bearta atá le déanamh sa chás go sonraíonn an tairbhí gá le conradh nua seirbhíse a chur ar bun:

1. Tugann an tairbhí faoin bpróiseas soláthair is gá bunaithe ar an luach atá leis an gconradh soláthair arna chinntiú go bhfuil an próiseas ag teacht leis na Treoirlínte Náisiúnta Soláthair - Aicme 1 (Alt 16.5) agus le haon Chiorclán dá réir arna eisiúint ina ndiaidh sin a bhaineann le hábhar.
2. Sula gceanglaítear conradh nua, ní mór don tairbhí sonraí faoin gcostas beartaithe, maille leis an gcáipéisíocht soláthair ina leith, a chur faoi bhráid RFTP ionas gur féidir measúnacht neamhspleách ar réasúntacht an chostais a dhéanamh.
3. Déanfaidh RFTP an cháipéisíocht a chuirtear faoi bhráid a bhreithniú agus meastóireacht neamhspleách maidir leis na costais d'fhonn réasúntacht na gcostas a dheimhniú. Is féidir a thabhairt san áireamh leis an meastóireacht neamhspleách sin, cé nach iad na bearta seo amháin a d'fhéadfadh a theacht i gceist, taighde ar an margadh maidir le seirbhísí dá sórt, comparáid le costais den chineál céanna a thiteann ar thairbhithe eile nó le costais maidir le seirbhísí den chineál céanna arna maoiniú faoi chláir cistíochta eile.
4. Cuirfidh RFTP deimhniú i scríbhinn ar fáil don tairbhí maidir le réasúntacht na gcostas agus ní mór don GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin sin a choinneáil i dtaisce cáipéisíochta chóras TE LEADER
5. An tráth a luaitear an costas den chéad uair in éileamh maidir le Caiteachas Míosúil, déanann an tairbhí trí ról LEADER an GÁG / an Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin:
    a. Mionsonraí faoin mír a chur le córas TE LEADER;
    b. Nóta a chur le rannóg na 'Nótaí' arna rá go bhfuil mír nua costais curtha isteach;
    c. An sonrasc a bhaineann le hábhar a uaslódáil; agus
    d. An deimhniú i scríbhinn ó RFTP maidir le réasúntacht an chostais a uaslódáil.
6. Ní mór don Seiceálaí Riaracháin a dheimhniú gur cuireadh ar fáil fianaise ar mheastóireacht neamhspleách na Roinne.

#### 17.2.3 Idirdhealú idir spreagúlacht agus cúnamh sonrach maidir le tionscadail faoi leith

An t-idirdhealú idir (i) cúnamh maidir le bearta spreagúlachta a dhéanann an GÁG ar mhaithe leis an straitéis forbartha áitiúil a thabhairt i gcrích agus (ii) cúnamh maidir le bearta sonracha a bhfuil cosúlacht acu le bearta spreagúlachta ach a dhéantar mar ghné de thionscadal faoi leith a thabhairt i bhfeidhm.

Ní mór an costas a ghabhann le duine nó eagraíocht a fhostú i mbun spreagúlachta maidir le gné den Straitéis Forbartha Áitiúil, nó i mbun spreagúlachta maidir le réimse de thionscadail faoi fhothéama faoi leith, a mhaoiniú as buiséad riaracháin agus spreagúlachta an GÁG féin. Ní féidir leas a bhaint as maoiniú do thionscadal in áit ról an GÁG maidir le spreagúlacht a chomhlíonadh as féin.

Os a choinne sin, is féidir cistíocht tionscadail a úsáid chun duine nó eagraíocht a mhaoiniú i mbun gnéithe de thionscadal faoi leith a thabhairt i gcrích lena mbainfeadh bearta atá cosúil leis an obair

spreagúlachta ghinearálta a dhéanann an GÁG. Ní mór gnóthaí soláthair maidir leis an duine nó eagraíocht a thugann faoi na bearta seo a dhéanamh ar an gcaoi chéanna le gnóthaí soláthair maidir le gach seirbhís eile i.e. ní féidir costas díreach foirne a bheith i gceist.

Áirítear ar shamplaí de mhaoiniú tionscadail den sórt sin (i.e. chun gnéithe de thionscadal faoi leith a thabhairt i gcrích):

- tionscnamh faoi stiúir an phobail d'fhonn mol pobail a fhorbairt, lena dtarlódh, mar chuid den tionscadal foriomlán, duine nó eagraíocht a sholáthar chun bunachar sonraí pobail a chur ar bun, teacht i láthair ar an ngréasán a thabhairt sa siúl, córais cumarsáide a leagan síos, aird agus tuiscint a chothú, plean don am atá le theacht a leagan amach, bonn ballraíochta a fhorbairt etc.
- tionscnamh faoi stiúir na hearnála príobháidí d'fhonn eagar níos fearr ar chraobhchórais dáiliúcháin agus ar mhargaíocht i gcomhar atá ceangailte leis an earnáil bia go háitiúil, lena dtarlódh, mar chuid den tionscadal foriomlán, duine nó eagraíocht a sholáthar chun straitéis faoi leith a leagan amach chun a gcuid aidhmeanna a thabhairt i gcrích, oibriú leis na geallsealbhóirí éagsúla chun a n-aontú leis na bearta a eascraíonn ón straitéis agus a gcuid díograise ina leith a chinntiú, agus maoirseacht a dhéanamh ar sheoladh agus ar chur i bhfeidhm na straitéise.
- gnóthas beag a lorgaíonn bearta cabhrach ar mhaithe le forás ar an ngnó, lena mbainfeadh, mar chuid den tionscadal foriomlán, duine nó eagraíocht a sholáthar chun treoir a chur ar fáil maidir le bearta straitéiseacha i ndáil leis an ngnó sin go sonrach. Tugtar chun aire nach mór leanúint de chláir measúnachta ginearálta a mhaoiniú as buiséad Riaracháin agus Spreagúlachta an GÁG. Ní mór freisin, sa chás go dtugann an GÁG chun suntais gá go ginearálta le meantóireacht i measc an phobail/ar fud an cheantair, gur féidir leis an GÁG cúrsa oiliúna a mhaoiniú as an mbuiséad tionscadail a bhfuil fáilte roimh gach duine/grúpa a bhaineann le hábhar as an gceantar freastal a dhéanamh air.

Is ionann an t-uasráta cabhrach atá i bhfeidhm maidir le tionscadail den sórt sin agus 75% maidir le hiarratasóir príobháideach agus 75% maidir le tionscadal faoi stiúir an phobail.

D'fhéadfadh ráta níos airde, 90%, a bheith i bhfeidhm faoin bhfothéama maidir le seirbhísí áisiúla i ndáil le tionscadal atá dírithe ar dhreamanna dochaidrimh. Ní féidir tionscadal den sórt sin a rangú faoi "oiliúint" ná faoi "anailís agus forbairt" agus ní féidir iad a mhaoiniú ar ráta cabhrach is airde ná mar a leagtar amach thuas.

### 17.3 Costais Foirne an GÁG

Leagtar amach na costais foirne is féidir a chur i leith an SFÁ a thabhairt i gcrích i bPlean Airgeadais an GÁG (mar chuid den straitéis). Ní mór do chomhaltaí cinnteoireachta an GÁG na nithe seo a leanas a aontú agus ní mór tuairisc ina leith i miontuairiscí an GÁG:

- cionroinnt LEADER maidir leis na costais tuarastail;
- athrú ar bith maidir le costas den sórt sin; agus,
- aon athrú ábhartha maidir líon na ndaoine a bhíonn ag obair ar an gclár.

Is féidir leis an GÁG ranníocaíocaíocht LEADER maidir leis na costais tuarastail a bhaineann le baill foirne bainistíochta agus airgeadais agus daoine eile den fhoireann riaracháin a íoc de réir an pholasaí cionroinnte atá aontaithe. Ní mór an chúis leis an gcostas tuarastail a chuirtear i leith chlár LEADER a leagan amach go soiléir sa pholasaí cionroinnte aontaithe agus sin a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TE LEADER chomh maith le sliocht as miontuairiscí chruinniú sin an GÁG ag ar aontaíodh an polasaí cionroinnte. Ba cheart go mbeadh na sealanna oibre ag teacht leis an bpolasaí cionroinnte aontaithe.

Ní mór gach don uile bhall foirne eile a oibríonn go páirtaimseartha ar ghnóthaí LEADER bileoga ama a líonadh isteach gach lá i ndáil leis an am a chaitear le hobair ar chlár LEADER. Ní mór aontú ón oifigeach cuí leis na bileoga ama sin. Beidh an ranníocaíocht uasta ó LEADER i ndáil leis na costais tuarastail seo bunaithe ar an am a chaitear i mbun na hoibre dáiríre, faoi mar a leagtar amach ar na bileoga ama, seachas ar aon pholasaí cionroinnte.

### 17.3.1 Bileoga Ama agus a nAontú

Sa chás nach féidir cóipeanna crua de bhileoga ama atá sínithe a chur ar fáil maidir le tinreamh oibre, déanfaidh bileoga ama arna gcur faoi bhráid na mbainisteoirí ar an ríomhphost ag baill foirne an GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin cúis maidir le síniúchán. Ní mór na teachtaireachtaí ríomhphoist agus na bileoga ama a ghabhann leo a choimeád ar mhaithe leis an gcóras iniúchóireachta agus iad a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TE LEADER.

## 17.4 Costais Riaracháin Mhíosúla Pháirtnéir Airgeadais

Seo a leanas an próiseas atá i bhfeidhm i ndáil leis na coinníollacha maidir le baill foirne Pháirtnéir Airgeadais/Údaráis Áitiúil atá i mbun chlár LEADER a chur i bhfeidhm agus na cáipéisí atá le cur isteach le gach iarratas míosúil ar íocaíocht sa chás go mbíonn éileamh á dhéanamh ag an bPáirtnéir Airgeadais/Údarás Áitiúil maidir le caiteachas a bhaineann le Riarachán LEADER.

### 17.4.1 Bileoga Ama

Ní mór don uile bhall foirne de chuid an Údarás Áitiúil, an Príomhoifigeach san áireamh, a oibríonn ar chlár LEADER a thabhairt i bhfeidhm, sa chás go mbíonn éileamh á dhéanamh maidir le caiteachas ar Riarachán LEADER i ndáil lena gcuid ama, an Teimpléad do Bhileog Ama (Aguisín 15) a líonadh isteach i ndáil lena gcuid ama ag obair ar chlár LEADER. Ní mór don bhall foirne síniú a chur lena bhfuil líonta isteach ar an mBileog Ama sin agus ní mór aontú/dearbhú bhainisteoir an bhall foirne sin leis. Ní féidir le hÚdarás Áitiúil éileamh a dhéanamh bunaithe ar an bpolasaí cionroinnte – ó chineál an pholasaí cionroinnte, is i ndáil le Comhlacht Forbartha Áitiúil amháin is féidir a chur i bhfeidhm agus sin bunaithe ar an gcionroinnt maidir le hiomlán an chostais (seachas tuarastail amháin) maidir leis na cláir éagsúla ar fad atá á gcur i bhfeidhm acu.

Anuas air sin, agus d'fhonn éileamh ag Páirtnéir Airgeadais ar chostas Riaracháin agus Spreagúlachta faoi chlár LEADER a dhéanamh níos simplí, costas tuarastail amháin maidir le baill foirne is ceart a éileamh. Ní ceart do bhaill foirne an Údaráis Áitiúil, i.e. foireann an Pháirtnéir Airgeadais, aon chostas maidir le Taisteal agus Cothabháil (T&C) ná caiteachas eile a tharlaíonn le linn clár LEADER a thabhairt i gcrích a éileamh ón gclár.

### 17.4.2 Bileoga Ama agus a n-aontú

Sa chás nach féidir cóipeanna crua de bhileoga ama atá sínithe a chur ar fáil maidir le tinreamh oibre, déanfaidh bileoga ama arna gcur faoi bhráid na mbainisteoirí ar an ríomhphost ag baill foirne an Údaráis Áitiúil cúis maidir le síniúchán. Ní mór na teachtaireachtaí ríomhphoist agus na bileoga ama a ghabhann leo a choimeád ar mhaithe leis an gcóras iniúchóireachta agus iad a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TF LEADER.

## 17.5 An cháipéisíocht don tSeiceáil Riaracháin

Tugtar anseo thíos liosta de na cáipéisí is gá a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta chóras TF LEADER sa chás go mbíonn costais foirne Údaráis Áitiúil/Pháirtnéir Airgeadais á éileamh ó chlár LEADER ag GÁG atá faoi stiúir CFPÁ:

### 17.5.1 Tuairisc Tuarastail

Maidir le hÚdarás Áitiúil ag a bhfuil úsáid á bhaint as an gcóras Agresso, ní mór tuairisc phriontáilte Agresso maidir le tuarastail a chur ar fáil ina luaitear mionsonraí faoi gach fostaí atá páirteach in LEADER agus a bhfuil costas maidir leo á chur i leith chlár LEADER. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt sa tuairisc phriontáilte sin: Ainm an Fhostaí (is féidir a cheilt), Uimhir an Fhostaí, Dáta na hIdirbheartaíochta, Tréimhse, Mír Cunt., Mír Cunt. (T), Beart Oibre, Beart Oibre (T), agus Luach (de réir Euro). Ní mór freisin, an tuairisc phriontáilte a bheith deimhnithe ag Ceannasaí Airgeadais an Údaráis Áitiúil nó ag oifigeach arna ainmniú ag an gCeannasaí Airgeadais maidir leis an tuairisc a bheith fíor cruinn.

Maidir le GÁG nach bhfuil córas Agresso in úsáid ann, ní mór tuairisc phriontáilte ar thuarastail as Córas Cuntasaíochta an Údaráis Áitiúil a chur ar fáil le gach éileamh míosúil ina luaitear mionsonraí faoi gach fostaí atá páirteach in LEADER agus a bhfuil costas maidir leo á chur i leith chlár LEADER. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt sa tuairisc phriontáilte sin: Ainm an Fhostaí (is féidir a cheilt), Uimhir an Fhostaí, Dáta na hIdirbheartaíochta, Tréimhse, Bunphá, Liúntais, Ollphá, ÁSPC an Fhostóra, Cód Tag. maidir leis an mBeart Oibre. Ní mór an tuairisc phriontáilte a bheith deimhnithe ag Ceannasaí Airgeadais an Údaráis Áitiúil nó ag oifigeach arna ainmniú ag an gCeannasaí Airgeadais maidir leis an tuairisc a bheith fíor cruinn. Sa chás nach féidir an fhaisnéis a chur ar fáil in aon cháipéis phriontáilte amháin as Córas Cuntasaíochta an Údaráis Áitiúil, beidh glacadh leis an bhfaisnéis arna cur ar fáil i gcáipéisí priontáilte éagsúla as Córas Cuntasaíochta an Údaráis Áitiúil. Ní mór tuairisc(í) p(h)riontáilte den sórt sin a bheith deimhnithe ag Ceannasaí Airgeadais an Údaráis Áitiúil nó ag oifigeach arna ainmniú ag an gCeannasaí Airgeadais maidir le fírinne agus cruinneas.

#### 17.5.2 Bileoga Ama

Bíonn na bileoga ama maidir le gach fostaí atá páirteach in LEADER, agus a bhfuil tuarastal an fhostaí á chur i leith chlár LEADER, le huaslódáil i dtaisce cáipéisíochta chóras TE LEADER. Baintear úsáid as an Teimpléad do Bhileog Ama ag Páirtnéir Airgeadais GÁG (Aguisín 15).

#### 17.5.3 Costas Tuarastail

Is ionann an costas tuarastail is féidir le Páirtnéir Airgeadais/Údarás Áitiúil a éileamh agus suim Ollphá gach fostaí atá páirteach in LEADER, móide ÁSPC an Fhostóra arna íoc i ndáil le gach fostaí faoi seach bunaithe ar an sciar den am a caitheadh ar bhearta maidir le clár LEADER faoi mar is léir ón mbileog ama i leith an tréimhse faoi chaibidil. Ní mór Teimpléad do Thuairisceán Míosúil faoi Chostais Foirne LEADER ag Páirtnéir Airgeadais GÁG (Aguisín 14) a líonadh isteach agus aontú a bheith curtha leis ag an bPríomhoifigeach nó ag oifigeach eile arna ainmniú ag an bPríomhoifigeach.

Bíonn an cháipéisíocht a bhaineann le hábhar le huaslódáil i dtaisce cáipéisíochta chóras TE LEADER i ndáil le gach mí a mbíonn costas Riarachán LEADER á éileamh ag CFPÁ GÁG maidir le fostaithe de chuid an Údaráis Áitiúil atá i mbun oibre ar LEADER. Is ceart a thabhairt chun aire gur cheart costas a dtéitear ann in aon mhí faoi leith a éileamh gan mhoill an mhí dár gcionn agus nach ceart a charnadh le héileamh maidir le míonna eile ina dhiaidh sin.

#### 17.5.4 Fíorú Neamhspleách ar Réasúntacht Chostais Riaracháin agus Spreagúlachta an GÁG

Maidir leis an bpróiseas a bhaineann le Fíorú Neamhspleách ar Réasúntacht Chostais Riaracháin agus Spreagúlachta an GÁG, féach Alt 17.2.

#### 17.5.5 Cigireacht ar an Láthair

Tugtar thíos liosta de na bearta seiceála a dhéanfaidh meitheal Cigireachta na Roinne le linn iniúchadh ar an láthair a dhéanamh maidir le costas tuarastail bhaill foirne an Údaráis Áitiúil:

1. Dearbhú maidir le huimhir an fhostaí i gcomórtas le hainm an fhostaí agus bileoga ama an fhostaí agus sin i gcomhthéacs Thuairisc Phriontáilte Agresso nó chóras eile cuntasaíochta i ndáil le costas tuarastail an GÁG atá le héileamh ó LEADER agus atá san áireamh leis an éileamh.
2. Seiceáil maidir le conradh fostaíochta a bheith ar bun agus é sínithe ag na páirtithe lena mbaineann agus i bhfeidhm ar an dáta atá faoi chaibidil.
3. Seiceáil maidir le híocaíochtaí le córais idirghabhála de leithéid Mypay d'fhonn deimhniú ar an bhfianaise gur eisíodh pá leis na fostaithe de chuid an Údaráis Áitiúil a bhí páirteach in obair LEADER. D'fhéadfadh gur leor tuairisc Paypath má bhíonn an fhaisnéis seo a leanas ar fáil: Uimh. Thag. an Fhostaí sa Ghrúpa Pá, Sloinne, Suim na hÍocaíochta, Tréimhse Pá, Uimhir BIC, Ainm an Bhainc, Uimhir IBAN, Tuairisc Cur ar Ceal, Dáta Próiseála. Sa chás nach bhfuil córas idirghabhála de leithéid Mypay in úsáid ag GÁG, déanfar seiceáil ar an

gcóras íocaíochta atá i bhfeidhm d'fhonn deimhniú ar an bhfianaise gur eisíodh pá leis na fostaithe de chuid an Údaráis Áitiúil a bhí páirteach in obair LEADER.

D'fhéadfadh freisin go ndéanfaí seiceáil maidir lena dheimhniú go dtagann íocaíochtaí i ndáil le fostaithe de chuid an Údaráis Áitiúil atá páirteach in obair LEADER san áireamh le híocaíocht ón Údarás Áitiúil leis na Coimisinéirí Ioncaim agus le dreamanna eile; d'fhéadfadh go mbeadh cúnamh ó Rannóg Airgeadais an Údaráis Áitiúil de dhíth ina leith seo.

Muna dtarlaíonn comhréiteach gach a bhfuil á sheiceáil thuas, d'fhéadfadh gá le hiniúchóireacht níos géire ag Meitheal Cigireachta na Roinne ar an Údarás Áitiúil.

Ní leagtar aon fheidhm maidir le gnóthaí fostaíochta ar an Roinn. Ní mór don GÁG nó Páirtnéir Forfheidhmiúcháin nó Páirtnéir Spreagúlachta comhairle dlí dá gcuid féin a lorg i ndáil leis na cúrsaí sin.

Is costas dlisteanach faoin gClár ranníocaíocht maidir le costas iomarcaíochta dhaoine a fhostaíonn GÁG chun LEADER a thabhairt i gcrích. Is féidir costas iomarcaíochta suas leis an uasmhéid faoin reachtaíocht a íoc bunaithe ar an sciar den am a chaitheadh an duine de ghnáth ag obair ar an gClár. Ní mór an íocaíocht iomarcaíochta a bhunú ar líon na mblianta a caitheadh ag obair ar chlár LEADER 2023 – 2027, ón 1 Eanáir 2023 amach.

## 17.6 Costais

Tá costais taistil agus cothabhála chomhaltaí cinnteoireachta an GÁG agus chomhaltaí an Choiste Measúnachta agus bhaill foirne an GÁG, an Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin agus an Pháirtnéir Spreagúlachta, suas le leibhéal rátaí reatha na Státseirbhíse (féach www.circulars.gov.ie) inghlactha chomh fada agus a bhaineann na costais sin le clár LEADER. Ní mór don GÁG coinneáil ar an eolas faoi na rátaí atá i bhfeidhm. Ba cheart gach dícheall a dhéanamh leas a bhaint as córas iompair poiblí agus taisteal in éineacht i gcarr nuair is féidir sin. Ní féidir táillí a íoc maidir le seirbhísí a chuireann an GÁG nó comhaltaí an Choiste Measúnachta ar fáil. Ní mór éileamh a chur isteach laistigh de 3 mhí ón uair a tharlaíonn an costas.

Ní féidir costais taistil ná cothabhála a bhaineann le hIonadaí Poiblí nó le Seirbhíseach Poiblí atá ina gcomhaltaí cinnteoireachta de chuid an GÁG nó ina gcomhaltaí de chuid an Choiste Meastóireachta a éileamh as buiséad Riaracháin an GÁG. Is ceart do na daoine sin éileamh maidir le costas taistil nó cothabhála a chur chuig an gcomhlacht ionadaíochta lena mbaineann siad féin.

Tá ciorcláin maidir le Rátaí Taistil agus Cothabhála eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPA). Tugtar tagairt maidir leis na Ciorcláin thíos agus is féidir iad a cheadú ar www.circulars.gov.ie.

- Ciorclán RCPA 05/2017: Rátaí Mótarthaistil
- Ciorclán RCPA 19/2023: Liúntas Cothaithe in Éirinn

- Ciorclán RCPA 07/2017: Liúntas Cothaithe Thar Lear

Tagann athrú ó thráth go chéile maidir leis na Ciorcláin seo. Ní mór don GÁG coinneáil ar an eolas faoi na rátaí is tráthúla.

#### 17.6.1 Costais Chomhaltaí Boird an Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin

Glactar le costas sóláistí (tae/caifé/ceapairí) agus costas taistil agus cothabhála, suas le leibhéal rátaí reatha na Státseirbhíse (féach www.circulars.gov.ie), a bhaineann le cruinniú boird de chuid an Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin mar chostas inghlactha agus is ceart cionroinnt a dhéanamh ina leith ar an gcuma chéanna leis na míreanna eile ar fad.

Ní féidir costais taistil ná cothabhála (T&C) a bhaineann le hIonadaí Poiblí nó le Seirbhíseach Poiblí atá ina gcomhaltaí boird de chuid an Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin a éileamh as buiséad Riaracháin an GÁG. Is ceart do na daoine sin éileamh maidir le costas taistil nó cothabhála a chur chuig an gcomhlacht ionadaíochta lena mbaineann siad féin.

#### 17.6.2 Carr Príobháideach a Úsáid

An costas a bhaineann le córas iompair phoiblí a mbíonn súil lena éileamh i ngach cás inar féidir agus indéanta leas a bhaint as córas iompair phoiblí. Ní ceart do bhaill foirne úsáid a bhaint as a gcarr féin ag taisteal chuig cruinniú nó ar ais ó chruinniú ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- nuair nach bhfuil córas iompair phoiblí oiriúnach (e.g. traein nó bus) ar fáil;
- nuair nach bhfuil córas iompair phoiblí ar fáil ar chostas níos ísle; nó
- nuair a d'fhágfadh córas iompair phoiblí a úsáid go dtiocfadh am oifigiúil amú agus gur den riachtanas sin a sheachaint.

Tugtar chun aire, sa chás go dtarlaíonn taisteal ar chúis atá ceangailte le gnó oifigiúil ach nach mbaineann le cúram oifigiúil a dhéanamh e.g. freastal ar chomhdháil, agallamh nó cúrsa oideachais (oiliúna), gur ar choinníoll go gcuirtear rátaí córais iompair phoiblí i bhfeidhm, nó rátaí laghdaithe maidir le míleáiste (Ciorclán E105/3/87 na Roinne Airgeadais) freastal den sórt sin.

Ní mór do na grúpaí GÁG, Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin agus Páirtnéirí Spreagúlachta a chinntiú go mbíonn an fhaisnéis ar an liosta thíos, sa chás go mbaineann le hábhar, isteach le haon éileamh T&C a dhéanann fostaí, GÁG, comhaltaí Coiste Measúnachta nó comhaltaí Bhord an Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin nuair a bhaineann éiléan T&C dá sórt le clár LEADER:

- Ainm an té atá ag déanamh an Éilimh
- An tréimhse lena mbaineann an tÉileamh T & C
- Uimh. Clárúcháin na Feithicle
- Toilleadh an innill de réir cc
- Taisteal carnach go dtí sin

- Dáta an turais
- Taisteal ó (seoladh baile/cód Éirchód nó seoladh na ceanncheathrún)
- Taisteal chuig
- An t-am fágála - sa chás go bhfuil éileamh maidir le cothabháil á dhéanamh
- An t-am fillte - sa chás go bhfuil éileamh maidir le cothabháil á dhéanamh
- Fáth an turais, an clár lena mbaineann
- Costas ar chóras iompair poiblí - sa chás gur éileamh ina leith sin atá i gceist
- Líon na gciliméadar a thagann i gceist leis an éileamh
- Ráta/km €
- Iomlán €
- Cothabháil €
- Iomlán T&C €
- An sciar den éileamh a bhaineann le clár LEADER i ndáil le gach turas faoi leith

Ní foláir dá réir sin faisnéis mar a luaitear thuas, faoi mar a bhaineann le hábhar an éilimh, a bheith isteach leis an éileamh. Tugtar chun aire gur féidir coinníollacha ina leith seo a bheith ina gcuid d'fhoirm éilimh maidir le T&C ag GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin / Páirtnéir Spreagúlachta T&C. Tá foirm éilimh shamplach maidir le T&C in Aguisín 16 is féidir le GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin / Páirtnéir Spreagúlachta a úsáid chun na críche seo.

Is de réir rátaí an aicme suas le 1201cc – 1500cc a dhéantar aisíoc ar chostas taistil maidir le carr leictreach.

Is de réir rátaí toilleadh CC na feithicle féin a dhéantar aisíoc ar chostas taistil i bhfeithicil hibrideach.

Sa chás gur fostaí atá i gceist, ní íocfar costas taistil i ndáil le haon chuid de thuras a bhaineann le sciar nó iomlán ghnáthbhealach an fhostaí idir an baile agus an cheannoifig. Sa chás go dtosaíonn an fostaí ar thuras oifigiúil ón mbaile nó go bhfilleann ó thuras oifigiúil díreach ar an mbaile, déanfar an tsuim atá le haisíoc a ríomh i ndáil le fad an turais ón mbaile nó ón gceannoifig, cibé acu is giorra.

Is ceart a thabhairt chun aire gur Rátaí Laghdaithe Taistil atá le cur i bhfeidhm sa chás go ndéantar éileamh ar mhíleáiste maidir le freastal ar chomhdháil nó ar chúrsa oiliúna.

### 17.7 Leithdháileadh agus Cionroinnt Costais

Ní féidir le GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin / Páirtnéir Spreagúlachta costas riaracháin nó oibriúcháin a bhaineann le scéimeanna eile a chur i leith bhuiséad riaracháin agus spreagúlachta LEADER. Ar an gcuma chéanna, ní cheadaítear don GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin / Páirtnéir Spreagúlachta costais den sórt sin a chur i leith bhuiséad riaracháin agus spreagúlachta LEADER le rún aisíocaíocht a dhéanamh tráth is faide anonn. Dá réir sin, ní foláir don GÁG, nó do na páirtnéirí airgeadais, Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin agus Páirtnéirí Spreagúlachta de réir mar is cuí,

cuntais riaracháin faoi leith nó cóid jabanna faoi leith a bheith i bhfeidhm acu má tá riarachán á dhéanamh ar níos mó ná aon scéim amháin. Ní mór cionroinnt a dhéanamh maidir leis na costais riaracháin go foriomlán agus iad a chur i leith na gcuntas éagsúil mar is cóir i.e. i leith chuntas LEADER agus i leith na gcuntas eile.

Ní foláir don GÁG, nó do na páirtnéirí airgeadais, Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin agus Páirtnéirí Spreagúlachta GÁG, mionchuntas a thabhairt ar an gcionroinnt ar fud na scéimeanna éagsúla ina gcuid lámhleabhair maidir leis na gnáis oibre agus cúis shoiléir a thabhairt leis an gcionroinnt atá i gceist. Ní mór do chomhaltaí cinnteoireachta an GÁG an bunús leis an gcionroinnt, agus aon athrú ina leith i rith thréimhse an chláir, a aontú agus sin a lua i miontuairiscí an chruinniú den GÁG lena mbaineann. Níor cheart go dtarlódh leasú go minic agus is le scéimeanna nua a thabhairt isteach nó le scéimeanna reatha a chríochnú amháin a thiocfaidh a leithéid i gceist.

Ní mór an polasaí cionroinnte a aontaíonn an GÁG a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TE LEADER chomh maith le sliocht as miontuairiscí chruinniú an GÁG maidir leis an bpolasaí cionroinnte a aontú.

## 17.8 Tuairisceáin Mhíosúla ar an gCaiteachas

Ní mór don GÁG tuairisc a thabhairt gach mí ar gach caiteachas ar Chóras TEC LEADER agus ní mór don GÁG, ina leith sin, cloí go docht leis na dátaí deiridh a leagtar amach ar an gcóras.

# 18 Seiceáil Riaracháin

## 18.1 Coinníollacha maidir le Seiceáil Riaracháin

Déanfar Seiceáil Riaracháin i ndáil le gach iarratas ar chúnamh, gach éileamh ar íocaíocht agus dearbhú eile arna chur faoi bhráid ag GÁG, seoltóir tionscadail nó tairbhí eile, nó tríú páirtí.

Tiocfaidh san áireamh le Seiceáil Riaracháin i ndáil le hiarratas fíorú maidir leis na nithe seo a leanas:

- comhlíonadh na gcoinníollacha dlí a bhaineann le hábhar, Cúnamh Stáit agus gnóthaí soláthair ina measc, chomh maith le cúrsaí eile;
- inghlacthacht sheoltóir an tionscadail, seiceáil san áireamh maidir le stádas Pobail nó Fiontraíochta sheoltóir an tionscadail;
- an scrúdú maidir le critéir inghlacthachta, gealltanais agus dualgais eile, inghlacthacht na beartaíochta san áireamh;
- comhlíonadh na gcritéir roghnúcháin; agus
- fíorú maidir le réasúntacht na gcostas a cuireadh faoi bhráid, sa chás gur tharla costais. Déanfar measúnacht ar na costais le córas oiriúnach measúnachta, mar shampla costais tagartha, comparáid idir tairiscintí éagsúla nó coiste measúnachta.

Tiocfaidh san áireamh le Seiceáil Riaracháin i ndáil le héileamh ar íocaíocht fíorú maidir leis na nithe seo a leanas:

- an bheartaíocht mar a cuireadh i gcrích i gcomórtas leis an mbeartaíocht faoi mar a bhí san iarratas a cuireadh faoi bhráid agus a d'aontaigh an GÁG; agus
- costais a tharla agus an íocaíocht a rinneadh.

Tiocfaidh san áireamh le Seiceáil Riaracháin fíorú maidir leis na nithe seo a leanas:

- nár tharla dúbailt maoiniúcháin go mírialta i ndáil le scéimeanna eile de chuid an AE nó le scéimeanna náisiúnta, clár LEADER roimhe seo san áireamh; agus
- nach sáraítear leis an gcúnamh a fuarthas na huasmhéideanna ceadaithe ná na huasrátaí ceadaithe cabhrach sa chás go mbíonn cistíocht ar fáil ó fhoinsí eile.

Tiocfaidh san áireamh le Seiceáil Riaracháin maidir le hinfheistíocht caipitil ar a laghad aon chuairt amháin ar láthair an tionscadail go ndeimhnítear gur tugadh an infheistíocht i gcrích.

Tá liosta iomlán de na bearta seiceála a bhaineann leis an tSeiceáil Riaracháin ar fáil ar Chóras TF LEADER agus go díreach ón Roinn.

## 18.2 Seiceáil Riaracháin a Dhéanamh

Déanfaidh an Comhlacht Seiceála Riaracháin an tSeiceáil Riaracháin maidir le beartaíocht LEADER ar fad.

Ní dhéanfar Seiceáil Riaracháin maidir le (i) caiteachas riaracháin agus spreagúlachta, (ii) tionscadail inmheánacha, ná (iii) sa chás go gcuireann an páirtnéir airgeadais cistí meaitseála ar fáil, a tharmligean le Príomhpháirtnéir Airgeadais an GÁG. Déanfaidh Pobal, nó tríú páirtí eile, an tseiceáil sin thar ceann na Roinne ó thús go deireadh an chláir.

### 18.2.1 Cuairt ar an Láthair

Bíonn gá le Tuairisc mhion faoi Chuairt ar an Láthair (Aguisín 10), a bhfuil síniúchán agus dáta curtha leis, sular féidir an conradh/litir tairisceana a shíniú. Ní mór an tuairisc sin, ar í a chríochnú, a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TF LEADER, agus sin i ndáil leis an Liosta Seiceála Riaracháin Tráth Éilimh - Litir Tairisceana.

Leagtar amach anseo síos an modh ina ndéantar fíorú maidir leis an gcoinníoll seo:

a. Sa chuid is mó de na cásanna, meastar nach mbeidh gá le cuairt ar an láthair ag an gComhlacht Seiceála Riaracháin maidir leis an tionscadal féin ach an Tuairisc faoi Chuairt ar an Láthair a bhreithniú chomh maith le grianghraif a chuirtear ar fáil. Beidh na cáipéisí sin á n-uaslódáil ag oifigeach forbartha an tionscadail i dtaisce cáipéisíochta Chóras TF LEADER i ndáil le héileamh maidir leis an tionscadal agus ba chóir, go hiondúil, gur leor sin. Ní mór, ina dhiaidh sin agus uile, don Chomhlacht Seiceála Riaracháin a dheimhniú gur leor i ngach cás faoi leith agus an chúis ar a mbunaítear an tuairim nach gá cuairt a thabhairt ar láthair an tionscadail a lua.
b. An Comhlacht Seiceála Riaracháin a chuirfidh an próiseas i bhfeidhm a bhaineann lena dheimhniú an bhfuil nó nach bhfuil gá le cuairt ar an láthair.

Ní mór tuairisc a choinneáil, i ndáil le gach éileamh, ar an gcúis nach dtugtar cuairt ar an láthair i rannóg na nótaí ar chóras TE LEADER. Ní mór na mionsonraí sin a chur sa Réimse Téacs maidir le "Cuairt ar an Láthair maidir le Seiceáil Riaracháin i ndáil le Tionscadal Caipitil" ar chóras TF LEADER mar seo a leanas:

1. go ndearna an tÚsáideoir maidir le Seiceáil Riaracháin agus an Bainisteoir maidir le Seiceáil Riaracháin an cheist faoi ghá le cuairt ar láthair an tionscadail a mheas; agus

2. Ní mór an chúis nach ndearnadh Cigireacht ar an Láthair a lua sa chás gurb é a dtuairim nach raibh gá leis.

### 18.2.2 Na Cúiseanna lena shocrú nach ndéantar Cigireacht ar an Láthair

Déanfaidh an tÚsáideoir maidir le Seiceáil Riaracháin cinneadh an gá cigireacht ar an láthair a dhéanamh chun críche a dheimhniú gur comhlíonadh Airteagal 86(4) i Rialachán 2021/2115 ón gComhairle. Is féidir leis an Úsáideoir maidir le Seiceáil Riaracháin a shocrú nach ndéanfar cigireacht ar an láthair sa chás:

- Gur lú ná 75% de shuim LEADER atá éilithe go dtí sin.
- Gur ísle suim an deontais ó LEADER ná €5,000 ó tharla gur infheistíocht bheag a bhí i gceist leis an mbeartaíocht.
- Go bhfuil an Comhlacht Seiceála Riaracháin cinnte gur léir ón tuairisc agus ó na grianghraif a cuireadh ar fáil, chomh maith le bearta Seiceála Riaracháin eile a rinneadh, gur beag an baol nár comhlíonadh na coinníollacha a bhí leis an gcúnamh a thabhairt nó gur beag an baol nár tugadh an infheistíocht i gcrích.
- Nach bhfuil obair thógála, éadála ná feabhsúcháin maidir le maoin dhochorraithe i gceist ná innealra nua ná trealamh nua a cheannach.

Ní mór tuairisc a choinneáil, i ndáil le gach éileamh, ar an gcúis, bunaithe ar na critéir thuas, nach dtugtar cuairt ar an láthair sa Réimse Téacs maidir le "Cuairt ar an Láthair maidir le Seiceáil Riaracháin i ndáil le Tionscadal Caipitil" ar chóras TE LEADER. Sa chás go socraíonn an tÚsáideoir maidir le Seiceáil Riaracháin cuairt a thabhairt ar an láthair, ní mór tuairisc ar an gcinneadh sin a choinneáil sa Réimse Téacs maidir le "Cuairt ar an Láthair maidir le Seiceáil Riaracháin i ndáil le Tionscadal Caipitil".

Is ceart a thabhairt chun aire gur ionann don Bhainisteoir maidir le Seiceáil Riaracháin an t-éileamh maidir le tionscadal ar bith a aistriú ó Chéim 6 go dtí Céim 7 agus aontú leis an téacs sa Réimse Téacs maidir le "Cuairt ar an Láthair maidir le Seiceáil Riaracháin i ndáil le Tionscadal Caipitil" agus leis na cúiseanna a thugtar ansin.

## 18.3 Aontú na Roinne le héileamh ar íocaíocht maidir le tionscadal

Ní féidir leis an mBainisteoir maidir le Seiceáil Riaracháin éileamh a aistriú ó Chéim 6 go dtí Céim 7 go mbíonn an Réimse Téacs maidir le "Cuairt ar an Láthair maidir le Seiceáil Riaracháin i ndáil le Tionscadal Caipitil" líonta isteach.

Níor cheart d'Úsáideoir maidir le Seiceáil Riaracháin leas a bhaint in aon chás as téacs de leithéid "Ní bhaineann le hábhar", "Ní thagann i gceist", "Níl riachtanach"; is é an téacs réamhordaithe atá le húsáid. Ní mór don Bhainisteoir maidir le Seiceáil Riaracháin, mar chuid de Chéim 6 maidir le héileamh, an tuairisc a cruthaíodh maidir le Cuairt ar an Láthair i ndáil le Tionscadal Caipitil a oscailt agus cliceáil ar an mbosca seiceála arna dheimhniú go bhfuil an téacs a cuireadh isteach mar is cóir.

#### 18.3.1 Infheistíocht a bhfuil cuairt ar an láthair dlite ina leith

Is Bearta Infheistíochta bearta mar seo a leanas:

a. obair thógála, éadála nó feabhsúcháin maidir le maoin dhochorraithe;
b. innealra nó trealamh a cheannach gan dul thar mhargadhluach na sócmhainne;
c. caiteachas ginearálta atá ceangailte leis an gcaiteachas dá dtagraítear faoi (a) agus (b) san alt seo, mar shampla táillí ailtire, innealtóra nó comhairleora, táillí a bhaineann le comhairle, staidéar féidearthachta san áireamh, faoi gnéithe inmharthanachta maidir le cúrsaí timpeallachta nó eacnamaíochta. Beidh caiteachas ar staidéar féidearthachta inghlactha, fiú sa chás, arna bhunú ar thorthaí staidéar dá shórt, nach ndéantar aon chaiteachas faoi (a) agus (b) san alt seo;
d. infheistíocht dholáimhsithe, mar shampla bogearra ríomhaireachta a cheannach nó a fhorbairt nó paitinn, ceadúnas, cóipcheart, trádmharc a cheannach.

Ní bhíonn seiceáil dearbhúcháin ar an láthair de dhíth ach amháin maidir le tionscadail a thagann faoi aicme (a) nó (b).

Ba cheart tionscadal faoi aicme (c), sa chás go dtarlódh a leithéid neamhspleách ar thionscadal faoi (a) nó (b), a chur faoi athbhreithniú ag bord arna dhéanamh ag an GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin arna bhunú ar an gcáipéisíocht a chuirtear faoi bhráid. Maidir le tionscadal a thagann faoi aicme (d), feidhmchláir ríomhaireachta do dheiseanna so-iompair san áireamh, is ceart nasc leis an earra (nó cóip den earra), más feidhmchlár, bogearra, paitinní, ceadúnas, cóipcheart nó trádmharc, a chur faoi bhráid an bhreithmheastóra maidir le Seiceáil Riaracháin mar chruthúnas go bhfuil sin curtha ar fáil.

Ní mheastar gur praiticiúil deimhniú ar an láthair maidir le hinfheistíocht de chineálacha eile, mar shampla i bhféilte nó i gcúrsaí oiliúna. Tugtar chun aire go bhféadann infheistíocht maidir le nithe inláimhsithe a theacht i gceist le féilte, mar shampla, troscán, spás stórála (gabhdáin), etc. ach meastar gur infheistíocht de chineál beag sin. Sa chás go dtarlaíonn an infheistíocht chaipitil maidir le tionscadal den sórt sin a bheith íseal (níos lú ná €5,000) agus nach dtarlaíonn cigireacht ina leith le linn chuairt ar an láthair, ní foláir don GÁG / Páirtnéir Forfheidhmiúcháin fianaise cáipéisíochta a choimeád lena léirítear gur tharla an tionscadal e.g. bileoga tinrimh maidir le freastal ar chúrsa oiliúna, tuairiscí nuachtáin/grianghraif maidir le féile, etc. Déanfar athbhreithniú orthu sin mar chuid den tSeiceáil Riaracháin tráth an éilimh.

#### 18.3.2 A bhfuil dlite ar Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin / GÁG i ndáil le cuairt ar an láthair

Ní mór don Chomhlacht Seiceála Riaracháin cinneadh a dhéanamh ar an gcéad dul síos an gá don chomhlacht cuairt a thabhairt ar an láthair chun críche a dheimhniú gur comhlíonadh Airteagal 86(4) i Rialachán 2021/2115 ón gComhairle; tabharfaidh Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin nó grúpaí GÁG cuairteanna ar láithreacha chun cuidiú leis an gComhlacht Seiceála Riaracháin a shocrú an bhfuil

gá le cuairt ar an láthair chun críche a dheimhniú gur comhlíonadh Airteagal 86(4) i Rialachán 2021/2115 ón gComhairle.

Leagtar amach sa dá chás samplach seo a leanas an méid is lú a theastaíonn ionas gur féidir le Comhlacht Seiceála Riaracháin a shocrú an bhfuil gá le cuairt ar an láthair:

*i. Aon éileamh amháin, an tionscadal tagtha chun críche:*

I ndáil le tionscadal nach mbaineann leis ach an t-aon éileamh amháin, ní mór don Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin / GÁG cuairt chigireachta a thabhairt ar an láthair nuair a thagann an t-éileamh sínithe agus tuairisc chuimsitheach a chur ar fáil, a bhfuil síniú agus dáta léi, chomh maith le grianghraif dhigiteacha ónár soiléir gach ceann de na míreanna ar tugadh cabhair deontais ina leith. Ní foláir an tuairisc agus na grianghraif a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TF LEADER, ionas gur féidir leis an gComhlacht Seiceála Riaracháin a shocrú an gá cuairt a thabhairt ar an láthair. Ní mór leas a bhaint as an Tuairisc Réamhíocaíochta faoi Chuairt ar an Láthair (Aguisín 11) maidir le cuntas ar chuairt den sórt sin a chur ar fáil.

D'fhéadfadh grianghraif a uaslódáil nach soiléir uathu gach ceann de na míreanna ar tugadh cabhair deontais ina leith go mbeadh gá le hathchuairt ar an láthair agus go mbeadh moill ar phróiseáil an éilimh.  Is féidir grianghraif i bhformáid JPEG, PNG agus a leithéid a uaslódáil go díreach i dtaisce cáipéisíochta Chóras TF LEADER agus níl aon ghá dá bhrí sin lena bpriontáil ná a scanadh.

*ii. Páirtéilimh arna gcur faoi bhráid i ndiaidh a chéile*

Sa chás go bhfágann éileamh nó éilimh go mbeadh 75% nó níos mó ná sin d'infheistíocht iomlán LEADER á éileamh/le híoc, ní mór don Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin / GÁG cuairt chigireachta a thabhairt ar an láthair nuair a thagann an t-éileamh sínithe agus tuairisc chuimsitheach a chur ar fáil, a bhfuil síniú agus dáta léi, chomh maith le grianghraif digiteacha ónár soiléir gach ceann de na míreanna ar tugadh cabhair deontais ina leith. Ní foláir an tuairisc agus na grianghraif a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TE LEADER, ionas gur féidir leis an gComhlacht Seiceála Riaracháin a shocrú an gá cuairt a thabhairt ar an láthair.  Ní mór leas a bhaint as an Tuairisc Réamhíocaíochta faoi Chuairt ar an Láthair (Aguisín 11) maidir le cuntas ar chuairt den sórt sin a chur ar fáil.

Chomh maith leis sin, ní mór don Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin / GÁG cuairt dheireanach ar an láthair a thabhairt nuair a thagann an t-éileamh deireanach d'fhonn na coinníollacha a shásamh maidir lena dheimhniú gur comhlíonadh Airteagal 86(4) i Rialachán 2021/2115 ón gComhairle a agus ní mór cuntas a thabhairt ar an gcuairt sin le Tuairisc chuimsitheach, a bhfuil síniú agus dáta léi, chomh maith le grianghraif dhigiteacha ónár soiléir na míreanna breise ar tugadh cabhair deontais ina leith a shonraítear san éileamh deireanach.  Ní mór leas a bhaint as an Tuairisc Réamhíocaíochta faoi Chuairt ar an Láthair (Aguisín 11) maidir le cuntas ar chuairt den sórt sin a chur ar fáil.

Ní mór na cáipéisí agus na grianghraif ar fad a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TF LEADER, agus sin i ndáil leis an Liosta Seiceála Riaracháin Tráth Éilimh - Cuairt ar an Láthair.

#### 18.3.3 Páirtéileamh nó éilimh nach ionann a luach agus 75% de dheontas i gcabhair faoi LEADER

Déanfaidh an Roinn monatóireacht i ndáil le tionscadail nach dtarlaíonn cigireacht ar an láthair ina leith arna dhéanamh ag an GÁG i rith thréimhse thabhairt i bhfeidhm an tionscadail:

- sa chás nach dtarlaíonn éileamh ar an íocaíocht dheireanach a chur isteach i rith an tréimhse maidir le cur i bhfeidhm an tionscadail a luaitear sa chonradh, nó
- sa chás gur lá ná 75% den chabhair deontais a éilítear le linn thréimhse chur i bhfeidhm an tionscadail.

D'fhonn an dóigh nach dtarlódh an chuairt riachtanach ar an láthair mar chuid den tSeiceáil Riaracháin i gcásanna den sórt sin a sheachaint nó d'fhonn fhágáil na dtionscadal sin as an áireamh maidir lena Roghnú mar gheall ar Bhaol nó Roghnú Randamach mar chuid den Phróiseas Seiceála Ar an Láthair a sheachaint, déanfaidh an Roinn iniúchadh gach bliain, mar a dheintí go dtí seo, ar Bhunachar Chóras TF LEADER ar mhaithe le cásanna den sórt seo a thabhairt chun suntais. Tabharfadh gach cás dá sórt san áireamh le haicme lena mbaineann baol faoi leith mar chuid den tsamhail ACC&FG maidir le réimsí baoil.

#### 18.3.4 Na Cúiseanna ar a meastar nach gá Cigireacht ar an Láthair

Bunaithe ar an méid sin thuas, socróidh an Comhlacht Seiceála Riaracháin an gá beart cigireachta ar an láthair ar mhaithe lena dheimhniú gur cloíodh le hAirteagal 86(4) i Rialachán 2021/2115 ón gComhairle. Is féidir leis an gComhlacht Seiceála Riaracháin a shocrú nach ndéanfar beart cigireachta ar an láthair sa chás:

- Gur lú ná 75% de shuim LEADER atá éilithe go dtí sin.
- Gur ísle suim an deontais ó LEADER ná €5,000 ó tharla gur infheistíocht bheag a bhí i gceist leis an mbeartaíocht.
- Go bhfuil an Comhlacht Seiceála Riaracháin cinnte gur léir ón tuairisc agus ó na grianghraif a cuireadh ar fáil, chomh maith le bearta Seiceála Riaracháin eile a rinneadh, gur beag an baol nár comhlíonadh na coinníollacha a bhí leis an gcúnamh a thabhairt nó gur beag an baol nár tugadh an infheistíocht i gcrích. Meastar go mbeadh an tuairisc agus na grianghraif leordhóthanach i mórchuid na gcásanna.

Ní mór tuairisc ar na cúiseanna a bhíonn le socrú, bunaithe ar na critéir thuas, nach gá cuairt a thabhairt ar an láthair a lua maidir le gach éileamh faoi leith sa réimse do na nótaí ar Chóras TF LEADER.

## 18.4 An Comhlacht Seiceála Riaracháin

Bíonn Pobal agus an Príomhpháirtnéir Airgeadais de réir mar is cuí i gceist leis an gComhlacht Seiceála Riaracháin.

### 18.4.1 Cuairt ar an Láthair roimh thús an tionscadail


I ndáil leis an gcoinníoll maidir le cuairt ar an láthair sula n-eisítear conradh / litir tairisceana (Alt 9.2), tugann an Roinn d'údarás glacadh a bheith le grianghraif dhigiteacha arna gcur ar fáil ag seoltóir an tionscadail mar fhianaise nach bhfuil tús curtha leis an tionscadal. Ní mór dearbhú ó sheoltóir an tionscadail freisin nach bhfuil tús curtha leis an mbeartaíocht mar bhonn treise faoi fhianaise na ngrianghraf. Ní mór na grianghraif a uaslódáil astu féin i dtaisce cáipéisíochta chóras TF LEADER.

### 18.4.2 Cuairt ar an Láthair maidir le hÉilimh

Sa chás go bhfuil cuairt ar an láthair de choinníoll tráth an éilimh, tugann an Roinn d'údarás glacadh a bheith le grianghraif lena dtéann dáta digiteach, arna gcur ar fáil ag seoltóir an tionscadail, mar léiriú ar an bhfianaise is gá go bhfuil an chéim faoi chaibidil den tionscadal tugtha chun críche nó an tionscadal ina iomláine curtha i gcrích.

Ní mór dearbhú ó sheoltóir an tionscadail go bhfuil na míreanna a luaitear san éileamh maidir leis an tionscadal tugtha i gcrích a bheith ag gabháil le fianaise na ngrianghraf. Ní mór an dá mhír fianaise sin a chur faoi bhráid an Úsáideora maidir le Seiceáil Riaracháin lena scrúdú. Is féidir le GÁG freisin a roghnú úsáid a bhaint as grianghraif gheochlibáilte arna dtógáil ag seoltóirí tionscadail mar chruthúnas nach bhfuil tús curtha leis an mbeartaíocht. Ní mór na grianghraif a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TF LEADER.

### 18.4.3 Sreabhchlár maidir le Seiceáil Riaracháin



# 19 Mírialtacht, Caiteachas nach bhfuil Inghlactha agus Asbhaint

## 19.1 Íocaíochtaí agus Pionóis a Ríomh

Tá feidhm le hAirteagal 59 i Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116 ón gCoimisiún i ndáil le mírialtacht, caiteachas nach bhfuil inghlactha agus asbhaint. Déantar foráil leis sin d'íocaíochtaí a ríomh maidir leis na suimeanna a mbreithnítear, mar gheall ar an tseiceáil riaracháin agus/nó ar an láthair a dhéantar, iad a bheith inghlactha. Déantar soláthar leis an airteagal sin do chórais éifeachtúla bainistíochta agus rialála arna gcur ar bun ag na Ballstáit ionas go gcinntítear cloí le reachtaíocht an AE maidir le caiteachas den sórt seo. Déanfaidh an Comhlacht a dhéanann an tSeiceáil Riaracháin gach éileamh ar íocaíocht a fhaightear ó sheoltóir an tionscadail nó ón tairbhí a scrúdú agus na suimeanna atá inghlactha a shocrú. Sa chás go ndéantar an tSeiceáil Riaracháin a tharmligean leis an GÁG, agus go mbreithnítear gur tharla caiteachas nach bhfuil inghlactha agus gur ar an GÁG an locht ina leith sin, d'fhéadfadh go n-éileofaí ar an GÁG an tsuim nach bhfuil inghlactha (móide pionóis) a aisíoc leis an Roinn.

Ní mór don Chomhlacht a dhéanann an tSeiceáil Riaracháin na suimeanna seo a leanas a shocrú:

i. an tsuim a bheadh le híoc le seoltóir an tionscadail nó leis an tairbhí i ndáil leis an éileamh ar íocaíocht agus an chistíocht a ceadaíodh; agus
ii. an tsuim a bheadh le híoc le seoltóir an tionscadail nó leis an tairbhí tar éis inghlacthacht an chaiteachais a luaitear san éileamh ar íocaíocht a scrúdú.

Níl an difríocht idir an tsuim a shocraítear maidir le (i) agus an tsuim a shocraítear maidir le (ii) inghlactha. Sa chás gur mó an tsuim a shocraítear maidir le (i) ná an tsuim a shocraítear maidir le (ii) agus gur mó ná 10% an difríocht eatarthu, déanfar pionós a chur i bhfeidhm chomh maith[24]. Is é pionós a ghearrfar an difríocht idir an dá shuim ach ní bheidh suim an phionóis níos airde ná suim na cistíochta a ceadaíodh.

Ní ghearrfar aon phionós ar sheoltóir an tionscadail sa chás go léirítear chun sástacht an Chomhlachta ag a bhfuil an t-athbhreithniú á dhéanamh nach raibh locht ar sheoltóir an tionscadail maidir leis an tsuim nach bhfuil inghlactha a lua san éileamh ar íocaíocht.

Déanfar pionós a chur i bhfeidhm i ndáil le caiteachas nach bhfuil inghlactha a thugtar chun suntais le linn don Roinn Iniúchadh ar an Láthair a dhéanamh. I mbun seiceála den sórt sin, is é an caiteachas carnach maidir leis an tionscadal nó leis an mbeartaíocht atá faoi chaibidil an caiteachas a scrúdaítear.

[24] Airteagal 59(1)(d) i Rialachán 2116/2021 an AE

Dá réir sin, tarlaíonn sin gan dochar do thorthaí Iniúchadh ar an Láthair a rinneadh roimhe sin maidir leis an tionscadal (na tionscadail) faoi chaibidil agus d'fhéadfadh athscrúdú a theacht i gceist ar ábhar a ndearnadh scrúdú ina leith cheana maidir le híocaíochtaí roimhe seo.

Cuirfear pionóis i bhfeidhm freisin sa chás go dtugtar chun suntais le *Seiceáil ex-post* neamhchomhlíonadh i ndáil leis an gcoinníoll maidir le hinmharthanacht infheistíochta (Alt 15.7) nó neamhchomhlíonadh na rialacha maidir leis an soláthar poiblí.[25]

Sa chás go mbreithnítear, le linn Seiceáil Riaracháin, Iniúchadh ar an Láthair nó Iniúchadh *Ex Post* a dhéanamh:

1) gur tharla neamhchomhlíonadh maidir le critéir cáilíochta, e.g. nach bhfuil seoltóir an tionscadail / an tairbhí inghlactha maidir le cistíocht faoi LEADER, diúltófar don éileamh nó tarraingeofar siar é,
2) gur tharla neamhchomhlíonadh maidir le coinníollacha nó dualgais áirithe faoin gconradh, is féidir diúltú i bpáirt nó go hiomlán don éileamh nó a tharraingt siar. D'fhéadfadh gur coinníoll nó dualgas eile a bheadh i gceist a luaitear sna Rialacha Oibriúcháin,
3) nach ndearnadh de réir dhualgas eile, is féidir diúltú i bpáirt nó go hiomlán don éileamh nó a tharraingt siar.

I gcás 2 nó 3 thuas, tabharfar san áireamh troime, oiread, tréimhse nó atarlú an neamhchomhlíontais agus cinneadh á dhéanamh. Tugtar an mheasúnacht maidir leis an neamhchomhlíonadh faoi 1, 2 agus 3 san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoi chosc go ceann na bliana sin agus ar feadh na bliana dár gcionn a chur ar chúnamh a thabhairt don seoltóir / tairbhí tionscadail maidir leis an mbeart céanna nó le hobair den chineál céanna. Is féidir leis an Roinn stad a chur le híocaíocht(aí) den sórt sin a bhaineann le caiteachas áirithe sa chás go dtugtar chun aire neamhchomhlíonadh a dtagann pionós riaracháin dá thoradh.

## 19.2 Íocaíochtaí Neamhdhlisteanacha a dhéanann GÁG

Sa chás go ndéanann GÁG íocaíocht neamhdhlisteanach, beidh an tsuim a íoctar le haisíoc gan mhoill leis an Roinn. Sa chás gur ar sheoltóir an tionscadail an locht, ní mór don GÁG an íocaíocht a aisghabháil ó sheoltóir an tionscadail. Ní mór don GÁG tuairisc a choinneáil ar na bearta ar fad a dhéantar chun suimeanna neamhdhlisteanacha a aisghabháil agus na cistí ar fad a aisghabhann an GÁG a aisíoc leis an Roinn.

[25] Airteagal 61 i Rialachán 2116/2021 an AE (Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair phoiblí)

#### 19.2.1 Maoiniú Neamhdhlisteanach maidir le Riarachán agus Spreagúlacht

Tarlóidh le haon chaiteachas neamhdhlisteanach maidir le cúrsaí riaracháin agus spreagúlachta a éilíonn an GÁG mar chuid de na tuairsceáin mhíosúla, agus le haon phionós a eascraíonn ó chaiteachas neamhdhlisteanach den sórt sin, ísliú maidir leis an (i) íocaíocht i ndáil le Tuairisceán Míosúil an GÁG agus le (ii) buiséad riaracháin/spreagúlachta an GÁG faoi mar a leagtar amach sa SFÁ.

#### 19.2.2 Taifeadadh agus aisíoc i ndáil le caiteachas riaracháin neamhdhlisteanach

Déanfar cuntas ar an gcaiteachas neamhdhlisteanach ar fad a thugtar chun aire mar chuid d'Iniúchadh ar an Láthair a dhéanann meitheal Cigireachta na Roinne a choimeád ar chóras TF LEADER.  Nuair a thagann deireadh le haon achomharc leis an tSeirbhís Cigireachta agus/nó PAR, is féidir leis an GÁG:

- an tsuim atá dlite a aisíoc leis an Roinn; nó,
- a iarraidh go ndéantar a bhaint as an Tuairisceán Míosúil atá faoi athbhreithniú.

### 19.3 Dearbhú Bréagach

Ní mór don GÁG:

- a dtiocfadh de thoradh ar dhearbhú bréagach (i.e. fianaise bhréige a chur ar fáil d'fhonn cúnamh a fháil nó teip an fhaisnéis is gá a chur ar fáil de bharr faillí) a chur in iúl (tráth an iarratais) do gach seoltóir tionscadail, chomh maith lena meastar a bheith ina dhearbhú bréagach; agus

- deimhniú i scríbhinn a fháil ó sheoltóir an tionscadail gur cuireadh sin in iúl agus go bhfuiltear ar an eolas faoina dtiocfadh de thoradh ar dhearbhú bréagach a thabhairt.

Sa chás go gcuireann seoltóir tionscadail fianaise bhréige ar fáil d'fhonn cúnamh a fháil nó nach gcuirtear an fhaisnéis is gá ar fáil de bharr faillí, beidh cosc ar chúnamh a fháil ag an tionscadal a bhaineann le hábhar maidir leis an mbeart céanna nó le hobair den chineál céanna agus ní mór suimeanna ar bith atá íoctha maidir leis an tionscadal (na tionscadail) a bhaineann le hábhar a aisghabháil.  Beidh cosc ar aon chúnamh breise faoi LEADER a fháil ag seoltóir an tionscadail go ceann na bliana lena mbaineann agus ar feadh na bliana dár gcionn.

### 19.4 Íocaíochtaí a aisíoc nach raibh dlite

Ní mór don GÁG airgead ar bith ar tharla a íoc go mícheart agus/nó aon phionós a ghearrtar ar an GÁG a aisíoc leis an Roinn.

Déantar foráil le hAirteagal 31 i Rialachán (AE) Uimh. 2022/128 do shuimeanna airgid atá dlite a aisíoc trí na suimeanna airgid sin atá dlite a chur in aghaidh íocaíochtaí leis an GÁG nó le seoltóir an tionscadail tráth is faide anonn:

*"Gan dochar d'aon ghníomh forfheidhmiúcháin eile dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta, déanfaidh Ballstáit aon fhiachas atá le híoc ag tairbhí arna bhunú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta a fhritháireamh i gcoinne aon íocaíocht a dhéanfaidh an ghníomhaireacht íocaíochta atá freagrach as an bhfiachas a aisghabháil don tairbhí sin sa todhchaí."*

Is ceart gach aisíoc a dhéanamh trí Aistriú Leictreonach Cistí mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| *Ainm Shealbhóir an Chuntais* | An Roinn Dlí agus Cirt (an Rannóg Airgeadais - Cuntas Reatha) |
| *Uimh. an Chuntais* | 14370256 |
| *Cód Sórtála Bainc* | 90-57-58 |
| *IBAN* | IE54 BOFI 9057 5814 3702 56 |
| *BIC* | BOFIIE2D |
| *Ainm an Bhainc* | Banc na hÉireann |
| *Seoladh an Bhainc* | An tSráid Nua, Cill Airne, Co. Chiarraí |

Ní mór mionsonraí mar seo a leanas ar a laghad a bheith leis an íoc:

- RFTP Clár LEADER 2023-2027
- Uimh. Thag. maidir le Tuairisceán Míosúil agus maidir le Tionscadal

Nuair a dhéantar íoc le h Aistriú Leictreonach Cistí, is ceart an roinn a chur ar an eolas faoi gach aisíoc agus teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig LEADER2327@drcd.gov.ie.

## 19.5 Fógra faoi Mhírialtacht

Ní mór, sa chás gur tharla mírialtacht, fógra faoi aisíoc íocaíochtaí nach raibh dlite a chur chuig an Roinn ag an seoladh ríomhphoist LEADER2327@drcd.gov.ie. Ní mór íocaíochtaí nach raibh dlite a aisíoc le Cuntas Bainc na Roinne faoi ar atá curtha in iúl do na grúpaí GÁG.

## 19.6 Mórleabhar na bhFéichiúnaithe

Ní mór don GÁG córas a chur ar bun chun fiacha agus suimeanna in-aisghabhála a bhaineann le seoltóirí tionscadail a shonrú agus a thaifead i.e. mórleabhar na bhféichiúnaithe ina gcoinnítear cuntas ar na fiacha ar fad. Ní mór don GÁG mórleabhar na bhféichiúnaithe a scrúdú go rialta agus a chinntiú go ndéantar beart maidir le fiacha atá thar téarma a bhailiú.

Ní mór don GÁG taifead a choimeád ar fhiacha a luaithe a thugtar chun aire iad. Beidh na sonraí ina leith seo á gcoinneáil ag an Roinn freisin ar chóras TF LEADER.

### 19.7 Ús a chur i bhfeidhm maidir le Fiacha

Foráiltear le hAirteagal 59(1) (e) i Rialachán (CE) Uimh. 2021/2116 ón gCoimisiún agus le hAirteagal 30(2) i Rialachán (AE) 2022/128 ón gCoimisiún nach foláir don GÁG ús a chur i bhfeidhm maidir le fiacha atá thar téarma ráta socraithe 3% ús simplí in aghaidh na bliana.

# 20 An Taifead maidir le hAinm Sheoltóir an Tionscadail a Leasú

Sa chás go dtagann iarratas maidir le mionsonraí sheoltóir tionscadail ar chóras TF LEADER a leasú, d'fhéadfadh go dtiocfadh ceisteanna dlí i gceist freisin maidir le conarthaí GÁG a leasú nó aguisín a chur leo ionas gur féidir sócmhainní agus dliteanais aontaithe maidir le tionscadal a aistriú go dtí an dara eintiteas dleathach.

Tagraítear sa roinn seo do leasú maidir le stádas dleathach sheoltóir tionscadail ar chóras TF LEADER, athruithe eile ar an taifead san áireamh. Dírítear aird ar a bhféadfadh a theacht i gceist ó thaobh cúrsaí dlí le leasú ar chonarthaí reatha an GÁG nó aguisín a chur leo ionas gur féidir sócmhainní agus dliteanais maidir le tionscadal a aistriú go dtí an dara eintiteas dleathach. Is é ab fhearr, i bhfianaise a mbainfeadh d'ualach riaracháin ar an tionscadal le haistriú sócmhainní, nach dtarlódh aistriú den sórt sin go dtí go mbíonn an tionscadal tugtha chun críche agus an íocaíocht dheireanach seolta chuig seoltóir an tionscadail. Tá, ina dhiaidh sin is uile, na coinníollacha a leagtar amach thíos i bhfeidhm sa chás go mbíonn gá le haistriú den sórt sin.

## 20.1 An Taifead maidir le hAinm Sheoltóir an Tionscadail a Cheartú

Ar na cúiseanna a bhíonn le sonraí faoi sheoltóir tionscadail ar chóras TE LEADER a bheith mícheart, bíonn ainm sheoltóir an tionscadail a bheith míchruinn, ainm trádála a úsáid in áit ainm pearsanta, nó ainm comhpháirtíochta a úsáid seachas ainm cruinn dleathach sheoltóir an tionscadail.

Moltar don GÁG seiceáil a dhéanamh maidir le cruinneas ainm sheoltóir an tionscadail ar an taifead ionas go seachnaítear moill tráth is faide anonn maidir le Seiceáil Riaracháin nó próiseáil ar éileamh a chur i gcrích (Aguisín 22). Tá dhá phríomhchás ina dtarlódh go n-iarrfaí nó go dteastódh leasú a dhéanamh.

### 20.1.1 Earráidí Cló

Tarlaíonn a leithéid seo nuair a bhaineann earráid nó easpa mionsonraí sa mhéid a chuirtear isteach ar chóras TF LEADER, e.g. Anthony Smith nuair ba cheart Anthony Smith Ltd. Is iondúil gur nuair a bhíonn ráitis bainc, deimhniú ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) nó cáipéisí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim á gcur i gcomórtas leis an taifead ar chóras TF LEADER a thugtar earráid den sórt seo chun aire.

Is féidir leasú maidir le cás den sórt sin, agus/nó maidir le mionsonraí URIC/CBL/OCC nó eile, a dhéanamh trí cháipéisíocht fianaise a uaslódáil ar dtús i dtaisce cáipéisíochta chóras TF LEADER agus, ina dhiaidh sin, Athrú maidir le hAinm/Mionsonraí Sheoltóir an Tionscadail ar Chóras LEADER (Aguisín 22 A) a líonadh isteach agus a sheoladh díreach chuig Riarthóir LEADER ag Pobal: leadersystem@pobal.ie

Ar mhaithe le comhleanúnachas ar fud an chomhaid agus le cúrsaí conartha, is den tábhacht gurb é an t-ainm ceart agus sin san fhoirm dhleathach maidir le seoltóir an tionscadail a bheadh le feiceáil i gcónaí ar an taifead ar chóras TF LEADER. Moltar go gcuirfeadh an GÁG gach seoltóir tionscadail ar an eolas, sula líontar isteach an t-iarratas maidir le cistíocht, faoina dtiocfadh i gceist tráth is faide anonn leis an stádas dleathach a athrú.

Sa chás go dtarlaíonn athrú ar stádas sheoltóir an tionscadail, ní mór a dtiocfadh i gceist maidir le marbhualach agus díláithriúchán, chomh maith le hacmhainní airgeadais agus inmharthanacht na cuideachta nua i gcomórtas leis an gcéad iarratasóir mar sheoltóir tionscadail a thabhairt faoi mheas. Ina leithéid sin de chás, ní mór nós imeachta acu seo a leanas a leanúint.

### 20.1.2 Athrú maidir le Stádas Dlí Sheoltóir an Tionscadail

Tagann cás den chineál seo chun cinn sa chás go ndéantar iarratas LEADER agus an cháipéisíocht a ghabhann le hiarratas a chur isteach in ainm thrádálaí aonair nó in ainm dhuine aonair nó in ainm chomhpháirtíochta ach go socraíonn seoltóir an tionscadail tráth is faide anonn an tionscadal nó an ghnóthas a aistriú go dtí cuideachta faoi dhliteanas teoranta.

*Sampla*

Cuireann seoltóir tionscadail is duine aonair isteach ar chistíocht LEADER, ceadaítear an chistíocht agus eisítear conradh LEADER. Cuireann seoltóir an tionscadail in iúl don GÁG tráth is faide anonn, nó tagann an GÁG ar an eolas ar bhealach eile, go bhfuil cuideachta faoi dhliteanas teoranta curtha ar bun, agus sin ó síníodh an conradh, agus go bhfuil rith an tionscadail a bhfuil cistíocht LEADER ceadaithe ina leith anois faoi smacht na cuideachta faoi dhliteanas teoranta seo. Ós eintiteas an chuideachta atá ar leithligh ón seoltóir faoin dlí, beidh cuntais bainc faoi leith, Uimhir Chlárúcháin Cánachais faoi leith agus seasamh faoi leith faoin dlí i gceist leis an gcuideachta seachas mar atá leis an duine féin. Ní hionann an dá eintiteas faoin dlí agus ós é ainm sheoltóir an tionscadail ar dtús atá ar an gconradh atá i bhfeidhm, is leis an té sin amháin, agus ní leis an gcuideachta, a bhaineann an conradh. Ag brath ar an stáid a dtarlaíonn athrú stádais, d'fhéadfadh nach dtabharfaí a leithéid faoi deara go dtí tráth éilimh, nuair a chuirfí an cheist mar chuid den tSeiceáil Riaracháin ag iarraidh deimhniú maidir le sonraí bainc an tráth sin i gcomórtas leis na sonraí a cuireadh ar fáil ar dtús. Ní bheidh sonraí bainc na cuideachta ag teacht le sonraí bainc an duine aonair a cuireadh ar fáil i dtús báire agus tarlóidh moill gan ghá maidir leis na héilimh ag tráth cinniúnach do sheoltóir an tionscadail. Ní féidir an tSeiceáil Riaracháin ná próiseáil an éilimh a chur i gcrích go mbíonn an cheist réitithe. Thiocfadh a leithéid eile i gceist freisin sa chás go mbeadh grúpa pobail nó comhpháirtíocht neamhchorpraithe tráth an iarratais agus an chonartha agus go dtarlódh corprú ina dhiaidh sin.

## 20.2 Athrú maidir le Stádas Dlí sula dtarlaíonn tionscadal a cheadú agus conradh a eisiúint

Sa chás go n-athraíonn seoltóir tionscadail stádas dlí i rith phróiseas an iarratais, anall go dtí an tráth a mbíonn conradh á eisiúint le seoltóir an tionscadail, ní mór do sheoltóir an tionscadail tabhairt faoin bpróiseas iarratais in athuair, i.e. ní mór cur isteach arís ar chistíocht LEADER ó tharla go mbeidh athrú ar an uimhir chánach, ar na sonraí bainc agus ar fhoinsí airgid etc. agus go mbeidh gá dá bharr sin le hathmheasúnacht ina leith ag an gCoiste Meastóireachta Neamhspleách agus le haontú an GÁG leis an tionscadal. Ní mór don Choiste Meastóireachta Neamhspleách agus don GÁG athmheas a dhéanamh freisin maidir le Marbhualach, Díláithriúchán agus acmhainn sheoltóir an tionscadail an tionscadal a chur i gcrích. Is féidir ansin taifead tionscadail nua a chur isteach ar chóras TF LEADER.

Ní mór na taifid i dtaisce cáipéisíochta chóras TE LEADER maidir leis an dá pháirtí a leasú leis an bhfaisnéis ar fad a bhaineann le hábhar ar mhaithe le cúrsaí iniúchóireachta. Ní tharlóidh aon athrú ar ainm sheoltóir an tionscadail ar an gcéad taifead ó tharla go mbeidh uimhir tionscadail nua á chur i leith an pháirtí/tionscadail nua. Ní mór stair an cháis le sonrú ó nótaí chóras TF LEADER maidir leis an dá thionscadal agus an chéad tionscadal a dhúnadh ansin ar an gcóras.

## 20.3 Athrú maidir le Stádas Dlí tar éis conradh a eisiúint agus sula n-eisítear an íocaíocht dheireanach le seoltóir an tionscadail

Sa chás go socraíonn seoltóir tionscadail stádas dlí a athrú ag tráth ar bith, e.g. go dtarlaíonn táthcheangal nó ionchorprú ina chuideachta faoi dhliteanas teoranta, tar éis conradh an GÁG a shíniú agus roimh an íocaíocht dheireanach a dhéanamh le seoltóir an tionscadail, ní mór don GÁG aontú na Roinne a fháil roimh ré mar seo a leanas:

- Ní mór don GÁG ar an gcéad dul síos na sonraí uile a bhaineann leis an gcás a uaslódáil i dtaisce chóras TF LEADER. Tiocfaidh san áireamh leis sin deimhniú go ndearna an GÁG meastóireacht maidir leis an eintiteas nua i ndáil le hinghlacthacht maidir le cistíocht a fháil ó LEADER, inmharthanacht maidir le cúrsaí airgeadais, marbhualach, díláithriúchán agus na critéir eile ar fad a bhaineann le hábhar maidir le hinghlacthacht i ndáil le cistíocht ó LEADER, agus go bhfuil aontaithe i bprionsabail leis an iarratas maidir le haistriú úinéireachta, faoi réir ag aontú na Roinne leis.
- Ní mór don GÁG Athrú ar Stádas Dlí (Aguisín 22 B) a líonadh isteach agus a sheoladh, mar aon le hathruithe eile ar thaifead Chóras TE LEADER, ar an ríomhphost chuig: OR2327@drcd.gov.ie.
- Ar aontú agus Aguisín 22 B arna líonadh isteach ag RFTP a fháil, ní mór don GÁG a chinntiú go gcuirtear aguisín leis an gcéad chonradh lena mbaineann Aistriú Gnóthais. Ní mór na

páirtithe tosaigh agus na páirtithe nua a shonrú san aguisín agus ní foláir dearbhú sínithe a bheith ann ó na stiúrthóirí nó úinéir(í) nua go nglactar orthu féin na dualgais ar fad faoin gcéad litir tairisceana agus faoin gconradh le seoltóir an tionscadail i ndáil le clár LEADER 2023-2027. Beidh gealltanas san áireamh freisin ó sheoltóir an tionscadail go sásófar an coinníoll maidir le marthanacht cúig bhliana na hinfheistíochta agus aisíoc na gcistí (Alt 15.7).

- Ní mór cáipéisí sínithe an aguisín a uaslódáil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TF LEADER agus taifead ina leith a chur le nótaí an tionscadail. Féach Litir Tairisceana maidir le Cabhair Deontais – Aguisín & Aistriú Gnóthais (Aguisín 22 C) maidir le cáipéis shamplach i ndáil leis an ábhar seo. Is féidir an cháipéis a leasú agus a chur in oiriúint do chás faoi leith ach ní mór na príomhghnéithe ar fad, mar shampla ainmneacha dleathacha na bpáirtithe go cruinn ceart, a choimeád.
- Ar a bhfuil thuas a thabhairt chun críche, ní mór don GÁG cóip PDF de Aguisín 22 B, arna líonadh isteach, a sheoladh díreach chuig an Riarthóir LEADER ag Pobal ag leadersystem@pobal.ie. Déanfaidh an Riarthóir LEADER ag na taifid chuí maidir leis an tionscadal a leasú agus an cháipéis a uaslódáil i dtaisce chóras TE LEADER.

## 20.4 Athrú maidir le Stádas Dlí tar éis an Íocaíocht Dheireanach a Dhéanamh

Sa chás go dtarlaíonn athrú ar stádas dlí sheoltóir an tionscadail tar éis an sciar dheireanach den deontas i gcabhair a íoc, ní mór don GÁG na gnéithe ar fad a bhaineann le hábhar agus a d'fhéadfadh a theacht i gceist le haon choinníoll gur gá cabhair deontais a aisíoc mar gheall ar acmhainn inmharthanachta cúig bhliana (Alt 15.7). Déanfaidh an Roinn seiceáil ex-post d'fhonn a dhearbhú go bhfuil na coinníollacha sin á sásamh.

# 21 An Creat Monatóireachta agus Meastóireachta maidir le cúrsaí Feidhmíochta (CMMF)

## 21.1 Forléargas ar an gCreat Monatóireachta

Tá dlite ar an nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an SFÁ aontaithe a thabhairt i bhfeidhm agus meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an gcúnamh a thugtar i rith ré feidhme an chláir.

Déanfar seo trí Thuarascáil Bhliantúil ar an Dul chun Cinn (TBDCC) agus Plean Forfheidhmiúcháin a chur faoi bhráid ón mbliain 2024 ar aghaidh. Bainfidh an TBDCC le príomhbheartaíocht an GÁG, lena gcuirtear i gcrích agus leis na deacrachtaí a bhí le sárú i rith na bliana (nó cuid de bhliain) anall go dtí tráth na tuarascála. Tabharfaidh seo deis freisin don GÁG Plean Forfheidhmiúcháin a leagan amach maidir leis an obair agus na bearta a dhéanfar go beann na bliana atá le theacht.

Tá an léaráid ardleibhéil faoi mar a leagtar amach thíos ina bhonn faoin gcreat monatóireachta. Bíonn SFÁ, de réir mar a leagtar sin amach, dírithe ar théamaí LEADER (a bhfuil fothéamaí éagsúla ag gabháil le gach téama acu). Ní gá bearta a lua maidir le gach téama ná fothéama ach ba cheart aon téama/fothéama a fhágáil ar lár a bheith bunaithe ar fhianaise ón bpróiseas comhairliúcháin maidir leis an SFÁ agus an fhianaise ina leith sin a leagan amach san SFÁ féin. Leagfar amach sa Phlean Forfheidhmiúcháin Bliantúil, dá réir sin, na bearta praiticiúla a dtabharfar fúthu agus le tagairt arís do na téamaí/fothéamaí forghinearálta.

| **Léaráid Ardleibhéil Comhcheangail LEADER** | | |
|---|---|---|
| **Forbairt Eacnamaíochta agus Cruthú Fostaíochta** | **Bonneagar Tuaithe agus Cuimsiú Sóisialta** | **Forbairt Inbhuanaithe & Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide** |
| • *An Geilleagar Glas* | • *Bonneagar Tuaithe* | • *Forbairt Inbhuanaithe Thimpeallacht na Tuaithe* |
| • *Iléagsúlú na Talmhaíochta* | • *Seirbhísí Áisiúla* | • *Cothú Acmhainne maidir leis an Athrú Aeráide* |

| | | |
|---|---|---|
| • *Turasóireacht & Áineas faoin Tuath*<br><br>• *Forbairt Fiontraíochta*<br><br>• *Táirgeadh Bia faoin Tuath*<br><br>• *Fiontair Shóisialta, Pobail agus Comharchumainn* | • *Barrfheabhas maidir le Cónascacht Dhigiteach*<br><br>• *Óige na Tuaithe* | • *Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide* |

Luaitear cuspóirí in SFÁ an GÁG atá ceangailte leis an bhfothéama de chuid LEADER is mó a bhaineann le hábhar agus roghnaítear tionscadail a mbeidh tairbhe astu maidir le cuspóir(í) áitiú(i)l(a) a thabhairt i gcrích.

| **Creat Thionscadal LEADER** | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fothéama LEADER | | | | Fothéama LEADER | | | | | | |
| ↓ | | | | ↓ | | | ↓ | | | |
| Cuspóir Áitiúil | | | | Cuspóir Áitiúil | | | Cuspóir Áitiúil | | | |
| ↓ | ↓ | ↓ | | ↓ | ↓ | ↓ | ↓ | ↓ | ↓ | |
| Tionscadal | Tionscadal | Tionscadal | | Tionscadal | Tionscadal | Tionscadal | Tionscadal | Tionscadal | Tionscadal | |

Beidh táscairí comhchoitianta feidhmíochta, atá ceangailte le fothéama faoi leith, ag gabháil le tionscadail LEADER. Déanfar freastal leis na táscairí sin don mhonatóireacht agus don mheastóireacht maidir le héifeachtúlacht an chláir. Tá cáipéis treorach maidir leis an CMMF á chur i dtoll a chéile agus cuirfear sin ar fáil é a luaithe a bhíonn sé ullamh.

## 21.2 Monatóireacht ar Leibhéal an Tionscadail

Déanfar monatóireacht i leith an chláir:

- ar leibhéal an tionscadail; agus
- ar leibhéal an GÁG.

Cuirfear na sonraí monatóireachta SFÁ (e.g. fothéamaí, cuspóirí áitiúla agus táscairí feidhmíochta) isteach ar chóras TF LEADER nuair a aontaítear an SFÁ. Cuirfidh an GÁG tuairiscí ar fáil faoi thorthaí agus thionchar na dtionscadal i ndáil leis na cuspóirí sin agus leis na táscairí feidhmíochta. Ar leibhéal an tionscadail, beidh an fhaisnéis á tiomsú tráth na gcéimeanna seo a leanas:

#### 21.2.1 Leibhéal an Tionscadail

*Céim an Iarratais*

Ní mór don GÁG iarratasóirí a chur ar an eolas maidir lena dtiocfaidh i gceist maidir le táscairí feidhmíochta. Beidh an chuid is mó den bhuneolas maidir leis an tionscadal á chur ar chóras TE LEADER ag tráth an iarratais.

*Measúnóireacht an GÁG ar an Iarratas*

Cuirfidh an GÁG faisnéis isteach nuair a bhíonn iarratas á mheas, ceanglófar an tionscadal beartaithe le ceann de chuspóirí an SFÁ agus, ina chomhthéacs sin, déanfar a cheangal freisin le ceann d'fhothéamaí forghinearálta LEADER. Tarlóidh, gan aon bheart breise faoi leith, an tacar cuí táscairí a cheangal le tionscadal de réir mar a bhaineann le hábhar.

#### 21.2.2 Leibhéal an GÁG

*Tuairiscíocht maidir le torthaí agus tionchar*

Cuirfidh tionscadail faisnéis ar fáil faoi na torthaí a thugtar i gcrích de réir na dtáscairí cuí. Beidh gnéithe cáilíochta freisin ag gabháil leis an tuairisc, ina dtabharfar cuntas gonta ar an dul chun cinn, ar baineadh amach agus ar an lón foghlama a bhaineann leis an tionscadal. Ní mór don GÁG a chinntiú go gclóitear leis na coinníollacha tuairiscíochta atá dlite maidir le tionscadail LEADER. Ní foláir don GÁG freisin seiceáil cáilíochta a dhéanamh i ndáil leis na sonraí i.e. go bhfuil na sonraí cruinn, comhleanúnach agus ciallmhar.

Déanfaidh an Roinn na sonraí feidhmíochta a chuireann tionscadail ar fáil a thiomsú agus déanfar anailís ar an dul chun cinn agus ar na torthaí a bhaintear amach.

Beidh an creat ama maidir le cúrsaí tuairiscíochta (faoi na torthaí) ag brath ar chineál an tionscadail. I mórchuid na gcásanna, déanfar tuairiscíocht tar éis an chéad chéim íocaíochta. Ní féidir le GÁG an íocaíocht dheireanach a eisiúint go mbíonn na sonraí ar fad atá dlite curtha isteach ar chóras TE LEADER.

### 21.3 Pleanáil agus Tuairiscíocht Bhliantúil

Ní mór don GÁG tuarascáil bhliantúil ghairid a chur faoi bhráid na Roinne faoi mhí Feabhra gach bliain. Cuirfear in iúl don GÁG gach bliain a bhfuil de dhíth maidir leis an tuairisc agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a theacht i gceist:

- cuntas ar ar baineadh amach le bliain anuas i gcomparáid leis na bearta tús áite a sonraíodh, lena n-áirítear:
    - eolas faoin gcóras eagrúcháin, faoi ghnóthaí oibriúcháin agus faoin gcinnteoireacht sa GÁG féin;
    - deacrachtaí nó nithe a bhí le sárú maidir leis an gcur i bhfeidhm i rith na bliana;

    - bearta faoi leith a raibh an rath orthu agus ar fiú aird a dhíriú orthu;
    - an dul chun cinn a rinneadh maidir le cion tairbhe a dhéanamh i ndáil le cuspóirí forghinearálta LEADER;

- Na bearta tús áite i ndáil leis an mbliain ina gcuirtear an tuarascáil ar fáil; agus
- Staidéar Cáis maidir le trí Thionscadal a bhaineann le trí cinn d'fhothéamaí éagsúla agus faisnéis a thabhairt maidir le:
    - cuntas ar an seoltóir agus ar chúlra an tseoltóra;
    - cur síos ar an tionscadal nó ar an ngnó;
    - táirgí nó áiseanna nó seirbhísí a cuireadh ar fáil;
    - Faisnéis airgeadais (cistíocht roimh ré nó foinsí eile airgid);
    - fostaíocht (mar atá faoi láthair agus a bhféadfadh a bheith i ndán);
    - sonraí maidir le táscairí feidhmíochta;
    - mar a thagann le SFÁ an GÁG, téamaí LEADER agus cuspóirí forghinearálta; agus
    - an tairbhe don phobal.

Tá teimpléad maidir le Tuarascáil Bhliantúil ar fáil trí chóras TF LEADER. Déanfaidh an Roinn:

- an Tuarascáil Bhliantúil a bhreithniú agus dul i mbun comhchaidrimh le grúpaí GÁG faoi leith de réir mar is cuí;
- achoimre a ullmhú maidir le haon phatrún, aon chlaonadh nó aon cheist faoi leith is follas ó na Tuarascálacha Bliantúla a bheith ag teacht chun cinn; agus
- sonraí ó na Tuarascálacha Bliantúla a chur ar fáil ar mhaithe leis an gcreat forghinearálta don mheastóireacht ar fheidhmíocht LEADER trí chéile agus ar fheidhmíocht an GÁG go sonrach.

Ní mór don GÁG freastal d'aon athbhreithniú nó beart meastóireachta eile de réir mar a éilíonn an Roinn sin ar an GÁG, lena n-áirítear meastachán caiteachais a chur ar fáil roimh gach bliain airgeadais.

# 22 An Creat Iniúchóireachta agus Rialála

## 22.1 Iniúchóireacht agus Rialáil

Tá creat docht rialála i bhfeidhm maidir le cistíocht CETFT.[26] Ag teacht leis an gcreat oibre sin, cuirfidh an Roinn i bhfeidhm:

- *iniúchadh ar an láthair* maidir le caiteachas tionscadail agus caiteachas riaracháin;
- seiceáil *ex post*; agus,
- córas maoirseachta maidir le Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla.

Chomh maith leis sin, is féidir leis an Údarás Bainistíochta (RTBM), leis an gCoimisiún Eorpach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Comhlacht Deimhniúcháin an Chláir, nó an Roinn iniúchadh ar an láthair a dhéanamh d'fhonn a dheimhniú go bhfuil córais éifeachtúla agus bearta rialála i bhfeidhm agus go bhfuil tuairisc mar is cuí á bhreacadh ar an obair ar fad. Is féidir leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuairt chigireachta a thabhairt freisin chun scrúdú a dhéanamh maidir leis an gcur i bhfeidhm go ginearálta.

Ní mór don GÁG agus do sheoltóirí na dtionscadail comhoibriú go hiomlán leis na heagrais a dhéanann seiceáil den chineál sin.

[26] Airteagal 72 i Rialachán (CE) Uimh. 2021/2116 ón gCoimisiún.

# 23 Achomharc

## 23.1 An Ceart Achomhairc

Ní mór don GÁG a fhógairt san ábhar foilseacháin ar fad maidir leis an gclár go bhfuil ceart achomhairc ag seoltóir an tionscadail maidir le cinneadh a dhéanann an GÁG faoi chistíocht. Ní mór don GÁG freisin a chur in iúl do sheoltóir an tionscadail go bhfuil de cheart achomharc a dhéanamh faoi chinneadh an GÁG agus faoin modh inar féidir an ceart sin a fheidhmiú. Sa chás go ndéanann seoltóir tionscadail achomharc faoi chinneadh de chuid an GÁG, ní mór don GÁG an próiseas achomhairc a mhíniú do sheoltóir an tionscadail. Ar an gcuma chéanna, is féidir le seoltóir tionscadail, nó le GÁG i ndáil le costais riaracháin agus spreagúlachta, achomharc a dhéanamh maidir le cinneadh de chuid na Roinne. Ní féidir leis an GÁG achomharc a dhéanamh thar ceann sheoltóir an tionscadail; ní mór do sheoltóir an tionscadail an t-achomharc a thionscnamh, le cabhair, de réir mar is gá, ón GÁG.

Ní mór don GÁG freastal don achomharc trí theimpléad achomhairc LEADER a úsáid (Aguisín 17). Agus achomharc á dhéanamh, ní mór don GÁG / do sheoltóir an tionscadail:

- an foras ar an ndéantar an t-achomharc a lua agus tagairt a dhéanamh don Riail Oibriúcháin, do Chiorclán na Roinne nó do fhorálacha Rialúcháin an AE nó do Chiorcláin a bhaineann le hábhar an achomhairc;
- na réimsí sin de chomhad an tionscadail a bhaineann le hábhar an achomhairc a shonrú agus liosta a thabhairt de na hailt agus d'uimhreacha na leathanach a bhaineann le hábhar; agus
- bunchóipeanna a chur ar fáil de cháipéisí breise nach bhfuil i dtaisce cáipéisíochta Chóras TF LEADER, nuair a chuireann na cáipéisí sin bonn treise faoin achomharc (d'fhéadfadh go n-iarrfaí cóipeanna crua de na cáipéisí i gcásanna áirithe).

Ní ghlacfar le Teimpléid Achomhairc nach bhfuil líonta isteach go hiomlán.

Ní bhaineann an deis achomhairc seo le treoir a chuir an Roinn ar fáil i bhfreagra ar fhiosrúchán, e.g., treoir i ndáil le hinghlacthacht tionscadail maidir lena mhaoiniú.

## 23.2 Achomharc faoi Chinneadh arna dhéanamh ag GÁG

Is féidir plé le hachomharc maidir le cinneadh GÁG i dhá chéim oibre faoi leith, Céim 1 agus Céim 2.

### 23.2.1 Céim 1 - Athbhreithniú ar Chinneadh an GÁG

Is féidir le seoltóir tionscadail a iarraidh go ndéantar athbhreithniú ar chinneadh GÁG. An GÁG, ar an gcéad dul síos, a dhéanfaidh athbhreithniú den sórt sin. Is ceart iarratas ar athbhreithniú a chur isteach sula mbíonn 30 lá féilire caite ó cuireadh cinneadh an GÁG in iúl, más cinneadh sin maidir le LS nó le hiarratas.

Is ceart don GÁG toradh an athbhreithnithe a chur in iúl i scríbhinn do sheoltóir an tionscadail laistigh de 60 lá féilire ó fhaightear an t-iarratas ar athbhreithniú agus a chur in iúl freisin go bhfuil de cheart achomharc a dhéanamh faoi mar a leagtar amach maidir le Céim 2 thíos.

#### 23.2.2 Céim 2 - Achomharc maidir le hAthbhreithniú an GÁG

Sa chás nach mbíonn seoltóir an tionscadail sásta leis an toradh ar athbhreithniú an GÁG, is féidir le seoltóir an tionscadail achomharc maidir le cinneadh sin an GÁG a dhéanamh leis an gCigire Réigiúin de chuid na Roinne lena mbaineann. Ní mór do sheoltóir an tionscadail an chúis a leagan amach i scríbhinn agus aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar nó a chuireann leis an gcúis a chur faoi bhráid, faisnéis úr san áireamh má tá sin ar fáil. Ní mór do sheoltóir an tionscadail achomharc a chur faoi bhráid laistigh de 30 lá ón tráth ar cuireadh toradh athbhreithniú an GÁG in iúl.

Cuirfidh an Cigire Réigiúin toradh an achomhairc in iúl don Achomharcóir laistigh de 60 lá ó fhaightear an t-achomharc. Leagfar amach san fhógra sin na cúiseanna le cinneadh an Chigire Réigiúin. Is é an cinneadh sin cinneadh críochnúil na Roinne.

Is i ndáil leis na nithe seo a leanas amháin a dhéanfaidh an Cigire Réigiúin athbhreithniú ar chinneadh an GÁG:

- an próiseas agus an nós imeachta a lean an GÁG ag teacht ar an gcéad chinneadh agus i mbun an t-athbhreithniú a dhéanamh.
- léirthuiscint an GÁG ar na coinníollacha a bhaineann le hábhar faoi na rialacháin náisiúnta agus rialacháin an AE.

#### 23.2.3 Achomharc maidir le Gairm Shonrach

Sa chás go n-éiríonn le hachomharc ag céim LS maidir le Gairm Shonrach, is ceart dóthain ama a ligean le seoltóir an tionscadail chun iarratas a ullmhú ionas nach mbíonn seoltóir an tionscadail sin faoi mhíbhuntáiste i gcomórtas le seoltóirí tionscadail eile faoin ngairm shonrach chéanna. Is féidir, más gá, sin a shocrú taobh amuigh den phróiseas maidir leis an ngairm shonrach.

Sa chás go n-éiríonn le hachomharc ag céim an iarratais maidir le Gairm Shonrach, ní mór don GÁG an tionscadal a mhaoiniú as na cistí atá ar fáil as leithroinnt an GÁG. Ní tharlóidh aon cheann de na tionscadail a roghnaíodh nuair a rinneadh cinneadh ar dtús faoin ngairm shonrach a chur as an áireamh an tráth seo.

### 23.3 Achomharc maidir le Cinneadh

Déanfaidh Pobal, Príomhpháirtnéir Airgeadais an GÁG agus Aonad Cigireachta, Comhlíontais agus Forbartha Gnó na Roinne Seiceáil Riaracháin, Bearta Rialála ar an Láthair agus iniúchadh *ex-post*.

### 23.3.1 Seiceáil Riaracháin

Is féidir le GÁG/seoltóir tionscadail athbhreithniú arna dhéanamh ag Pobal nó ag Príomhpháirtnéir Airgeadais an GÁG (cibé acu a rinne an tSeiceáil Riaracháin) a iarraidh, i scríbhinn, maidir le haon chinneadh a eascraíonn ón tseiceáil riaracháin. Ní mór an t-iarratas, maille leis an gcáipéisíocht ar fad a bhaineann le hábhar, a chur faoi bhráid laistigh de 30 lá féilire ó rinneadh an cinneadh. Ní mór do Phobal nó do Phríomhpháirtnéir Airgeadais an GÁG an cinneadh ina leith a chur in iúl don GÁG agus do sheoltóir an tionscadail laistigh de 30 lá féilire ó fhaightear an t-iarratas. Is féidir le seoltóir an tionscadail, nó le GÁG maidir le costais riaracháin agus spreagúlachta, achomharc faoin gcinneadh sin a dhéanamh le Painéal Achomhairc na Roinne laistigh de 21 lá féilire ó thugtar cinneadh faoin athbhreithniú.

### 23.3.2 Rialáil ar an Láthair & Iniúchadh ex-post agus Iniúchadh Riaracháin an GÁG

Is féidir le GÁG agus seoltóir tionscadail athbhreithniú a iarraidh, i scríbhinn, ar aon chinneadh a eascraíonn as Iniúchadh ar an Láthair nó iniúchadh *ex-post* (Litir na Réamhthorthaí). Ní mór an t-iarratas a chur chuig an gCigire Ceantair ar an gcéad dul síos agus a chur faoi bhráid, maille leis an gcáipéisíocht ar fad a bhaineann le hábhar, laistigh de 21 lá féilire den chéad chinneadh.

Ní mór don Chigire Ceantair an cinneadh ina leith a chur in iúl don GÁG agus do sheoltóir an tionscadail i Litir Thuairisc Rialála laistigh de 30 lá féilire ó tháinig an t-iarratas.

Is féidir le seoltóir an tionscadail, nó le GÁG maidir le costais riaracháin agus spreagúlachta, achomharc faoi aon chinneadh a luaitear sa Litir Thuairisc Rialála a dhéanamh leis an gCigire Réigiúin. Ní mór an t-achomharc, maille leis an gcáipéisíocht ar fad a bhaineann le hábhar, a chur faoi bhráid an Chigire Réigiúin laistigh de 30 lá féilire ón dáta ar an Litir Thuairisc Rialála.

Ní mór don Chigire Réigiúin an cinneadh ina leith sin a chur in iúl don GÁG agus do sheoltóir an tionscadail laistigh de 60 lá féilire ón dáta a bhfuarthas an chéad achomharc ón GÁG / seoltóir tionscadail.

### 23.3.3 Achomharc maidir le Cinneadh faoi Réasúntacht Costais

Is féidir le GÁG achomharc a dhéanamh le Painéal Achomhairc na Roinne faoi chinneadh na Roinne maidir le Réasúntacht Costais laistigh de 21 lá féilire ó eisítear an cinneadh sin.

## 23.4 Painéal Achomhairc na Roinne

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh tosaigh, is féidir leis an GÁG nó leis an seoltóir tionscadail achomharc faoi chinneadh a dhéanamh le Painéal Achomhairc na Roinne (PAR) ach an teimpléad achomhairc (Aguisín 17) a chur ar aghaidh chuig OR2327@drcd.gov.ie laistigh de 30 lá féilire ó fhaightear toradh an athbhreithnithe, e.g. an cinneadh ón gCigire Réigiúin, athbhreithniú Pobal ar thuairisceán míosúil, etc.

Is féidir le GÁG nó seoltóir tionscadail éisteacht ó bhéal a éileamh i ndáil le hachomharc a dhéantar le PAR.

Ní mór a lua sa chur faoi bhráid maidir leis an achomharc go bhfuiltear ag iarraidh go n-eagrófaí éisteacht ó bhéal. Is faoin PAR an t-iarratas ar éisteacht ó bhéal a bhreithniú agus cinneadh a dhéanamh an ndéanfadh éisteacht den sórt sin tairbhe maidir leis an bpróiseas.

Éisteoidh Painéal Achomhairc na Roinne an t-achomharc laistigh de 60 lá féilire ó fhaightear an teimpléad achomhairc agus cuirfear cinneadh an phainéil in iúl don GÁG agus do sheoltóir an tionscadail le linn an tréimhse céanna sin.

Ní bheidh dul thar chinneadh sin an phainéil agus ní dhéanfaidh an Roinn athbhreithniú air.

## 23.5 Oifig an Ombudsman

Is féidir le GÁG nó le seoltóir tionscadail, ina dhiaidh sin is uile, an cás a chur faoi bhráid Oifig an Ombudsman má bhítear míshásta le cinneadh nó le freagra de chuid na Roinne.

Is féidir caidreamh a thosú leis an Ombudsman trí:

- Trí chliceáil ar ‘Gearán a dhéanamh' ar www.ombudsman.ie
- Trí ghlaoch ar: (01) 6395600
- Trí scríobh chuig: Oifig an Ombudsman, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773

# 24 Faisnéis agus Poiblíocht

## 24.1 Faisnéis maidir le ról an GÁG

Ní mór don GÁG a chinntiú go mbíonn a n-éilítear maidir le cúrsaí faisnéise, poiblíochta agus feiceálachta i leith an chláir, lena n-áirítear plaic míniúcháin a fheistiú in áitreabh an GÁG, curtha i bhfeidhm in ionad suntasach ar an áitreabh a mhaoinítear faoi chlár LEADER. Ina theannta sin, ní mór don GÁG a chinntiú freisin go gcomhlíonann ábhar faisnéiseach, e.g. póstaer, phlaic, comhartha leictreonach nó leathanach gréasáin forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, féach alt 15.12.

Is féidir an costas a ghabhann leo seo a áireamh mar chostas inghlactha i leith an tionscadail. Leagtar amach an riachtanas maidir le cúrsaí faisnéise, poiblíochta agus feiceálachta i ndáil le cúnamh ón Aontas Eorpach agus le Plean Straitéise CBT in Iarscríbhinn III le Rialachán 2022/129 an AE. Ní mór na lógónna seo a leanas de chuid na hÉireann agus de chuid an AE a bheith ar taispeáint freisin.

### 24.1.1 Lógó Thionscadal Éireann 2040

Tá de choinníoll maidir leis na bearta nó na tionscadail ar fad a chuirtear i bhfeidhm faoi Thionscadal Éireann 2040 lógó Thionscadal Éireann 2040 a cur ar taispeáint ar na comharthaí ar fad a bhaineann le tionscadal atá curtha i gcrích agus le tionscadal le linn an obair thógála a dhéanamh.

Ba cheart go mbeadh cló gnó an bhranda le feiceáil freisin ar gach tuarascáil i scríbhinn, ar cháipéisí comhairliúcháin, ar láithreáin gréasáin, ar na meáin shóisialta, ar fhógraí agus ar ábhar poiblíochta. Ba cheart go mbeadh an t-ábhar brandála le feiceáil freisin ag gach ócáid phoiblí, lena n-áirítear seoladh, fógairt cistíochta, preasócáidí agus ócáidí grianghrafadóireachta.

Ní foláir leas a bhaint as an téacs seo a leanas maidir le ról na Roinne maidir le beartaíocht LEADER a mhíniú:

> Arna chomhchistiú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
> Co-funded by the Department of Rural & Community Development

Is féidir an téacs a chur faoi lógó Thionscadal Éireann 2040, nó cóngarach don lógó, de réir mar is fearr maidir le cúrsaí dearthóireachta.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

**Arna chomhchistiú ag an Roinn Forbatha Tuaithe agus Pobail**
Co-funded by the Department of Rural and Community Development

### 24.1.2 Lógó Ár dTodhchaí Tuaithe

Tá clár LEADER ar na príomhbhearta idirghabhála a bhaineann le *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann,* an Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025. Ní mór don uile thionscadal a mhaoinítear faoi chlár LEADER an lógó *Ár dTodhchaí Tuaithe* a chur ar na comharthaí ar fad a bhaineann le tionscadal atá curtha i gcrích agus le tionscadal le linn an obair thógála a dhéanamh. Is ceart a thabhairt chun aire chomh maith gur gá na comharthaí sin a bheith crochta faoin tráth a dtarlódh oscailt oifigiúil nó cuairt Aire sula mbíonn an obair thógála ar fad curtha i gcrích.

Ba cheart go mbeadh cló gnó an bhranda le feiceáil freisin ar gach tuarascáil i scríbhinn, ar cháipéisí comhairliúcháin, ar láithreáin gréasáin, ar na meáin shóisialta, ar fhógraí agus ar ábhar poiblíochta. Ba cheart go mbeadh an t-ábhar brandála le feiceáil freisin ag gach ócáid phoiblí, lena n-áirítear seoladh, fógairt cistíochta, preasócáidí agus ócáidí grianghrafadóireachta.

### 24.1.3 Suaitheantas an Aontais Eorpaigh

Ní mór suaitheantas an Aontais Eorpaigh a úsáid chun cúnamh an AE a admháil ar gach bileog eolais, plaic míniúcháin, fógra poiblí agus ar ábhar fógraíochta i gcomhréir le coinníollacha rialúcháin an AE agus na hÉireann. Ní foláir leas a bhaint as an téacs seo a leanas in éineacht leis an suaitheantas:

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

Ní mór don GÁG a chinntiú freisin go mbíonn gach bileog faisnéise, plaic míniúcháin agus fógra dátheangach, i.e. i nGaeilge agus i mBéarla.

### 24.1.4 Lógónna in éineacht

Is é lógó Thionscadal Éireann 2040 maille leis an téacs riachtanach atá le cur ar an gceann is faide ar chlé ar chomhartha, lógó *Ár dTodhchaí Tuaithe* ar an gcéad cheann eile agus suaitheantas an AE ina dhiaidh sin. Má bhíonn aon lógó eile i gceist, mar shampla lógó Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin agus

Pháirtnéir Airgeadais an GÁG, tiocfaidh siad sin níos faide ar dheis ón gcuid seo arna leagan amach mar atá thíos:

Is féidir gach lógó a fháil i bhformáidí PNG, AI agus EPS ach iarratas a sheoladh chuig OR2327@drcd.gov.ie.

### 24.1.5 Poiblíocht LEADER

Cé nach bhfuil gá sonrach leis, féadfar aitheantóir amhairc comhlántach do LEADAR a áireamh i gcomhréir leis an treoraíocht seo a leanas:

- Ní mór an t-aitheantóir amhairc le haghaidh LEADER a thaispeáint ar leithligh ón seicheamh lógónna thuas a theastaíonn.
- Ní mór an chliblíne "Forbairt á stiúradh ag pobail áitiúla" nó "Development led by local communities", a chur i ndiaidh 'LEADER', i méid níos lú. Is féidir leis an ailíniú a bheith ar dheis, ar chlé nó sa lár.
- Is iad na samplaí thíos ná clónna, méideanna agus dathanna molta, e.g. cló Arial, méid téacs 26 agus 11, téacs bán ar chúlra dorcha nó téacs glas ar chúlra éadrom

*Samplaí*

LEADER
Development led by local communities

LEADER
Forbairt á stiúradh ag pobail áitiúla

## 24.2 Coinníollacha maidir le cúrsaí faisnéise agus poiblíochta i ndáil le tionscadail arna maoiniú faoi LEADER

Ní mór don GÁG a chinntiú go gcloíonn na seoltóirí tionscadail ar fad leis na coinníollacha an chláir maidir le cúrsaí faisnéise agus poiblíochta. Ní mór don GÁG fianaise (e.g. grianghraif) a choimeád sa chomhad tionscadail cuí i dtaisce cáipéisíochta chóras TF LEADER maidir leis na coinníollacha faoi chúrsaí faisnéise agus poiblíochta a chomhlíonadh.

Ní mór cuntas ar an tionscadal nó ar an mbeartaíochta a dtugtar cistíocht ina leis a thabhairt ar phlaiceanna agus ar leathanaigh gréasáin, chomh maith leis an bhfaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn III le Rialachán 2022/129 an AE. Ní foláir na lógónna faoi mar atá in alt 24.1 a bheith ag dul leis an bhfaisnéis a chuirtear ar taispeáint, e.g. láithreán gréasáin, foilseachán, póstaer / plaic, etc.

Leagtar amach sa tábla thíos na coinníollacha maidir le gnéithe feiceálachta ag brath ar an méid iomlán de chaiteachas poiblí, cistí LEADER san áireamh, a bhaineann le tionscadal:

| Iomlán an Chaiteachais Phoiblí | Coinníollacha |
|---|---|
| €500,000 nó níos mó | Go gcuirtear plaiceanna nó cláracha fógraí dochaite ar taispeáint, lógónna san áireamh, atá le feiceáil go soiléir ag an bpobal, a luaithe a thosaítear ar chur i bhfeidhm fisiciúil na beartaíochta nó a fheistítear trealamh a ceannaíodh. |
| €50,001 – €500,000 | Go gcuirtear plaic míniúcháin, nó gléas leictreonach ar aon dul leis sin, ar taispeáint ar a dtugtar faisnéis faoin tionscadal, lógónna san áireamh. |
| €10,001 – €50,000 | Go gcuirtear ar a laghad aon phóstaeir amháin, ar mhéid A3 nó níos mó, nó gléas leictreonach ar aon dul leis sin, ar taispeáint in ionad atá le feiceáil go soiléir ag an bpobal ar a dtugtar faisnéis faoin tionscadal, lógónna san áireamh. |
| €0 – €10,000 | Níl aon choinníoll i bhfeidhm |

## 24.3 Foilseacháin

Ní mór cion tairbhe an Chláir agus an AE a thaispeáint go soiléir i bhfoilseacháin (mar shampla leabhráin, bileoga agus nuachtlitreacha, preasráitis) agus ar phóstaeir faoi bhearta agus faoi ghníomhartha arna maoiniú faoi LEADER. Ní mór tagairt a bheith sna foilseacháin do na comhlachtaí is cúis leis an ábhar agus don Roinn. Ní foláir na lógónna faoi mar atá in alt 24.1 a bheith ag dul leis an bhfaisnéis i ngach áit dá bhfoilsítear faisnéis, e.g. láithreán gréasáin, foilseachán, póstaer / plaic, etc.

## 24.4 Faisnéis leictreonach

Baineann na coinníollacha in alt 24.3 freisin le faisnéis a chuirtear ar fáil trí mheán leictreonaice (láithreán gréasáin, bunachar sonraí) nó trí mheán closamhairc.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh ar bhunleathanach láithreán gréasáin a bhaineann le LEADER:

- hipearnasc leis an Roinn (lógó Thionscadal Éireann 2040) – www.gov.ie/drcd
- lógó *Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann*
- cuntas ar chion tairbhe an Aontais Eorpaigh

- hipearnasc le láithreán gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh maidir le CETFT https://agriculture.ec.europa.eu/common-agricultural-policy/rural-development_en

## 24.5 Tuarascáil a chuirtear ar fáil mar thoradh saothair an Tionscadail

Ní mór tuarascáil a mhaoinítear faoi LEADER a bheith i gcomhréir freisin leis na coinníollacha faisnéise agus poiblíochta a leagtar amach thuas.

## 24.6 Sonraí faoi Thairbhithe a Fhoilsiú

Beidh sonraí faoi thairbhithe CBT á bhfoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne Talmhaiochta, Bia agus Mara.[27] Ní mór don GÁG a chinntiú go gcuirtear in iúl do na hiarratasóirí ar fad go bhfuil tagairt d'Airteagal 99 de Rialachán (AE) 2021/2116 le gach iarratas ar chistíocht arna chur in iúl do na tairbhithe go dtarlóidh sonraí ina leith a fhoilsiú, i gcomhréir lena leanas:

> *"Cuirfidh na Ballstáit na tairbhithe ar an eolas go bpoibleofar sonraí a bhaineann leo i gcomhréir le hAirteagal 98 agus go bhféadfaidh comhlachtaí iniúchóireachta agus fiosrúcháin de chuid an Aontais agus na mBallstát na sonraí sin a phróiseáil chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint….".*

Tugtar liosta na sonraí atá le foilsiú ar láithreán gréasáin an údaráis bainistíochta maidir leis an tionscadal, ainm an tairbhí san áireamh agus, sa chás go bhfuil soláthar poiblí i gceist, ainm an chonraitheora, in Airteagal 49(3) Rialachán Forálacha Coitianta 2021/1060. I gcomhréir le hAirteagal 44 Rialachán (AE) 2022/128, déanfar uimhir CBL nó uimhir thagartha cánach a fhoilsiú freisin sa chás gur grúpa an t-iarratasóir faoi mar atá sainmhíniú ina leith sin in Airteagal 2(11) Threoir 2013/34/AE.

Anuas ar an méid sin, d'fhéadfadh go bhfoilseofaí freisin mionsonraí faoin tionscadal, lena n-áirítear na cistí atá ceadaithe ina leith agus seoltóir an tionscadail ar láithreán gréasáin na Roinne agus ar láithreán gréasáin an GÁG. Ní mór don GÁG gach iarratasóir agus seoltóirí na dtionscadal ar fad a chur ar an eolas faoi na forálacha sin agus fianaise ina leith sin a choimeád i dtaisce cáipéisíochta chóras TE LEADER.

Ní mór don GÁG a chur in iúl do sheoltóirí tionscadail go dtarlóidh a gcuid sonraí a phoibliú agus gur féidir próiseáil a dhéanamh orthu ar mhaithe le cúrsaí feidhmíochta, monatóireachta agus meastóireachta chomh maith le próiseáil a dhéanamh orthu ag comhlachtaí iniúchóireachta agus imscrúdúcháin de chuid an AE nó de chuid na hÉireann i ndáil le leas airgeadais an AE a chaomhnú. Ní mór don GÁG freisin a bhfuil de cheart acu faoin reachtaíocht faoi chosaint sonraí a chur in iúl d'iarratasóirí agus do sheoltóirí tionscadail chomh maith leis na gnáis oibre a ghabhann le rialacha ina leith sin a fheidhmiú.

[27] Airteagal 98 i Rialachán (CE) Uimh. 2021/2116 ón gCoimisiún

# 25 Léirmhíniú agus leasú ar na Rialacha Oibriúcháin

Déanfar na Rialacha Oibriúcháin seo a fhorléiriú de réir na gcoinníollacha rialúcháin a bhaineann le hábhar de chuid an AE agus de chuid na hÉireann. Sa chás nach mbeadh na Rialacha Oibriúcháin agus coinníollacha rialúcháin an AE nó na hÉireann ag teacht le chéile, is ag coinníollacha rialúcháin an AE nó na hÉireann a bheidh tús áite.

Coimeádann an Roinn de cheart chuici féin breis a chur leis na rialacha nó leasú a dhéanamh orthu le Ciorclán. Coimeádann an Roinn de cheart freisin maolú ar bith a mheastar a bheith cuí a chur i bhfeidhm ó thráth go chéile.

Déanfar gach athrú ar na Rialacha Oibriúcháin a chur in iúl go leictreonach do na grúpaí GÁG.

# 26 Aguisíní

## 26.1 Aguisín 1 - Foirm Léiriú Spéise

# Plean Straitéise na hÉireann maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta – 2023-2027

# Foirm LEADER maidir le Léiriú Spéise (LS)

### CEANNTÁSC GÁG – (LÓGÓ, Seoladh, Sonraí Teagmhála, Láithreán Gréasáin, Seoladh, etc.)

Is Foirm Léiriú Spéise (LS) í seo is féidir le seoltóir tionscadail a líonadh isteach mar bheart roimh ré, sula dtiocfadh iarratas iomlán ar chistíocht i gceist faoi Chlár LEADER Phlean Straitéise 2023 – 2027 maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta. Sa chás nach líontar an fhoirm go hiomlán, cuirfidh sin moill ar dhéileáil leis an Léiriú Spéise agus le haon phróiseáil eile a tharlódh ina dhiaidh sin ar aon iarratas a d'eascródh uaidh tráth is faide anonn.

**Nótaí Treorach maidir le Líonadh na Foirme:**

- Líontar le do thoil gach cuid den fhoirm seo go hiomlán. Is réimse éigeantach gach réimse.
- Is féidir an fhoirm seo a íoslódáil nó a phriontáil ón láithreán gréasáin seo a leanas **(Cuirtear isteach seoladh láithreán gréasáin an GÁG/PF/Spreagúlachta)** agus a sheoladh ar aghaidh, maille le haon eolas breise is dóigh leat a bheith tábhachtach maidir le do Léiriú Spéise, chuig an nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta.
- Is féidir freisin í a líonadh go leictreonach agus a sheoladh ar an ríomhphost chuig an nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta.
- Is féidir cóip chrua den fhoirm a fháil ón nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta.
- Tiocfaidh Oifigeach Forbartha Tuaithe ón nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta i mbun caidrimh leat tar éis an Fhoirm Léiriú Spéise a sheol tú isteach a mheas.

Más fearr leat leagan Béarla den fhoirm seo a fháil nó má tá cúnamh ar bith uait maidir leis an bhfoirm a líonadh, cuir sin in iúl don Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta ag:
**Sonraí comhfhreagrais GÁG**

Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
Arna chomhchistiú ag an Roinn Forbatha Tuaithe agus Pobail
Co-funded by the Department of Rural and Community Development
Ár dTodhchaí Tuaithe Our Rural Future
Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

| **Faisnéis Ghinearálta**<br>*(Is réimse éigeantach gach réimse agus ní mór iad uile a líonadh isteach)* | |
|---|---|
| **Ainm an GÁG:** | |

| | | |
|---|---|---|
| **Ainm / Teideal an Tionscadail:** | | |
| **Ainm Sheoltóir an Tionscadail:** | | |
| **Ainm Cheannaire / Phríomhphearsa Comhfhreagrais Sheoltóir an Tionscadail** | | |
| **Uimhir theagmhála Sheoltóir an Tionscadail** | | |
| **Seoladh ríomhphoist Sheoltóir an Tionscadail:** | | |
| **Seoladh agus Éirchód Sheoltóir an Tionscadail:** | | |
| **Cineál Sheoltóir an Tionscadail:** | **Aicme an tSeoltóra:** | **Cuir tic sa bhosca** |
| | Trádálaí Aonair | |
| | Feirmeoir *(Más ea, ní mór uimhir thréada a lua thíos)* | |
| | Grúpa Pobail/Deonach Foirmiúil | |
| | Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta | |
| | Cuideachta faoi Theorainn Scaireanna | |
| | Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi | |
| | Comhairle Pobail | |
| | Comhlacht Poiblí | |
| | Pearsa Phríobháideach | |
| | Carthanas Cláraithe | |
| | Iontaobhas | |
| | Comhpháirtíocht | |
| | Comharchumann (*arna chlárú faoin Acht um Chumainn Tionscail agus Soláthair)* | |
| | Eile: | |
| | **Tabhair ar Aird: Níl Comhlacht Poiblí inghlactha maidir le LEADER** | |

| | | |
|---|---|---|
| **An bhfuair an Seoltóir Tionscadail / Grúpa Pobail cistíocht LEADER roimhe seo?** *(Cuirtear tic le ceann amháin)* | FUAIR | NÍ BHFUAIR |

<table>
<tr><th colspan="3">FAISNÉIS FAOIN TIONSCADAL</th></tr>
<tr><td>Seoladh an Tionscadail:</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td rowspan="2">Éirchód / Comhordanáidí XY (sonraí éigeantacha, baintear leas as comhordanáidí XY sa chás nach bhfuil Éirchód ag an tionscadal)</td><td>Éirchód:</td><td></td></tr>
<tr><td>Comhordanáidí XY</td><td></td></tr>
<tr><td>Tionscadal atá suite i limistéar Gaeltachta:</td><td>TÁ</td><td>NÍL</td></tr>
<tr><td>Tionscadal atá suite ar Oileán:</td><td>TÁ</td><td>NÍL</td></tr>
<tr><td>Costais Mheasta an Tionscadail:<br>(An costas iomlán measta)</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Cistí LEADER atá de dhíth don tionscadal:</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Foinsí cistíochta eile an Tionscadail:<br>(Más ann dóibh - Iasacht</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Má luaitear gur feirmeoir, luaitear anseo Uimh. Tréada nó Uimh. Thag. eile de chuid na Roinne TBM:</td><td colspan="2"></td></tr>
</table>

| **Tugtar cuntas gairid le do thoil ar an tionscadal beartaithe**<br>*(Más gá, is féidir bileog bhreise a úsáid agus a cheangal leis an bhfoirm)* |
|---|
| |

**Sínithe ar son agus thar ceann Sheoltóir an Tionscadail / an Ghrúpa:**

Deimhním / Deimhnímid go bhfuil na sonraí a luaitear fíor cruinn ar feadh iomlán mo chuid / ár gcuid eolais

| | |
|---|---|
| **Cuir d'Ainm i gCló:** | |
| **Síniú:** | |
| **Dáta:** | |

Beidh roinnt den fhaisnéis nó iomlán na faisnéise a chuireann tú ar fáil á choimeád ar ríomhaire agus i bhformáid cruachóipe. Beidh úsáid á baint as an bhfaisnéis sin don obair riaracháin maidir le Léiriú Spéise agus chun tuairiscí monatóireachta a chur ar fáil. Tharlódh an fhaisnéis á cur ar fáil ag GÁG do GÁG eile agus do roinn/gníomhaireacht rialtais ionas go mbíonn ar a gcumas iarratais chalaoiseacha a chosc nó coiriúlacht a thabhairt chun aire agus ar mhaithe le comhordú a dhéanamh ar an bpróiseáil ar iarratais a thagann le chéile.

Ní dhéantar cur isteach leis an bpolasaí sin ar a bhfuil de cheart agat agus beidh do chuid faisnéise á coimeád de réir mar a leagtar síos faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Tagann seoltóir/grúpa an tionscadail, an RFTP, **an Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta/GÁG (Ainm)** faoi réir dhlíthe na hÉireann agus an AE maidir le cosaint sonraí agus le príobháideacht, go háirithe faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus Rialachán (AE) 2016/679, ar a dtugtar an Rialachán Ginearálta an AE maidir le Cosaint Sonraí (“GDPR”). I gcomhréir leis an reachtaíocht maidir le Cosaint Sonraí a dhéanfar faisnéis phearsanta ar bith a chuirtear ar fáil mar chuid den phróiseas iarratais a ghlacadh isteach agus a phróiseáil.

Nuair a chuirtear LS faoi bhráid maidir le cistíocht LEADER, cuirfear do chuid sonraí pearsanta ar fáil don RFTP agus don **Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta/GÁG (Ainm)** agus d'fhéadfadh go gcuirfí ar fáil iad do na heagraíochtaí thíosluaite. Ar an bhfoirm LS seo a shíniú don iarratasóir i ndáil leis an tionscadal, aontaíonn an t-iarratasóir gur féidir an fhaisnéis a thugtar ar an bhfoirm seo, sa cháipéisíocht atá ag gabháil léi agus in aon cháipéisíocht eile a chuirtear ar fáil tráth is faide anonn maidir leis an LS, a chur ar fáil don RFTP, don **Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta/GÁG (Ainm)** agus do na heagraíochtaí thíosluaite:

- Coiste Forbartha Pobail Áitiúil **Cuirtear isteach ainm an chontae**;
- Comhairle Cathrach & Contae **Cuirtear isteach ainm na cathrach**;
- Coiste Measúnachta **GÁG (Ainm)**;
- An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara;
- Pobal;
- An Coimisiún Eorpach agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa;
- An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus aon Roinn Rialtais nó Gníomhaireacht Rialtais eile;
- Comhlacht Creidiúnaithe.

Cé nach féidir sin ach amháin nuair atá bunús maith dleathach lena dhéanamh. Is é cuspóir a bhíonn le comhroinnt sonraí ar an gcuma sin, ar mhaithe le cúrsaí próiseála, iniúchóireachta, measúnachta nó bearta rialála a bhaineann leis an reachtaíocht is bun leis na bearta Forbartha Tuaithe go léir, faoi mar a éilítear i Rialacháin an AE maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta, ar a n-áirítear Rialacháin (AE) 2021/2115 chomh maith leis an reachtaíocht thánaisteach a bhaineann le hábhar. Airteagal 151 (1) de Rialachán (AE) 2021/2115 agus Airteagal 101 de Rialachán (AE) 2021/2116. Ní dhéanfaidh, ach amháin ina leith sin, an RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta/GÁG (Ainm)** aon

fhaisnéis a fhaightear mar chuid den iarratas seo a scaoileadh mura mbíonn ceangailte faoin dlí sin a dhéanamh, mar shampla faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

D'fhéadfadh go mbainfí úsáid as sonraí pearsanta ar mhaithe le cúrsaí staidrimh, taighde agus anailíse i gcásanna áirithe ach is i gcomhréir leis an reachtaíocht faoi Chosaint Sonraí atá i bhfeidhm i láthair na huaire a dhéanfar sin i ngach cás. Déanfar sonraí a úsáidtear ar chúiseanna den sórt sin a chur i riocht bréagainmnithe (ceilte) nó i riocht anaithnid, de réir mar is cuí, ar mhaithe le slándáil agus rúndacht na sonraí a chaomhnú. D'fhéadfadh úsáid den chineál sin as na sonraí áis a dhéanamh don RFTP maidir le lón eolais do chinntí faoi chúrsaí beartais san am atá romhainn.

Mar chuid den chlár LEADER, d'fhéadfadh ar ghlacadh leat isteach faoi chlár LEADER go n-iarrfadh an RFTP, **an Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta/GÁG (Ainm)**, ort sonraí a chur ar fáil maidir le do chuid rannpháirtíochta i gclár LEADER agus freastal do chuairteanna cigireachta/measúnachta ar an láthair nuair is gá sin ar mhaithe le cúrsaí measúnachta, deimhniúcháin, luachála nó taighde a ndéantar foráil dóibh faoi na Rialacháin (Rialachán an AE 2021/2116). D'fhéadfadh teip faisnéis den sórt sin a chur ar fáil a thabhairt go gcuirtear d'iarratas ar neamhní/ceal.

Tréimhse Coimeádta: Ní dhéanfaidh an RFTP, **an Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta/GÁG (Ainm)** sonraí pearsanta, sonraí a chuireann an t-ábhar sonraí faoi bhráid i ndáil leis an LS faoin gclár LEADER, a choimeád níos faide ná an tréimhse is gá maidir leis na cuspóirí a bhí leis na sonraí a bhailiú agus a phróiseáil, nó de réir mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht. Déanfar sonraí pearsanta nach bhfuil gá feasta leo a scrios nó a ghlanadh ar bhealach slán sábháilte i gcomhréir leis na treoirlínte inmheánacha nó le treoirlínte maidir le scrios sonraí a fhaightear ó Oifig na Cartlainne Náisiúnta nó le ceadanna gaolmhara a fhaightear ón Oifig chéanna sin.

D'fhéadfadh an LS seo freisin a theacht faoi réir ag dualgas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 a shásamh. Coimeádtar de cheart ag an RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta/GÁG (Ainm)** na nithe seo a leanas a nochtadh, i ndáil le hiarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 nó eile, maidir leis an LS seo:

i. aon fhaisnéis a chuireann seoltóir/grúpa an tionscadail ar fáil don RFTP, don **Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta/GÁG (Ainm)**;

ii. sonraí ar bith a bhaineann le hábhar arna gcruinniú ag an RFTP, an **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta/GÁG (Ainm)** i mbun próiseáil a dhéanamh ar an LS seo, ach amháin sa chás go meastar gur faisnéis sin atá pearsanta nó íogair ó thaobh cúrsaí tráchtála.

| | |
|---|---|
| **Cód Tag. LS**: *(Arna chruthú as Córas TE LEADER)* | |
| **Cineál na Gairme:** *(Timthriallach / Tréimhse faoi leith)* | |
| **Príomhthéama faoin gClár**: | |
| **Síniúchán Oifigeach an GÁG:** | |
| **Ainm priontáilte Oifigeach an GÁG:** | |
| **An dáta a bhfuair an GÁG an fhoirm**: | |
| **Stampa Dáta GÁG:** | |

## 26.2 Aguisín 2 - Foirm Iarratais

**CEANNTÁSC GÁG – (LÓGÓ, Seoladh, Sonraí Teagmhála, Láithreán Gréasáin, Seoladh, etc.)**

# PLEAN STRAITÉISE na hÉIREANN maidir leis an gCOMHBHEARTAS TALMHAÍOCHTA 2023 – 2027

# IARRATAS AR DHEONTAS LEADER

Déantar athbhreithniú le do thoil ar an liosta seiceála (Aguisín A) atá i gceangal leis an iarratas d'fhonn a chinntiú go bhfuil gach cuid den fhaisnéis atá de dhíth curtha ar fáil agat. Fágfaidh aon chás ina dteipeann ort na cáipéisí riachtanacha a chur faoi bhráid leis an iarratas go seolfar an t-iarratas ar ais chugat. Má tá ceist ar bith maidir leis an bpróiseas iarratais seo, is ceart duit sin a phlé le **GÁG/an Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta (Ainm)** sula líonann tú isteach an fhoirm.

Níl le tuiscint ón bhfoirm seo go bhfuil cabhair airgid á tairiscint againn don tionscadal. Ní féidir le ball foirne dár gcuid ná le hionadaí dár gcuid aon ghealltanas a thabhairt maidir le cistí a cheadú. Sa chás go gceadaítear cistíocht i ndáil leis an tionscadal seo agat, tiocfaidh Litir fhoirmiúil Tairisceana chugat ina leagtar amach na coinníollacha ina leith. Má ghlacann tú leis an tairiscint sin maidir le deontas, déanfar conradh foirmiúil a shocrú leat an tráth sin.

Tiocfaidh de thoradh ar fhaisnéis mhíchruinn a chur ar fáil go gcuirfear, gan aon bheart breise, an t-iarratas as an áireamh maidir leis an bpróiseas measúnachta agus go gcuirfear aon iarratas ar chistíocht ar neamhní.

Tugtar chun aire nach mbeidh tú incháilithe maidir le cúnamh airgeadais má thosaítear ar an obair sula seoltar Litir Tairisceana fhoirmiúil chugat. Beidh cuairt á tabhairt ar an láthair againn, sula seoltar conradh amach, go ndeimhnítear nach bhfuil aon obair déanta cheana féin.

Ní mór duit cóip a choinneáil den cháipéisíocht a sheoltar chuig **GÁG/an Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta (Ainm)**.

Is ceart CBL a thabhairt san áireamh leis na suimeanna go léir má tá CBL á éileamh agat mar chuid den iarratas seo ar chistíocht. Is iad na seoltóirí tionscadail sin amháin nach gá dóibh clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le CBL ar féidir leo CBL a éileamh.

*Más mian leat an fhoirm seo a fháil i mBéarla, iarrtar sin ar:*
***Cuirtear isteach an Pearsa Comhfhreagrais maidir leis an leagan Béarla***

Ní mór an t-iarratas a líonadh isteach ina iomláine. Is faoin Oifigeach Forbartha Tionscadail a shocrú má tá dóthain faisnéise curtha ar fáil chun leanúint ar aghaidh leis an Measúnóireacht.

| **Úsáid na hOifige Amháin** | **Stampa le Dáta le cur anseo ag an PF/GÁG an lá a bhfaightear** |
|---|---|
| Admháil seolta ag:______________________________<br>Dáta:_______________________________________<br>Uimh.<br>Thag:_____________________________________ | |

## ROINN A: SEOLTÓIR AN TIONSCADAIL AGUS MIONSONRAÍ FAOIN TIONSCADAL

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1** | **Ainm an Tionscadail** | | |
| | **Ainm Sheoltóir an Tionscadail / an Ghrúpa Pobail** *(sa chás gur Cuideachta nó Grúpa Pobail Seoltóir an Tionscadail, úsáidtear le do thoil an t-ainm lena bhfuil bonn dleathach)* | | |
| | **Seoladh an Tionscadail** | | |
| | **Éirchód / Comhordanáidí XY** *(sonraí éigeantacha, baintear leas as comhordanáidí XY sa chás nach bhfuil Éirchód ag an tionscadal)* | Éirchód: | |
| | | Comhordanáidí XY | |
| | **An Príomhphearsa Caidrimh** | | |
| | **Uimhir Theileafóin** | | |
| | **Seoladh ríomhphoist Sheoltóir an Tionscadail** | | |
| | **Seoladh Sheoltóir an Tionscadail** *(murar ionann le seoladh an tionscadail)* | | |
| | **Éirchód:** | | |
| | **Láithreán Gréasáin** | | |
| | **Uimhir clárúcháin cánach** | | |
| | **Uimh. URC maidir le carthanas cláraithe / Uimhir Comharchumainn** | | |

| | | |
|---|---|---|
| | **Uimh. OCC maidir le cuideachtaí** | |
| | **Uimh. Tréada / Uimh Ealta / Uimh. thag. na Roinne TBM maidir le gnólacht** | |
| | **Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC)** | |

<table>
<tr><td>2</td><td colspan="4">Aicme Sheoltóir an Tionscadail:<br>Cuirtear tic leis an mbosca cuí agus cuirtear cóipeanna faoi iamh leis an iarratas de na doiciméid rialachais tacaíochta.</td></tr>
<tr><td></td><td>Trádálaí Aonair</td><td></td><td>Comhairle Pobail</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>Feirmeoir</td><td></td><td>Iontaobhas</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>Grúpa Pobail/Deonach Foirmiúil</td><td></td><td>Comhpháirtíocht</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta</td><td></td><td>Cuideachta faoi Theorainn Scaireanna</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Theorainn Scaireanna</td><td></td><td>Pearsa Phríobháideach</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>Carthanas Cláraithe</td><td></td><td>Comharchumann arna chlárú faoin Acht um Chumainn Tionscail agus Soláthair</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>Eile (sonraítear go sainiúil)</td><td></td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="5">Tabhair ar Aird:<br>- Níl comhlachtaí poiblí inghlactha maidir le cistíocht faoi LEADER<br>- Más i gcáil Eagraíocht Phobail atá iarratas á dhéanamh, cuirtear cáipéisíocht tacaíochta ar fáil, e.g. deimhniú ionchorpraithe agus meabhrán agus airteagail.<br>- Sa chás gur grúpa pobail foirmiúil an t-iarratasóir, ní mór bunreacht an ghrúpa a chur ar fáil.<br>- Sa chás go mbíonn iarratas á dhéanamh ar chúnamh ar an ardráta pobail, is gá gur grúpa dáiliúcháin neamhbhrabúis a dhéanfadh sin atá ar leithligh ó thaobh go hinstitiúideach ón Stát agus ag fónamh do leas comónta an phobail i gcoitinne agus ní féidir bunús tráchtála a bheith leis an tionscadal a bhfuiltear ag iarraidh cistíocht LEADER lena aghaidh.<br>- Níl Fiontar Sóisialta inghlactha maidir le cúnamh ar an ardráta pobail.</td></tr>
<tr><td>3</td><td colspan="4">Clárú CBL:<br>- Sa chás go mbeadh cistíocht le híoc i ndáil le CBL nach féidir a ghabháil ar ais, ní mór do sheoltóir an tionscadail dearbhú i scríbhinn cothrom le dáta ó na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil an seoltóir cláraithe maidir le CBL.<br>- Sa chás gur custaiméir cláraithe seoltóir an tionscadail maidir le Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim, is leor cóip phriontáilte de phróifíl an íocóra cánach ar a bhfeictear an stádas maidir le clárú le haghaidh CBL. Mura bhfuil próifíl CBL i gceist leis, is deimhniú sin, gan aon bheart breise, nach bhfuil an custaiméir cláraithe maidir le CBL.</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td rowspan="2"></td><td colspan="3">An bhfuil tusa, an grúpa nó an chuideachta cláraithe maidir le CBL?</td><td>TÁ</td><td>NÍL</td></tr>
<tr><td>Má tá, luaitear an uimhir clárúcháin CBL:</td><td colspan="4"></td></tr>
<tr><td rowspan="3">4</td><td colspan="5">a. Cáilíochtaí, oiliúint, scileanna etc. Sheoltóir an Tionscadail maidir leis an tionscadal a chur i gcrích:<br>Luaitear sonraí faoi thaithí/scileanna/cáilíochtaí atá agat féin/ar fáil san eagraíocht trína gcinnteofar bainistíocht bhuanseasmhach ar an tionscadal, go háirithe, taithí ghinearálta ar bhainistíocht agus ar chúrsaí airgeadais.</td></tr>
<tr><td colspan="3">b. An bhfuil gá le hoiliúint nó le scileanna nua a chuideodh leis an tionscadal a chur i gcrích?</td><td>TÁ</td><td>NÍL</td></tr>
<tr><td colspan="5">Má tá, luaitear le do thoil an oiliúint nó na scileanna nua a bheadh de dhíth i do thuairim féin:</td></tr>
<tr><td rowspan="5">5</td><td colspan="5">Cé na réimsí a mbeadh cúnamh de dhíth ina leith? (Cuirtear tic le gach réimse a bhaineann le hábhar)<br>Téigh i gcomhairle, le do thoil, leis an Oifigeach Forbartha maidir lena roghnaítear</td></tr>
<tr><td>Caiteachas Caipitil</td><td></td><td colspan="2">Margaíocht / Bolscaireacht</td><td></td></tr>
<tr><td>Oiliúint</td><td></td><td colspan="2">Anailís & Forbairt</td><td></td></tr>
<tr><td>Tionscadal i gComhar</td><td></td><td colspan="2">Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin</td><td></td></tr>
<tr><td>Gnéithe Bonneagair ar Mhórscála (le Grúpaí Pobail amháin a bhaineann seo)</td><td></td><td colspan="2">Eile (sonraítear, le do thoil)</td><td></td></tr>
<tr><td>6</td><td colspan="5">Cuntas ar an Tionscadal (Déan cur síos ar an tionscadal beartaithe, na príomhbhearta a bhaineann lena fhorbairt agus aon pháirtí eile a bheidh páirteach ann)</td></tr>
<tr><td rowspan="2">7</td><td colspan="3">Infreastruchtúr na Seirbhísí Bunúsacha<br>An gcuirfear feabhas ar infreastruchtúr na seirbhísí bunúsacha sa cheantar mar gheall ar an tionscadal seo?</td><td>CUIRFEAR</td><td>NÍ CHUIRFEAR</td></tr>
<tr><td colspan="5">Más "Cuirfear" an freagra, tugtar tuairisc ar an dream daoine a mbeidh tairbhe acu as an tseirbhís</td></tr>
<tr><td>8</td><td colspan="5">Réimsí Nuálaíochta<br>Tugtar cuntas achomair ar na príomhréimsí nuálaíochta maidir leis an tionscadal, e.g., cad é atá sainiúil mar gheall ar an tionscadal? Conas a chuirfidh an tionscadal beocht sa cheantar?</td></tr>
<tr><td>9</td><td colspan="5">Cad é an riachtanas go sonrach a shásófar leis an tionscadal seo?<br>Tugtar cur síos ar an ngá atá leis an tionscadal beartaithe, an dóigh inar tugadh an gá leis chun suntais agus a oiread agus a bheadh an tionscadal ina réiteach ar an riachtanas sin. Leagtar amach a mbeidh de thoradh ar an tionscadal go logánta agus an tairbhe a dhéanfar maidir le feabhas ar chúrsaí timpeallachta, cultúir, oidhreachta, eacnamaíochta agus pobail sa cheantar.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | |
| **10** | **Sa chás nach dtugtar deontas don tionscadal, cad a tharlódh maidir leis?** *(Cuirtear tic le haon rogha amháin)* |
| | Leanfaí ar aghaidh leis, gan aon athrú \| |
| | Ní leanfaí ar aghaidh leis \| |
| | Leanfaí ar aghaidh leis, ar scála níos lú \| |
| | **Luaitear, le do thoil, réasún/cúiseanna leis an bhfreagra a roghnaítear:** |
| **11** | **An dócha go mbeadh an tionscadal beartaithe in iomaíocht le háis/fiontar/beartaíocht den chineál céanna sa cheantar?**<br>*Tugtar liosta de na trí cinn is gaire d'áiseanna/fiontair/bearta den chineál céanna agus luaitear an dóigh a bhfuil beartaithe aon chás ina gcuirfí na háiseanna/fiontair/bearta sin as ionad a sheachaint.* |
| **12** | **An Straitéis Margaíochta agus Bolscaireachta:**<br>*Tugtar cuntas achomair ar an dóigh ina bhfuil i gceist bolscaireacht agus margaíocht a dhéanamh mar gheall ar an tionscadal* |
| **13** | **Tionchar ar Chúrsaí Timpeallachta agus ar an Athrú Aeráide**<br>*Tugtar cur síos ar aon ghné timpeallachta den tionscadal agus ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an Athrú Aeráide.* |
| **14** | **Tráthchlár an Tionscadail:**<br>*Má cheadaítear an tionscadal, cathain a mheastar a bheadh tús agus deireadh á gcur leis?* |
| | An dáta tosaigh beartaithe: \| |
| | An dáta deiridh beartaithe: \| |
| **15** | **Íoc ina Ghálaí**<br>*Má éiríonn leis an iarratas seo uait, is féidir a iarraidh, d'fhonn cuidiú le sreabhadh airgid maidir leis an tionscadal, go n-íocfaí an deontas i gcabhair ina ghálaí. Is iondúil gur le tionscadal caipitil a thagann seo i gceist agus ní mór ceadú ón GÁG ina leith.* |
| | Cuirtear tic leis an mbosca seo más mian leat go ndéanfaí socruithe íoc ina ghálaí a mheas i ndáil leis an tionscadal. \| |
| **16** | **Riachtanais ó thaobh na hOidhreachta**<br>An mbeidh aon tionchar ag an tionscadal beartaithe, nó an bhféadfadh go mbeadh tionchar de bharr an tionscadail bheartaithe, ar fhoirgneamh, ar ionad nó ar shuíomh lena bhfuil tábhacht oidhreachta, na cineálacha a liostaítear thíos san áireamh? \| BEIDH \| NÍ BHEIDH |
| | *Más 'Beidh' an freagra, tugtar léargas ar a mbeadh tionchar ag an tionscadal air:* |
| | Séadchomharthaí agus áiteanna atá faoi chosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 – 2004 \| |

| | | |
|---|---|---|
| | Déanmhais chosanta, agus déanmhais chosanta atá beartaithe, de réir a bhfuil de bhrí leo sin faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt | |
| | Limistéir Chaomhantais Ailtireachta de réir a bhfuil de bhrí leis sin faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt | |
| | Gníomhartha de chineálacha áirithe laistigh de láithreán caomhantais dúlra faoi chosaint | |
| | Cur isteach ar speicis chosanta flóra agus fiadhúlra agus ar na gnáthóga atá íforthábhachtach dóibh | |

## ROINN B: TIONSCADAIL TÓGÁLA agus TIONSCADAIL CHAIPITIL

Ní mór C17 & C18 a fhreagairt i ndáil le gach tionscadal lena mbaineann Obair Thógála.

Ní mór C19 a fhreagairt i ndáil le tionscadal lena mbaineann trealamh a cheannach.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **17** | **An gá cead pleanála a fháil maidir leis an obair atá beartaithe?** | IS GÁ | NÍ GÁ |
| | *Más 'Is gá', cuirtear cóip ar fáil le do thoil den Chead Pleanála a fuarthas.*<br><br>*Más 'Ní gá', cuirtear doiciméadacht tacaíochta ón Údarás Áitiúil ar fáil le do thoil.* | | |
| **18** | **An bhfuil teideal dleathach agat ar an talamh/na foirgnimh atá i gceist?**<br>*(is gá fianaise cáipéisíochta a chur ar fáil)* | TÁ | NÍL |
| **19** | **Maidir le trealamh a cheannach, an mbeadh trealamh athláimhe á thabhairt san áireamh?** *(tá coinníollacha breise i bhfeidhm)* | BHEADH | NÍ BHEADH |

## ROINN C: CRUTHÚ FOSTAÍOCHTA

| | | | |
|---|---|---|---|
| **20** | **An mbeidh poist á gcruthú ná á gcoinneáil ar bun mar gheall ar an tionscadal seo?** | BEIDH | NÍ BHEIDH |
| | *Más 'Beidh' an freagra, is iad ceisteanna 21 go 24 atá le freagairt*<br><br>*Más 'Ní Bheidh' an freagra, lean ar aghaidh go dtí ceist 25* | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **21** | **Luaitear go sonrach líon na ndaoine atá fostaithe faoi láthair (má tá an áis/an tseirbhís ar bun cheana féin):** | | | | |
| | | *Lánaimseartha* | *Páirtaimseartha* | *Séasúrach* | *Coibhéis Lánaimseartha* |
| | *Iomlán* | | | | |
| | *Fear* | | | | |
| | *Bean* | | | | |
| **22** | **Tabhair cur síos ar an tionchar a bheidh ag an tionscadal maidir leis an bhfostaíocht reatha seo a chothú** | | | | |

| | |
|---|---|
| | |

<table>
<tr><td rowspan="5">23</td><td colspan="5">Cé chomh mór agus a chuideoidh an tionscadal beartaithe le poist a chruthú (Na Poist a Mheastar a Chruthófar)?</td></tr>
<tr><td></td><td>Lánaimseartha</td><td>Páirtaimseartha</td><td>Séasúrach</td><td>Coibhéis Lánaimseartha</td></tr>
<tr><td>Iomlán</td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Fear</td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Bean</td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>24</td><td colspan="5">Cén cineál ról poist atá beartaithe a chruthú?<br>Luaitear le do thoil teidil poist agus cineálacha fostaíochta. Luaitear freisin le do thoil cé chomh fada agus a bheidh gá leis na poist seo.</td></tr>
</table>

## ROINN D: TIONSCADAIL FIONTRAÍOCHTA (GO hIOMLÁN)

D'fhéadfadh go gcuirfí tionscadail a líontar an roinn seo ina leith faoi bhráid na hOifige Fiontair Áitiúil sula ndéantar an t-iarratas a mheas

<table>
<tr><td rowspan="3">25</td><td colspan="4">An Fiontar atá i gceist leis an tionscadal seo?</td><td>Is ea</td><td>Ní hea</td></tr>
<tr><td colspan="4">Más ea, an fiontar nua atá i gceist nó fiontar leantach?</td><td>Nua</td><td>Leantach</td></tr>
<tr><td>Cineál an Fhiontair?</td><td>MICREAGHNÓTHAS (1-9)</td><td>GNÓLACHT BEAG (10-49)</td><td>GNÓLACHT MEÁNMHÉIDE (20-250)</td><td colspan="2">FIONTAR SÓISIALTA</td></tr>
<tr><td>26</td><td colspan="6">Tugtar sonraí faoin dóigh ina ngnóthófar ioncam agus faoin dóigh ina gcuirfear sin chun fónaimh d'fhonn seasmhacht an tionscadail ó thaobh cúrsaí airgeadais a chinntiú, e.g. Plean Gnó, Ioncam agus Caiteachas Measta:</td></tr>
<tr><td rowspan="3">27</td><td colspan="6">a) Más gnóthas reatha atá ag déanamh an iarratais, deimhnítear le do thoil an Láimhdeachas Bliantúil agus Iomlán an Chláir Chomhardaithe: déantar tagairt do na cuntais agus cuirtear cóipeanna ar fáil maidir leis na tréimhsí le trí bliana anuas.</td></tr>
<tr><td colspan="3">Láimhdeachas Bliantúil: €</td><td colspan="3">Iomlán an Chláir Chomhardaithe: €</td></tr>
<tr><td colspan="6">b) Más cuid de ghrúpa cuideachtaí seoltóir an tionscadail, tugtar mionsonraí ina leith sin:<br>Má tá do chuideachta ceangailte nó i gcomhpháirtíocht le cuideachta eile, tugtar mionsonraí le do thoil ina leith sin</td></tr>
<tr><td rowspan="3">28</td><td colspan="6">Réamh-mheastacháin Airgeadais<br>Líontar isteach le do thoil an tábla seo a leanas maidir leis an tréimhse cúig bhliana seo romhainn. Ba cheart, sa chás gur tionscadal eacnamaíochta atá i gceist, go mbeadh na sonraí seo ag teacht leis an bPróifíl Ioncaim/Caiteachais sa Phlean Gnó</td></tr>
<tr><td>Bliain</td><td colspan="2">Ioncam Measta</td><td colspan="2">Caiteachas Measta</td><td>Ioncam Glan</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2"></td><td colspan="2"></td><td></td></tr>
</table>

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

## ROINN E: TIONSCADAIL OILIÚNA (GO hIOMLÁN)

| | | |
|---|---|---|
| **29** | **Teideal an Chúrsa** | |
| **30** | **Conas a tugadh an gá leis an oiliúint seo chun suntais?** | |
| **31** | **Láthair** | |
| **32** | **Soláthraí an Chúrsa** | |
| **33** | **Eagras Creidiúnaithe** *(má bhaineann le hábhar)* | |
| **34** | **Líon na ndaoine atá le cur faoi oiliúint** | |
| **35** | **Conas a thabharfar oiliúint ar an líon sin i gcrích?** | |
| **36** | **Sonraí faoin gCúrsa** *(líon na modúl, tascanna, ceardlanna, seimineáir, scrúduithe, etc.)* | |
| **37** | **Scileanna a ghnóthófar** *(Leagtar amach an tairbhe a bheidh as na scileanna a ghnóthaítear ón oiliúint seo)* | |

## ROINN F: TIONSCADAIL ANAILÍSE / FORBARTHA (GO hIOMLÁN)

| | |
|---|---|
| **38** | **Príomhábhar Staidéir / Taighde / an Phlean / na Forbartha** *(Leagtar amach an príomhábhar maidir leis an obair Staidéir / Taighde nó an Plean / an Fhorbairt atá le cur i gcrích)* |
| **39** | **Conas a bhainfear leas as (na) torthaí Staidéir / Taighde / an Phlean / na Forbartha?** *(Conas a chuirfear na torthaí i láthair agus cén tairbhe a bheidh as toradh an tsaothair nuair a bheidh sé críochnaithe?)* |
| **40** | **An ndearna tusa/do ghrúpa nó aon ghrúpa eile sa cheantar anailís ar bith cheana ar mhaithe le cuspóir den chineál céanna?** *(Tugtar sonraí faoi aon anailís den chineál céanna a rinneadh agus luaitear má tá teacht ar an saothar go poiblí)* |

| | |
|---|---|
| | |

## ROINN G: TIONSCADAIL MARGAÍOCHTA / BOLSCAIREACHTA (GO hIOMLÁN)

*(nó Tionscadail a mbaineann gné Margaíochta / Bolscaireachta leo)*

| | |
|---|---|
| **41** | **Cé air a ndírítear an Mhargaíocht / an Bholscaireacht agus cén fáth a bhfuil gá leis?** *(Tugtar mionsonraí faoin spriocghrúpa (faoi na spriocghrúpaí))* |
| **42** | **Mioneolas faoin Margaíocht / Bolscaireacht a dhéanfar** *(Tugtar mionsonraí faoi na bearta a dhéanfar)* |
| **43** | **Conas a choimeádfar taifead / tuairisc ar na bearta Margaíochta / Bolscaireachta?** *(Tugtar mionsonraí faoin dóigh a gcoinneofar taifead/tuairisc ar na bearta seo)* |

## ROINN H: GNÉITHE AIRGEADAIS

**44** Tugtar briseadh síos mionsonraithe ar ghnéithe uile an tionscadail ó na figiúirí a chuirtear ar fáil sa tuairisc tairisceana / sna tairiscintí iomaíochta is fearr / sna sceidil don obair dheonach / cúnamh comhchineáil etc. agus an luach a luaitear le tabhartais.

*Ní mór do na hiarratasóirí ar fad an costas maidir le míreanna tionscadail faoi leith a líonadh isteach sa tábla thíos.*

| Cineál an Chonartha / na nEarraí / na Míre / na dTabhartas / na hOibre Deonaí | Soláthraí | Costas gan CBL a áireamh (€) | Costas le CBL san áireamh (€) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | *Costas iomlán an tionscadail:* | € | € |

**45** **Foinsí Cistíochta** *(Luaitear mionsonraí, maille le doiciméadacht tacaíochta, i ndáil le gach foinse cistíochta maidir leis an tionscadal. Úsáidtear bileog ar leith más gá sin.)*

| Foinsí Cistíochta | Luach € | % den chostas foriomlán |
|---|---|---|
| Clár LEADER | | |

<table>
<tr><td rowspan="8"></td><td colspan="2">Maoin arna bronnadh (de réir mar is cuí)</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Obair dheonach (de réir mar is cuí)</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td rowspan="2">Acmhainní dár gcuid féin:</td><td>Airgead tirim / i gcuntas</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Iasacht / iasacht idirlinne</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Cistí Poiblí eile seachas foinsí AE, e.g. Údarás Áitiúil, Fáilte Éireann, etc. (Tugtar liosta na bhfoinsí agus luach na gcistí ó gach foinse faoi seach)</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Costas iomlán an tionscadail:</td><td>€</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Dearbhaítear le do thoil an céatadán iomlán ó na foinsí go léir a bheidh á fháil ag an tionscadal a bheidh ina ar chistíocht phoiblí. (Braitheann an próiseas soláthair ar an gcéatadán a fhaightear)</td><td>%</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td rowspan="13">46</td><td colspan="4">Cistíocht phoiblí roimhe seo</td></tr>
<tr><td colspan="2">An bhfuair tusa, an eagraíocht nó aon fhiontar ceangailte cistíocht phoiblí i ndáil leis an tionscadal seo cheana?</td><td>FUAIR</td><td>NÍ BHFUAIR</td></tr>
<tr><td colspan="2">An bhfuair tusa, an eagraíocht nó aon fhiontar ceangailte cistíocht i ndáil le haon tionscadal eile ó fhoinsí poiblí le trí bliana anuas?</td><td>FUAIR</td><td>NÍ BHFUAIR</td></tr>
<tr><td colspan="4">Más ‘Fuair’ an freagra ar cheachtar de na ceisteanna thuas, líontar isteach an tábla seo a leanas le do thoil:</td></tr>
<tr><td>Ainm an Tionscadail</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Uimh. Thag. an Tionscadail</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>An Clár a ndearnadh iarratas ina leith</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>An Eagraíocht Cistíochta*</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Méid a ceadaíodh/fuarthas</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Dáta Ceadaithe</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Dáta(í) a bhfuarthas na cistí</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td colspan="4">* e.g. Cláir Eorpacha, an Chomhairle Contae, Bord Fiontar Contae, Fáilte Éireann, Eagraíocht Réigiúnach Turasóireachta, an Crannchur Náisiúnta, Bord Bia, an RCS/Solas/Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Teagasc, an Chomhairle Oidhreachta, Gníomhaireachtaí eile Leathstáit, Ranna Rialtais, Cuideachta Forbartha Áitiúil.<br><br>Ní mór don iarratasóir ráiteas/deimhniú ón (ó na) (h)eagraíocht(aí) cistíochta a chur i gceangal leis an iarratas ina luaitear:<br>• dearbhú maidir le stádas Cúnamh Stáit / De Minimis aon chistíocht a ceadaíodh le linn an tréimhse fioscach trí bliana<br>• an t-ainm atá ar an scéim / clár cistíochta<br>• an tsuim a ceadaíodh<br>• an dáta ar ar ceadaíodh an chistíocht</td></tr>
</table>

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **47** | **An bhfuair eagraíocht eile, seachas an t-iarratasóir, cistíocht phoiblí i ndáil leis an tionscadal seo cheana?** | | FUAIR | NÍ BHFUAIR |
| | *Más 'Fuair' an freagra ar an gceist thuas, líontar isteach an tábla seo a leanas le do thoil:* | | | |
| | Ainm na hEagraíochta | | | |
| | Ainm an Tionscadail | | | |
| | Uimh. Thag. an Tionscadail | | | |
| | An Clár a ndearnadh iarratas ina leith | | | |
| | An Eagraíocht Cistíochta* | | | |
| | Méid a ceadaíodh/fuarthas | | | |
| | Dáta Ceadaithe | | | |
| | Dáta(í) a bhfuarthas na cistí | | | |
| | * *e.g. Cláir Eorpacha, an Chomhairle Contae, Bord Fiontar Contae, Fáilte Éireann, Eagraíocht Réigiúnach Turasóireachta, an Crannchur Náisiúnta, Bord Bia, an RCS/Solas/Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Teagasc, an Chomhairle Oidhreachta, Gníomhaireachtaí eile Leathstáit, Ranna Rialtais, Cuideachta Forbartha Áitiúil.* | | | |
| **48** | **Ar chuir tusa, an eagraíocht nó aon fhiontar ceangailte isteach ar chistíocht phoiblí ó fhoinse eile i ndáil leis an tionscadal seo?** | | CHUIR | NÍOR CHUIR |
| | *Más 'Chuir' an freagra ar an gceist thuas, líontar isteach an tábla seo a leanas le do thoil:* *(Má tharlaíonn go gceadaítear cistíocht i ndáil le hiarratas(iarratais) a liostaítear thíos, ní foláir duit sonraí a chur ar fáil don Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta laistigh de 10 lá oibre ó cheadaítear an chistíocht)* | | | |
| | An Eagraíocht Cistíochta* | | | |
| | An Clár a ndearnadh iarratas ina leith | | | |
| | Dáta an iarratais | | | |
| | Uimh. thag. an tionscadail *(má bhaineann le hábhar)* | | | |
| | An tsuim a hiarradh | | | |
| | Cur síos ar an mír/beart a bhfuil cistíocht á iarraidh ina leith | | | |
| | Dáta ceadaithe *(mura bhfuil sin tarlaithe go fóill, luaitear an dáta measta maidir le cinneadh a thabhairt)* | | | |
| | * *e.g. Cláir Eorpacha, an Chomhairle Contae, Bord Fiontar Contae, Fáilte Éireann, Eagraíocht Réigiúnach Turasóireachta, an Crannchur Náisiúnta, Bord Bia, an RCS/Solas/Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Teagasc, an Chomhairle Oidhreachta, Gníomhaireachtaí eile Leathstáit, Ranna Rialtais, Cuideachta Forbartha Áitiúil.* | | | |
| **49** | **Ar tharla riamh breith maidir le dearbhú bréige a thabhairt i do leith féin, i leith na heagraíochta nó i leith aon fhiontar ceangailte, maidir le tionscadal faoin gclár 2014-2022 LEADER?** | | THARLA | NÍOR THARLA |
| | *Má tharla, tugtar mionsonraí ina leith maille le tagairt don tionscadal:* | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **50** | **An bhfuil aon fhiacha ortsa nó ar an eagraíocht maidir le cistíocht LEADER roimhe seo?** | TÁ | NÍL |
| | Má tá, an bhfuil comhaontú aisíoca ar bun agus an bhfuil tusa/an eagraíocht ag obair go gníomhach ar na fiacha sin a aisíoc? | TÁ | NÍL |

## ROINN I: DEIMHNIÚCHÁIN AGUS DEARBHUITHE

| | |
|---|---|
| **A** | **DEARBHÚ MAIDIR LE FÉINÁRACHAS AGUS/NÓ ÁRACHAS DLITEANAIS PHOIBLÍ**<br><br>Ní mór don iarratasóir a dhearbhú go bhfuil glactha le socruithe féinárachais agus/nó árachais dliteanais phoiblí, go bhfuil feidhm leo agus go gcoinneofar i bhfeidhm iad ar feadh phróiseas chur i bhfeidhm an tionscadail agus go ceann tréimhse seasmhachta 5 bhliana. Ní mór, ina leith sin, don iarratasóir a dhearbhú go bhfuil Aguisín B leis an bhfoirm iarratais léite agus tuigthe acu. |
| **B** | **DEARBHÚ MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ AGUS AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE 2014**<br><br>Ní mór don iarratasóir a dhearbhú go bhfuil glacadh le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus um Shaoráil Faisnéise i ndáil leis an iarratas ar chistíocht faoin gClár LEADER 2023 – 2027.<br><br>Déantar tagairt freisin le do thoil d'Aguisín C atá i gceangal leis an bhFoirm Iarratais seo. Ní mór, ina leith sin, don iarratasóir a dhearbhú go bhfuil Aguisín C leis an bhfoirm iarratais léite agus tuigthe acu. |
| **C** | **DEARBHÚ MAIDIR LE CRUINNEAS NA FAISNÉISE A THUGTAR**<br><br>• Dearbhaíonn an t-iarratasóir go n-aontaítear le Rialacha Feidhmiúcháin LEADER 2023 – 2027 a bheith ina cheangal orthu faoi mar is cuí i ndáil le Plean Straitéise na hÉireann i ndáil leis an gComhbheartas Talmhaíochta.<br>• Dearbhaíonn an t-iarratasóir go bhfuil na sonraí a chuirtear ar fáil leis an iarratas seo fíor cruinn agus aontaítear go dtiocfadh de thoradh ar aon ráiteas bréagach nó míthreorach, nó ar fhaisnéis a choimeád siar, go gcuirfí an tionscadal ábhartha as an áireamh maidir le cúnamh LEADER a fháil agus go ndéanfar suimeanna ar bith a íocadh a aisghabháil. Cuirfear an t-iarratasóir as an áireamh maidir le haon chúnamh eile ó LEADER a fháil i rith an bhliain CETFT lena mbaineann agus i rith na bliana dár gcionn.<br>• Dearbhaíonn an t-iarratasóir go dtuigtear dóibh, sa chás go gceadaítear agus/nó go n-íoctar deontas i gcabhair i leith an tionscadail, go bhféadfadh go dtarlódh sonraí maidir leis an tairbhí agus an tionscadal a fhoilsiú chomh maith le hainm an chonraitheora sa chás go mbíonn soláthar poiblí i gceist.<br>• Déanann an t-iarratasóir leis seo a iarraidh go gcuirtear cabhair deontais ar fáil i ndáil leis an tionscadal mar atá leagtha amach agus dearbhaíonn an t-iarratasóir, sa chás go n-íoctar airgead deontais, gur chun na críche dá gceadaítear é amháin an deontas sin. |
| **D** | **COMHDHEARBHÚ MAIDIR LE hAONTÚ LEIS NA DEIMHNIÚCHÁIN AGUS MAIDIR LEIS AN SÍNIÚCHÁN (NA SÍNIÚCHÁIN) LEIS AN IARRATAS**<br><br>Dearbhaím/Dearbhaímid*, ________________________________________ gur léigh agus gur thuig mé/muid a bhfuil sna trí cinn de dheimhniúcháin a leagtar amach thuas i ndáil le: |

- DEARBHÚ MAIDIR LE FÉINÁRACHAS AGUS/NÓ ÁRACHAS DLITEANAIS PHOIBLÍ
- NA hACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ AGUS UM SHAORÁIL FAISNÉISE
- DEARBHÚ MAIDIR LE CRUINNEAS NA FAISNÉISE A THUGTAR

Tuigtear chomh maith go bhféadfadh a theacht de thoradh ar aon dearbhú bréagach a d'fhágfadh go sáraítear an tairseach €300,000 maidir le Cúnamh Stáit / De Minimis go ndéanfaí an cúnamh sin a aisghabháil maille le hús.

Dearbhaítear leis an síniúchán (na síniúcháin) thíos an t-iarratas foirmeálta seo uaim / uainn agus cruinneas na faisnéise a thugtar ar an bhfoirm iarratais seo maidir le cabhair deontais faoin gClár LEADER 2023 – 2027.

| | |
|---|---|
| Síniúchán<br>*(iarratasóir / Cathaoirleach cuideachta*)* | |
| Ainm<br>*(Bloclitreacha)* | |
| Post / cáil | |
| Dáta | |
| Síniúchán<br>*(An dara Stiúrthóir más cuideachta)* | |
| Ainm<br>*(Bloclitreacha)* | |
| Post / cáil | |
| Dáta | |

**Más Cuideachta, is ceart don Chathaoirleach agus do stiúrthóir eile an t-iarratas a shíniú.*

*Beidh roinnt den fhaisnéis a chuirtear ar fáil, nó iomlán na faisnéise, á choimeád ar ríomhaire. Beidh an fhaisnéis sin in úsáid maidir leis an obair riaracháin i leith na n-iarratas agus le tuairisceáin monatóireachta a chur ar fáil. Is féidir le GÁG faisnéis a mhalartú lena chéile agus le ranna / gníomhaireachtaí rialtais d'fhonn a chur ar a gcumas iarratais chalaoiseacha a chosc nó coiriúlacht a thabhairt chun aire agus comhordú a dhéanamh maidir leis an bpróiseáil ar iarratais a thagann lena chéile.*

## AGUISÍN A - Seicliosta den eolas atá ag teastáil

Ní dhéanfar Deontas a Fhaomhadh gan measúnacht a bheith déanta ar na doiciméid chuí go léir a bhaineann le do thionscadal

### Eolas Riachtanach *(Ní dhéanfar iarratais a mheas mura bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh)*

| | |
|---|---|
| An líon cuí de Mheastacháin / Tairiscintí bunaithe ar Chostais an Tionscadail agus Stádas an Tionscnóra | |
| Cóip de Chuntais Iniúchta Iomlána / Ráitis Airgeadais / Cuntais Bhainistíochta / Cuntais Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh 3 bliana. | |
| Cóip de na Ráitis Bhainc Reatha (3 mhí ar a laghad) do na cuntais go léir atá i gceist | |

### Cuir na míreanna seo a leanas faoi iamh de réir mar is cuí *(ba cheart na riachtanais a phlé leis an Oifigeach Forbartha)*

| | |
|---|---|
| Cead Pleanála & Coinníollacha | |
| Fógra Díolúine ó Chead Pleanála | |
| Toilithe agus Ceaduithe Oidhreachta *(féach Treoirlínte 2023-2027 LEADER maidir le tionscadail a Dhéanann Difear don Oidhreacht)* | |
| Ceaduithe Reachtúla e.g. Sábháilteacht ó Dhóiteán | |
| Plean Gnó / Plean Forbartha (5 bl.) | |
| Plean Margaíochta | |
| Cruthúnas maidir le Teideal * | |
| Cruthúnas maidir le Léasacht * | |
| Luacháil Dheimhnithe ar thalamh/maoin a bhí bronnta | |
| Doiciméid Rialaithe Ábhartha | |
| Deimhniú i scríbhinn ar stádas CBL ó na Coimisinéirí Ioncaim | |
| Fianaise ar mhaoiniú idirlinne / ar mhaoiniú meaitseála *(má tá sé ar fáil)* | |
| Polasaí um Úsáid Chóir / Straitéis Chuimsithe *(Grúpaí Pobail)* | |
| Téarmaí Tagartha *(i gcás Tionscadail A&D, Tionscadail Spreagúlachta nó Oiliúna)* | |
| Costais saothair dheonacha / luacháil & sceideal | |
| Ráiteas /Ráitis / Dearbhú/ Dearbhuithe ó chomhlachtaí maoinithe poiblí maidir le Státchabhair / De Minimis | |
| Táscairí Feidhmíochta | |
| Sceideal na gComhaltaí | |

** Caithfear cruthúnas ar theideal nó ar léasacht a fháil maidir le tionscadail chaipitil a bhaineann le talamh, m.sh. láithreáin ar a bhfuil foirgnimh á dtogáil nó á n-athchóiriú, daingneáin, bealaí tráchta, etc. Caithfidh aon léas a chuirtear ar fáil:*

- *a bheith sínithe ag an léasóir agus ag té atá ag cur an tionscadail chun cinn*
- *a bheith dearbhaithe go cuí (aturnae)*
- *léarscáil a bheith ag gabháil leis ag taispeáint na talún*
- *téarma an léasa a shonrú (tréimhse cúig bliana ar a laghad ón dáta deiridh ar íocadh an té atá ag cur an tionscnaimh chun cinn nó ar feadh téarma nach lú ná téarma an chonartha, pé ceann acu is faide).*

*Sa chás nach féidir leis an tionscnóir cruthúnas ar léas nó ar theidil a fháil, is leor doiciméid i scríbhinn lena ndeimhnítear go bhfuil an t-údarás ag an tionscnóir na gníomhaíochtaí ábhartha a dhéanamh (ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad tar éis cúnamh*

*deontais a bheith íoctha). Is gá go ndearbhódh aturnae an cháipéisíocht seo agus caithfidh sé a bheith sínithe ag duine nó comhlacht atá aitheanta mar dhuine nó comhlacht atá i bhfeighil na réadmhaoine. Ní féidir an doiciméad seo a úsáid mar ranníocaíocht chomhchineáil. Má bhaineann comhaontú le tréimhse níos lú ná cúig bliana, measfar nach bhfuil an tionscadal incháilithe le haghaidh cistiúcháin.*

***Cuir isteach aon cháipéisíocht ábhartha eile a thacaíonn le d'iarratas ar chúnamh deontais***

## AGUISÍN B – Árachas agus Slánaíocht

Glacann tionscnóir an tionscadail (dá ngairtear 'an Tionscnóir' feasta) leis agus deimhníonn sé go bhfuil Aire na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, ***(cuir isteach ainm GÁG nó ainm(neacha) páirtí slánaithe eile)*** an t-am ar fad agus i ngach cás slánaithe ó agus i gcoinne gach caingean, imeacht, costas, damáiste, caiteachas, ceart, éileamh, agus dliteanas (ach amháin sa chás gur eascair sé as faillí nó loiceadh mór de chuid na bpáirtithe thuasluaite) a tharlaíonn ar bhealach ar bith go díreach nó go hindíreach mar gheall ar:

a. Aon ghníomh, loiceadh, neamhghníomh, nó faillí de chuid an Tionscnóra, a sheirbhísigh nó a ghníomhairí, nó aon duine a bheadh i nó ar limistéar nó foirgneamh an tionscadail le cead an tionscnóra nó le cuireadh ón tionscnóir;
b. Aon ghníomh, loiceadh, neamhghníomh nó faillí de chuid an Tionscnóra, a sheirbhíseach nó a ghníomhairí (nó aon daoine le cead nó cuireadh an Tionscnóra) i nó ar limistéir eile atá cóngarach nó gar do limistéar nó d’fhoirgneamh an tionscadail a bhféadfadh cearta rochtana nó úsáide a bheith ag an tionscnóir ina leith;
c. An Úsáid atá Ceadaithe; agus
d. Aon sárú a dhéanfadh ag an Tionscnóir ar a chuid oibleagáidí, a ghnóthais, na coinníollacha nó forálacha eile atá sa chonradh nó faoi réir Rialacha Oibriúcháin LEADER 2023 – 2027 le haghaidh Plean Straitéiseach CBT na hÉireann.

Deimhníonn an Tionscnóir an fhreagracht agus an dualgas atá air árachas dliteanais phoiblí nó árachas eile a chur i bhfeidhm agus a choinneáil i bhfeidhm de réir mar is gá ar an tionscadal a bhfuil cúnamh deontais LEADER á lorg ina leith.

Tabharfaidh an Tionscnóir fógra don Aire láithreach má thagann sé ar eolas faoi aon rud a tharlódh a d'fhéadfadh cur isteach ar aon pholasaí árachais a bhaineann leis an tionscadal, lena shócmhainní, lena fhoirgnimh nó le haon rud eile atá faoi réir árachais.

Más rud é, ag aon am, go mbeidh an Tionscnóir i dteideal sochair ó aon árachas ar fhoirgnimh an tionscadail nó ar a réadmhaoin (nach ndéantar ná nach gcothabhálfar de bhun aon oibleagáid atá sna himeachtaí seo) go mbainfidh sé úsáid as airgead go léir a fhaightear de bharr an árachais chun an caillteanas nó an damáiste a raibh sé faighte ina leith a chur ina cheart.

Tabharfar fógra scríbhinn don Aire, don GÁG de réir mar is cuí, faoi aon damáiste, is cuma cén chúis a bhí leis, d'fhoirgnimh nó do sócmhainní an tionscadail, chomh luath agus a bheith sé ar an eolas faoina leithéid.

Méid aon airgid árachais i leith an damáiste do na háitribh tionscadail nó do na sócmhainní tionscadail nach féidir a ghnóthú mar gheall ar aon ghníomh, mainneachtain, neamhghníomh nó faillí de chuid an Tionscnóra, a sheirbhísigh, a ghníomhairí, a thionscnóirí nó a lorgaí a íoc leis an Aire, leis an nGÁG, de réir mar is cuí.

Má bhíonn aon uair le linn na tréimhse marthanachta 5 bliana, damáiste nó scrios déanta d’fhoirgnimh an tionscadail nó d'aon chuid de ag aon cheann de na Rioscaí Árachaithe agus murar féidir an t-airgead a bhí faighte faoin bpolasaí árachais a fháil ar ais ina iomláine nó cuid de a fháil ar ais mar gheall ar aon ghníomh nó loiceadh de chuid an Tionscnóra nó duine i bhfoirgneamh an tionscadail nó trí impleacht le húdarás an Tionscnóra seachas an tAire, GÁG, de réir mar is cuí, seirbhísigh, gníomhairí, fostaithe nó fir oibre, láithreach in aon chás den chineál (bunaithe ar rogha an Aire, an GÁG, de réir mar is cuí):

a. Cuid den réadmhaoin nó de na foirgnimh atá san áitreabh nó sna déanmhais faoi réir iarratais ar chúnamh deontais a athfhoirgniú agus a athshuíomh ar a chostas féin agus faoi mhaoirseacht an GÁG, de réir mar is cuí, agus faoi mhaoirseacht an tsuirbhéara, agus an méid (más ann) a fuarthas iarbhír i leith an damáiste nó an díthithe sin faoi aon árachas mar a dúradh á lamháil don tionscnóir i leith na gcaiteachas a bhaineann leis sin a dhéanamh ar an atógáil agus an t-athshuíomh sin a bheith críochnaithe; nó
b. Méid an airgid árachais sin nach féidir a fháil ar ais a íoc leis an GÁG, de réir mar is cuí, ar éileamh, le hús ag an Ráta Forordaithe (3%), ón dáta a gcuirfidh a árachóirí in iúl don Tionscnóir nach féidir an t-airgead sin a fháil ar ais, cibé cé acu is saoire don Tionscnóir.

# Aguisín C - Fógra um Chosaint Sonraí

**Cuid A: Eolas a bhaineann le hiarratais ar chlár LEADER**

**Eolas agus Cosaint Sonraí**

Baineann an t-eolas seo a leanas le próiseáil sonraí pearsanta faoin gclár LEADER. Leagtar amach anseo na bealaí ina ndéanann RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta/Ainm GÁG** sonraí pearsanta a bhailiú, a stóráil agus a úsáid. Féadfar sonraí den chineál sin a fháil go díreach ó ábhair sonraí, ó ghníomhairí údaraithe atá ag gníomhú thar a gceann nó go hindíreach ó thríú páirtithe i gcás ina bhfuil bunús dlí ann chun é sin a dhéanamh.

Féadfar cearta na n-ábhar sonraí a fheidhmiú de bhun na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Is féidir tuilleadh eolais maidir le cosaint sonraí a fháil ar shuíomh gréasáin na Roinne:

https://www.gov.ie/en/organisation-information/0d4338-data-protection/

1. Tá an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) agus **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG** tiomanta go hiomlán do do phríobháideachas a chosaint agus a urramú de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 agus úsáideann sé bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí chun do chuid faisnéise a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe.

2. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a roinnt le ranna, gníomhaireachtaí nó comhlachtaí poiblí eile ach amháin i gcúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear dó sin sa dlí. Tá trédhearcacht agus oscailteacht in úsáid sonraí pearsanta atá á gcoinneáil tábhachtach do RFTP agus do **Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG**, dá bhrí sin, tá sé mar aidhm againn ár gcustaiméirí go léir a chur ar an eolas go hiomlán faoin gcuspóir/na cuspóirí faoina n-úsáidfear a gcuid sonraí agus, an cás ina bhféadfar é a roinnt in áit eile agus an fáth agus cé chomh fada agus is féidir le RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG** a gcuid sonraí a choinneáil.

3. Is é an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 agus na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (AE 2016/679) an reachtaíocht reatha maidir le Cosaint Sonraí in Éirinn.

4. Is é RFTP féin, mar eintiteas dlíthiúil, an Rialaitheoir Sonraí chun na sonraí pearsanta go léir a bhailiú agus a phróiseáil do chlár LEADER 2023 – 2027. Is é Próiseálaí Sonraí na sonraí pearsanta go léir maidir leis an iarratas seo ná **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG.**

5. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag: Dataprotectionunit@drcd.gov.ie , nó tríd an bpost ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Pointe na Tríonóide, 10-11 Sráid Laighean Theas, D02 EF85.

6. Ní úsáidfear sonraí pearsanta a phróiseálann RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG** ach amháin don chuspóir/do na cuspóirí sonracha mar a leagtar síos iad nuair a bhailítear na sonraí, nó i gcumarsáid níos déanaí, agus ní úsáidfear iad ach amháin i gcomhréir leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí atá i bhfeidhm. D'fhéadfadh go n-iarrfadh RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG t**uilleadh eolais chun soiléiriú a fháil ar ghnéithe de do thogra.

7. Cearta an duine aonair maidir le sonraí pearsanta atá i seilbh RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG**: Nuair a chuireann tú, mar chustaiméir, sonraí pearsanta ar fáil don RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG** tá cearta áirithe agat maidir leis na sonraí sin. Tá na cearta seo leagtha amach thíos agus is féidir iad a fheidhmiú trí theagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí, mar atá sonraithe thuas, ag cur in iúl cén ceart/na cearta is mian leat a fheidhmiú: Tá na cearta seo a leanas ag custaiméirí RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG:**

- eolas faoin gcaoi a bpróiseáiltear sonraí;
- rochtain ar a gcuid sonraí féin;
- a gcuid sonraí a cheartú;
- a gcuid sonraí a scrios;
- a chinntiú go dtabharfar fógra do thríú páirtithe maidir le sonraí pearsanta a beith ceartaithe nó scriosta;
- an ceart gearán a chur isteach chuig an Údarás Maoirseachta;
- próiseáil a shrianadh;
- iniomparthacht sonraí;
- cur i gcoinne phróiseáil sonraí pearsanta;
- toiliú a bhí tugtha acu roimhe sin i ndáil lena sonraí pearsanta a phróiseáil a tharraingt siar;
- cur i gcoinne, go sonrach, a sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ar mhaithe le margaíocht dhíreach;
- gan bheith faoi réir cinnteoireacht nach bhfuil siad ar aon eolas ina dtaobh;
- gan bheith faoi réir próifíliú.

**Cuid B – Eolas a bhaineann go sonrach leis na sonraí pearsanta atá á mbailiú**

*Is eolas shonrach atá sna sonraí seo a leanas maidir leis na sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun iarratas a chur isteach faoi LEADER.*

8. **Cuspóir sonraithe**: Bíonn na sonraí pearsanta a iarrtar ar iarratasóirí a chur ar fáil, nó a chuir iarratasóirí ar fáil roimhe seo, ag teastáil ionas gur féidir iarratas a dhéanamh le bheith páirteach sa chlár seo. Mura gcuirtear ar fáil na sonraí pearsanta ar fad a theastaíonn chun gur féidir an t-iarratas seo a próiseáil faoin gclár seo, ní bheidh RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG** in ann an t-iarratas a phróiseáil a thuilleadh. Mura gcuirtear faisnéis áirithe ar fáil a theastaíonn faoi théarmaí agus coinníollacha an chláir seo, d'fhéadfadh sé go gcaithfí airgead a íocadh cheana féin faoin gclár seo a aisíoc.

   Is é an cuspóir atá le sonraí pearsanta a phróiseáil, ná, i measc nithe eile, sonraí a fháil ó iarratasóirí, anailís a dhéanamh orthu agus iad a phróiseáil. Cumarsáid a dhéanamh le hiarratasóirí agus/nó lena ngníomhairí údaraithe agus, má bhaineann le hábhar, le tríú páirtithe údaraithe eile. Sonraí na rannpháirtithe atá faofa a fháil agus a phróiseáil ina dhiaidh sin chun a n-iarratais a chomhlíonadh agus íocaíochtaí a dhéanamh leo.

9. **Bunús dlí**: Foráiltear le hAirteagal 6(1)(c) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) sonraí pearsanta a phróiseáil nuair is gá sin a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh; déantar foráil in Airteagal 6(1)(e) maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil i gcás inar gá sin a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích atá ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir.

   Cuirtear clár LEADER chun feidhme de bhun Rialacháin CBT an AE, lena n-áirítear Rialacháin (AE) 2021/2115 agus 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chomh maith le reachtaíocht thánaisteach ábhartha, Plean Straitéiseach CBT na hÉireann, Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus a Measúnacht Chuí agus tá sé á fheidhmiú ag **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG** a bhfuil baint aige le seachadadh an chláir LEADER. Le hAirteagal 151(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 agus le hAirteagal 101 de Rialachán (AE) 2021/2116 (Sonraí Pearsanta a Phróiseáil agus a Chosaint), cuirtear oibleagáid dhlíthiúil ar na Ballstáit sonraí pearsanta a bhailiú chun cur chun feidhme an Phlean Straitéisigh faoi CBT a éascú.

10. **Faighteoirí**: Nuair a chuireann tú iarratas isteach ar mhaoiniú faoi chlár LEADER, cuirfear do shonraí pearsanta ar fáil do RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG** agus d'fhéadfadh sé freisin go mbeidís á lorg ag agus á gcur fáil do Ranna/Gníomhaireachtaí/Údaráis Áitiúla/páirtithe ar conradh, lena n-áirítear ach gan a bheith

teoranta dóibh siúd atá liostaithe thíos ach ní dhéanfar amhlaidh ach amháin sa chás go bhfuil bunús bailí dlí ann chun é sin a dhéanamh. Is féidir sonraí anaithnidithe a roinnt idir comhlachtaí poiblí freisin chun tacú le cuspóirí an rialtais a bhaint amach.

I gcás inarb iomchuí, cuirfear Comhaontú Comhroinnte Sonraí i bhfeidhm. Is é is cuspóir don chomhroinnt sonraí sin, i measc nithe eile, comhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear ar na Ballstáit agus cuspóirí an Phlean Straitéisigh CBT (PSC) a éascú. Chomh maith leis sin, is féidir sonraí pearsanta a scaoileadh de réir mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht ábhartha um Chosaint Sonraí agus leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Tríd an bhfoirm iarratais seo a shíniú, glacann an t-iarratasóir tionscadail leis gur féidir an t-eolas atá san fhoirm iarratais seo, na doiciméid a ghabhann leis agus na doiciméid eile ar fad a chuirtear isteach uile ina dhiaidh sin maidir leis an iarratas seo ar dheontas, a chur ar fáil don RFTP, don **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG** agus do na heagraíochtaí seo atá liostaithe thíos:

- **Cuir isteach** Coiste Forbartha Áitiúil agus Pobail an Chontae;
- **Cuir isteach ainm na cathrach** Comhairle Cathrach & Contae;
- **Ainm** Choiste Meastóireachta **GÁG**
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (lena n-áirítear sonraí an deontais a bhí faighte a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an RTBM;
- Pobal;
- Coimisiún an AE agus Cúirt Iniúchóirí an AE;
- An tArd-Reachtaire Agus An tArd-Iniúchóir agus aon Roinn nó Gníomhaireacht Rialtais eile;
- An Comhlacht Creidiúnaithe.

Ach ní dhéanfar é ach amháin sa chás go bhfuil bunús bailí dlí ann chun é sin a dhéanamh. Is é cuspóir na comhroinnte sonraí sin chun críocha próiseála, iniúchta, meastóireachta, rialuithe a bhaineann leis an reachtaíocht atá mar bhonn taca faoi gach beart Forbartha Tuaithe, mar a cheanglaítear le Rialacháin an Aontais maidir le CBT, lena n-áirítear Rialacháin (AE) 2021/2115 chomh maith le reachtaíocht thánaisteach ábhartha. Is é is cuspóir don chomhroinnt sonraí sin críocha próiseála, iniúchóireachta, meastóireachta, rialuithe a bhaineann leis an reachtaíocht atá mar bhonn taca faoi gach beart Forbartha Tuaithe, mar a cheanglaítear le Rialacháin AE CBT, lena n-áirítear Rialacháin (AE) 2021/2115 chomh maith le reachtaíocht thánaisteach ábhartha. Airteagal 151(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 agus Airteagal 101 de Rialachán (AE) 2021/2116. Ní scaoilfidh RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta/Ainm GÁG** aon fhaisnéis a fhaightear mar chuid den iarratas seo ach amháin de réir mar is gá de réir an dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Tríd an bhfoirm iarratais seo a shíniú, glacann an t-iarratasóir tionscadail leis freisin gur féidir an fhaisnéis atá san fhoirm iarratais seo a bhailíochtú maidir le riachtanais airgeadais nó riachtanais chomhlíonta (e.g. Rialacháin maidir le Státchabhair - Rialachán (AE) Uimh., Rialachán de Minimis Talmhaíochta - Rialachán (AE) Uimh. agus gur féidir leis an b**Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG** iad a bhailíochtú le tríú páirtithe ábhartha. Aithnítear na forais seo a leanas mar bhunús dlí: Tá gá le próiseáil Airteagal 6(1) (c) agus (e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) chun cúram a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chur i gcrích nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir.

Féadfar sonraí pearsanta a úsáid i gcúinsí áirithe chun críocha staidrimh, taighde agus anailíse, i measc nithe eile, ach ní dhéanfar amhlaidh ach amháin i gcomhréir leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus na bearta reachtacha faoi PSC. Déanfar sonraí a úsáidtear chun críocha den sórt sin a choinneáil faoi ainm bréige nó a bheith anaithnidithe, de réir mar is cuí, d'fhonn slándáil agus rúndacht na sonraí a chosaint. D'fhéadfadh na sonraí a d'úsáidfí ar an mbealach seo cuidiú leis an RFTP bonn eolais a chur faoi chinntí beartais amach anseo.

Tá dualgas ar an iarratasóir fógra a thabhairt don **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG** maidir le haon ábhair rúnda a chuireann sé ar fáil chun tacú lena iarratas ar mhaoiniú, toisc go mbeidh gach ábhar agus faisnéis a chuirfear ar fáil, lena n-áirítear an fhoirm iarratais seo, faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Áirítear leis seo faisnéis a chuirtear ar fáil ina fhoirm iarratais ar mhaoiniú agus faisnéis a sholáthraíonn sé tar éis don iarratas a bheith déanta.

Mar chuid den chlár seo, má ghlactar leat sa chlár, féadfaidh an RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG** nó gníomhairí ábhartha atá ag gníomhú thar a cheann a iarraidh ort sonraí a sholáthar maidir le do rannpháirtíocht sa chlár seo, agus cigireachtaí/measúnuithe ar an láthair a éascú, i gcás inar gá chun críocha measúnaithe, fíoraithe, meastóireachta nó taighde mar a fhoráiltear faoi Rialacháin PSC (e.g., Rialachán AE 2021/2115 agus Rialachán AE 2021/2116). Mura gcuireann tú faisnéis den chineál sin ar fáil d'fhéadfadh sé d'iarratas a chur ó bhail/a chealú.

11. **Tréimhse Choinneála**: Ní choinneoidh **RFTP, Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta/ Ainm GÁG** sonraí pearsanta a bhaineann le hiarratas faoin gclár seo ach chomh fada agus is gá i gcomhréir leis an gcuspóir faoinar bailíodh é. Ina dhiaidh sin, déanfar é a mharcáil lena scriosadh agus scriosfar é nó cuirfear ar ceal é de réir treoirlínte inmheánacha nó treoirlínte maidir le scriosadh a bheidh faighte ó Oifig na Cartlainne Náisiúnta nó ceadanna ar aon dul leo a bheith faighte uathu.

12. **Is oibleagáid reachtúil nó chonarthach í an tsoláthar sonraí**: Tá na sonraí a sholáthraítear chun na críche sin á n-iarraidh faoi cheanglais Rialacháin CBT (AE) 2021/2115, 2021/2116 lena n-áirítear reachtaíocht thánaisteach ábhartha, chomh maith le Plean Straitéiseach CBT, a Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil, agus a Mheasúnú Cuí. Má shocraíonn an t-iarratasóir gan an t-eolas ábhartha atá riachtanach a chur ar fáil, ní fhéadfar a n-iarratas faoin gclár seo a phróiseáil a thuilleadh.

13. I gcomhréir le hAirteagal 151(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 agus le hAirteagal 98 de Rialachán (AE) 2021/2116, foilsítear mionsonraí na dtairbhithe uile a fhaigheann chistiú CBT, idir dhaoine nádúrtha agus eintitis dhlíthiúla. Tá liosta de na mionsonraí a fhoilseofar le fáil in Airteagal 49(3) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2021/1060. I gcomhréir le hAirteagal 44 de Rialachán AE 2022/128, foilseofar an CBL nó an uimhir thagartha cánach más amhlaidh gur grúpa é an t-iarratasóir, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(11) de Threoir 2013/34/AE.

14. Eolas ó thríú páirtithe: Féadfaidh tríú páirtí sonraí a chur ar fáil do **RFTP**, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG** thar ceann iarratasóra, más féidir a thaispeáint gur thug an t-iarratasóir údarú chun é sin a dhéanamh.

    Ina theannta sin, féadfaidh RFTP, **Páirtnéir Forfheidhmiúcháin/Páirtnéir Spreagúlachta /Ainm GÁG** sonraí a iarraidh agus a fháil sonraí ó thríú páirtithe, ar mhaithe le, i measc nithe eile, comhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear ar na Ballstáit agus cuspóirí an Phlean Straitéisigh faoi CBT (PSC) agus forálacha reachtacha eile a éascú. D'fhéadfadh réimsí amhail bainistíocht, rialú, iniúchóireacht agus comhlíonadh, oibleagáidí faireacháin agus meastóireachta a chumhdach, agus cuspóirí staidrimh a bheith i gceist anseo.

**Faisnéis theicniúil maidir le sonraí fianán:**

Tá faisnéis theicniúil faoi na fianáin a úsáidtear ar shuíomh gréasáin Gov.ie ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.gov.ie/en/help/privacy-policy/?section=cookies

**Le haghaidh úsáid Oifigiúil Amháin – Roghnach, d'fhéadfadh GÁG a shocrú nach gcuirfí an chuid seo san áireamh**

| | |
|---|---|
| **Uimhir Léirithe Spéise:** | |
| **Imeacht Eolais EOI ar freastalaíodh air:** | |
| **Cód an Tionscadail:** | |
| **Ceardlann Oiliúna PF/GÁG ar freastalaíodh uirthi:** | |
| **Cód an Tionscnóra Tionscadail:** | |
| **Dáta a raibh an tIarratas faighte:** | |
| **Oifigeach Forbartha Tionscadail:** | |
| **Seoladh na hOifige:** | |
| **Uimhir Teil:** | |
| **Uimhir fón Shoghluaiste:** | |
| **Ríomhphost:** | |

**Ailíniú leis an Straitéis Forbartha Áitiúil:**
*Léirigh cén Téama, Fo-Théama agus Cuspóir dá dtagraíonn an t-iarratas.*

| | |
|---|---|
| **Téama:** | |
| **Fo-théama:** | |
| **Cuspóir:** | |
| *Tabhair breac-chuntas ar réasúnaíocht don Téama, Fo-théama agus Cuspóir roghnaithe agus tabhair achoimre ar an mBeart Straitéise is fearr a oireann don tionscadal:* | |

### 26.3 Aguisín 3 - Seicliosta na Foirme Iarratais

## Seicliosta na Foirme Iarratais

| | |
|---|---|
| **Ainm an Tionscadail:** | |
| **Uimhir Aitheantais an tionscadail:** | |
| **Seoladh an Tionscadail:** | |
| **Ainm an Tionscnóra:** | |
| **Seoladh an Tionscnóra:** | |

*D'fhonn 'Tá' a thabhairt mar fhreagra ar cheist an tseicliosta Riaracháin,* ***'An bhfuil Seicliosta Foirm Iarratais atá líonta isteach go hiomlán sínithe agus dátaithe ag an GÁG/PF?'****, caithfear féachaint amach do na nithe seo a leanas.*

| | **CEIST** | **TÁ** | **NÍL** | **N/A** |
|---|---|---|---|---|
| **1** | An bhfuil freagra iomlán tugtha ar gach ceist agus an bhfuil an fhoirm sínithe agus dátaithe ag an tionscnóir? | | | |
| **2** | An bhfuil aon leasuithe formhuinithe agus dátaithe ag an PF/GÁG agus ag an tionscnóir tionscadail araon? | | | |
| **3** | An bhfuil sainmhíniú soiléir tugtha san fhoirm iarratais ar an tionscadal, na míreanna caiteachais incháilithe a bhfuil cúnamh deontais á lorg ina leith agus an leibhéal cabhrach atá á lorg? | | | |
| **4** | An raibh an fhoirm iarratais agus na doiciméid tacaíochta stampáilte agus inisealaithe ag an PF/GÁG nuair a bhí siad faighte? | | | |
| **5** | An dtugann ainm an tionscnóra tionscadail léargas ar a dteideal dlíthiúil m.sh. duine aonair, cuideachta, Comhpháirtíocht agus an bhfuil sé ag teacht le doiciméid ar nós ráitis bhainc, taifid na gCoimisinéirí Ioncaim? | | | |
| **6** | Má theastaigh sé ar cuireadh litir stádais CBL ó na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil? | | | |
| **7** | Ar cuireadh ráitis airgeadais le haghaidh na 3 bliana roimhe sin (gnó reatha) nó Cuntais Ioncaim agus Caiteachais (grúpaí pobail / deonacha) agus ráitis bhainc (le 3 mhí anuas ar a laghad) ar fáil? | | | |
| **8** | Oibreacha Caipitil - 1. Ar chuir tionscnóir an tionscadail fianaise ar fáil maidir le teideal / léasacht / comhaontú dlíthiúil agus léarscáil a bhaineann leis? | | | |
| | 2. I gcás comhaontaithe nó léas, ar tugadh cead i bprionsabal go mbeadh gníomhaíochtaí tionscadail ar bun ar feadh 5 bliana ar a laghad ó dháta na híocaíochta deiridh? | | | |
| | 3. Más comhaontú seachas léas atá á úsáid, an bhfuil sé formhuinithe ag aturnae ag tabhairt le fios go bhfuil sé ar chomhluach bailí agus i bhfeidhm ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad ó dháta na híocaíochta deiridh? | | | |
| **9** | Má theastaigh siad, an bhfuil Toilithe / Athbhreithnithe Oidhreachta iniata | | | |
| **10** | Má bhaineann le hábhar, an bhfuil fianaise dhoiciméadach ar dheonú réadmhaoine nó ar ranníocaíocht dheonach, istigh leis an iarratas? | | | |
| *Sa chás gur roghnaíodh 'Níl' nó 'N/A' mar fhreagra ar aon cheann de na nithe thuas, tabhair sonraí / réasúnaíocht:* | | | | |

| **Críochnaithe ag**: | | Dáta: | |
|---|---|---|---|
| Ról/Post: | | Eagraíocht: | |

| **Athbhreithnithe ag:** | | Dáta: | |
|---|---|---|---|
| Ról/Post: | | Eagraíocht: | |

## 26.4 Aguisín 4 - Tuarascáil Measúnaithe Tionscadail

# Tuarascáil Measúnaithe Tionscadail

PLEAN STRAITÉISEACH CBT NA hÉIREANN 2023 – IARRATAS AR DHEONTAS FAOI CHLÁR LEADER 2027

| | |
|---|---|
| **Ainm an Tionscadail** | |
| **Uimhir Aitheantas an tionscadail** | |
| **Suíomh an Tionscadail** | |
| **Tionscnóir an Tionscadail** | |
| **Seoladh an Tionscnóra** | |

D'fhonn 'Tá' a fhreagairt ar cheist an tseicliosta Riaracháin '**An bhfuil Tuarascáil Mheasúnaithe an Oifigigh Forbartha atá comhlánaithe go hiomlán ar chomhad?'**, ní mór **ceisteanna 1 go 21 thíos** a líonadh isteach ina n-iomláine. Ní mór don chomhlacht seiceála riaracháin iad féin a shásamh maidir le cruinneas agus iomláine na faisnéise a chuirtear ar fáil sa tuarascáil measúnaithe agus freagra á thabhairt ar an gceist maidir leis an seicliosta. Caithfidh pearsanra ábhartha ón gComhlacht Seiceála Riaracháin an doiciméad seo a léamh agus a bheith sásta go bhfuil ábhar an doiciméid seo ag cloí le Rialacha Oibriúcháin LEADER 2023 – 2027. Sa chás nach mbaineann ceist ar leith leis an tionscadal atá á athbhreithniú, ní mór nóta tráchta maidir leis sin a chur isteach sa spás a chuirtear ar fáil, ag leagan amach an bonn cirt atá leis an measúnacht sin.

Is ceisteanna roghnacha iad na ceisteanna breise ó Cheist 22 ar aghaidh agus tá siad á gcur ar fáil anseo d'fhonn cuidiú le measúnacht a dhéanamh ar an tionscadal lena chur faoi bhráid an Choiste Meastóireachta. Féadfar ceisteanna malartacha, de rogha an GÁG a chur in ionad na gceisteanna sin. **Ní bheidh na ceisteanna breise seo mar chuid den phróiseas seiceála Riaracháin.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1** | Ráiteas incháilitheachta –An bhfuil tionscnóir an tionscadail incháilithe le haghaidh maoiniú LEADER?<br>*Agus an cinneadh seo á dhéanamh, ba cheart tagairt ar leith a dhéanamh do na ceanglais atá leagtha amach in Alt 6 de Rialacha Oibriúcháin LEADER.* | TÁ | NÍL |
| | Tabhair breac-chuntas ar na seiceálacha a rinneadh chun a dhearbhú nach bhfuil an tionscnóir tionscadail eisiata ó chistiú mar gheall ar neamhchomhlíonadh tromchúiseach, nach bhfuil aon fhiachas reatha nár íocadh atá bainteach le tacaíocht a cuireadh ar fáil faoin gclár seo nó faoi aon chlár LEADER roimhe seo agus má tá fiacha ann deimhnigh go bhfuil plean aisíocaíochta i bhfeidhm: | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2** | An bhfuil an tionscadal incháilithe de réir Rialacha Oibriúcháin LEADER?<br>*Agus an cinneadh seo á dhéanamh, ba cheart tagairt ar leith a dhéanamh do na ceanglais atá leagtha amach in Alt 6 de Rialacha Oibriúcháin LEADER.* | TÁ | NÍL |
| | Déan cur síos ar an tionscadal: | | |
| **3** | An bhfuil an tionscnóir tar éis gach eolas agus gach doiciméad atá riachtanach a chur ar fáil chun an t-iarratas seo ar mhaoiniú a phróiseáil? | TÁ | NÍL |
| | Mura bhfuil, cén:<br>• cháipéisíocht /eolas nár cuireadh ar fáil.<br>• iarracht a bhí déanta an cháipéisíocht /an t-eolas sin a fháil<br>• chúis/ cúiseanna a thug an tionscnóir tionscadail le nár cuireadh an t-eolas / an cháipéisíocht a iarradh ar fáil?<br>Más rud é, tar éis 3 mhí, nach gcuireann tionscnóir an tionscadail an t-eolas /an cháipéisíocht a iarradh ar fáil, ba cheart an tionscadal a chur faoi bhráid an Choiste Meastóireachta lena mheasúnú agus ansin faoi bhráid an Bhoird Seiceála Riaracháin lena bhreithniú. | | |
| **4** | An bhfuil an tionscadal incháilithe faoi Théama, Fo-théama agus Cuspóirí na Straitéise Forbartha Áitiúla? | TÁ | NÍL |
| | Aithin an Téama agus fothéama ábhartha ón Stráitéis Forbartha Áitiúil: | | |
| **5** | Déan cur síos mionsonraithe ar an gcineál tionscadal atá beartaithe lena n-áirítear gnéithe nuálacha a bhaineann leis: | | |
| **6** | Tabhair sainmhíniú ar an gcaiteachas incháilithe, uasteorainn an deontais agus an ráta cabhrach<br>**Costas gach gné den Tionscadal:** | | |

| An Cineál Conartha / Earraí / Mír / Tabhartais / Obair Dheonach | Soláthraí | Costas gan CBL san áireamh (€) | Costas lena n-áirítear CBL (€) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | *Costas iomlán an tionscadail:* | € | € |

**Maoinithe ag:**

| Foinsí maoinithe | | Luach € | % den chostas foriomlán |
|---|---|---|---|
| Clár LEADER | | | |
| Maoin a dheonú *(má bhaineann le hábhar)* | | | |
| Obair dheonach *(má bhaineann le hábhar)* | | | |
| Acmhainní dá chuid féin: | Airgead tirim / airgead i gcuntas | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Iasacht /maoiniú idirlinne | | |
| | Maoiniú Poiblí eile ó Fhoinsí nach mbaineann leis an AE, m.sh. Údarás Áitiúil, Fáilte Éireann, srl. *(Déan liosta de na foinsí agus luach an mhaoinithe atá gach foinse ag cur ar fáil)* | | | |
| | *Costas iomlán an tionscadail:* | | € | |
| **7** | An bhfuil bunús Tráchtála leis an tionscadal? *Más amhlaidh go bhfuil ráta cúnaimh an Phobail* á lorg ag tionscnóir an tionscadail, cláraigh an fhianaise a chuir an tionscnóir isteach chun tacú lena stádas.* **Níl Fiontair Shóisialta incháilithe le haghaidh Ráta Cúnaimh an Phobail.* | | TÁ | NÍL |
| **8** | **Soláthar Poiblí** – Léirigh thíos an próiseas soláthair riachtanach a chaithfear a leanúint maidir leis an iarratas seo. | | | |
| | Catagóir 1 – Treoirlínte Náisiúnta Soláthair | | | |
| | Catagóir 2 – Treoirlínte Soláthair ar leith le haghaidh LEADER | | | |
| | *Tabhair an bunús atá leis an rogha atá déanta thuas:* | | | |
| **9** | **Cistí Meaitseála** | | | |
| | a. An bhfuil na cistí meaitseála atá á gcur chun cinn incháilithe? *Is gá fianaise nár tháinig na cistí meaitseála atá á gcur chun cinn ó chistí eile de chuid an Aontais a sholáthar agus a choinneáil. Teastóidh litir dheimhnithe ó ghníomhaireachta Stáit eile chun an cineál an maoinithe atá i gceist a shainaithint.* | | TÁ | NÍL |
| | b. An bhfuil Cuidiú Comhchineáil i bhfoirm Obair Dheonach mar chuid den iarratas seo? | | TÁ | NÍL |
| | Más 'Tá' an freagra, an bhfuil sceideal comhaontaithe curtha san áireamh ar an gcomhad? | | TÁ | NÍL |
| | c. An bhfuil Cuidiú Comhchineáil i bhfoirm talún mar chuid den iarratas seo? | | TÁ | NÍL |
| | *Dearbhaigh, le do thoil, go bhfuil luacháil an deonacháin talún atá beartaithe deimhnithe ag duine neamhspleách, cáilithe:* | | | |
| | d. Cuidiú Comhchineáil – Tabhair breac-chuntas ar na seiceálacha a rinneadh chun a dheimhniú go bhfuil aon ranníocaíocht a úsáideadh roimhe seo eisiata ón iarratas seo. | | | |
| **10** | **Maoiniú Dúbailte** – An bhfuil maoiniú faighte ag an tionscadal ó aon chomhlacht poiblí eile? | | TÁ | NÍL |
| **11** | **Státchabhair / De Minimis** – An bhfuil measúnacht déanta ar an tionscadal chun a fháil amach an mbaineann sé le gníomhaíocht gheilleagrach? | | TÁ | NÍL |
| | An bhfuil ráiteas (ráitis) / dearbhú(dearbhuithe) ó chomhlachtaí maoinithe curtha ar fáil maidir le haon mhaoiniú Státchabhrach / De Minimis a bronnadh | | TÁ | NÍL |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | laistigh den tréimhse fhioscach trí bliana ar thionscnóir an tionscadail / ar aon fhiontair a bhfuil baint ag tionscnóir an tionscadail leis? | | |
| | An bhfuil an maoiniú a bhí bhronnta, chomh maith leis an maoiniú ó LEADER atá beartaithe, ag cloí leis na tairseacha Státchabhrach / De Minimis? | TÁ | NÍL |
| **12** | **Marbhualach** – Déan do mhachnamh ar an amhlaidh nach rachadh an tionscadal ar aghaidh gan cúnamh deontais – cuir san áireamh an freagra a thug tionscnóir an tionscadail ar cheist Q10 ar an bhfoirm iarratais agus measúnacht an Oifigigh Forbartha Tionscadail féin. | | |
| **13** | **Díláithriú** – Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna a glacadh chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal seo ar fhiontair nó ar ghnólachtaí cosúil leis a oibriú amach. | | |
| **14** | An bhfuil an tionscadal atá á bheartú faoi réir Riachtanais an Tionscadail Oidhreachta mar atá leagtha amach in Alt 8 de Rialacha Oibriúcháin LEADER, agus na Treoirlínte do Thionscadail LEADER 2023-2027 a Théann i bhfeidhm ar an Oidhreacht? | TÁ | NÍL |
| | Más 'TÁ' an freagra, an bhfuil na toilithe agus na formheasanna riachtanacha ar fad faighte agus an bhfuil saineolaí/saineolaithe ainmnithe ceaptha atá oiriúnach don tionscadal? | TÁ | NÍL |
| | *Tabhair breac-chuntas ar aon choinníollacha atá ceangailte mar thoradh ar na toilithe agus na ceaduithe riachtanacha seo a bheith faighte:* | | |
| **15** | **Anailís & Forbairt / Oiliúint** – *Cuir measúnacht ar fáil de Na Téarmaí Tagartha le haghaidh Anailíse & Forbartha nó Tionscadail oiliúna, de réir mar is cuí. Deimhnigh gur léiríodh go soiléir go bhfuil riachtanas follasach ann agus nár tugadh faoin Anailís & Forbairt / Oiliúint ábhartha roimhe seo nó nach cuid é de ghnáthchlár oideachais:* | | |
| **16** | **Scileanna/Oiliúint atá Riachtanach** – An bhfuil na cumais/na scileanna riachtanacha ag tionscnóir an tionscadail chun an tionscadal atá á bheartú a chur i gcrích? | TÁ | NÍL |
| | *Tabhair sonraí faoi ghnó thionscnóir an tionscadail nó faoi thaithí eile atá aige chun tacú le do fhreagra thuas:* | | |
| **17** | Ar an bhfuil plean gnó/plean margaíochta curtha ar fáil chun inmharthanacht a thaispeáint? | TÁ | NÍL |
| | *Tabhair breac-chuntas ar na táscairí feidhmíochta atá beartaithe agus ar na tionchair a bhfuiltear ag súil leo, le haghaidh bearta eacnamaíocha:* | | |
| **18** | **Breisluach** – Cén chaoi a léireofar an breisluach a bhaineann le maoiniú LEADER agus an tionscadal seo á chur i gcrích? | | |
| **19** | **Coinníollacha Saorga** – Ón measúnacht atá déanta acu ar an iarratas ar mhaoiniú don tionscadal seo, an bhfuil an tOifigeach Forbartha sásta nár | TÁ | NÍL |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | cruthaíodh cásanna saorga maidir leis an tionscadal seo chun an chabhair a fháil (Airteagal 62 de Rialachán (AE) Uimh.<br>*i.e. nach bhfuil an tionscadal mar thoradh ar thionscadal a d'fhéadfadh a bheith níos mó a bheith scoilte go saorga chun tairseacha soláthair a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm a sheachaint, nó nár chruthaigh tionscnóir an tionscadail coinníollacha go saorga chun cáiliú do Chúnamh Deontais LEADER nó do ráta níos airde de Chúnamh Deontais LEADER.* | | |
| | *Más 'Níl' an freagra ar an gceist seo, caithfear an chúis atá leis an measúnacht seo a leagan amach agus a chur in iúl don Choiste Meastóireachta agus, ar deireadh, don LAG chun cinneadh a dhéanamh:* | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **20** | Moltaí ón Oifigeach Forbartha: *(cuir tic le ceann amháin)* | | | | | |
| | Ceadaigh: | | Diúltaigh: | | Cuir siar: | |
| | Méid an Deontais atá á Mholadh | € | | | | |
| | Ráta an Chúnaimh (%) | | | | | |
| | Bunús leis an mholadh: | | | | | |
| **21** | Dearbhú ón Oifigeach Forbartha nach bhfuil coimhlint leasa aige/aici sa tionscadal seo. | NÍL COIMHLINT | TÁ COIMHLINT | | | |

Seo thíos ceisteanna roghnacha is féidir a líonadh isteach chun cabhrú leis an tuarascáil a chur faoi bhráid an Choiste Meastóireachta, Is féidir ceisteanna malartacha a úsáid. ***Níl na ceisteanna seo*** *a leanas* mar chuid den phróiseas seiceála Riaracháin.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **22** | Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a léiríonn an tionscadal seo Luach ar airgead / Costais Réasúnta: *(Luachanna tagartha, próiseas tairisceana agus aon chéimeanna breise a glacadh chun a chinntiú go mbeadh na costais réasúnta.)* | | |
| **23** | Tabhair breac-chuntas ar an ngá nó ar an riachtanas a chomhlíonfaidh an tionscadal: | | |
| **24** | I gcás tionscadal caipitil, an bhfuil fianaise ann maidir le teideal / léasacht? | TÁ | NÍL |
| | *Más 'Tá' an freagra, tabhair na sonraí:* | | |
| **25** | An bhfuil cead pleanála, díolúintí ó phleanáil agus toilithe ann de réir mar is cuí? | TÁ | NÍL |
| | *Más 'Tá' an freagra, tabhair na sonra :* | | |
| **26** | Tabhair sonraí maidir leis an Straitéis Margaíochta agus Cur Chun Cinn: *(má bhaineann le hábhar)* | | |

| | |
|---|---|
| **27** | Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bheidh ann don fhostaíocht áitiúil: *(má bhaineann le hábhar)* |

*Le críochnú ag an measúnóir:*

| | |
|---|---|
| **Curtha i gcrích ag:** | |
| **Síniú:** | |
| **Ról / Post:** | |
| **Eagraíocht:** | |
| **Dáta:** | |

*Le críochnú ag an athbhreithneoir*

| | |
|---|---|
| **Athbhreithniú déanta ag:** | |
| **Síniú:** | |
| **Ról / Post:** | |
| **Eagraíocht:** | |
| **Dáta:** | |

## 26.5 Aguisín 5 - Teimpléad Miontuairiscí an Choiste Meastóireachta

**Dáta:** **Am:**

**I láthair:**

**Staonadh**:

----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**Miontuairiscí an Chruinnithe Roimhe Seo**

Nithe ag Eascairt as

| | |
|---|---|
| **Tionscadail:**<br><br>Cód Tionscadail: | |
| Ainm Thionscnóir an Tionscadail: | |
| Cur síos: | |
| Téama: | |
| Fo-théama: | |
| Maoiniú á lorg ag an tionscnóir: | |
| Sonraí maidir le maoiniú príobháideach: | |
| Achoimre ar an tionscadal: | |
| Tionscadail inmheánacha: an bhfuil soláthraithe eile ann chuirfeadh an tionscadal ar fáil ar bhealach níos éifeachtúla ó thaobh costais de? | |
| Ar cuireadh measúnacht i gcrích? | |
| Breisluach – Conas a léireofar an breisluach a bhainean maoiniú LEADER agus an tionscadal seo á chur i gcrích | |
| An bhfuil costáil mhionsonraithe curtha ar fáil don tionsc ar measadh go raibh na costais a bhain leis an tionscadal réasúnta agus conas a tomhaiseadh é se | |
| Gné Nuálach a bhaineann leis an tionscadal: | |
| Scrúdú ar Thromualach: | |
| Scrúdú ar Dhíláithriú: | |
| An t-údar ó thaobh na heacnamaíochta de atá leis an tionscadal | |
| Meánscór don Tionscadal: | |
| % na cabhrach & uasteorainn: | |
| Molta ag: | |
| Cuidithe ag: | |
| Arna chomhaontú ag: | |

**Moltaí don GÁG:**

**Síniú** ___________________________________ **Dáta:** ____________________________

## 26.6 Aguisín 6 - Taifead Scórála foriomlán an Choiste Meastóireachta

| **Teideal an Tionscadail:** | **Uimhir Thagartha an Tionscadail:** | **Dáta:** | **Am:** |
|---|---|---|---|

| **C** | **Critéir Mheasúnaithe** | **Cuspóir** | **Nótaí Tráchta an Choiste Meastóireachta** | | **Ualú** | **Scór** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | Ar tugadh le fios i dtuarascáil an Oifigigh Forbartha Tionscadail nár chuir an tionscnóir/ tionscnóirí an tionscadail cáipéisíocht / faisnéis a iarradh ar fáil? | A chinntiú go bhfuil an fhaisnéis / na cáipéisí riachtanacha ar fad a d'iarr an t-oifigeach forbartha tionscadail curtha ar fáil ag tionscnóir an tionscadail chun an tionscadal seo a chur chun cinn. | | | N/A | *Pas* | *Teip* |
| **2** | Díláithriú | An gcomhlíonann an tionscadal riachtanais díláithrithe? | | | N/A | *Pas* | *Teip* |
| **3** | Comhoiriúnach mar a bhaineann leis an Straitéis Forbartha Áitiúil (CFÁ) | An gcomhlíonann na tionscadail atá molta na critéir atá leagtha amach i SFÁ an GÁG don bheart ábhartha? | | | | | |
| **4** | Nuálaíocht | An cineál tionscadal nuálach atá anseo? | | | | | |
| **5** | Taithí Thionscnóir an Tionscadail | An bhfuil an oiliúint/na scileanna, an dea-theist nó an taithí ag an tionscnóir chun an tionscadal a chur i gcrích? | | | | | |
| **6** | Inmharthanacht Airgeadais | An meastar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus na costais a bhaineann leo a bheith réasúnta agus an dtugann siad luach ar airgead, agus an bhfuil maoiniú leordhóthanach ar fáil chun an tionscadal a chómhaoiniú? | | | | | |
| **7** | Inbhuanaitheacht | An bhfuil an tionscadal inmharthana agus an leanfar de bheith ag cur na seirbhíse ar fáil? | | | | | |
| **8** | Riachtanas | An bhfuil an togra dírithe ar riachtanas ar leith nó an dtugann sé aghaidh ar bhearna shonrach atá sa mhargadh? | | | | | |
| **9** | Tromualach | An bhfuil an tionscadal in ann dul ar aghaidh gan maoiniú LEADER? | TÁ | NÍL | N/A | N/A | |
| | ***N.B.*** *Sula ndéantar moladh lena cheadú, ní mór do thionscadail: - pas a fháil ar cheist 1 agus 2 – 'Níl' a thabhairt mar fhreagra ar cheist 9 - scór 65% ar a laghad a fháil.* | | | | ***Iomlán:*** | | |
| **Moladh ón gCoiste Meastóireachta**: | | | | | | | |

**Síniú Chathaoirleach an Choiste:**____________________________________________ **Dáta:** __________________________

## 26.7 Aguisín 7 - Teimpléad Miontuairiscí Cinnteoireachta GÁG

**Dáta:** **Am:**

**I láthair:**

**I láthair (luaigh an Eagraíocht le do thoil):**

**Leithscéal**:

------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**Miontuairiscí an Chruinnithe Roimhe Seo**

Nithe ag eascairt

**1. Liosta de na Léirithe Spéise:**

| | |
|---|---|
| **Tionscadail:**<br>Cód Tionscadail: | |
| Cód Tionscnóra Tionscadail: Cód Tionscnóra Tionscadail: | |
| Ainm Thionscnóir an Tionscadail: | |
| Cur síos: | |
| Téama: | |
| Fo-Théama: | |
| Tabhair breac-chuntas ar bhreithniú GÁG ar cheann díobh seo | |
| ▪ Tromluach | |
| ▪ Diláithriú: | |
| ▪ Gné Nuálach: | |
| ▪ A Réasúnta agus atá na Costais: | |
| Tograí inmheánacha: an bhfuil soláthraithe eile ann a bheadh in ann an tionscadal a chur i gcrích ar bhealach níos costéifeachtaí? | |
| Moladh ón gCoiste Meastóireachta: | |
| An bunús atá leis má mholann an Coiste Meastóireachta go ndiúltófaí é | |
| I gcás ina ndiúltaítear do mholadh ón gCoiste Meastóireachta Chun diúltú do thogra, cuir isteach an scór athbhreithnithe: | |
| An bunús atá leis an gcúnamh deontais, agus aird á thabhairt ar an LDS: | |
| Breisluach – Cén chaoi a léireofar an breisluach a bhaineann le maoiniú Leadar agus an tionscadal seo á chur i gcrích? | |
| % leibhéal cabhrach & uasteorainn: | |
| Molta ag: | |
| Cuidithe ag: | |
| Daoine as láthair: | |
| Comhaontaithe ag an mBord: | |
| Ar sroicheadh an córam? | |

**2. Eile**

**3. Aon ghnó eile.**

**Cathaoirleach:** ___________________________________ **Dáta:**____________________

## 26.8 Aguisín 8 - Teimpléad do Lucht Freastail ag Cruinnithe Cinnteoireachta GÁG

| **Foirm Lucht Freastail ag Cruinnithe Cinnteoireachta GÁG** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainm an GÁG:** | | **Ainm GÁG:** | | |
| **Líon isteach thíos na sonraí do gach ball den GÁG atá ag freastal ar an gCruinniú Cinnteoireachta** | | | | |
| Ainm an Bhaill *(Priontáil)* | Grúpa Sainleasa Aonair | I láthair go pearsanta *(Cuir tic)* | I láthair ar an bhFón/ Comhdháil Físe *(Cuir tic)* | Vótáil trí nós imeachta i scríbhinn *(cuir tic)* |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | ***Iomlán:*** | | | |
| 1. Ballraíocht Iomlán GÁG aoi láthair: | | | | |
| 2. Córam riachtanach *(50% de 1 thuas):* | | | | |
| 3. Líon iomlán i láthair: | | | | |
| **Síniú an Chathaoirligh:** | | | **Dáta**: | |

## 26.9 Aguisín 9 - Cruinniú Cinnteoireachta GÁG - Teimpléad Coinneála Coinbhleachtaí Leasa

<table>
<tr><th colspan="2">Cruinniú Cinnidh GÁG - Foirm Staonta</th></tr>
<tr><td colspan="2">Ainm an GÁG:</td></tr>
<tr><td>Cruinniú ar siúl i:</td><td>Dáta:</td></tr>
<tr><td>Ainm an Tionscadail:</td><td>Uimhir an Tionscadail:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Sonraí an Lucht Freastail a thug le fios go raibh coimhlint leasa i gceist leis ar an tionscadal thuas</td></tr>
<tr><td>Ainm an Bhaill (Priontáil)</td><td>Grúpa Sainleasa Aonair</td></tr>
<tr><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">1. Líon na ndaoine a chuir in iúl go raibh Coimhlint Leasa i gceist? ___<br>2. Líon Athbhreithnithe na nDaoine a bhí i dteideal vótáil? ____<br>3. An bhfuil an Córam coinnithe don vóta ar an tionscadal thuas? T / N _______<br>(Má tá líon na ndaoine atá fanta ná lú ná an córam, ní fhéadfar dul ar aghaidh leis an vótáil)<br>4. Maidir leis an Líon Athbhreithnithe den Lucht Freastail atá incháilithe chun vótáil, an bhfuil smacht ag aon ghrúpa sainleasa aonair ar an bpróiseas cinnteoireachta? Y / N ___<br><br>Síniú an Chathaoirligh ____________________________<br><br>Dáta______________________</td></tr>
</table>

## 26.10 Aguisín 10 - Cuairt ar Shuíomh sula sínítear Litir Thairisceana

# Cuairt ar Shuíomh sula sínítear Litir Thairisceana

<table>
<tr><td>Ainm an GÁG:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Uimhir Thagartha an Tionscadail:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Dáta na Cuairte:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Teideal an Tionscadail:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Tionscnóir Tionscadail:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Suíomh ar tugadh cuairt air:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td rowspan="2">Ainm(neacha) Teagmhála:</td><td>1.</td><td>Fón:</td><td></td></tr>
<tr><td>2.</td><td>Fón Póca:</td><td></td></tr>
<tr><td rowspan="2">I láthair ag an gCruinniú/Cuairt:</td><td>1.</td><td colspan="2">2.</td></tr>
<tr><td>3.</td><td colspan="2">4.</td></tr>
<tr><td>Ar cuireadh tús le haon cheann de na hoibreacha ar ceadaíodh maoiniú LEADER ina leith nó ar ceannaíodh aon cheann de na hearraí?</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Ar dheimhnigh tionscnóir an tionscadail nár bhronn aon chomhlacht poiblí eile maoiniú ar an tionscadal seo?</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Tuairimí Eile:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Priontáil ainm an duine atá i mbun na cuairte:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Eagraíocht:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Síniú:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Dáta:</td><td colspan="3"></td></tr>
</table>

## 26.11 Aguisín 11 - Tuarascáil faoi Chuairt Réamhíocaíochta ar an Láithreán

| | |
|---|---|
| **Ainm an GÁG:** | |
| **Uimhir Thagartha an Tionscadail:** | |
| **Dáta na cuairte:** | |
| **Teideal an tionscadail:** | |
| **Tionscnóir an tionscadail:** | |
| **Suíomh ar tugadh cuairt air:** | |
| **Ainm(neacha) teagmhála:** | |
| **Uimhir(uimhreacha) teagmhála:** | |
| **I láthair ag an gCruinniú/gCuairt:** | |
| **Achoimre ar an Obair curtha i gcrích:** | |
| **An bhfuil na hoibreacha curtha i gcrích go sásúil agus i gcomhréir leo siúd atá faofa ag an LAG?** | |
| **Ar tugadh aird ar gach coinníoll speisialta a bhí sa Litir Thairisceana?** ***(Tabhair sonraí)*** | |
| **An bhfuil an Deimhniú Comhlíonta in ord? (*****i gcás éileamh deiridh an tionscadail amháin):*** | |
| **An bhfuil póstaer / plaic LEADER in áit?** ***( i gcás éileamh deiridh an tionscadail amháin)*** | |
| **An bhfuil clár na sócmhainní curtha ar fáil agus an bhfuil gach mír ar fáil agus tugtha faoi deara?** | |
| **Ar dheimhnigh tionscnóir an tionscadail nár bhronn aon chomhlacht poiblí eile maoiniú ar an tionscadal seo?** | |
| **Tuairimí eile:** | |
| **Priontáil ainm an duine atá i mbun na cuairte:** | |
| **Eagraíocht:** | |
| **Síniú:** | |
| **Dáta:** | |
| | |

## 26.12 Aguisín 12 - Sampla d'Fhoirm Éilimh

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm Thionscnóir an Tionscadail** | | **Uimhir Aitheantais an Tionscadail:** | |

**Sonraí Caiteachais Tionscadail**

| Uimhir an tSonraisc | Ainm an tSoláthróra | Dáta an tSonraisc | Iomlán € | CBL€ | Méid Incháilithe € | Cláraithe le haghaidh CBL | Uimhir CBL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | ***Iomlán Incháilithe:*** | | |

**Ríomh na hÍocaíochta**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Téama:** | | **Ráta an Deontais:** | |
| **Fo-théama:** | | **Iomlán Incháilithe:** | |
| **Uimhir thagartha cánach:** | | **Iomlán Dlite:**<br>***(Iomlán Incháilithe * Ráta Deontais)*** | |
| **Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach:** | | **Dáta na Seiceála:** | |

Deimhním/deimhnímid:

- go nglacaim / go nglacaimid leis má bhíonn aon ráitis bhréagacha nó mhíthreoracha tugtha nó eolas coinnithe siar ar mhaithe le cabhair a fháil faoi Chlár LEADER 2023-2027 go dtarraingeofar siar an tairiscint Cúnamh Deontais dá bharr sin.
- go mbaineann na sonraisc atá úsáidte chun tacú leis an éileamh seo le gníomhaíochtaí agus le seirbhísí atá bainteach le cuspóirí na scéime deontais.
- gur íoc tionscnóir an tionscadail an tsuim atá sna sonraisc.
- nár úsáideadh agus nach n-úsáidfear na sonraisc chun tacú le héileamh eile ar aisíocaíocht ó aon mhaoinitheoir(í) eile *(ach amháin má fhoráiltear dá leithéid i socruithe comhchistiúcháin comhaontaithe)*.
- nár bhronn aon chomhlacht poiblí eile maoiniú ar an tionscadal seo *(ach amháin má fhoráiltear dá leithéid i socruithe comhchistiúcháin comhaontaithe)*.

**Síniú Thionscnóir an Tionscadail**:______________________________ **Dáta:**______________

## 26.13 Aguisín 13 - Réasúntacht an Mheasúnaithe Costais a bhaineann le Riarachán agus Spreagúlacht

| **Réasúntacht LEADER maidir leis na Mheasúnaithe Costais a bhaineann le Riarachán agus Spreagúlacht** | |
|---|---|
| *Réasúntacht maidir le tuarastail[28] an tairbhí a dheimhniú chomh maith le costais riaracháin nach mbaineann le tuarastail*<br><br>*Ba chóir 'CUID A - Tuarastal/Earcaíocht' nó 'CUID B – Costais Ghinearálta' a líonadh isteach maidir le gach réasúntacht maidir le Measúnuithe Costais de réir mar a éilítear faoi Alt 17.2 de na Rialacha Oibriúcháin* | |
| **Ainm an GÁG / an PF:** | |
| **Ainm an Oifigigh:** | |
| **Teideal an Phoist:** | |
| **Uimhir/Uimhreacha Teileafóin:** | |
| **Seoladh ríomhphoist:** | |

| **CUID A - Tuarastal/Earcaíocht** | |
|---|---|
| **Sainchuntas ar an bPost:** | |
| **Ról Nua/Reatha:** | |
| **Tuarastal Molta:** | |
| **Fad an chonartha:** | |

[28] Chun críocha an Aguisín seo tagraíonn an téarma tairbhí don GÁG, don Pháirtnéir Forfheidhmiúcháin, don Phríomhpháirtnéir Airgeadais nó don Pháirtnéir Spreagúlachta de réir mar a oireann don chás.

| | |
|---|---|
| **Eolas breise** | |

| **CUID B - Costais Ghinearálta**<br><br>*I gcás costais a bhain le Seirbhísí/Earraí a soláthraíodh agus a raibh luach níos lú ná €5,000 orthu, CBL san áireamh, thar an tréimhse chonraithe, ní theastaíonn measúnacht Réasúntachta Costais.* | | | |
|---|---|---|---|
| **Cur síos ar an tSeirbhís/na hEarraí**<br><br>*(tabhair sonraí ar nós: an chúis gur theastaigh an tseirbhís/na hearraí; téarmaí agus fad an chonartha; má rinneadh creat-chomhaontú; srl.)* | | | |
| **Sonraí an phróisis soláthair a úsáideadh:**<br><br>*(ó bhéal/i scríbhinn/ eTenders, etc.)* | | | |
| **Achoimre ar mheastacháin/ tairiscintí** | *Ainm na Cuideachta* | *Méid Luaite (CBL san áireamh)* | *Iatán (Tá/Níl)* |
| *Praghas luaite 1* | | € | |
| *Praghas Luaite 2* | | € | |
| *Praghas Luaite 3* | | € | |
| *Praghas Luaite 4* | | € | |
| *Praghas Luaite 5* | | € | |
| **An chúis gur roghnaíoch an meastachán/ an tairiscint:** | | | |

| | |
|---|---|
| **Eolas breise** | |

| **Freagra RFTP** | |
|---|---|
| | |
| **Sonraí Oifigeach RFTP** | |
| **Ainm:** | |
| **Uimhir Theileafóin:** | |
| **Dáta Freagra:** | |

## 26.14 Aguisín 14 - Teimpléad le haghaidh Tuairisceán Míosúil Costas Fhoireann LEADER le haghaidh GÁGanna atá ina bPáirtnéirí Airgeadais

*(le cur i gcrích sa chás go bhfuil riarachán LEADER á éileamh)*

| | |
|---|---|
| Ainm an GÁG atá ina Pháirtnéir Airgeadais | |
| Ríomh Foirne LEADER le haghaidh Mhí: | |

| Ainm(neacha) Uimhir(uimhreacha) na mball foirne | Ról | Iomlán na n-uaireanta a oibríodh i rith na míosa | Iomlán na n-uaireanta a oibríodh ar LEADER i rith na míosa | % a oibríodh ar LEADER i rith na míosa | Costas Iomlán an Tuarastail lena n-áirítear ÁSPC an Fhostóra don mhí (€) | Iomlán chostas fhoireann ar leith LEADER an duine aonair don mhí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | € | € |
| | | | | | € | € |
| | | | | | € | € |
| | | | | | € | € |
| | | | | | € | € |
| | | | | | € | € |
| | | | | **Costas Iomlán Foirne LEADER don mhí** | **€** | **€** |

**Deimhním go bhfuil na ríomhanna agus an t-éileamh thuas ar chostais foirne LEADER fíor agus ceart** *(Caithfidh Phríomh-Oifigeach nó ainmní dá c(h)uid é a dheimhniú)*

| | |
|---|---|
| **Sínithe:** | |

| | |
|---|---|
| **Post:** | |
| **Dáta:** | |

## 26.15 Aguisín 15 - Teimpléad de Bhileog Ama Foirne le haghaidh GÁG atá ina bPáirtnéirí Airgeadais

## Teimpléad de Bhileog Ama Foirne le haghaidh GÁGanna atá ina bPáirtnéirí Airgeadais

*(Le líonadh isteach sa chás go bhfuil riarachán LEADER á éileamh)*

| | |
|---|---|
| **Ainm an GÁG:** | |
| **Ainm an Bhaill Foirne:** | |
| **Uimhir an Bhaill Foirne:** | |
| **Bileog Ama Foirne le haghaidh mhí:** | |

| Dáta | Iomlán na nUaireanta a oibríodh in aghaidh an lae | Iomlán na nUaireanta a oibríodh ar LEADER |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| *Iomlán na nUaireanta a oibríodh i rith na míosa:* | | |
| | *Céatadán den am a oibríodh ar LEADER:* | **%** |

| | |
|---|---|
| **Sínithe:** | |
| **Dearbhaithe ag:** | |
| **Dáta:** | |

## 26.16 Aguisín 16 - Foirm Éilimh Taistil agus Chothaithe

<table>
<tr><td colspan="13">Ainm an Éilitheora:</td></tr>
<tr><td colspan="6">Seoladh Oibre an Éilitheora:</td><td colspan="7">Seoladh Baile & Éirchód an Éilitheora:</td></tr>
<tr><td colspan="3">Uimhir Chlárúcháin na Feithicle:</td><td colspan="3">Méid an Innill i CC:</td><td colspan="3">An Feithicil Leictreach (FL) í seo:</td><td colspan="4">KM carnach á bhí éilithe i mbliana<br>(Gan an t-éileamh seo thíos a chur san áireamh):</td></tr>
<tr><td>Dáta Taistil</td><td>Taisteal ó</td><td>Taisteal chuig</td><td>Am Imeachta</td><td>Am Fillte</td><td>Cuspóir an Turais</td><td>Ciliméadair atá a n-éileamh</td><td>Ráta / Km €</td><td>An Méid Iomlán a Éilíodh le haghaidh Km a tabhaíodh €</td><td>Cothú atá á a éileamh (má bhaineann le hábhar) €</td><td>An bhfuil ráta laghdaithe i bhfeidhm (Oiliúint, Comhdháil, Agallamh)</td><td>Iomlán á éileamh ar Thaisteal agus Cothú €</td><td>Suim LEADER</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="6" align="right">Iomlán:</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="13">Tá mise, ___________________________ (an t-éilitheoir) sásta a dhearbhú nach ndearnadh aon éileamh maidir le haon chuid den aistear a chuimsíonn mo ghnáthbhealach ar fad nó cuid den bhealach idir an baile agus an cheanncheathrú.</td></tr>
<tr><td colspan="4" align="right">Sínithe ag an éilitheoir:</td><td colspan="6"></td><td colspan="3">Dáta:</td></tr>
<tr><td colspan="4" align="right">Comhshínithe ag an gCeadaitheoir:</td><td colspan="6"></td><td colspan="3">Dáta:</td></tr>
</table>

### 26.17 Aguisín 17 - Teimpléad Achomhairc

| | **Cuid 1** | **Eolas faoin Tionscadal** |
|---|---|---|
| 1.1 | Ainm an GÁG: | |
| 1.2 | Ainm an Pháirtnéara Forfheidhmiúcháin: | |
| 1.3 | Ainm an tionscadail: | |
| 1.4 | Uimhir an tionscadail: | |
| 1.5 | Uimhir Thionscnóir an Tionscadail: | |
| 1.6 | Téama an Tionscadail: | |
| 1.7 | Fo-théama an Tionscadail: | |
| 1.8 | Ainm Thionscnóir an Tionscadail: | |
| 1.9 | Seoladh Thionscnóir an Tionscadail: | |
| 1.10 | An dáta a raibh an t-iarratas ar mhaoiniú faighte: | |
| 1.11 | Dáta an Choiste Meastóireachta: | |
| 1.12 | Moladh ón gCoiste Meastóireachta: | |
| 1.13 | Dáta chruinniú GÁG: | |
| 1.14 | Moladh GÁG: | |
| 1.15 | Dáta ar shínigh Tionscnóir an Tionscadail an conradh agus ar seoladh ar ais é: | |
| 1.16 | Ráta an Chúnaimh Deontais atá ceadaithe %: | |
| 1.17 | Costas an tionscadail: | € |
| 1.18 | Cúnamh Deontais LEADER don tionscadal: | € |

| | | |
|---|---|---|
| 1.19 | Dáta(í) na Cigireachta/na gCigireachta/na nIniúchtaí: | |
| 1.20 | Dáta(í) ar cuireadh GÁG ar an eolas faoi chinneadh achomhairc na gCigirí Réigiúnacha: | |

| | **Cuid 2** | **Achoimre ar an Tionscadal** |
|---|---|---|
| 2.1 | Déan achoimre ar an tionscadal agus tabhair sonraí faoi: | |

| | **Cuid 3** | **Sonraí an Achomhairc** |
|---|---|---|
| 3.1 | An Achomharc Réamhíocaíochta nó Iaríocaíochta é seo: | |
| 3.2 | Inis faoin ngné /na gnéithe a bhfuil achomharc á dhéanamh ina leith: | |

| | **Cuid 4** | **Cúis leis an Achomhairc** |
|---|---|---|
| 4.1 | Déan tagairt don chuid/do na codanna ábhartha de na Rialacha Oibriúcháin agus/nó an ciorclán/na ciorcláin atá ábhartha don Achomharc. | |
| 4.2 | Déan tagairt don chuid/do na codanna ábhartha de Rialacháin an AE atá ábhartha don Achomharc. | |
| 4.3 | Liostaigh na rannáin agus na huimhreacha leathanaigh sa Chomhad Tionscadail atá ábhartha don Achomharc. | |

| | | |
|---|---|---|
| 4.4 | Eolas breise a bhaineann leis an Achomharc. | |

**Sínithe:** ________________________________________ **Dáta:** _____________________

*Ainm Thairbhí Thionscnóir an Tionscadail*

**Seoladh ríomhphoist:** _______________________________

**Uimhirghútháin:** ____________________________________

## 26.18 Aguisín 18 - Dearbhú Sócmhainneachta le haghaidh Cuideachtaí Forbartha Áitiúla a fhaigheann réamh-mhaoiniú ón Roinn

# Dearbhú Sócmhainneachta le haghaidh Cuideachtaí Forbartha Áitiúla a fhaigheann réamh-mhaoiniú ón Roinn

Is mian liom, ______________________, i mo cháil mar Chathaoirleach ar ___________________, a chur in iúl don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail mar Údarás Bainistíochta/Gníomhaireacht Íocaíochta don ghné LEADER de Phlean Straitéiseach CBT na hÉireann 2023 -2027 nach eol dom ag an tráth seo go bhfuil aon fhadhb ann a d'fhéadfadh a bheith ina bagairt ar shócmhainneacht ________________________.

Dearbhaím, bunaithe ar mo bhreithiúnas féin agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil dom go bhfuil _______________ in ann a chuid oibleagáidí faoi Phlean Straitéiseach CBT na hÉireann a chomhlíonadh agus nach samhlaíonn sé go dtiocfaidh aon athrú air seo go gearrthréimhseach. Ina theannta sin, níl mé ar an eolas, ag an am seo, faoi aon ábhar nach bhfuil nochta, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Chomhphobail Eorpaigh nó a d'fhéadfadh a bheith ina riosca don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

Geallaim go gcuirfidh mé an Roinn ar an eolas láithreach agus go gcomhoibreoidh mé go hiomlán leis an Roinn chun aon tionchar diúltach a bheadh ag a leithéid a mhaolú dá dtiocfaidh sé chun cinn.

**Síniú:** ___________________________

**Cathaoirleach: (Priontáil)** ___________________________

**GÁG:** ___________________________

**DÁTA:** ____________________

**TRÉIMHSE:** ____________________

## 26.19 Aguisín 19 - Treoir maidir le Státchabhair do Chlár LEADER

***A. Iarratais a Mheas***

1. Is féidir glacadh leis ón tús go mbaineann gach maoiniú LEADER in Éirinn le Státchabhair agus go bhfuil rialacha De Minimis i bhfeidhm.
2. Tá feidhm ag státchabhair agus ag forálacha De Minimis i ngach cás ina gcuirtear maoiniú LEADER ar fáil do thionscnóirí príobháideacha, i.e. tionscnóirí nach gcomhlíonann an sainmhíniú a bhaineann le hiarratasóirí pobail.
3. Glactar leis gur státchabhair é an maoiniú de chuid LEADER a chuirtear ar fáil d'iarratasóirí pobail agus bíonn sé faoi réir De Minimis mura gcinneann an GÁG nach státchabhair é. Caithfear a chinneadh a ghlacadh de réir an cháis agus ba cheart é a chlárú sa Tuarascáil Measúnaithe Tionscadail.
4. Go ginearálta, ní bhaineann Státchabhair (& De Minimis) le go leor de thionscadal LEADER a dtugann pobail fúthu, de bharr:
    a. nach bhfuil an t-iarratasóir ag plé le gníomhaíocht eacnamaíoch (earraí agus seirbhísí á dtairiscint i margadh ar leith), agus/nó
    b. nach n-éiríonn leis an tionscadal sna seiceálacha státchabhrach ar fad.

    Mar sin féin, is gá é seo i gcónaí ar bhonn cás ar chás. Ní mór ceisteanna eile amhail marbhualach agus díláithriú a chur san áireamh freisin ach ní bhaineann siad seo le an cinneadh maidir le státchabhair.
5. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh go gcinnfí nach maoiniú stát a bhí sa mhaoiniú le haghaidh tionscadal áirithe a raibh grúpa pobail ag tabhairt faoi (e.g. páirc phobail) ach gur chúnamh stáit a bhí i gceist i gcás tionscadail eile de chuid an ghrúpa céanna agus é faoi réir De Minimis (e.g. gníomhaíocht fiontraíochta), i.e. tá sé tábhachtach breathnú ar an ngníomhaíocht atá á maoiniú.
6. Is cuma, chomh fada agus a bhaineann sé le rialacha Státchabhrach a bheith i bhfeidhm nó gan a bheith, an bhfuil stádas carthanúil ag grúpa pobail nó nach bhfuil, cén chaoi a maoinítear é nó an bhfuil sé seachbhrabúsach. Ba cheart díriú ar an ngníomhaíocht/tionscadal lena bhfuiltear ag tacú seachas ar stádas an ghrúpa pobail.

***An riachtanas €300,000 De Minimis a chur i bhfeidhm i.e. an cur chuige le glacadh sa chás gur Státchabhair atá i maoiniú LEADER***

1. Nuair a shocraítear (bunaithe ar 1-5 thuas) nach Státchabhair atá i Maoiniú LEADER, ní gá aon rud eile a dhéanamh eile agus ní bheidh feidhm ag pointí 8-15 thíos.

2. Nuair a shocraítear (bunaithe ar 1-5 thuas) gur Státchabhair atá i Maoiniú LEADER agus go bhfuil sé faoi réir De Minimis, is gá an tairseach €300,000 don mhaoiniú ar fad a fhaightear a chur i bhfeidhm de réir phointe 9-15 thíos.
3. Ní féidir le hiarratasóirí níos mó ná €300,000 i státchabhair (maoiniú De Minimis) a fháil nuair a chuirtear gach foinse le chéile thar thréimhse fhioscach trí bliana.
4. Mínítear in Alt 12 de na Rialacha Oibriúcháin a bhaineann leis an gceanglas 3 bliana agus tugann sé samplaí maidir leis an gcaoi a ríomhtar é seo.
5. Níl an ríomh €300,000 seo agus na seiceálacha a bhaineann leis I gceist ach amháin sa chás go nglactar leis gur Státchabhair atá i maoiniú LEADER de réir phointí 1-5 thuas. Ní gá aon seiceáil a dhéanamh sa chás go socraítear nach Státchabhair atá i maoiniú LEADER.
6. Is gá do na GÁGanna / Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin an maoiniú eile ar fad a fhaigheann an t-iarratasóir a sheiceáil. Tá sé seo deimhnithe ag an iarratasóir faoi Cheist 46 den Fhoirm Iarratais. Chun é seo a sheiceáil caithfidh an GÁG/ Páirtnéir Forfheidhmiúcháin, i gcás go mbaineann le hábhar, scrúdú a dhéanamh ar an ráiteas/na ráitis státchabhrach / de Minimis / an dearbhú/na dearbhuithe a chuir an eagraíocht/na heagraíochtaí maoinithe poiblí ábhartha ar fáil don iarratasóir chun a fháil amach ar cheart é a chur san áireamh sa ríomh €300,000 a bhaineann le Státchabhair / De Minimis. Tá sé de dhualgas ar mhaoinitheoirí eile a oibriú amach an Státchabhair atá sa maoiniú a chuir siad ar fáil agus an bhfuil sé le ríomh le haghaidh De Minimis, é seo a chlárú, agus an t-eolas seo a sholáthar má iarrtar é.
7. Ba cheart go mbeadh sé luaite go soiléir sa chomhfhreagras ó na maoinitheoirí eile cé acu an bhfuil nó nach bhfuil Státchabhair (agus De Minimis) i gceist leis an maoiniú eile/an maoiniú a bhí faighte roimhe sin. D'fhéadfadh go mbeadh comhfhreagras faighte go díreach cheana féin ag an iarratasóir nó ag an bPáirtnéir Forfheidhmiúcháin / GÁG ón maoinitheoir eile a léiríonn an mbaineann De Minimis le catagóirí áirithe maoinithe nó nach mbaineann, agus tá sé seo inghlactha freisin.
8. Ní mór tagairt a dhéanamh don chomhfhreagras agus don ríomh sa Tuarascáil Mheasúnaithe Tionscadail.
9. Ní féidir talamh slán a dhéanamh de nach Státchabhair é maoiniú ó Údarás Áitiúil díreach ar an mbonn go bhfuil sé ag teacht ó acmhainní dílse an Údaráis Áitiúil. Caithfidh an tÚdarás Áitiúil a chur in iúl go soiléir an raibh nó nach raibh an maoiniú ina Státchabhair agus ar cheart nó nár cheart é a áireamh i ríomh De Minimis

***Ioncam a bhaineann le tionscadail atá á maoiniú ag LEADER (e.g. áiseanna pobail) nach nglactar leis gur Státchabhair atá iontu agus nach dtagann faoi De Minimis***

1. Níl bhaineann pointí 17-19 ach amháin le tionscadail ó iarratasóirí pobail

2. Is féidir táille an-bheag a bhaint amach i gcás úsáid as an bonneagair (e.g. ionad pobail) atá maoinithe ag LEADER, ach nach meastar gur Státchabhair é, chun na costais a bhaineann le soláthar seirbhísí bainteach leis a ghlanadh (m.sh. le haghaidh teasa, solais, tomhaltáin). Mar sin féin, níor cheart go mbeadh aon ghlanioncam á ghiniúint ó tháille den chineál sin i.e. is é an prionsabal ná go gcaithfear na háiseanna seo a chur ar fáil saor in aisce don phobal ach gur féidir táille bheag a ghearradh chun an costas a bhaineann leis na háiseanna a chur ar fáil, cothabháil leanúnach etc., a chlúdach.
3. Is féidir ioncam a thuilleamh freisin ó imeachtaí bailithe airgid ar nós díolacháin císte, biongó, ceolchoirmeacha srl. agus é a úsáid chun cabhrú le forbairt leanúnach a dhéanamh ar an áis / ar an heagraíocht.
4. Féadfar tionscadail bhonneagair atá maoinithe ag LEADER a úsáid freisin le haghaidh gníomhaíochtaí nó seirbhísí áitiúla ar scála beag, gan an tionscadal a bheith ag teacht faoi na rialacha a bhaineann le Státchabhair. Tá sé seo bunaithe ar an tuiscint gur tionchar áitiúil amháin atá ag na gníomhaíochtaí seo.
5. Mar sin féin, d'fhéadfadh an fhadhb a bhaineann le díláithriú a bheith i gceist go háirithe i gcásanna den chineál sin agus is gá breathnú go cúramach air seo le linn mheastóireacht LAG.

***Státchabhair agus uasleibhéil mhaoinithe LEADER***

1. Ní bhaint beag ná mór ag an cinneadh faoi an bhfeadfaidh nó nach bhféadfaidh tionscadal níos mó ná €200,000 a fháil i maoiniú LEADER leis an tseiceáil ar Chúnamh Stáit atá luaite i bpointí 1-15 thuas. Níl sa Státchabhair ach gné amháin den chinneadh níos mó ná €200,000 a bhronnadh
2. Baineann teorainn mhaoinithe €200,00 le gach iarratasóir, ach amháin:

I. Iarratasóir agus tionscadal pobail nach mbaineann le gníomhaíocht gheilleagrach – Níl aon impleachtaí ann mar a bhaineann le státchabhair.
II. Oireann na tionscadail don tíopeolaíocht atá leagtha amach i gCuid 10.2, e.g. áiseanna cultúir agus fóillíochta nó tionscadail a chuireann le tarraingteacht sráidbhaile.
III. Caithfidh sé a bheith oscailte do chách.
IV. Is féidir táille an-bheag a ghearradh ach ní féidir aon ghlanioncam a ghiniúint ó tháille den chineál sin, i.e. is é an prionsabal ná go gcaithfear na háiseanna seo a chur ar fáil saor in aisce don phobal ach gur féidir táille bheag a ghearradh díreach chun an costas a bhaineann leis na háiseanna a sholáthar a chlúdach (ní chun brabús a ghiniúint).

Féach ar Alt 10.2 Cúnamh Deontais Tionscadail de na Rialacha Oibriúcháin le haghaidh sonraí beachta.

## 26.20 Aguisín 20 - Imréiteach Cánach Leictreonach (eTC)

Is próiseas agus deimhniú ar líne le haghaidh imréiteach cánach é an tImréiteach Cánach Leictreonach agus i gcás fhormhór chustaiméirí na gCoimisinéirí Ioncaim, tiocfaidh sé in ionad an chórais fíoraithe bhliantúil atá ann cheana féin, atá bunaithe ar páipéarachas. Tabharfar Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC) d'iarratasóirí atá comhlíontach ó thaobh cánach de agus caithfidh siad é seo a thabhairt do thríú páirtithe a dteastaíonn deimhniú uathu maidir le stádas Imréitigh Cánach a soláthraithe.

Is féidir teacht ar shonraí maidir le deimhniú imréiteach cánach ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim:

- Stádas imréitigh cánach a dheimhniú - https://www.revenue.ie/en/starting-a-business/tax-clearance/verification-of-tax-clearance-status/index.aspx
- An chaoi le stádas imréitigh cánach a dheimhniú - https://www.revenue.ie/en/online-services/services/manage-your-record/how-to-verify-tax-clearance-status.aspx

**Conas a oibríonn eTC?**

Caithfidh an soláthraí agus tionscnóir an tionscadail araon clárú le haghaidh Chóras ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) chun an córas fíoraithe leictreonach a úsáid.

D'fhonn iarratas a dhéanamh ar dheimhniú imréitigh cánach ar líne, is gá go mbeadh clárúchán cánach gníomhach ag na hiarratasóirí agus ag na comhlachtaí deimhnithe, e.g. iad a bheith ina gcustaiméir gníomhacha ÍMAT, nó clárúchán Cánach Ioncaim, Comhpháirtíochta nó Cánach Corparáide a bheith acu.

Tá 3 eisceacht ann maidir le hiarratas a dhéanamh ar ríomh-Imréiteach Cánach i bhfoirm leictreonach:

I. iarratasóirí nach bhfuil ina gcónaí anseo agus nach bhfuil aon uimhir chláraithe cánach acu sa Stát seo,
II. Iarratasóirí nach bhfuil acmhainneach ó thaobh ríomh chórais de.
III. comhlachtaí deonacha nach bhfuil cláraithe e.g. coistí bailte slachtmhara.

Ní dhéanfar íocaíocht mura bhfuil Deimhniú Imréitigh Cánach Reatha ar fáil. Mura mbíonn imréiteach cánach deimhnithe, caithfidh an conraitheoir/ na conraitheoirí le haghaidh tionscadail

tógála a ngnóthaí cánach a nuashonrú, agus eolas nuashonraithe maidir leis an deimhniú (UPSP agus SAN) a chur ar fáil do thionscnóir an tionscadail.

Ós rud é nach mbíonn aon dáta éaga ar leith ag baint leis an Deimhniú Ríomh-Imréitigh Cánach, beidh deimhniú ag teastáil gach uair a mbeidh íocaíocht á déanamh le conraitheoir le haghaidh tionscadail tógála. Caithfidh an té atá a dheimhniú cóip de gach asphrionta deimhnithe ríomh-Chánach a shíniú, a stampáil agus a dhátú agus is gá é a uaslódáil chuig stór doiciméad Chóras TF LEADER.

## 26.21 Aguisín 21 - Cén chaoi le maoiniú ó LEADER atá ceadaithe a ríomh i gcás ina bhfuil ranníocaíocht chomhchineáil á úsáid chun páirtmhaoiniú a dhéanamh ar

Caithfidh an t-uasleibhéal cistiúcháin is féidir a sholáthar a bheith an méid is ísle den dá choinníoll seo a leanas:

A. Ní féidir dul thar an ráta uasta cabhrach don tionscadal m.sh.
AGUS
B. Ní féidir dul níos airde ná costas na sonrasc lúide an ranníocaíocht airgid 5% agus aon mhaoiniú poiblí eile atá á chur ar fáil don tionscadal.

**Sampla 1A: Costas tionscadail ina bhfuil Sonraisc agus ranníocaíocht chomhchineáil (seachas talamh/eastát réadach)**

| | | |
|---|---|---|
| **1** | Iomlán na sonrasc go léir | €100,000 |
| **2** | Ranníocaíocht chomhchineáil (e.g Obair Dheonach) | €10,000 |
| **3** | Costas iomlán incháilithe an Tionscadail **(suim 1 + 2)** | €110,000 |
| **4** | Ranníocaíocht íosta airgid 5% **(3 X 5%)** | €5,500 (€110,000 X 5%) |
| **5** | Maoiniú poiblí eile | 0 |
| **Coinníoll A** | Uasmhéid an mhaoinithe @ 75% de chostas iomlán incháilithe an tionscadail **(3 X 75%)** | €82,500 |
| **Coinníoll B** | Suim an tsonraisc (€100,000) lúide an ranníocaíocht airgid 5% (€5,500) agus cistí poiblí eile (€0) **(1 – (4+5))** | €94,500 |
| **Uasmhéid an Mhaoinithe** | Is é an t-uasmhéid maoinithe is féidir a sholáthar ná an méid is ísle de **A** agus **B** | €82,500 |
| **Maoiniú %** | Má shocraíonn an GÁG an t-uasráta maoinithe €82,500 a cheadú, ansin is ionann é seo i ndáiríre agus ráta cabhrach de 75% ó LEADER (€82,500/€110,000) | |

**Sampla 1 B: Costas tionscadail ina bhfuil Sonraisc agus ranníocaíocht chomhchineáil (seachas talamh/eastát réadach), le haghaidh Tionscadail Éagsúlú Feirme**

| | | |
|---|---|---|
| **1** | Iomlán na sonrasc go léir | €100,000 |
| **2** | Ranníocaíocht chomhchineáil (m.sh. Saothar) | €10,000 |
| **3** | Costas Iomlán incháilithe an Tionscadail **(suim 1 + 2)** | €110,000 |
| **4** | Ranníocaíocht íosta airgid 5% **(3 X 5%)** | €5,500 (€110,000 X 5%) |

| | | |
|---|---|---|
| **Coinníoll A** | Uasmhéid an mhaoinithe @ 50% de chostas iomlán incháilithe an tionscadail **(3 X 50%)** | €55,000 |
| **Coinníoll B** | Méid an tsonraisc (€100,000) lúide an ranníocaíocht airgid 5% (€5,500) **(1-4)** | €94,500 |
| **Uasmhéid an Mhaoinithe** | Is é an t-uasmhéid maoinithe is féidir a sholáthar ná an méid is ísle de **A** agus **B** | €55,500 |
| **Maoiniú %** | Má shocraíonn an GÁG an t-uasráta maoinithe €55,000 a cheadú, is ionann é seo i ndáiríre agus ráta cabhrach 50% (€55,000/€110,000) | |

**Sampla 2: Costas tionscadail ina bhfuil Sonraisc, ranníocaíocht chomhchineáil agus maoiniú poiblí eile (seachas talamh/eastát réadach)**

| | | |
|---|---|---|
| **1** | Iomlán na sonrasc go léir | €80,000 |
| **2** | Ranníocaíocht chomhchineáil (m.sh. Saothar) | €10,000 |
| **3** | Costas Iomlán incháilithe Costas an Tionscadail **(suim 1 + 2)** | €90,000 |
| **4** | Ranníocaíocht íosta airgid 5% **(3 X 5%)** | €4,500 (€90,000 X 5%) |
| **5** | Maoiniú poiblí eile | €5,000 |
| **Coinníoll A** | An t-uasmhéid de mhaoiniú LEADER @ 75% de chostas iomlán incháilithe an tionscadail **(3 x75%)** | €67,500 |
| **Coinníoll B** | Suim an tsonraisc (€80,000) lúide an ranníocaíocht airgid 5% (€4,500), agus lúide cistí poiblí eile (€5,000) **(1 – (4 +5))** | €70,500 |
| **Uasmhéid an Mhaoinithe** | Is é an t-uasmhéid maoinithe is féidir a sholáthar ná an méid is ísle de **A** agus **B** | €67,500 |
| **Maoiniú %** | Má shocraíonn an GÁG an t-uasráta maoinithe ó LEADER a cheadú (€67,500), ansin sa chás seo is ionann é seo i ndairíre agus ráta iarbhír cúnaimh de 75% ó LEADER (€67,500/€90,000). | |

**Sampla 3: Costas tionscadail ina bhfuil Sonraisc agus ranníocaíocht chomhchineáil i bhfoirm saothair & deonú réadmhaoine i gceist**

| | | |
|---|---|---|
| **1** | Iomlán na sonrasc go léir | €100,000 |
| **2** | Ranníocaíocht chomhchineáil (m.sh. Saothar) | €10,000 |
| **3** | Ranníocaíocht chomhchineáil (e.g. talamh trí léas nó trí thabhartas) | €55,000 |

| | | |
|---|---|---|
| **4** | Costas Iomlán an tionscadail | €165,000 |
| **<u>Cuid a hAon – Iomlán na gcostas incháilithe tionscadail a ríomh sa chás go bhfuil maoin san áireamh (is é 10% de chostais incháilithe an tionscadail an t-uasluach incheadaithe) mar chuid de chostais tionscadail LEADER</u>** | | |

| | | |
|---|---|---|
| A | Costais an tionscadail lúide luach an deonaithe talún (*is gá gurb ionann é sin agus 90% ar a laghad de chostais iomlána incháilithe an tionscadail)* ***(suim 1 +2)*** | €110,000 |
| B | Luach atá curtha ar an tabhartas talún **(3)** | €55,000 |
| C | Uaschostais incháilithe an tabhartais talún. (*D'fhéadfadh sé seo a bheith ina uasmhéid de 10% de chostais fhoriomlána an tionscadail incháilithe: má tá* ***A*** *= 90 % ansin ní féidir le C ach* ***A ar a mhéad a roinnt ar 9****)* | €12,222 |
| D | Luach atá curtha ar an talamh is féidir a mhaoiniú (pé acu is lú **B** nó **C**) | €12,222 |
| E | Iomlán na gcostas tionscadail incháilithe faoi LEADER **(A móide D)** | €122,222 |

| | | |
|---|---|---|
| **<u>Cuid a Dó – Uasmhaoiniú LEADER a ríomh</u>** | | |
| **5** | Costas Iomlán incháilithe an Tionscadail **(E thuas)** | €122,222 |
| **6** | Ranníocaíocht íosta airgid 5% **(5 X 5%)** | €6,111(€122,222 X 5%) |
| **7** | Maoiniú poiblí eile | €0 |
| **Coinníoll A** | Uasmhéid an mhaoinithe @ 75% de chostas iomlán incháilithe an tionscadail **(5 X 75%)** | €91,666 |
| **Coinníoll B** | Suim an tsonraisc (€100,000) lúide an ranníocaíocht airgid 5% (€6,111) agus cistí poiblí eile (€0) **(1 –(6+7))** | €93,889 |
| **Uasmhéid an mhaoinithe** | Is é an t-uasmhéid maoinithe is féidir a sholáthar ná an méid is ísle de **A** agus **B** | €91,666 |
| **Maoiniú %** | Má shocraíonn an GÁG an t-uasráta cistiúcháin a cheadú (€91,666), ansin is ionann é seo i ndáiríre agus ráta cúnaimh 75% ó LEADER (€91,666/€122,222) | |

## 26.22 Aguisín 22 - Athruithe ar Chóras TF LEADER

### 26.22.1 Aguisín 22 A - Athrú ar Ainm/Sonraí an Tionscnóra Tionscadail ar Chóras TF LEADER

<table>
<tr><td colspan="3">Iarratas ar Leasú a dhéanamh ar Ainm/Sonraí an Tionscnóra Tionscadail<br>(I gcás earráidí clóghrafacha, easnamh agus/nó míreanna eile <u>nach</u> mbaineann le hathrú ar stádas dhlí) Ní mór an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost chuig leadersystem@pobal.ie</td></tr>
<tr><td>Ainm an GÁG</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Tagairt an Tionscadail aer Chóras TF LEADER</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td rowspan="3">Sonraí Teagmhála an GÁG/ PF</td><td>Ainm</td><td></td></tr>
<tr><td>Seoladh ríomhphoist</td><td></td></tr>
<tr><td>Uimhir theileafóin</td><td></td></tr>
<tr><td>Ainm an Tionscnóra Tionscadail atá ar Chóras TF LEADER faoi láthair</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Ainm an Tionscnóra Tionscadail Leasaithe atá Iarrtha</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>An chúis go bhfuil tionscnóir an tionscadail á athrú m.sh. easnamh, clóghrafaíocht</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Doiciméid chun tacú leis an leasú e.g. Faisnéis OCC, ríomhphost/litir ó thionscnóir an tionscadail</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="3">Sonraí eile de chuid an Tionscnóra Tionscadail ar gá cur leo nó iad a leasú</td></tr>
<tr><td>Athrú ar an Uimhir Chláraithe Cánach (UCC)</td><td colspan="2">UCC nua:</td></tr>
<tr><td>Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC)</td><td colspan="2">URIC nua:</td></tr>
<tr><td>Uimhir Chláraithe CBL</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Uimhir OCC</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Eile (sonraigh le do thoil)</td><td colspan="2"></td></tr>
</table>

Uaslódáladh ábhar tacaíochta chuig fillteán darbh ainm **Athrú ar Shonraí an Tionscnóra Tionscadail** i stór chóras TF LEADER.

**Sínithe ag: ______________________ Oifigeach Forbartha Tionscadail/Bainisteoir LEADER**

**Ainm Priontála: ______________________ Dáta: ____/____/____**

### 26.22.2 Aguisín 22 B - Athrú ar Stádas Dhlí, móide athruithe eile ar thaifead Chóras TF LEADER

<table>
<tr><td colspan="3">Iarratas ar Leasú ar Ainm an Tionscnóra Tionscadail atá ar thaifead<br>(Athrú ar Stádas Dhlí, chomh maith le hathruithe eile ar thaifead Chóras TF LEADER)<br>Nuair a bheidh sé líonta isteach, seol r-phost chuig OR2327@drcd.gov.ie</td></tr>
<tr><td>Ainm an GÁG</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td rowspan="3">Sonraí Teagmhála an GÁG / PF</td><td>Ainm</td><td></td></tr>
<tr><td>Seoladh Ríomhphoist</td><td></td></tr>
<tr><td>Uimhir Ghutháin</td><td></td></tr>
<tr><td>Tagairt don Tionscadal ar Chóras TF LEADER</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Ainm an Tionscnóra Tionscadail atá faoi láthair ar Chóras TF LEADER</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Ainm an Tionscnóra Tionscadail nua</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>An chúis go bhfuil tionscnóir an tionscadail á athrú</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Doiciméid ag tacú leis an leasú m.sh. faisnéis OCC, ríomhphost/litir ó thionscnóir an tionscadail*</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="3">Sonraí eile de chuid tionscnóir an tionscadail gur gá cur leo nó iad a leasú</td></tr>
<tr><td>Uimhir Chláraithe Cánach<br>(Athrú UCC)</td><td colspan="2">UCC nua:</td></tr>
<tr><td>Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC)</td><td colspan="2">URIC nua:</td></tr>
<tr><td>Uimhir Chláraithe CBL</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Uimhir OCC</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Eile (sonraigh le do thoil)</td><td colspan="2"></td></tr>
</table>

Uaslódáladh ábhar tacaíochta* chuig an bhfillteán darb ainm **Athrú ar Stádas Dhlí an Tionscnóra Tionscadail** i stór chóras TF LEADER.

**Sínithe thar ceann an GÁG: ____________ Príomhoifigeach/Oifigeach Údaraithe/Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Priontáil Ainm: _____________________** **Dáta: ___/___/___**

| Cuid 2 | Athbhreithniú LEADER RFTP ar Iarratas go n-athrófaí Ainm an Tionscnóra Tionscadail<br><br>(Le líonadh isteach ag an Roinn) |
|---|---|

**Chuig an GÁG:** ________________________________

Is mian liom a dheimhniú go bhfuil / nach bhfuil an t-iarratas go n-athrófaí ainm an tionscnóra tionscadail don tionscadal thuas faofa an Roinn. Má cheadaíodh é, líon isteach an chuid thíos den Dearbhú um Chríochnú Próisis, a chaithfear a sheoladh ar ríomhphost in éineacht leis an bhfaofa seo, chuig Riarthóir POBAL LEADER ag **leadersystem@pobal.ie**

**Sínithe ag:** ___________________________________

**Priontáil Ainm agus Post:** ______________________________________

**Aonad Beartais agus Oibríochtaí LEADER**

**Dáta:** ____/____/_____

| Le haghaidh Úsáid Oifigiúil ag GÁG– Dearbhú Comhlánaithe Próisis |
|---|
| **Chuig Riarthóir LEADER Pobal (leadersystem@pobal.ie)** |

Tá an t-iarratas maidir le hathrú ar ainm an tionscnóra tionscadail faofa ag an Roinn agus ag an GÁG, agus a thaifeadadh i miontuairiscí GÁG dar dáta ____/____/____

Rinneadh na míreanna seo a leanas a uaslódáil chuig Stór Córais TF LEADER.

- Cóip de shliocht ó mhiontuairiscí ábhartha GÁG (is gá dáta an chruinnithe agus sonraí an cháis a thaispeáint. Ní theastaíonn cóip iomlán de na miontuairiscí)
- Cóip den aguisín atá curtha le bunchonradh LEADER, sínithe agus dátaithe ag na páirtithe ábhartha go léir
- Comhfhreagras ríomhphoist agus doiciméid tacaíochta.

**Sínithe thar ceann an GÁG:** ______________________ **Príomhoifigeach/Oifigeach Údaraithe/Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Priontáil Ainm:** ____________________________ **Dáta:** ____/____/_____

### 26.22.3 Aguisín 22 C - Litir Tairisceana um Chúnamh Deontais – Aguisín & Aistriú Gnóthas

| |
|---|
| Chuig: |

**DÁTA: LL/MM/BBBB**

**Tagairt: Tagairt an Tionscadail, Ainm an Tionscnóra Tionscadail**

**(Luaigh iad seo thuas i ngach comhfhreagras)**

A XXXXX, a chara**,**

De bhreis ar **XXXX** Teoranta a bheith cláraithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí mar Chuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna/Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (scrios de réir mar is gá) ar **LL/MM/BBBB**, is gá aguisín a eisiúint leis an litir thairisceana ar chúnamh deontais faoi chlár LEADER 2023 – 2027 toisc go raibh an comhaontú déanta le **ainm an tionscnóra bunaidh.**

Tríd an aistriú gnóthas sin, tuigtear go nglacfaidh XXXX Limited freagracht iomlán as gach oibleagáid a thagann faoin litir thairisceana/conartha dar dáta **LL/MM/BBBB a seoladh chuig** ainm an tionscnóra bunaidh i ndáil le clár LEADER 2023 – 2027. Áireofar leis seo gealltanas ón gcuideachta go sásófar marthanacht cúig bliana na hinfheistíochta agus an ceanglas maidir le maoiniú a aisíoc mar a leagtar amach i Roinn 15.7 de na Rialacha Oibriúcháin do chlár LEADER 2023 – 2027.

Sínigh agus seol ar ais an ráiteas maidir le hAistriú Gnóthas atá iniata chuig**: Ainm agus seoladh an GÁG**, chun a dheimhniú go bhfuil tú ag glacadh leis an aistriú gnóthas.

Is mise le meas,

___________________________________

**Príomhoifigeach/Oifigeach Údaraithe/POF - Ainm an GÁG**

**Gnóthais a Aistriú**

**Tagairt: Tagairt an Tionscadail, Ainm an Tionscnóra Tionscadail**

Glacaimse, **ainm an chéad stiúrthóra, leis seo** go nglacfaidh **XXXX Limited** freagracht iomlán as gach oibleagáid faoin litir thairisceana/chonartha dar dáta **LL/MM/BBBB** chuig **Ainm an Eintitis Tionscnóra bunaidh**, maidir le clár LEADER 2023 – 2027. Áireofar leis seo gealltanas ón gcuideachta go ndéanfar marthanacht cúig bliana na hinfheistíochta a shásamh agus an ceanglas maidir le maoiniú a aisíoc mar a leagtar amach i Roinn 15.7 de na Rialacha Oibriúcháin do chlár LEADER 2023 – 2027.

____________________________________

**Síniú** **Dáta:** ___/___/____

**Priontáil Ainm:** __________________________

Glacaimse, **ainm an dara stiúrthóir, leis seo go nglacfaidh XXXX Limited** freagracht iomlán as gach oibleagáid faoin litir thairisceana/chonartha dar dáta **LL/MM/BBBB** chuig **Ainm an Eintitis Tionscnóra bunaidh**, maidir le clár LEADER 2023 – 2027. Áireofar leis seo gealltanas ón gcuideachta go ndéanfar marthanacht cúig bliana na hinfheistíochta a shásamh agus an ceanglas maidir le maoiniú a aisíoc mar a leagtar amach i Roinn 15.7 de na Rialacha Oibriúcháin do chlár LEADER 2023 – 2027.

____________________________________

**Síniú** **Dáta:** ___/___/____

**Priontáil Ainm:** ____________________

### 26.22.4 Aguisín 22 D - Treoir maidir le Taifid Ainm Thionscnóir Tionscadail ar Chóras TF LEADER

**Ainmneacha Thionscnóirí an Tionscadail**

Ní féidir ach ainm tionscnóra tionscadail atá comhdhéanta de réir dlí a úsáid i réimsí mionsonraithe tionscnóra tionscadail ar Chóras TF LEADER.

**Daoine Aonair agus Comhpháirtíochtaí**

Chun críocha conartha dhlíthiúil, ní féidir a úsáid ach ainm dlíthiúil ceart duine aonair, comhpháirtíochta, cuideachta nó aon chomhlachta nó comhlachais eile.

Tugtar daoine nádúrtha ar dhaoine aonair, murab ionann is eintitis a ghintear nó a fhoirmítear faoi phróiseas dlí m.sh. cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta, comhlachais. Sa chás gur duine aonair é an tionscnóir tionscadail, is iondúil gurb ionann a n-ainm dlíthiúil agus a n-ainm pearsanta, ina bhfuil ainm baiste/céadainm agus ainm teaghlaigh. Is é seo an t-ainm atá in úsáid ar phasanna, ráitis bhainc, taifid imréitigh cánach, ceadúnas tiomána agus doiciméid oifigiúla eile.

I gcás comhpháirtíochtaí, ba cheart cuntais bhainc agus taifid imréitigh cánach a úsáid chun sonraí beachta na ndaoine aonair lena mbaineann a dheimhniú.

**Tionscnóirí Tionscadail Pobail**

I gcás comhlachais nó tionscnóirí tionscadail de chineál pobail, beidh a bhformhór, nó fiú iad ar fad, ina gcuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta nó bunaithe faoi bhunreacht gan pearsantacht dhlítheanach dá gcuid féin a bheith acu Féach http://www.wheel.ie/content/unincorporated-bodies chun tuilleadh sonraí a fháil.

I gcás ina bhfuil comhlacht den sórt sin corpraithe, tabharfaidh a dheimhniú corpraithe an t-ainm atá comhdhéanta go dlíthiúil. Tabhair do d'aire nach bhfuil ainmneacha ar nós West Wind Hostel, nó The Oak Café, inghlactha mar ainmneacha tionscnóirí tionscadail.

**Ainmneacha Trádála**

Is ainm bréige é trádainm, ainm trádála, nó ainm gnó a úsáideann eintitis trádála chun a ngnó a dhéanamh faoi ainm atá éagsúil ón ainm cláraithe, dlíthiúil atá ar an ngnó.

Ní thugann gnólachtaí a bhfuil ainmneacha trádála acu aon eolas soiléir maidir le hé an t-eintitis atá freagrach go dlíthiúil as a bhfeidhmiú. Is féidir ainmneacha gnó a chlárú trí Aonad Ainmneacha Gnó na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, ach níor cheart iad a mheascadh le hainmneacha daoine aonair nó eintiteas eile atá comhdhéanta go dlíthiúil.

Dá bhrí sin, is gá taifeadadh ceart a dhéanamh ar ainmneacha tionscnóirí tionscadail chun críocha conartha agus íocaíochta éilimh araon. Cinntigh le do thoil go léiríonn gach EOInna ar Chóras TF

LEADER ainm dlíthiúil ceart thionscnóir an tionscadail, agus go léirítear é freisin ar gach conradh a bhaineann le chun cabhair airgeadais.

Féadfar ainmneacha tionscnóirí tionscadail a leasú suas go dtí Céim 15 ar Chóras TF LEADER agus an chéim sin san áireamh.

### 26.23 Aguisín 23 - Dearbhú Oibreacha LEADER (WDL)

## Dearbhú Oibreacha LEADER (WDL)

## Plean Straitéiseach CBT na hÉireann 2023 – 2027

### Dearbhú Oiriúnachta do Chonraitheoirí le haghaidh Oibreacha (Nós Imeachta Oscailte amháin)

| | |
|---|---|
| Tionscadal: | |

| | |
|---|---|
| Ainm an fhothairgeora: | |
| Seoladh: | |
| Ainm an Teagmhálaí: | |
| Ríomhphost an teagmhálaí: | |
| Fón an teagmhálaí | |

**Réamhrá**

Tá an ceistneoir seo eisithe maidir le comórtais tairisceana Phlean Straitéiseach CBT na hÉireann 2023 – 2027 (Clár LEADER) d'Oibreacha a bhaineann úsáid as an Nós Imeachta Oscailte. Tá sé mar chuspóir aige an próiseas tairisceana le haghaidh Oibreacha a shimpliú agus costas na tairisceana a laghdú.

Ba chóir d'fhothairgeoirí a thabhairt dá n-aire go mbeidh ar an bhforthairgeoir a bhfuil an chosúlacht air go n-éireoidh leis/léi fianaise a thabhairt (laistigh de 7 lá féilire) maidir le comhlíonadh gach cuid den dearbhú seo. Mura féidir leis an bhfothairgeoir a bhfuil an chosúlacht air go n-éireoidh leis/léi fianaise shásúil a thabhairt go bhfuil aird tugtha ar gach ceann de na nithe thuas laistigh den tréimhse ama atá riachtanach, cuirfear a thairiscint as an áireamh agus déanfar measúnacht ar an tairiscint ón gcéad tairgeora eile is ísle.

**Sláinte agus Sábháilteacht**

Ceanglófar ar an gconraitheoir rathúil cloí leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013 agus aon reachtaíocht nó aon rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa a tháinig ina dhiaidh sin.

Ceapfar an t-iarratasóir rathúil mar Chonraitheoir Oibreacha agus Maoirseoir Tionscadail do Chéim na Tógála (PSCS) ar an tionscadal de réir na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht).

**Fianaise maidir le staid phearsanta an iarratasóra**

Thar ceann an Chonraitheora thuasainmnithe, dearbhaím leis seo nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na himthosca a shonraítear i dTreoir 2014/24/AE airteagal 57 agus Rialachán 57 de IR Uimh. 284 de 2016 maidir leis an gConraitheoir thuasluaite.

Go háirithe, níl aon duine aonair (i.e. Príomhthrádálaí / Príomhthrádalaithe Aonair) bancbhriste nó á fhoirceannadh sa dlínse seo nó in aon dlínse eile; nó ina n-ábhar d'imeachtaí ina ndeimhnítear iad a bheith bancbhriste, nó ordú le haghaidh foirceannadh éigeantach, nó faoi riarachán ag an gcúirt, nó le haghaidh comhshocraíochta le creidiúnaithe, nó le haghaidh aon imeachtaí eile dá samhail faoi dhlíthe nó rialacháin náisiúnta sa dlínse seo nó in aon dlínse eile.

**Fianaise ar Bhuanchritéir Eacnamaíocha agus Airgeadais**

Láimhdeachas

**Dearbhaím nach raibh** láimhdeachas bliantúil an Chonraitheora thuasainmnithe i gcás gach ceann de na trí bliana airgeadais roimhe sin (a bhfuil láimhdeachas deimhnithe ar fáil ina leith) níos lú ná 1.5 oiread na suime a tairgeadh don tionscadal seo agus má iarrann an tEintiteas Conarthach* é i scríbhinn nó ar ríomhphost, soláthróidh sé litir bhunaidh (nó fótachóip dhaite de litir bhunaidh) ó chuntasóir an ghnólachta (sínithe ag an gcuntasóir sin) laistigh de 7 lá féilire ina luafar an láimhdeachas deimhnithe do na 3 bliana sin. Más rud é, ar chúis bhailí ar bith, nach féidir an fhianaise sin a sholáthar, cuirfear fianaise eile ar fáil a mheasann an tEintiteas Conarthach a bheith cuí.

Árachas Dliteanais Phoiblí agus Árachas Dliteanais Fostóra

**Dearbhaím go bhfuil** Árachas Dliteanais Phoiblí ag an gConraitheoir thuasluaite (nó má éiríonn leis an gConraitheoir thuasluaite sa chomórtas tairisceana seo go bhfaighidh sé é sula gceapfar é) (le híosleibhéal cumhdaigh de €6,500,000) agus Árachas Dliteanais Fostóra (le híosleibhéal cumhdaigh de €13,000,000) gcomhréir leis na coinníollacha a luaitear sna Treoracha do Fhothairgeoirí, agus má iarrann an tEintiteas Conarthach é i scríbhinn nó i ríomhphost, go gcuirfidh sé cóipeanna bailíochtaithe de na beartais thuas ar fáil laistigh de 7 lá féilire.

* Eintiteas Conarthach – an duine nó an ghníomhaireacht a bhronnann an tairiscint.

**Fianaise ar chritéir maidir le Cumas Teicniúil**

*Chun críche an dearbhaithe seo ciallaíonn oibreacha de chineál “cosúil” “ar a bhfuil raon feidhme oibreacha atá comhchosúil nó comhoiriúnach” (e.g. tionscadal tógála, nó tionscadal lena n-áirítear raon feidhme na n-oibreacha atá beartaithe sa tairiscint seo, Suiteáil Mheicniúil, Suiteáil Leictreach).*

Cáilíochtaí gairmiúla Oideachais Pearsanra don tionscadal

**Dearbhaím** go gceapfaidh an Conraitheoir thuasainmnithe (má éiríonn leis sa chomórtas tairisceana seo) pearsanra inniúil chun róil (1) Bainisteoir Conarthaí, (2) Bainisteoir Sláinte & Sábháilteachta, (3) Saoiste agus (4) Céim Tógála an Mhaoirseora Tionscadail a chomhlíonadh. (Féadfaidh duine amháin níos mó ná ceann amháin nó gach ceann de na róil seo a líonadh.) Dearbhaím freisin go gcuirfidh an Conraitheoir ainmnithe thuas fianaise ar fáil (má iarrann an tEintiteas Conarthach é i scríbhinn nó i ríomhphost) i bhfoirm Curriculum Vitae gairid a léiríonn go raibh taithí roimhe seo, sa ról atá tugtha dóibh, ag gach duine de na phearsanra atá ainmnithe thuas ar thionscadail den chineál, den mhéid agus den castacht céanna a tugadh chun críche go sásúil.

Liostaigh oibreacha den chineál céanna a cuireadh ar fáil le 7 mbliana anuas

**Dearbhaím go bhfuil** 3 shaothar den chineál, den mhéid agus den chastacht céanna déanta agus curtha i gcrích go sásúil ag an gConraitheoir atá ainmnithe thuas le 7 mbliana anuas agus go gcuirfidh sé ar fáil (má iarrann an tEintiteas Conarthach amhlaidh i scríbhinn nó i ríomhphost) sonraí na 3 thionscadal sin lena n-áirítear dátaí tosaigh agus críochnaithe na dtionscadal, ainm na Saoithe, raon feidhme na hoibre a chuir an Conraitheoir atá ainmnithe thuas i gcrích agus sonraí teagmhála (lena n-áirítear uimhreacha gutháin) do na hEintitis Chonarthacha agus na comhairleoirí a bhí i gceannas. Tuigim go bhféadfaidh an tEintiteas Conarthach nó a gcomhairleoirí an fhaisnéis thuas a sheiceáil.

### INNIÚLACHT SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Is ceanglas reachtúil é go ndeimhneofaí inniúlacht an Chonraitheora agus go gcinnteofaí bhfuil leithdháileadh sásúil ó thaobh aige i gcomhréir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013.

Is ceanglas reachtúil é freisin go gcinnteofaí cumas an duine nó na ndaoine atá le ceapadh mar Mhaoirseoir Tionscadail don Chéim Foirgníochta (PSCS) de bhun alt 6(1)(a) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair Tógáil 2006.

Luaitear an caighdeán a theastaíonn faoin gcritéar ábhartha, bunaithe ar an gcatagóir tionscadail a bhí sainaitheanta san fhógra fógraíochta/Fógra Conartha nó i ndoiciméid tairisceana (Cineál 1/Cineál 2/[29]). Mura luaitear ceann ar bith is é Cineál 1 an réamhshocrú. (Ní theastaíonn an t-eolas seo ag céim na Tairisceana. Níor cheart aon fhianaise maidir le comhlíonadh a cheangal leis an dearbhú oiriúnachta seo ná a chur isteach leis ag an tráth seo).

### INNIÚLACHT AN CHONRAITHEORA MAIDIR LE SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

<u>Cáilíochtaí oideachais agus gairmiúla na ndaoine atá ag obair ar an tionscadail</u>

**Dearbhaím go** gcuirfidh an Conraitheoir atá ainmnithe thuas (má éiríonn leis sa chomórtas tairisceana seo) cairt eagraíochta ar fáil (má iarrann an tEintiteas Conarthach a leithéid i scríbhinn nó i ríomhphost) ina gcuirfear in iúl cé hiad na maoir shláinte agus shábháilteachta atá freagrach as cúrsaí Sláinte agus Sábháilteacht agus ina léireofar an chaoi a roinntear an fhreagracht maidir le cúrsaí agus Sábháilteacht taobh istigh den ghnólacht.

### Dearbhú Breise do thionscadail Chineál 2

**Dearbhaím** freisin go bhfuil an Bainisteoir Sláinte agus Sábháilteachta agus an tOifigeach Sábháilteachta Láithreáin (d'fhéadfadh gurb iad seo An Bainisteoir Conarthaí agus/nó an saoiste

---

[29] Roghnaigh an freagra cuí ó na roghanna atá curtha ar fáil. I gcás ina roghnaítear 'ceann amháin' nó 'cuid acu', tabhair sonraí le do thoil.

Tá luach €500,000 ar thionscadal Chineál 1 <;

Tá luach ó €500,000 go €5,000,000 ar thionscadal Chineál 2

Mar sin féin, ní mór breithnithe maidir leis an riosca S&S a chur san áireamh freisin agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an gcineál tionscadail. Má tá riosca ard S&S ann, d'fhéadfadh go mbeadh gá leis an gcatagóir a bheith níos airde ná an chatagóir a léirítear le luach an tionscadail thuas.

freisin) tar éis céim nó dioplóma nó oiliúint eile ar chúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta atá ar aon dul leo a bhaint amach (4 uair an chloig ar a laghad de FGL atá creidiúnaithe go seachtrach) chomh maith le taithí a bheith acu mar Bhainisteoir Sláinte agus Sábháilteachta/Oifigeach Sábháilteachta Láithreáin ar 3 cinn ar a laghad de thionscadail tógála a cuireadh i gcrích go sásúil.

Liostaigh na seirbhísí den chineál céanna a cuireadh ar fáil le 7 mbliana anuas

**Dearbhaím** gur chríochnaigh an Conraitheoir thuasluaite trí cinn d'oibreacha a bhí cosúil ó thaobh a méid, a gcineál agus a gcastacht le 7 mbliana anuas, ar bhealach sásúil i gcomhréir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair Tógáil 2013, agus go gcuirfear ar fáil (má iarrann an tEintiteas Conarthach a leithéid i scríbhinn nó i ríomhphost) sonraí na 3 thionscadal sin (mar atá i 3.4.c thuas) **agus** taifead ar na gníomhartha a cuireadh I bhfeidhm, imeachtaí dlí, timpistí, básanna nó eachtraí a bhain leis na tionscadail sin, agus (má bhaineann le hábhar ) na bearta atá curtha i bhfeidhm ag an gConraitheoir atá ainmnithe thuas chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh ó thaobh nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta.

Teicneoirí nó comhlachtaí teicniúla atá bainteach leis an obair go háirithe iad siúd atá freagrach as rialú cáilíochta

Deimhnímid go bhfuil, inár dtuairim, ár n-eagraíocht sách inniúil agus go bhfuil a dóthain acmhainní aici chun a hoibleagáidí faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a chomhlíonadh agus go bhfuil a dóthain acmhainní ag ár n-eagraíocht chun ról mar Chonraitheoir don tionscadal seo a chomhlíonadh. Má éiríonn linn sa chomórtas tairisceana seo, cuirfimid Dearbhú Sláinte agus Sábháilteachta sínithe ar fáil taobh istigh de 7 lá ón am a n-iarrann an tEintiteas Conarthach é i scríbhinn nó i ríomhphost, san fhoirm in Aguisín C1 go QW2 atá ar fáil ag www.constructionprocurement.gov.ie .

Meánlíon bliantúil na bhfostaithe atá ag an gconraitheoir

Deimhnímid go bhfuil, inár dtuairim, a dóthain daoine fostaithe ag ár n-eagraíocht chun a hoibleagáidí faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a chomhlíonadh agus go bhfuil a dóthain acmhainní ag ár n-eagraíocht chun an ról mar Chonraitheoir don tionscadal seo a chomhlíonadh.

**INNIÚLACHT SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA na Maoirseoirí tionscadail le haghaidh chéim na foirgníochta (PSCSanna)**

Cáilíochtaí oideachais agus gairmiúla na ndaoine atá ag obair ar an tionscadail

**Dearbhaím** go gcuirfidh muid cairt eagraíochta ar fáil (má éiríonn linn sa chomórtas tairisceana seo), agus má iarrann an tEintiteas Conarthach a leithéid i scríbhinn nó i ríomhphost, ina gcuirfear in iúl cé hiad na maoir shláinte agus shábháilteachta atá freagrach as Sláinte agus Sábháilteacht agus ag léiriú an chaoi a roinntear an fhreagracht maidir le Sláinte agus Sábháilteacht laistigh den ghnólacht. Má thugtar ról an PSCS faoi fhochonradh do chuideachta seachtrach cuirfimid cairt Eagraíochta ar fáil a thaispeánfaidh struchtúr na cuideachta agus tabharfar eolas faoi na maoir shláinte agus shábháilteachta dá gcuid atá freagrach as cúrsaí Sláinte agus Sábháilteacht.

**Dearbhaím freisin go bhfuil** taithí 3 bliana ar a laghad ag an duine ag a bhfuil ról an PSCS agus go bhfuil oiliúint fhoirmiúil atá chreidiúnaithe go seachtrach faighte le 5 bliana anuas ag an duine seo (atá ábhartha don ról mar PSCS). Má éiríonn linn sa chomórtas tairisceana seo, agus má iarrann an tEintiteas Conarthach a leithéid i scríbhinn nó i ríomhphost, cuirfimid doiciméid tacaíochta ar fáil i bhfoirm Curriculum Vitae don PSCS.

Liostaigh seirbhísí den chineál céanna a cuireadh ar fáil le 7 mbliana anuas

**Dearbhaím** gur oibríomar i ról PSCS ar thrí cinn d'oibreacha ar a laghad a bhí cosúil ó thaobh a méid, a gcineál agus a gcastacht le 7 mbliana anuas, ar bhealach sásúil i gcomhréir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair Tógáil 2013, agus gcuirfear ar fáil (má iarrann an tEintiteas Conarthach a leithéid i scríbhinn nó i ríomhphost) sonraí na 3 thionscadal sin (mar atá i 3.4.c thuas) **agus** taifead ar na gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm, imeachtaí dlí, timpistí, básanna nó eachtraí a bhain leis na tionscadail sin, agus (má bhaineann le hábhar) na bearta atá curtha i bhfeidhm ag an gConraitheoir atá ainmnithe thuas chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh ó thaobh nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta. Má táthar chun ról an PSCS a thabhairt ar fhochonradh do chuideachta seachtrach cuirfimid an t-eolas thuas ar fáil maidir leis an gcuideachta sin.

Teicneoirí nó comhlachtaí teicniúla atá bainteach leis go háirithe iad siúd atá freagrach as rialú cáilíochta

Deimhnímid, go bhfuil, inár dtuairim, ár n-eagraíocht inniúil agus go bhfuil a dóthain acmhainní aici chun ár n-oibleagáidí faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a chomhlíonadh agus go bhfuil a dóthain acmhainní ag ár n-eagraíocht chun feidhmiú i ról PSCS don tionscadal seo. Má éiríonn linn sa chomórtas tairisceana seo, cuirfimid Dearbhú Sláinte agus Sábháilteachta sínithe ar fáil laistigh de 7 lá ón am a n-iarrann an tEintiteas Conarthach é i scríbhinn nó i ríomhphost I bhfoirm Aguisín C1 go QW2 atá ar fáil ag www.constructionprocurement.gov.ie . Má táthar chun ról an PSCS a thabhairt ar fhochonradh do chuideachta seachtrach cuirfimid an t-eolas thuas ar fáil maidir leis an gcuideachta sin.

Meánlíon bliantúil na bhfostaithe atá ag an gconraitheoir

Deimhnímid go bhfuil, inár dtuairim, a dóthain daoine fostaithe ag ár n-eagraíocht chun gur féidir léi a hoibleagáidí faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a chomhlíonadh agus go bhfuil teacht ag ár n-eagraíocht ar a dóthain acmhainní le feidhmiú i ról PSCS don tionscadal seo. Má táthar chun ról an PSCS a thabhairt ar fhochonradh do chuideachta seachtrach caithfear an t-eolas thuas a chur ar fáil maidir leis an gcuideachta sin.

Léigh mé/muid (an tIarratasóir) an dearbhú thuas agus go háirithe na híoschaighdeáin a theastaíonn. Tuigim/ Tuigimid nach bhfuil an t-eolas seo ag teastáil anois ach cuirfear ar fáil é laistigh de 7 lá féilire de bhun é a bheith iarrtha i scríbhinn (le linn meastóireacht a dhéanamh ar thairiscintí) ag an Eintiteas Conarthach.

Aithnímid agus glacaimid leis freisin, sa chás nach féidir lenár ngnólacht an t-eolas agus an fhaisnéis ar fad thuas a chur ar fáil san fhormáid riachtanach, laistigh den tréimhse ama atá i gceist, d'fhonn a léiriú chun sástacht an Eintitis Chonarthaigh go bhfuiltear ag comhlíonadh an dearbhaithe, measfar go bhfuil Tairiscint an ghnólachta neamhbhailí agus ní dhéanfar é a mheas arís.

| | |
|---|---|
| **Sínithe:** | |
| **Dáta:** | |
| *Ar son agus thar ceann an fhothairgeora (caithfidh an Stiúrthóir / Príomhaí é a shíniú)* | |
| **Ainm:** | |

| | |
|---|---|
| (BLOCLITREACHA) | |
| **Teideal:**<br>(BLOCLITREACHA) | |

## 26.24 Aguisín 24 - Teimpléad le haghaidh Ceist faoi Rialacha Oibriúcháin LEADER

| Ceist faoi Rialacha Oibriúcháin LEADER | |
|---|---|
| **GÁG / PF / Comhlacht Seiceála Riaracháin:** | |
| **Ainm an Tionscadail nó Sonraí an Tuairisceáin Riaracháin Mhíosúil:** | |
| **Uimhir Tionscadail Chóras TF LEADER:** | |
| **Céim an Iarratais Tionscadail / Céim an Éilimh:** | |
| **Catagóir na Ceiste:** *(m.sh. soláthar, incháilitheacht, etc.)* | |
| **Ar tugadh an fhadhb seo faoi deara mar chuid de Sheiceáil Riaracháin?** *(tabhair eolas)* | |
| **Déan tagairt don chuid ábhartha de na Rialacha Oibriúcháin / Ciorclán / C&F:** | |
| **Ainm an Oifigigh:** | |
| **Teideal an Phoist:** | |
| **Uimhir(uimhreacha) gutháin:** | |
| **Seoladh ríomhphoist:** | |
| **Sonraí na Ceiste** | |
| | |
| **Freagra an RFTP** | |
| | |
| *Tá an treoir atá curtha ar fáil ag an Roinn bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil ag an am seo. Ní bheidh tús áite ag an treoir sin ar cheanglais rialála ábhartha de chuid an AE ná ar cheanglais náisiúnta.* | |
| **Sonraí Oifigeach an RFTP** | |
| **Ainm:** | |
| **Uimhir Theileafóin:** | |
| **Dáta an Fhreagra:** | |

## 26.25 Aguisín 25 - Dearbhú Bliantúil maidir le Coinbhleacht Leasa

# Dearbhú Bliantúil maidir le Coinbhleacht Leasa

# Clár LEADER 2023-2027

**Réamhrá**

Chun Clár LEADER 2023-2027 a chur i gcrích in ***(Cuir isteach Ainm Limistéir GÁG)***, beidh gach comhalta cinnteoireachta ar an eolas faoin réasúnaíocht atá le beartas a bheith acu maidir le coinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Tá sé ríthábhachtach a chinntiú nach féidir le haon bhall foirne tionchar a imirt ar chinntí ar bhealach ar bith a d'fhéadfadh a bheith chun a leasa. Ina theannta sin, is gá an pobal a chur ar a suaimhneas go bhfuil gach cinneadh cothrom agus mar is cóir. Ar deireadh, feidhmíonn beartas mar chosaint do na comhaltaí agus do bhaill foirne ar aon líomhain a d'fhéadfadh a bheith ann gur bhain siad úsáid as a bpost chun a leasa féin.

**An uair a cheart an Dearbhú maidir le Coinbhleacht Leasa seo a chomhlánú**

Ní mór Dearbhú Bliantúil maidir le Coinbhleacht Leasa a chomhlánú i **mí Eanáir** in aon bhliain ar leith agus ní mór baint a bheith ag an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig an bhliain **roimhe** sin.

**Cé nach mór dóibh an Dearbhú maidir le Coinbhleacht Leasa a chomhlánú**

Tagraíonn Rialacha Oibriúcháin LEADER 2023-2027, cuid 5.4.6, do na nósanna imeachta Coinbhleachta Leasa atá le leanúint ag comhaltaí cinnteoireachta uile na nGÁGanna, comhaltaí Choiste Measúnachta na nGÁGanna, agus foireann na nGrúpaí Comhairleacha Áitiúla agus a bPáirtnéirí Forfheidhmiúcháin/a bPáirtnéirí Spreagúlachta.

**Méid an Spéise**

Ní mór a aithint go bhfuil leibhéil éagsúla spéise ag comhalta i dtionscadal. Ba cheart go léireofaí sin le haon ghníomhaíocht atá le déanamh.

1. **Dlúthleas Pearsanta**
I gcás ina bhfuil comhalta nó ball foirne chun tairbhe airgeadais a bhaint as iarratas nó i gcás ina bhfuil sé nó sí ina Stiúrthóir nó ina chomhalta Coiste den eagraíocht atá ag cur an tionscadail chun cinn, measfar go bhfuil leas pearsanta aige nó aici. Sna himthosca sin, dearbhóidh an comhalta nó an ball foirne go bhfuil leas acu ann agus fágfaidh siad an seomra fad a bheidh plé ar siúl faoin tionscadal.

2. **Leas Pearsanta Indíreach**
I gcás ina bhfuil leas pearsanta indíreach ag comhalta nó ag ball foirne i dtionscadal, e.g. má tá baint ag gaol (gharghaol) leis an tionscadal, ba cheart an leas a thabhairt le

fios. Ní ghlacfaidh an comhalta ná an ball foirne páirt a thuilleadh in aon phlé ná in aon vótáil maidir leis an tsaincheist sin. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí don chomhalta nó don bhall foirne an seomra a fhágáil, ag brath ar an gcineál caidrimh atá acu leis an tionscadal.

**3. Leas Pearsanta Díreach**

I gcás ina bhfuil leas príobháideach nó pearsanta soiléir agus suntasach ag comhalta nó ag ball foirne i dtionscadal, ní mór don chomhalta nó don bhall foirne sin gan aon pháirt eile a ghlacadh sna himeachtaí agus an cruinniú a fhágáil fad atá an cheist á breithniú.

I gcás go measann comhalta go bhfuil a leas príobháideach nó pearsanta soiléir agus suntasach, nochtfaidh an comhalta nó an ball foirne cineál an leasa sin i gcónaí don duine ábhartha, agus déanfaidh an duine sin an chúis atá lena dtarraingt siar a thaifeadadh.

Féadfaidh ball foirne den GÁG nó dá eagraíochtaí comhpháirtíochta, nó den Choiste Measúnachta Tionscadail faisnéis a fháil nár cuireadh ar fáil go poiblí go fóill agus/nó atá faoi rún. Is ionann shárú muiníne den sórt sin agus feall ar iontaoibh. Níor cheart don chomhalta ná don bhall foirne faisnéis rúnda a úsáid chun tairbhe phearsanta a bhaint as dóibh féin ná d'aon duine is eol don chomhalta nó don bhall foirne nó chun míbhuntáiste nó míchlú a tharraingt ar an GÁG, ar a Páirtnéirí Cláir LEADER, ar chomhaltaí an Choiste Measúnachta ná ar aon duine eile.

**<u>Réimsí Neamhchinnteachta</u>**

I gcás nach bhfuil comhalta nó ball foirne cinnte cibé an bhfuil sé/sí i staid go bhféadfaí a mheas go bhfuil leas aige/aici nó nach bhfuil, faoin méid leasa atá aige/aici, nó cibé ar cheart dó/dí tarraingt siar nó nár cheart, ba cheart dó/di comhairle a lorg ón duine ábhartha sula gcuirtear tús leis an gcruinniú. Beidh sé de rogha ag an Oifigeach Údaraithe rialú a thabhairt ar na saincheisteanna sin. I gcás ina mbraitheann an tOifigeach Údaraithe go bhfuil treoir ag teastáil uaidh/uaithi nó má théann an choinbhleacht fhéideartha i bhfeidhm ar an Oifigeach Údaraithe, lorgófar comhairle na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail.

--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

# Dearbhú maidir le Coinbhleacht Leasa

## DEARBHÚ

**Tá Rialacha Oibriúcháin Chlár LEADER 2023 - 2027 a bhaineann le Coinbhleacht Leasa agus na sonraí atá sa cháipéis seo maidir le Coinbhleacht Leasa léite agam agus tuigim go hiomlán iad. Aontaím na moltaí agus na coinníollacha mar a shonraítear sa cháipéis seo, Rialacha Oibriúcháin Chlár LEADER 2023 - 2027 agus mar a leagtar amach i Lámhleabhar Nósanna Imeachta an GÁG a chomhlíonadh. Aontaím cloí leis na prionsabail agus na nósanna imeachta sin is iomchuí do mo ról mar a léirítear thíos.**

| | **Eagraíocht** | **Ról** |
|---|---|---|
| **Eagraíocht & Ról**<br>*(Cuir tic le gach réimse a bhaineann le hábhar)* | GÁG/CFPÁ ☐ | Comhalta/Stiúrthóir ☐<br>Ball Foirne ☐ |
| | Coiste Measúnachta ☐ | Comhalta ☐ |
| | Páirtnéir Forfheidhmiúcháin ☐ | Comhalta/Stiúrthóir ☐<br>Ball Foirne ☐ |
| | Páirtnéir Spreagúlachta ☐ | Comhalta/Stiúrthóir ☐<br>Ball Foirne ☐ |
| | Páirtnéir Airgeadais ☐ | Comhalta/Stiúrthóir ☐<br>Ball Foirne ☐ |
| **Ainm:** | | |
| **Síniú** | | |
| **Dáta** | | |

### 26.26 Aguisín 26 - Clár Leasanna

## CLÁR LEASANNA

**Réamhrá**

D'fhonn Clár LEADER 2023-2027 a sholáthar in ***(Cuir isteach Ainm Limistéir GÁG)***, déanfaidh comhaltaí cinnteoireachta agus foireann na n-eagraíochtaí a liostaítear thíos:

a) Clár Leasanna a chomhlánú nuair a cheapfar i dtosach iad agus
b) an Clár Leasanna sin a thabhairt cothrom le dáta gach bliain ina dhiaidh sin nó nuair a tharlaíonn aon athrú

Tá sé ríthábhachtach a chinntiú nach féidir le haon bhall foirne ó cheann ar bith de na heagraíochtaí a ainmnítear thíos tionchar a imirt ar chinntí ar bhealach ar bith a d'fhéadfadh a bheith chun a leasa. Ina theannta sin, is gá an pobal a chur ar a suaimhneas go bhfuil gach cinneadh cothrom agus mar is cóir. Ar deireadh, feidhmíonn sé mar chosaint do na comhaltaí agus do bhaill foirne ar aon líomhain a d'fhéadfadh a bheith ann gur bhain siad úsáid as a bpost chun a leasa féin.

Cuirfidh gach duine sonraí a gcuid leasanna ar fáil lena n-áirítear a bhfostaíocht, gach leas gnó agus a rannpháirtíocht leis an bpobal, lena n-áirítear obair ar bhonn deonach do charthanachtaí dá ngairtear 'Leasanna' anseo as seo amach, a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist leo nó a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar an duine lena mbaineann i ndáil le comhlíonadh a bhfeidhmeanna. Tá an dualgas sin maidir le nochtadh gan dochar don oibleagáid leanúnach nochtadh sonrach a dhéanamh maidir le leasanna a bhaineann le haon tionscadal atá á bhreithniú.

Faoi rialacháin Chlár LEADER 2023-2027 agus i dtéarmaí ginearálta dea-chleachtais, ceanglaítear ar an GÁG, ar a Pháirtnéirí agus ar an gCoiste Measúnachta taifead a chomhlánú ar leasanna uile na gComhaltaí agus na mBall Foirne, chun bainistiú aon Choinbhleachta Leasa a d'fhéadfadh a bheith i gceist a léiriú.

**I gcás <u>nach</u> bhfuil aon Leas á thabhairt le fios**

Dearbhaímse, ***(cuir isteach ainm an duine aonair)***, leis seo nach bhfuil aon choinbhleacht leasa de chineál ar bith agam a chuirfeadh cosc orm mo ról a chomhlíonadh.

Má thagann aon choinbhleacht leasa iarbhír, fhéideartha nó bhraite chun cinn amach anseo, cuirfidh mé an bhainistíocht shinsearach ar an eolas láithreach.

| | **Eagraíocht** | **Ról** |
|---|---|---|
| **Eagraíocht & Ról**<br>*(Cuir tic le gach réimse a bhaineann le hábhar)* | GÁG/CFPÁ ☐ | Comhalta/Stiúrthóir ☐<br>Ball Foirne ☐ |
| | Coiste Measúnachta ☐ | Comhalta ☐ |
| | Páirtnéir Forfheidhmiúcháin ☐ | Comhalta/Stiúrthóir ☐<br>Ball Foirne ☐ |
| | Páirtnéir Spreagúlachta ☐ | Comhalta/Stiúrthóir ☐<br>Ball Foirne ☐ |
| | Páirtnéir Airgeadais ☐ | Comhalta/Stiúrthóir ☐<br>Ball Foirne ☐ |
| **Ainm** | | |
| **Síniú** | | |
| **Dáta** | | |

**I gcás go bhfuil Leas (Leasanna) á thabhairt (á dtabhairt) le fios**

Dearbhaímse, ***(cuir isteach ainm an duine aonair)***, leis seo gurb iad seo a leanas na heagraíochtaí, grúpaí etc. a bhfuil leas agam iontu:

| **Ainm na hEagraíochta/an Ghrúpa, etc.** | An bhaint atá agat leis an eagraíocht/ngrúpa (Cuir tic le gach réimse a bhaineann le hábhar) | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Faighim íocaíocht** | **Stiúrthóir** | **Oibrí Deonach** | **Eile**<br><br>**(Sonraigh le do thoil)** |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

| **Eagraíocht & Ról**<br><br>*(Cuir tic le gach réimse a bhaineann le hábhar)* | **Eagraíocht** | **Ról** |
|---|---|---|
| | GÁG/CFPÁ ☐ | Comhalta/Stiúrthóir ☐<br>Ball Foirne ☐ |
| | Coiste Measúnachta ☐ | Comhalta ☐ |
| | Páirtnéir Forfheidhmiúcháin ☐ | Comhalta/Stiúrthóir ☐ |

| | | |
|---|---|---|
| | | Ball Foirne ☐ |
| | Páirtnéir Spreagúlachta ☐ | Comhalta/Stiúrthóir ☐<br>Ball Foirne ☐ |
| | Páirtnéir Airgeadais ☐ | Comhalta/Stiúrthóir ☐<br>Ball Foirne ☐ |
| **Ainm** | | |
| **Síniú** | | |
| **Dáta** | | |